



Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2010

Rialtas Láir and Ioncam

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Imleabhar 1

Curtha faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir Alt 3 (11) de Acht
an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2011

Ullmhaíodh an tuarsacáil ar bhunús na doiciméadachta faisnéise agus na mínithe a fuarthas ó Ranna agus Oifigí Rialtais a ndéantar tagairt dóibh sa Tuarascáil.

Seoladh dréachtanna de mhíreanna ábhartha na Tuarascála chuig na Ranna agus Oifigí Rialtais lena mbaineann agus iarradh a gcuid tuairimí orthu. Nuair is cuí coimsíodh na tuairimí sin sa leagan deiridh den Tuarascáil.

An English language version of this report is also available (Prn. A11/1295).

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí – 2010

Tá sé de cheangal orm faoi Alt 33 den Bhunreacht tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ag tréimhsí ainmnithe de réir an dlí.

De bhun Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá sé de cheangal orm tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ar m'iniúchadh ar Chuntais Leithghabhála Ranna agus Oifigí agus ar Chuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát tráth nach déanaí ná 30 Meán Fómhair sa bhliain i ndiaidh na bliana lena mbaineann na cuntais.

Tá gach Cuntas Leithreasa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 dearbhaithe agam agus tá na cuntais sin i dteannta le mo dheimhnithe iniúchta curtha ar aghaidh chuig Dáil Éireann.

Tuairiscím ar leithligh ar ghnéithe a eascraíonn as m'iniúchadh ar chuntais na seirbhísí poiblí. Tá mo thuairisc atá i dhá imleabhar leagtha amach thíos.

- Déileálann imleabhar 1 le ghnéithe a eascraíonn ó hiniúchadh an Rialtais Láir, na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Fhiachais Náisiúnta.
- Tugann imleabhar 2 cur síos ar ghnéithe a d'eascair as iniúchadh ar chistí a gearradh ar Chuntais Leithreasa ar leith.

Leis sin cuirim an dá imleabhar mo Thuarascáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 de réir Alt 3 den acht thuasluaite.



Seán Ó Buachalla

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2011

Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2010

Imleabhar 1 – Rialtas Láir agus Ioncam

Clár

Rialtas Láir

Caibidil 1	Toradh Airgeadais do 2010	3
Caibidil 2	Fiachas Náisiúnta	13
Caibidil 3	Forbairtí Maoinithe Stáit.....	21
Caibidil 4	Bearta Cobhsaithe Bhaincéireachta	33
Caibidil 5	An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2010	51
Caibidil 6	Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha	61
Caibidil 7	Oibríochtaí na Gníomhaireachta.....	75
Caibidil 8	Cúlchiste Náisiúnta Pinsean	81
Caibidil 9	Soláthar Poiblí.....	91
Caibidil 10	Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta	115

Ioncam

Caibidil 11	An Táirgeacht Ioncaim do 2010.....	135
Caibidil 12	Cáin a bailíodh de réir Earnála	157
Caibidil 13	Bailiú Fiach na gCoimisinéirí Ioncaim.....	165
Caibidil 14	Comhlíonadh Cáiníocóra	177
Caibidil 15	Cásanna Gaolmhara Cánach a Bhainistiú	191
Caibidil 16	Bearta Comhlíonta Ioncaim	203
Caibidil 17	Tionchar na gCaillteanas	217

Caibidil 1

Toradh Airgeadais do 2010

Toradh Airgeadais do 2010

1.1 Ba é €18.15 billiún easnamh an Stáit ag léiriú farasbarr íocaíochtaí thar fháltais in 2010. Níl eisíocaíochtaí áirithe neamhairgid a d'eascair as eisiúint Nótaí Gealltanais de €30.85 billiún san áireamh san fhigiúr sin.

1.2 Déantar achoimriú ar fháltais agus ar íocaíochtaí do gach bliain ó 2007 go 2010 I bhFíor 1.

Fíor 1 Fáltais agus Íocaíochtaí, 2007 go 2010^a

	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
Fáltais				
Ioncam cánach	47,249	40,777	33,043	31,753
Ioncam reatha eile	638	847	838	2,687
Aisíocaíochtaí ar iasachtaí	747	749	750	1,043
Fáltais chaipitil eile	196	161	140	138
Fáltais iomlána an Stáitchiste	48,830	42,534	34,771	35,621
Íocaíochtaí				
Eisiúintí do chaiteachas a vótáladh	44,609	49,313	47,163	46,434
Scairchaipiteal faighte i mBainc	—	—	4,000	725
Fónamh an Fhiachais Náisiúnta	1,676	1,611	2,641	3,619
Ranníocaíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean	1,616	1,690	3,000	—
Ranníocaíocht le Buiséad an AE	1,572	1,587	1,486	1,352
Tacaíocht Chobhsaíochta an AE	—	—	—	346
Iasachtaí a eisíodh	740	741	790	972
Coimisiún an Oireachtais	114	123	123	103
Íocaíochtaí eile ^b	122	183	209	215
Íocaíochtaí iomlána an Stáitchiste	50,449	55,248	59,412	53,766
Easnamh don Bhliain	1,619	12,714	24,641	18,145

Foinsí: Cuntais Airgeadais 2007 go 2010 agus Ráitis Airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann.

- Nótaí:
- a Comhdhlúthú atá sa chuntas thuas ar idirbheartaíochtaí a próiseáladh tríd an gCuntas Stáitchiste agus tríd an gCuntas Seirbhísí Fuascailte Caipitiúl
 - b Áirítear ar íocaíochtaí eile €110 milliún a réamhíocadh leis an gCiste Árachais Shóisialaigh mar shaoráid oibre

1.3 B'ionann fáltais isteach sa Phríomh-Chiste in 2010 agus €35.6 billiún san iomlán. Léirigh sé seo méadú €851 milliún i gcomparáid le fáltais na bliana 2009 arbh fhiú €34.8 billiún iad, ach laghdú carnach 27% ó leibhéil na bliana 2007. Laistigh den ioncam iomlán do 2010, thit fáltais chánach €1.3 billiún i gcomparáid le 2009. Fritháiríodh é seo, áfach, trí mhéadú in ioncam reatha eile a chuimsigh préimheanna faoi dhá scéim ráthaíochta bainc go príomha¹.

1.4 Ba é €53.8 billiún caiteachas an Stáit in 2010, laghdú 9.5% ar leibhéal 2009. Ba iad seo a leanas príomhghnéithe chaiteachas na bliana 2010

- I ndiaidh ranníocaíocht luathaithe an Stáitchiste leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) in 2009, ní dhearnadh aon íocaíochtaí eile leis an gCiste in 2010 (laghdú €3 bhilliún i riachtanais airgid i gcomparáid le leibhéil na bliana 2009). Tugtar breac-chuntas i gCaibidil 8 ar idirbhearta an Chiste maidir le bearta cobhsaíochta bainc an Stáit.

¹ Caitear leis seo i gCaibidil 4.

- Eisíodh €725 milliún eile in 2010 chun scaireanna a fháil i mbainc, a thug an infheistíocht airgid charnach tríd an Státhiste go €4.73 billiún². Léirigh eisíocaíocht 2010 ó thaobh cúnamh díreach airgid de, áfach, laghdú €3.27 billiún ar eisíocaíochtaí 2009.
- Mhéadaigh caiteachas a bhain le fónamh an fhiachais náisiúnta €979 milliún nó 37%³. Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe i gCaibidil 2 ar staid an fhiachais náisiúnta.
- Thit an glanchaiteachas vótáilte €729 milliún in 2010 i ndiaidh laghdú €2.1 billiún in 2009.
- Tá suimeanna de €4.8 milliún san iomlán a íocadh le páirtithe polaitíochta faoi alt 17 den Acht Toghcháin, 1997 san áireamh in 'Íocaíochtaí Eile'. Tá an tsuim chomhiomlán bunaithe ar shuim sheasta (€3.81 mhilliún) innéacsaithe de réir méaduithe pá faoi na comhaontuithe náisiúnta pá suas go dtí Meán Fómhair 2008. Ní dhearnadh aon choigeartú chun coigeartuithe anuas i bpá na seirbhíse poiblí le blianta beaga anuas a chur san áireamh.
- Tugadh eisiúintí dar luach €103 milliún do Choimisiún an Oireachtais in 2010. Tugtar achoimre ar chaiteachas an Choimisiúin i bhFíor 2.

1.5 Aistríodh €600 milliún chuig an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC). Ní raibh an t-airgead seo caite amháin an 31 Nollaig 2010. Tá an t-iarmhéid sa CFSC, arna chothabháil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, faoi réir treoirlínte a d'eisigh an tAire Airgeadais (an tAire). Threoraigh an tAire nár cheart don iarmhéid ag deireadh na bliana 2010 €601 milliún a shárú. Sna blianta roimhe seo, ba é €1 mhilliún teorainn an iarmhéid.

Fíor 2 Caiteachas Choimisiún Thithe an Oireachtais^a, 2009 agus 2010

	2009		2010
	€000		€000
Comhaltaí Thithe an Oireachtais^b			
Tuarastail ^c	23,782		20,980
Costais taistil	5,174		5,962
Costais agus liúntais eile	7,236		7,929
Cúnamh rúnaíochta do dhaoine nach sealbhóirí oifige iad	19,524		20,493
Deontas i gcabhair i leith Chiste Pinsean Thithe an Oireachtais	10,340		10,000
Costais Riaracháin			
Tuarastail, pánna agus liúntais i leith baill foirne	26,076	23,545	
Costais riaracháin eile	<u>24,253</u>	50,329	<u>14,032</u>
Seirbhísí Eile^(d)	6,821		4,256
Caiteachas Iomlán	123,206		107,197

Foinse: Cuntais Choimisiún Thithe an Oireachtais

- Nótaí:
- Tá difríocht idir na heisiúintí ón bPríomh-Chiste agus an caiteachas mar go dtugtar cistí de réir riachtanais airgid.
 - Áiríonn sé seo Feisire de Pharlaimint na hEorpa amháin. Roghnaigh gach Feisire eile go n-íocfadh an Coimisiún Eorpach iad.
 - Caiteachas, an íocaíocht tuarastail dlite do na Teachtaí Dála agus do na Seanadóirí mar Chomhaltaí tofa den Oireachtas amháin. Íocann na ranna ábhartha go díreach aon íocaíocht tuarastail bhreise do phoist an Taoisigh nó na nAirí.
 - Áiríonn 'Seirbhísí Eile' íocaíochtaí i leith foireann lónadóireachta agus beáir, imeachtaí an Oireachais a chraoladh ar an teilifís, costais a bhaineann le Coistí Oireachtais agus scéim pinsean do chúntóirí rúnaíochta.

² Caitear leis na bearta cobhsaíochta airgeadais a rinne an Stát san earnáil baincéireachta i gCaibidil 4.

³ Léiríonn sé seo an costas fónaimh gan íocaíochtaí ciste fiachmhúchta san áireamh.

Iniúchadh ar Chuntais Stáit

Tógtar an achoimre i bhFíor 1 ó chuntas de chuid an Stáitchiste – na Cuntais Airgeadais – a léiríonn, *inter alia*, na híocaíochtaí leis an bPríomh-Chiste agus amach as. Glactar san áireamh ann freisin idirbheartaíochtaí a próiseáladh tríd an CSRA a ndearna mé iniúchadh agus tuairisciú air le linn dom iniúchadh a dhéanamh ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Rinne mé iniúchadh ar Chuntais Airgeadais 2010 agus tá siad le cur faoi bhráid Dháil Éireann faoin 30 Meán Fómhair 2011.

Toradh Airgeadais an Stáit agus OTN

1.6 Léiríonn Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN)⁴ an líon aschuir den gheilleagar inchurtha i leith shaoránaigh na hÉireann, beag beann ar a suíomh tíreolaíoch. Fíor 3 an gaol idir ioncam agus caiteachas an Stáit agus OTN thar na blianta 2007 go 2010, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí céatadáin araon.

Fíor 3 Maoiniú Rialtais agus OTN

	2007		2008		2009		2010	
	€m	%	€m	%	€m	%	€m	%
Fáltais Chánachais	47.3	29	40.8	26	33.0	25	31.8	25
Íocaíochtaí Rialtais	50.4	31	55.2	36	59.4	45	53.8	42
Olltáirgeacht Náisiúnta^a	163.4		154.7		132.2		128.2	

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Nóta: a Luaitear OTN ag praghsanna reatha .i. na praghsanna a bhí i réim sa bhliain.

1.7 Chonacthas laghdú 21.5% ar OTN na hÉireann ó 2007 go 2010. Tá an chomhréir den tsuim laghdaithe seo a bhaineann le cánachas laghdaithe, agus fáltais chánach ag laghdú ó 29% den OTN in 2007 go 25% in 2010. Tá caiteachas Stáit, mar chéatadán den OTN, méadaithe ó 31% in 2007 go 42% in 2010. Bhí 3.7% de chaiteachas na bliana 2010 (i dtéarmaí OTN) inchurtha i leith chostas an fhónaimh d'fhiachas, tacaíocht chobhsaíochta an AE agus instealladh scairchaipitil i mbainc.

Caiteachas Vótáilte

1.8 Leagtar amach i gCaibidil 18 toradh bhainistíocht vóta na nOifigeach Cuntasaíochta in 2010. Cuimsíonn an glanchaiteachas vótáilte do gach bliain caiteachas a rangáítear mar chaiteachas reatha nó mar chaiteachas caipitiúil. Fíor 4 comhdhéanamh an ghlancaiteachais vótáilte le ceithre bliana anuas. Laghdaigh an chomhréir atá tiomanta do chaipiteal 4% le linn na tréimhse sin agus mhéadaigh caiteachas reatha an méid céanna.

⁴ Ní hionann é seo agus an Olltáirgeacht Intíre (OTI) a thomhaiseann aschur a tháirgtear in Éirinn. Is ionann an difríocht idir OTN agus OTI agus an glanmhéid ioncain a chuirtear thar lear nó a fhaightear ó thar lear. Go stairiúil, sáraíonn OTI in Éirinn OTN de bharr gluaiseachtaí a bhaineann le hinfheistíocht eachtrach in Éirinn. In 2010, bhí OTN 18% níos lú ná OTI.

Fíor 4 Comhdhéanamh an Ghlanchaiteachais Vótáilte 2007-2010

	2007		2008		2009		2010	
	€bn	%	€bn	%	€bn	%	€bn	%
Reatha	37.0	83	40.7	83	40.3	85	40.6	87
Caipitiúil	7.6	17	8.6	17	6.9	15	5.9	13
Iomlán	44.6		49.3		47.2		46.5	

Foinse: An Roinn Airgeadais, Meastacháin Atbheithnithe i ndáil leis na Seirbhísí Poiblí

Caiteachas Reatha

1.9 €2.6 billiún measta an costas a bhain le seirbhísí an rialtais láir a riaradh in 2010. Is ionann sin is thart ar 4.2% de chaiteachas iomlán an chláir⁵. Baineann thart ar 71% de na costais riaracháin le tuarastail na foirne riaracháin.

1.10 Áirítear costais tuarastail bhreise i gcostas sheirbhísí agus chlár an Stáit. Go deimhin, cuirtear tromlach na seirbhísí poiblí, lena n-áirítear teagasc, cúram sláinte agus slándáil, ar fáil trí acmhainní foirne. Bhí costas foriomlán na n-acmhainní daonna a úsáidtear i seirbhísí an rialtais láir thart ar €15.9 billiún.

Caiteachas Caipitiúil

1.11 B'ionann an t-ollchaiteachas caipitiúil vótáilte, sula gcuirtear fáiltais chaipitil san áireamh, agus thart ar €6.3 billiún in 2010. Tabhaíodh formhór na holl-eisiócaíochta seo orthu seo a leanas

- bóithre agus iompar poiblí – €2 bhilliún
- infheistíocht i seirbhísí uisce – €495 milliún
- tithíocht shóisialta agus athnuachan eastáit – €746 milliún
- deontais nó cúnamh d'fhiontar príobháideach i réimsí na talmhaíochta agus tionscail – €589 milliún
- tógáil agus feistiú saoráidí oideachais – €616 milliún.

Gluaiseacht in Iarmhéideanna an Stáit

1.12 Léirítear na gluaiseachtaí in iarmhéideanna an Stáitchiste a bhaineann le torthaí airgeadais i bhFíor 5

⁵ Áirítear ar chaiteachas cláir caiteachas vótáilte agus caiteachas as an gCiste Náisiúnta Oiliúna agus as an gCiste Árachais Shóisialaigh.

Fíor 5 Gluaiseachtaí in larmhéideanna an Stáit, 2007 go 2010^a

Iarmhéid an Stáit amhail an 1 Eanáir	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
Cuntas Stáitchiste an Bhainc Ceannais	3,587	3,996	21,269	21,026
Taiscí tráchtála	—	490	790	790
	3,587	4,486	22,059	21,816
Gluaiseacht sa bhliain				
Glaniasachtaí an Stáitchiste sa bhliain	2,518	30,287	24,397	12,493
Barrachas/(easnamh) na bhfáltas i gcomparáid le caiteachas	(1,619)	(12,714)	(24,641)	(18,145)
	899	17,573	(244)	(5,652)
Iarmhéid an Stáit amhail an 31 Nollaig				
Cuntas Stáitchiste an Bhainc Ceannais	3,996	21,269	21,026	11,399
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	—	—	—	600
Nótaí Gearrthéarmacha	—	—	—	3,585
Taiscí tráchtála	490	790	790	580
	4,486	22,059	21,816	16,164

Foinse: Cuntais Airgeadais 2007 go 2010

Nóta: **a** Ní áirítear iarmhéideanna beaga sa CRSA: €842,000 (deireadh 2007); €434,000 (deireadh 2008) agus €452,000 (deireadh 2009).**Mórdhliteanais agus Mórshócmhainní an Stáitchiste**

1.13 Bhí roinnt sócmhainní agus dliteanais fhadtéarmacha ag an Stát amhail an 31 Nollaig 2010 a thuairiscítear i gcaibidlí eile sa tuarascáil seo. Tugtar breac-chuntas ar an staid achoimre maidir le príomhdhliteanais agus le príomhshócmhainní thíos.

An Fiachas Náisiúnta

1.14 B'ionann iasachtaí carnacha an Stáit ag deireadh na bliana 2010 agus €109.6 billiún (ag parluachanna infhuascailte nó ainmniúla). Agus sócmhainní bainteacha dar luach €16.2 milliún á gcur san áireamh, lena n-áirítear iarmhéid €600.5 milliún sa CRSA, b'ionann an glanfhiachas náisiúnta ag an dáta sin agus €93.4 billiún (2009: €75.2 billiún).

1.15 Le linn 2010, d'eisigh an tAire Nótaí Gealltanais dar luach €30.85 billiún chuig trí institiúid airgeadais Éireannacha. Fabhraíonn ús ar na suimeanna gan íoc. Faoi théarmaí na Nótaí Gealltanais, ceanglaítear ar an Stát na suimeanna dlite a íoc i dtráthchodanna bliantúla.

1.16 Déantar féichiúnas a thomhas le Fiachas Ginearálta an Rialtais (FGR) ag cur gach dliteanas san Fhiachas Náisiúnta san áireamh gan fritháireamh sócmhainní leachtacha chomh maith le dliteanais eile an Stáit lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nótaí gealltanais, le gníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála agus le húdaráis áitiúla. Amhail an 31 Nollaig 2010, b'fhiú €148 billiún an FGR.

Ceangaltas Airgeadais faoi Chonarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

1.17 Tá ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais Láir tar éis idirbhearta fadtéarmacha comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) a eagrú do sholáthar réimse seirbhísí agus bonneagair. Áiríonn siad seo ceangaltas d'íocaíochtaí sa todhchaí thar théarmaí na gconarthaí.

1.18 Meastar gurb ionann luach iomlán na gceangaltas sa todhchaí atá le comhlíonadh i ndáil le conarthaí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2010 agus €4.3 billiún (€4.1 billiún ag deireadh na bliana

2009). Tá tionscadail eile CPP i mbun forbartha nó soláthair, ach ní thiocfaidh ceangaltais airgeadais i leith na dtionscadal sin chun cinn go dtí go sroichtear céim fhoirmiúil conartha. Léiríonn cuid den cheangaltas seo costas cuachta oibríochta agus cothabhála sa todhchaí a chomhlíontar ar bhonn ‘íoc mar a úsáidtear’ i seirbhísí nó i dtionscadail soláthair thraidisiúnta.

Dlíteanais agus Costais Phinsin na Seirbhíse Poiblí

1.19 Ag deireadh mhí na Nollag 2009, bhí €116 billiún fabhraithe i leith pinsin ghairme iníoctha le fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Seo an measúnú is deireanaí a rinneadh. Léiríonn na dlíteanais sin luach measta reatha na n-íocaíochtaí airgid atá le híoc sa chéad seasca bliain eile i leith pinsin thuillte amhail an 31 Nollaig 2009⁶.

Cúlchistí Pinsean

1.20 Rinneadh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) a luacháil ag €22.7 billiún amhail an 31 Nollaig 2010.

1.21 B’fhiú €15 bhilliún infheistíocht lánroghnach an CNP amhail an 31 Nollaig 2010. Luacháladh na hinfheistíochtaí seo ag praghsanna margaidh. Tiomnaíodh €11.3 billiún breise de shócmhainní an Chiste, lena n-áirítear ath-infheistiú díbhinní a fuarthas ó Bhainc-Aontas Éireann cpt agus ó Bhanc na hÉireann, do chaipitliú bainc faoi dheireadh na bliana 2010. Ba é €7.6 billiún luach margaidh na n-infheistíochtaí sna bainc amhail an 31 Nollaig 2010. Tiomnaíodh cistí breise NPRF de €10 billiún do thuilleadh cobhsaíochta bainc ó shin.

1.22 Caitear le luacháil na sócmhainní a bhaineann le híocaíochtaí cobhsaíochta bainc i gCaibidil 8.

Tiomantais agus Teagmhais Stáit

1.23 Mar a léirítear i gCaibidil 4, thug an Stát ráthaíocht do dhlíteanais institiúidí creidmheasa Éireannacha faoi leith. B’ionann luach na ndlíteanas banc ráthaithe ag deireadh mhí na Nollag 2010 agus thart ar €113 billiún⁷.

1.24 Tá tiomantas breise ar an Rialtas aon easnamh a bheadh i luach an urrúis chomhthaobhaigh faoin Scéim Cúnaimh Éigeandála i gCás Leachtachta (ELA) a chúiteamh. Urrús comhthaobhach a chuir insitiúidí creidmheasa a bhí ag baint leasa as ELA an taca a bhí le ELA €49.5 billiún a d’íoc Banc Ceannais na hÉireann (CBI) roimh ré. Áirítear ar urrús comhthaobhach a bheadh incháilithe chun críche ELA Nótaí Gealltanais a d’eiseodh an tAire, iasachtaí lena n-áirítear morgáistí cónaitheacha chomh maith le hiasachtaí infheistíochta nó forbartha agus rathaíochtaí an Aire. Chomh maith leis sin tá litir sóláis faighte ag an CBI ón Aire go seasfar aon easnamh a bhainfeadh don urrús comhthaobhach.

⁶ Féach Caibidil 3 de Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2009.

⁷ Clúdaítear taiscí (suas le €100,000 in aghaidh an taisceora in aghaidh na hinstiúide ar a mhéad) leo féin faoin Scéim Ráthaíochta Taisce. Amhail deireadh mhí na Nollag 2010, b’ionann comhluach na dtaiscí seo leis na hinstiúidí creidmheasa agus €72 billiún eile.

Conclúid

Ba é €18.15 billiún easnamh an Stáit do 2010. Chonacthas titim i bhfáltais cánach de thart ar 4% sa tréimhse idir 2007 agus 2010 nuair a shloinntear mar chéatadán den Olltáirgeacht Náisiúnta iad. Sa tréimhse chéanna, mhéadaigh íocaíochtaí ó 31% go 42% den OTN.

Ag deireadh na bliana 2010, b'ionann Fiachas Ginearálta an Rialtais agus €148 billiún. Chomh maith leis sin, bhí ceangaltais ag an Stát arbh fhiú os cionn €4 bhilliún iad i leith conarthaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí i bhfeidhm. D'áirigh sócmhainní i seilbh an Stáit ag deireadh na bliana 2010 €16.2 billiún i seilbh mar shócmhainní Stáitchiste agus €22.7 billiún sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean lena n-áirítear €7.6 billiún a infheistíodh i mBainc-Aontas Éireann cpt agus i mBanc na hÉireann.

Ba é €116 billiún ag deireadh na bliana 2009 na meastacháin ba dheireanaí ar dhliteanas fadtéarmach do phinsin ghairme d'fhostaithe na hearnála poiblí.

Bhí dliteanais theagmhasacha ag an Stát freisin a d'eascair as ráthaíocht na ndlíteanas a bhí ag institiúidí creidmheasa Éireannacha faoi leith agus i ndáil le ráthaíochtaí agus litreacha sóláis a eisíodh chuig Banc Ceannais na hÉireann don Chúnamh Éisceachtúil i gCás Leachtachta do na Banic.

Mionsonraítear cuid de na saincheistean seo sna caibidlí a leanas sa tuarascáil

Caibidil 2, Fiachas Náisiúnta

Caibidil 3, Forbairtí Maoinithe Stáit

Caibidil 4, Bearta Cobhsaíochta Baincéireachta

Caibidil 6, Ceangaltais Airgeadais faoi Chonarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

Caibidil 8, An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Caibidil 18, Bainistíocht Vóta.

Caibidil 2

Fiachas Náisiúnta

Fiachas Náisiúnta

2.1 B'ionann glaniasachtaí an Stáit arna luacháil ag parluachanna infhuascailte agus €93.4 billiún amhail an 31 Nollaig 2010. Tuairiscítear an dliteanas seo tar éis sócmhainní bainteacha a chur san áireamh. Leagann Fíor 6 an leibhéal comhlán iasachta agus an glan-leibhéal iasachta le ceithre bliain anuas amach.

Fíor 6 Glanfhiachas Náisiúnta 2007 – 2010

Bliain	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
Ollfhiachas Náisiúnta	42,047	72,457	96,968	109,609
Sócmhainní Bainteacha	(4,487)	(22,059)	(21,816)	(16,164)
Glanfhiachas Náisiúnta	37,560	50,398	75,152	93,445

2.2 Cé go raibh €12.6 billiún de na sócmhainní gaolmhara ar fáil don Stát láithreach nó ar fhógra gearr a thabhairt, ní féidir €3.6 billiún de Pháipéar Tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe a réadú go héasca. Lean an Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) ar aghaidh leis an bPáipéar Tráchtála sin a cheannach sa chéad leath de 2011 de bharr nádúr riachtanas maoinithe na gníomhaireachta sin.

2.3 Tá comhdhéanamh na sócmhainní gaolmhara amhail an 31 Nollaig 2010 leagtha amach i bhFíor 7.

Fíor 7 Sócmhainní Bainteacha 2007 – 2010

	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	–	–	–	(600)
Páipéar Tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	–	–	–	(3,585)
Taiscí Bainc	(490)	(790)	(790)	(580)
Cuntas an Stáitchiste	(3,997)	(21,269)	(21,026)	(11,399)
Sócmhainní Bainteacha	(4,487)	(22,059)	(21,816)	(16,164)

2.4 Thit iarmhéid an Stáitchiste ó €21 billiún ag deireadh 2009 go dtí €11.4 billiún amhail an 31 Nollaig 2010, títim €9.6 billiún, a ndearnadh cuntas air trí

- €3.6 billiún de Pháipéar Tráchtála a cheannach ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA)
- €0.6 billiún a aistriú chuig an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla
- €5.6 billiún a chur i dtreo easnamh an Stáit de €18.15 billiún⁸ a mhaoiniú, arna fhritháireamh ag leachtú €0.2 billiún i dtaiscí tráchtála.

Maoiníodh iarmhéid easnamh an Stáit ó iasachtaí.

⁸ Ba é an t-easnamh comhlán € 18.75 billiún ach € 600 milliún a bhí cuntas seo don trí aistriú go dtí an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla a bhíonn ar siúl sa chuntas ag 31 Nollaig 2010.

Ionstraimí Fiachais Nua

2.5 Mar chuid de phróiseas an chaipitlithe baine d'eisigh an Stát freisin Nótaí Gealltanais. Is é glanéifeacht an bhirt seo fiachas Stáit a chruthú. Ba é €30.85 billiún luach na nótaí eisithe amhail an 31 Nollaig 2010. I gcomhar le hiasachtaíocht dhíreach Stáit Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA), thug eisiúint na nótaí gealltanais ollfhiachas foriomlán an rialtais láir go €140.46 billiún sula cuirtear na dliteanais fiachais eile a dtugtar breac-chuntas orthu thíos san áireamh.

2.6 Ní bhíonn eisíocaíocht láithreach airgid ag an Stát nuair a eisiónn sé Nótaí Gealltanais. Fabhraítear ús go bliantúil ar na Nótaí Gealltanais agus cuirtear leis na hiarmhéideanna amuigh é ag deireadh Márta gach bliain. Déantar íocaíochtaí is ionann le 10% den mhéid a bhí amuigh an 31 Nollaig 2010 (€30.85 billiún) ar dhátaí socraithe gach bliain⁹, ag tosú in 2011, faoi théarmaí na Nótaí Gealltanais. Leanfar leis na híocaíochtaí bliantúla go dtí go mbeidh na príomhshuimeanna agus an t-ús fabhráithe go léir íoctha.

Próifíl an Ghlanfhiachais

2.7 B'ionann glan-iasachtaí¹⁰ an NTMA in 2010 agus €12.5 billiún (€24.5 billiún: 2009). Ardaíodh iad go príomha trí fhiachas meántearma nó fadtéarma a eisiúint trí cheannta agus sindeacáitiú. Tá na hiasachtaí carnacha comhdhéanta de ghnéithe éagsúla a bhfuil próifíl aibíochta difriúla acu. Leagann Fíor 8 an briseadh síos ar an bhfiachas de réir a phríomh-chomhpháirteanna amach.

Fíor 8 Iasachtaíocht Charnach ag Parluachanna Infhuascailte

	2008	2009	2010
	€m	€m	€m
Bannaí Rialtais – aibíocht níos mó ná bliain amháin	41,863	70,858	90,102
Fiachas Eile Meántéarmach/Fadtéarmach – aibíocht níos mó ná bliain amháin	483	670	673
Fiachas Gearrthéarmach – aibíocht níos lú ná bliain amháin	21,783	16,261	6,972
Iasachtaí ó Chistí Stáit eile ^a	2,605	1,783	1,524
Scéimeanna Coigiltis Rialtais – aibíocht suas le 5½ bliain	5,723	7,396	10,338
Ollfhiachas Náisiúnta	72,457	96,968	109,609

Nóta: a Baineann an phríomhghné den iasacht seo leis an gCiste um Banc Taisce an Phoist.

2.8 Faightear formhór an Fhiachais Mheántearmaigh agus Fhadtéarmaigh i bhfoirm bannaí rialtais a bhfuil aibíochtaí difriúla acu; ba é 15 bliana an tréimhse ab fhaide díobh ag deireadh na bliana 2010. Tugann Fíor 9 léiriú ar phróifíl aibíochta bannaí rialtais i gcomparáid lena chéile ag deireadh 2008, 2009 agus 2010.

⁹ I mí Márta gach bliain a dhéantar formhór mór díobh sin.

¹⁰ Is í an ghluaiseacht sa Ghlanfhiachas Náisiúnta an ghlan-iasacht, sa chás seo.

Fíor 9 Próifíl Aibíochta Bannaí Rialtais

Fad	2008	2009	2010
	€m	€m	€m
Faoi 5 bliain	15,931	25,687	28,298
5 go 10 bliain	11,857	29,296	53,520
Níos mó ná 10 bliain	14,075	15,875	8,284
Iomlán	41,863	70,858	90,102

2.9 Is ionann fiachas gearrthéarmach agus fiachas a bhfuil aibíocht níos lú ná bliain amháin aige, agus cuimsítear ann den chuid is mó iasachtaí ag baint leasa as Billí Stáitchiste, Clár Páipéar Tráchtála Euro an NTMA agus Nótaí Gealltanais. Ag deireadh na bliana 2009, bhí thart ar €4 bhilliún á sealbhú ag an NTMA i bPáipéar Tráchtála Stáit Aontaithe Mheiriceá. Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí an tsuim shealbhaithe tite go thart ar €50 milliún. Leagann Fíor 10 próifíl aibíochta fhiachas gearrthéarmach amach.

Fíor 10 Próifíl Aibíochta Fiachais Ghearrthearmaigh

Fad	2008	2009	2010
	€m	€m	€m
Níos lú ná mí amháin	3,880	4,561	2,186
Mí amháin go trí mhí	5,518	8,628	3,286
Trí go sé mhí	5,803	2,913	1,392
Os cionn sé mhí	6,582	159	108
Iomlán	21,783	16,261	6,972

Costais Fónaimh d'Fhiachas

2.10 Is é an costas fónaimh d'fhiachas a nochtar i gcuntas an NTMA do 2010 €4.2 billiún (2009: €3.2 billiún) nuair a thomhaistear ar bhonn airgid é. Ach, nuair a chuirtear aistriú €617 milliún (2009: €573 milliún) ó chistí reatha chuig ciste fiachmhúchta¹¹ chun fiachas a aisíoc as an áireamh, tugtar an eisíocaíocht fónaimh reatha go €3.6 billiún (2009: €2.6 billiún).

2.11 Ceileann tomhas costas fónaimh d'fhiachas ar bhonn airgid an éifeacht a bhaineann le fónamh na n-oibleagáidí a bhí fabhráithe faoi dheireadh na bliana ach a bhí le hurscaoileadh fós. Nuair a thomhaistear an costas fónaimh d'fhiachas ar bhonn fabhráithe¹², ba é €4.2 billiún an costas fónaimh do 2010 (2009: €3.2 billiún).

2.12 Mhéadaigh an t-ollfhiachas náisiúnta 160% idir deireadh na bliana 2007 agus deireadh na bliana 2010. An costas a fónamh ar an bhfiach, nuair a thomhas ar bhonn fabhráithe, ardú de thart ar an céatadán céanna. Luach Margaidh Fiachais

2.13 €80 billiún a bhí ar glanluach reatha an Fhiachais Náisiúnta ag deireadh 2010 (€78.4 billiún ag deireadh 2009). Léiríonn luach reatha an fhiachais méid iomlán an tsreabhaidh airgid tirim ar fad amach anseo (idir ús agus phríomhshuim) a lascaíodh agus na rátaí margaidh cuí á n-úsáid ag deireadh na bliana.

¹¹ Baintear úsáid as an gciste fiachmhúchta seo chun fiachas a aisíoc.

¹² Aithnítear sa bhonn fabhráithe na costais a tabhaíodh seachas iad siúd a íocadh agus ní chuirtear gluaiseachtaí cistí fiachmhúchta san áireamh ann.

Fiachas Ginearálta an Rialtais

2.14 Chomh maith leis an bhfiachas rialtais lárnaigh a bhí comhdhéanta d'iasachtaí a tuairiscíodh i ráitis airgeadais an NTMA agus na Nótaí Gealltanais arna n-eisiúint ag an Stát, eascraíonn dliteanais fiachais eile de bhun gníomhaíochtaí phoiblí iasachtaí agus maoinithe eile. Agus na gnéithe breise sin á gcur san áireamh, €148 billiún atá san fhiachas poiblí foriomlán, mar a leagtar amach i bhFíor 11.

Fíor 11 Fiachas Ginearálta an Rialtais 2007 – 2010

Bliain	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
Ollfhiachas Náisiúnta	42,047	72,457	96,968	109,608
Nótaí Gealltanais	-	-	-	30,850
Dlíteanais Fiachais Eile ^a	5,350	7,380	7,815	7,334
Fiachas Ginearálta an Rialtais	47,397	79,837	104,783	148,074

Nóta: a Díorthaítear dliteanais fiachais eile den chuid is mó ón réamhthoradh chuig an AE a rinneadh i Márta 2010 faoi rialacha an airgeadra aonair.

2.15 Cuimsíonn Dlíteanais Fiachais Eile réimse iasachtaí a rinne comhlachtaí Stáit agus rialtas áitiúil, sócmhainní bainteacha, chomh maith le hoibleagáidí airgeadais an Stáit. Achoimrítear raon na n-iasachtaí agus na n-oibleagáidí sin ag deireadh na ceithre bliana seo caite i bhFíor 12.

Fíor 12 Dlíteanais Fiachais Eile 2007 – 2010

Deireadh na Bliana	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
Comhlachtaí Stáit neamhthráchtála (lena n-áirítear ospidéal shaorálacha agus FSS)	605	943	875	865
An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe Iarmhéideanna agus Taiscí Idir-Rialtais	4,319	4,957	4,932	4,511
Taiscí an Chiste um Banc Taisce an Phoist (gan bannaí rialtais san áireamh)	(2,840)	(3,116)	(2,084)	(1,654)
Fiachas Rialtais Áitiúil (gan fiachas dlíte leis an rialtas láir san áireamh)	1,205	1,616	1,580	1,489
Monaíocht	550	599	825	791
Ús Fabhráithe ar Scéimeanna Coigiltis	653	697	674	673
Ús Fabhráithe ar Scéimeanna Coigiltis	780	653	346	368
Ceannach Amach Dhroichead Dola an Naisc Thiar	—	534	482	433
Coigeartú ar Luach Ainmniúil Fiachais ^a	23	489	55	72
Luath-ús na n-iasachtaí Náisiúnta	5	5	127	64
Ilghnéitheach	50	3	3	3
Iomlán^b	5,350	7,380	7,815	7,615

Foinse: An Roinn Airgeadais.

Nóta: a Luaitear Fiachas Ginearálta an Rialtais a thuairiscítear don AE ag luachanna ainmniúla. Nuair a eisítear fiachas áirithe, ar nós Páipéar Tráchtála, ar lascaine ar a luach ainmniúil, ní mór figiúirí Fhiachas Ginearálta an Rialtais a choigeartú chuig an luach ainmniúil.

b Chomh maith leis sin, bhí tiomantais sa todhchaí ag an Stát ar fiú €4.3 billiún iad i leith conarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2010.

2.16 Mar chéatadán den Olltáirgeacht Intíre (GDP)¹³ b'ionann Fiachas Ginearálta an Rialtais (FRG) agus 95% ag deireadh na bliana 2010. Luaitear é seo gan sócmhainní bainteacha airgeadais a bhí ionann le 10.4% den GDP amhail an 31 Nollaig 2010 a chur san áireamh¹⁴.

Conclúid

Tríd is tríd, mhéadaigh iasachtaí foriomlána poiblí go €148.1 billiún ag deireadh na bliana 2010 agus b'ionann an tOllfhiachas Náisiúnta agus beagnach €109.6 billiún den dliteanas sin. Tá an chuid eile comhdhéanta de Nótaí Gealltanais a eisíodh i ndáil le cobhsú na mbanc (€30.9 billiún) agus iasachtaí poiblí ilghnéitheach eile de €7.6 billiún. Nuair a chuirtear €16.2 billiún i sócmhainní bainteacha san áireamh, b'ionann na glan-iasachtaí poiblí agus €131.9 billiún amhail an 31 Nollaig 2010.

Ba thart ar €80 billiún a bhí i luach margaidh Fiachas Náisiúnta na hÉireann, ar bhonn glanluach reatha, amhail an 31 Nollaig 2010.

Mhéadaigh costais fónaimh d'fhiachas nuair a thomhaistear ar bhonn fabhráithe iad faoi €1 bhilliún (nó 31%) in 2010, de bharr an mhéadaithe ar líon an fhiachais go príomha.

Leagtar na forbairtí cistithe Stáit a tharla tar éis 31 Nollaig 2010 amach i gCaibidil 3.

¹³ Tomhas caighdeánach é an cóimheas idir Fiachas Ginearálta an Rialtais agus Olltáirgeacht Intíre (GDP) a chuirtear i bhfeidhm chun comparáid a dhéanamh laistigh de limistéir an Euro.

¹⁴ Lean an NTMA ag cothabháil an luathmhaoinithe a tógadh ó 2008 i leith ach laghdaigh sé go €11.4 billiún faoi dheireadh na bliana 2010.

Caibidil 3

Forbairtí Maoinithe Stáit

Forbairtí Maoinithe Stáit

3.1 Mhéadaigh an toradh ar bhannaí Éireannacha go beagnach 7% faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2010¹⁵. Dá bhar seo, d'éirigh maoiniú trí iasachtú níos fadtéarmaí ródhaor don Stát.

3.2 D'fhógair an tAire Airgeadais ar an 30 Meán Fómhair 2010 gur chinn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta gan dul ar aghaidh leis na ceantanna bannaí a bhí beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair agus do mhí na Samhna 2010. Níor tharla aon cheant bannaí ná ceant Bille Státchiste ó fógraíodh seo.

Béim na Caibidle

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo orthu seo a leanas

- cúlra idirnáisiúnta na ndeacrachtaí maoinithe
- na socruithe idirnáisiúnta a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le riachtanais iasachtaithe na hÉireann
- an staid nuashonraithe fiachais amhail an 31 Iúil 2011
- costas agus ualach an fhiachais

An Cúlra Idirnáisiúnta

3.3 Sa tríú ráithe de 2008, thosaigh an chéad chúlú eacnamaíochta i Limistéar an Euro de thoradh na géarchéime domhanda airgeadais a thosaigh in 2007. Bhí tionchar níos tromchúisí ag an ngéarchéim ar na tíortha ar an imeall. Bhí tionchar níos mó ar thíortha áirithe thar a chéile, ag brath ar an méid a raibh siad nochtaithe do shócmhainní rioscúla agus ar mhéid na hearnála airgeadais, an méid a bhraitheann an geilleagar ar onnmhairiú agus staid reatha na gcuntas, chomh maith leis an méid a bhí ró-luacháil déanta ar phraghsanna tithe agus a bhí an tionscal tógála fásta ró-mhór.¹⁶

3.4 Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí Éire sa chás go raibh costas an iasachtaithe dúshlánach agus idirbheartaíodh pacáiste beart leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF), leis an Aontas Eorpach (AE) agus go déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe (UK), an Danmhairg agus an tSualainn.

3.5 I mí na Nollag 2010, cuireadh clár tacaíochta airgeadais ón AE agus ón IMF (An Clár) i bhfeidhm d'Éirinn. Faoin gcomhaontú seo, féadfaidh Éire rochtain a fháil ar suas le €67.5 billiún ó na foinsí seo a leanas

- | | |
|--|---------------|
| ▪ IMF – Áis Shínte Ciste (EFF) | €22.5 billiún |
| ▪ AE – Meicníocht Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM) | €22.5 billiún |
| ▪ AE – Ciste Cobhsaíochta Airgeadais na hEorpa (EFSF) | €17.7 billiún |
| ▪ Iasachtaí déthaobhacha (an UK, an tSualainn agus an Danmhairg) | €4.8 billiún. |

¹⁵ Is éard atá sa toradh an tuairsiceán a éilíonn iasachtóirí nó ceannaitheoirí fiachas na hÉireann.

¹⁶ Tuar Eacnamaíochta Eorpach – Fómhar 2010, an Coimisiún Eorpach.

Na Comhaontuithe Idirnáisiúnta


Is iad seo a leanas na príomhionstraimí do sholáthar áiseanna

- Iasachtaí ón IMF, bunaíodh an Ciste, a bhfuil 187 comhalta aige faoi láthair, i 1945 chun cobhsaíocht an chórais airgeadais idirnáisiúnta a chosaint. Féadfaidh balltír iarratas ar iasacht a dhéanamh leis an IMF mura bhfuil an tír in ann airgead a rochtain chun íocaíochtaí idirnáisiúnta a dhéanamh nó chun leibhéal sábháilte cúlchistí a chothabháil. Braitheann íocaíochtaí amach iasachtaí ar bhaint amach spriocanna sonracha mar a leagtar amach i gclár beartas geilleagraich na tíre iad.
- Bhunaigh airí airgeadais an AE an EFSM agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 12 Bealtaine 2010. Chun cáiliú do chúnamh faoin EFSM caithfidh suaitheadh tromchúiseach airgeadais a bheith ag ballstát a tharla de bharr imeachtaí nach raibh aon smacht ag an stát orthu, nó caithfidh an ballstát a bheith i mbaol go dtarlóidh sé sin. Is í an Chomhairle Eorpach a chinneann an cúnamh seo a thabhairt. Gabhann coinníollacha beartais gheilleagraigh, a bhunaigh an Coimisiún Eorpach i gcomhar leis an (ECB), leis an gcúnamh. Leagtar amach i Meabhrán Tuisceana iad seo agus caithfidh an ballstát a bhfuil cúnamh á fháil aige iad a chomhlíonadh
- Is cuideachta an EFSF a corpraíodh i Lucsamburg ar an 7 Meitheamh 2010; is iad stáit Limistéar an Euro a gheallsealbhoirí. Déanann stát nach bhfuil in ann iasacht a fháil ar mhargaí caipitil ag rátaí inghlactha iarratas ar chúnamh agus déantar clár tíre a idirbheartú leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an IMF. Caithfidh airí airgeadais Limistéar an Euro glacadh leis an gclár. Sínítear Meabhrán Tuisceana idir an tír iasachtaithe agus an Coimisiún Eorpach ina bhfuil coinníollacha beartais gheilleagraigh. Eisíonn an EFSF bannaí, nó ionstraimí fiachais eile, ar an margadh chun cistí a chruinniú le tabhairt ar iasacht do stáit is iarrthóirí.
- Iasachtaí déthaobhacha ón UK, ón Danmhairg agus ón tSualainn.

3.6 Ní chuireann an Clár bac ar Éirinn maoiniú a lorg go díreach tríd an margadh. Beidh na torthaí ar bhannaí Éireannacha ina bpríomhchinntitheach faoin tráth a bhfillfidh Éire ar iasachtaí a fháil sa mhargadh. Thosaigh difríocht suntasach ag teacht ar na raonta toraidh¹⁷ ar fhiachas Éireannach i gcomparáid leis an nGearmáin i lár 2010. Déantar comparáid ar na torthaí ar bhannaí deich mbliana Éireannacha agus Gearmánacha don tréimhse 2008 go lár 2011 i bhFíor 13.

¹⁷ Is é an raon toraidh an difríocht idir na torthaí ar dhá bhanna a bhfuil an aibíocht chéanna acu.

Fíor 13 Torthaí bannaí 10 mbliana Éireannacha agus Gearmánacha 2008 go Iúil 2011



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An Plean Téarnaimh Náisiúnta

3.7 D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Téarnaimh Náisiúnta (an Plean) ar an 24 Samhain 2010. Ba iad cuspóirí an Phlean bunús an athchóirithe struchtúrtha agus beartas fioscaigh an Chláir. Foráiltear sa chlár do €15 bhilliún i gcoigilteas buiséadach sa tréimhse 2011-2014 a dhíorthaítear ó chiorruithe caiteachais agus ó mhéaduithe cánach de €10 billiún agus de €5 bhilliún faoi seach. Is iad sin na coigiltis a tuaradh a bheith riachtanach chun an t-easnamh buiséid a laghdú go níos lú ná 3% den GDP faoi 2015¹⁸. Tá sé d'aidhm ag an bPlean fás inbhuanaithe a thabhairt ar ais chuig an ngeilleagar trí seo a leanas

- bearta a leagan amach a dtabharfar fúthu chun ord ar airgeadas poiblí a athbhunú
- réimsí gníomhaíochta geilleagraí a chuirfidh fás agus fostaíocht ar fáil a shainaithint
- athchóiriú Rialtais a theastaíonn chun fás a spreagadh sna príomhréimsí seo a shonrú.

¹⁸ Shín an Chomhairle Eorpach an spriocdháta seo ó 2014 go 2015 ar an 7 Nollaig 2010.

Clár an AE – IMF

3.8 Tá dhá chuid sa Chlár, a comhaontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach, leis an ECB agus leis an IMF; caitear le beartas fioscach agus le hathchóiriú struchtúrtha sa chéad chuid, agus caitear le hatheagrú agus le hathstruchtúrú bainc¹⁹ sa dara cuid. Is é cuspóir an Chláir

- foinse maoinithe slán a chur ar fáil ar féidir leas a bhaint as fad a leantar ar aghaidh leis an bpróiseas inbhuanaitheacht a chur ar ais sa chiste poiblí.
- athchóirithe a aithint chun éifeachtúlacht an gheilleagair a fheabhsú chun féidearthacht fáis a bhreisiú
- an córas baincéireachta a athstruchtúrú ó bhun trí mhéid na hearnála baincéireachta a laghdú, í a atheagrú agus a athchaipitliú chun go mbeidh sí i gcomhréir le méid an gheilleagair agus go gcaipitlítear í chuig caighdeán idirnáisiúnta
- athchóiriú institiúide a thabhairt isteach chun cumas maolaithe turrainge an gheilleagair a fheabhsú, réim speisialta réitigh do bhainc, maoirsiú níos láidre agus maoirseacht bhuiseadach níos mó.

3.9 Déantar dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na mbeartas faoin gClár a mhonatóiriú trí athbhreithnithe ráithiúla a mbraitheann eisiúint tuilleadh maoinithe orthu. D'éirigh le hÉire an chéad agus an dara athbhreithniú ráithiúil (Athbhreithniú an Earraigh)²⁰ ar an gClár a chur i gcrích leis an gCoimisiún Eorpach, an IMF agus an ECB faoi Bhealtaine 2011²¹. Is é cuspóir na n-athbhreithnithe ráithiúla feidhmíocht na hÉireann a mheas le hais a spriocanna sannaithe²². Thuairiscigh an fhoireann athbhreithnithe seo a leanas in Athbhreithniú an Earraigh

- tá an geilleagar ag athchothromú ó éileamh intíre i dtreo glaneaspórtálacha
- comhlíonadh spriocanna airgeadais, nó tá siad ar an mbóthar ceart dá gcomhlíonadh
- tógadh céimeanna i dtreo cuspóirí athchóirithe struchtúrtha
- forbraíodh straitéis chuimsitheach chun bainc intíre a athchaipitliú, a athstruchtúrú agus a dhíghiaráil bunaithe ar thástálacha críochnúla struis.

3.10 Thug an fhoireann ar aird, áfach, gur ann do dhúshláin fós agus go mbeadh dianchur i bhfeidhm an Chláir rithabhachtach má tá Éire le fillleadh ar na margaí caipitil ag rátaí inacmhainne úis.

3.11 Rinneadh athbhreithniú ráithiúil eile i mí Iúil 2011. Fógraíodh ag deireadh an mhisin athbhreithnithe go bhfuil ag éirí le comhlíonadh na hÉireann leis an gclár. Tabharfar an t-athbhreithniú i gcrích go foirmiúil i Meán Fómhair 2011 nuair a bhreithneoidh Bord Feidhmiúcháin an IMF agus Eurogroup/Ecofin²³ na tuarascálacha bhreithmheasa ar fheidhmíocht na hÉireann a d'ullmhaigh an IMF agus an Coimisiún Eorpach faoi seach.

¹⁹ Tá Clár Tacaíochta an AE/IMF d'Éirinn ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais.

²⁰ Cuireadh an chéad agus an dara athbhreithniú le chéile agus tugadh Athbhreithniú an Earraigh orthu

²¹ Tá Meabhrán Tuisceana athchóirithe idir an Coimisiún Eorpach agus Éire (Bealtaine 2011), a leagadh amach tar éis Athbhreithniú an Earraigh, ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Airgeadais.

²² Tá spriocanna leagtha amach do bheartas airgeadais agus d'athchóiriú struchtúrtha, chomh maith le spriocanna athstruchtúrtha agus atheagraithe bainc.

²³ Tá an Eurogroup comhdhéanta d'Airí Airgeadais Limistéar an Euro agus tá Ecofin comhdhéanta d'Airí Airgeadais agus Eacnamaíochta bhallstáit an AE.

Fiachas Náisiúnta i lár 2011

3.12 Faoi dheireadh mhí Iúil 2011

- ba é €126.4 billiún an t-ollfhiachas náisiúnta, iasachtú faoin gClár san áireamh (Nollaig 2010: €109.6 billiún).
- bhí €13.6 billiún ag an Stát i sócmhainní bainteacha (Nollaig 2010 €16.2 billiún)
- ba é €112.8 billiún an glanfhiachas náisiúnta (Nollaig 2010 €93.4 billiún).

3.13 Tháinig ardú €19.4 billiún ar iasachtú idir mí Eanáir agus deireadh mhí Iúil 2011. Baineadh leas as na hiasachtaí méadaithe mar seo a leanas

- caipitliú ar na bainc ag eascairt as an Athbhreithniú Measúnaithe Caipitil Stiuamachta (PCAR) a rinne Banc Ceannais na hÉireann go dtí suim €7.6 billiún.²⁴
- Íocaíochtaí Nótaí Gealltanais de €3.1 billiún i Márta²⁵ a dhéanamh, agus
- Easnamh státchiste iarmharach €8.7 billiún²⁶ a mhaoiniú sa tréimhse go dtí 31 Iúil 2011

3.14 Leagtar amach sonraí an ghlanfhiachais náisiúnta amhail an 31 Iúil 2011 i bhFíor 14.

Fíor 14 Glanchoimhpháirteanna an Fhiachais Náisiúnta - Iúil 2011

Fiachas Náisiúnta	€m	€m
Ollfhiachas Náisiúnta		
Bannaí Rialtais – aibíocht níos mó ná bliain amháin	89,684	
Fiachas Meántéarmach/Gearrthéarmach Eile - aibíocht níos mó ná bliain amháin ^a	22,924	
Fiachas Gearrthéarmach – aibíocht níos lú ná bliain amháin	870	
Iasachtaí ó Chistí Stáit eile	1,721	
Scéimeanna Coigiltis an Rialtais – aibíocht suas le 5½ bliain	11,237	126,436
Sócmhainní Gaolmhara		
Cuntas an Stáitchiste	(6,500)	
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	(138)	
Taiscí Bainc	(3,182)	
Páipéar Tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	(3,786)	(13,606)
Glanfhiachas Náisiúnta		112,830

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Iasachtú faoin gClár AE-IMF san áireamh.

3.15 Faoi dheireadh mhí Iúil 2011, bhí maoiniú díreach os cionn €23 billiún tarraingthe ag an Stát faoi na socrúithe AE/IMF. Tugadh an maoiniú ar iasacht ón EFSM (€11.4 billiún), ón IMF 7.4 billiún) agus ón EFSF (€4.2 billiún)²⁷

²⁴ Más ceart do na boinn tuisceana atá mar bhonn taca do PCAR, gan íocaíochtaí blianachta faoi Nótaí Gealltanais san áireamh, níor chóir go dteastódh aon íocaíochtaí breise in airgead tirim ón Stáitchiste chun na bainc a chaipitliú.

²⁵ Déanfar íocaíochtaí bliantúla de €3.1 billiún go dtí go n-aisíocfar príomhshuim na Nótaí Gealltanais (€30.85 billiún) agus an t-ús fabhráithe ar na Nótaí.

²⁶ Tá glanchaiteachas €460 milliún ón gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla san áireamh san easnamh.

²⁷ Ba €22.4 billiún an méid a fuair an Stát tar éis roinnt den ús a réamh-íoc.

3.16 Ba i bhfoirm bannaí Rialtais formhór iasachtaithe na hÉireann amhail deireadh na bliana 2010. Bannaí Rialtais a bhí i ndíreach faoi bhun 60% den ollfhiachas náisiúnta amhail deireadh na bliana 2008 agus tháinig ardú go dtí 82% air sin amhail deireadh na bliana 2010. Bhí an chomhréir seo tite faoi dheireadh mhí Iúil 2011 de bharr iasachtú faoin gClár a mhéadaigh an chomhréir iasachtaithe in aicmí nach Bannaí Rialtais iad ó 29% go dtí 18% amhail deireadh na bliana 2010.

3.17 Tá an líon fiachais ghearrthearmaigh tite le dhá bhliain anuas ó 30% den ollfhiachas náisiúnta amhail deireadh na bliana 2008 go 6.4% amhail deireadh na bliana 2010, agus ó shin i leith, go níos lú ná 1% amhail deireadh mhí Iúil 2011.


Ba €126 billiún a bhí in ollfhiachas náisiúnta na hÉireann amhail deireadh mhí Iúil 2011 agus déanann an Clár soláthar d'iasachtaí breise thart ar €45 billiún.

Costas lasachtaí a fháil d'Éireann

3.18 Spreag an ráta cúpóin ar bhannaí Rialtais costas an iasachtaithe le blianta beaga anuas go príomha. Tá meán ualaithe²⁸ an ráta úis ar bhannaí Rialtais ardaithe idir deireadh na bliana 2007 agus deireadh mhí Iúil 2011 ó 4.41% go 4.64%.

3.19 Bhí éagsúlachtaí suntasacha i gcostas na n-iasachtaí gearrthearmacha sa tréimhse chéanna. Léiríonn an meánráta bliantúil ús ar fhiachas gearrthearmach rátaí margaidh, agus chuaigh sé ó thart ar 4% in 2007 agus in 2008 go thart ar 1% nuair a thit rátaí úisin 2009 agus in 2010. Thit an líon fiachais ghearrthearmaigh ó €22 billiún amhail deireadh na bliana 2008 go dtí níos lú ná €1 bhilliún amhail deireadh mhí Iúil 2011, agus de bharr gur cuireadh fiachas níos fadtéarmaí in áit na n-iasachtaí seo, tá méadú tagtha ar chostas fónaimh. Léiríonn Fíor 15 na treochtaí i bpríomhrátaí gearrthearmacha²⁹ don tréimhse ó mhí Eanáir 2004 go mí an Mheithimh 2011.

Fíor 15 EONIA agus rátaí úis trí mhí EURIBOR ó 2004 go Meitheamh 2011



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

3.20 Bhí éagsúlachtaí freisin i gcostas úis scéimeanna éagsúla coigiltis an Rialtais. Is iad Cairteacha Coigiltis agus Bannaí Coigiltis an dá scéim coigiltis is mó; bhí thart ar 80% den tsuim iomlán a infheistíodh i scéimeanna coigiltis an Rialtais san áireamh sa dá scéim seo. Athraíonn na rátaí a íoctar ar bhannaí coigiltis agus ar chairteacha coigiltis ag brath ar an tréimhse infheistíochta – amhail deireadh mhí an Mheithimh 2011, bhí na rátaí ab airde ar fáil do na scéimeanna seo idir 3.2% agus 3.5%.

²⁸ Cuireann meán ualaithe an ráta cúpóin an líon fiachais eisithe ag rátaí difriúla san áireamh.

²⁹ Meánráta Innéacs Thar Oíche an Euro (Eonia) agus an Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro trí mhí (Euribor).

3.21 Ba 5.58% an ráta úis meán ualaithe éifeachtach do na hiasachtaí a tarraingíodh faoin gClár EU-IMF agus ba idir 4.7% agus 6.48% a bhí na rátaí úis éifeachtacha do na hiasachtaí aonair.³⁰

- Ba 4.7% go dtí 5.01% a bhí sna rátaí úis éifeachtacha ar na hiasachtaí IMF, a chuireann fálú arna dhéanamh ag NTMA san áireamh – malartuithe trasairgeadra ar tugadh fúthu chun an ráta malartaithe ar a ndéanfar na hiasachtaí a aisíoc a shocrú agus malartuithe rátaí úis ar baineadh úsáid astu chun ráta chomhlúthaigh úis an IMF a athrú go dtí ráta socraithe. Ba seacht mbliana go leith a bhí i meán-aibíocht ualaithe na n-iasachtaí sin.
- B'ionann rátaí úis éifeachtacha na n-iasachtaí ar ainmníodh in Euro iad agus 5.54% go 6.48% (EFSM) agus 5.9% (EFSF), ag cur táillí agus ús réamh-íoctha i gcás na gcistí EFSF san áireamh³¹. Réimsíonn aibíochtaí na n-iasachtaí seo ó díreach faoi chúig bliana go dtí deich mbliana agus baineann na rátaí úis níos airde leis na hiasachtaí a bhfuil na haibíochtaí is faide acu.

Agus aird á tabhairt ar na rátaí úis a bhaineann leis na comhpháirteanna fiachais go léir, bhí an meánráta úis ualaithe a bhí á íoc leis an bhfiachas díreach faoi bhun 4.7% ag deireadh Iúil 2011.

Ualach Fiachais na hÉireann

3.22 Léiríonn an leibhéal fiachais le hais an aschuir gheilleagraigh agus na cánach cruinnithe ualach an fhiachais phoiblí ar an ngeilleagar. Áirítear iad seo a leanas ar tháscairí fiachais atá ábhartha do chumas na hÉireann acmhainní a ghiniúint chun an fiachas a fhónamh agus a aisíoc

- an cóimheas glanfhiachais náisiúnta le GDP a léiríonn an leibhéal fiachais le hais aschur an gheilleagair
- an glanfhiachas náisiúnta i gcomparáid leis an ioncam cánach, a léiríonn an líon blianta cánachais amach anseo a bheadh le saindíriú ar fhiachas a aisíoc.
- an cóimheas costais ús fiachais le hioncam cánach, a léiríonn costas airgeadais an fhiachais mar chomhréir den ioncam cánach.

3.23 Is iad seo a leanas na fíricí suntasacha a bhaineann leis an athrú sna cóimheasa seo ó 2007 i leith

- d'ardaigh an glanfhiachas náisiúnta, mar chomhréir den GDP, ó 20% go 60%
- léirigh an glanfhiachas seo 80% den cháin a cruinníodh in 2007 agus beagnach 300% faoi 2010 i.e. b'ionann é agus níos lú ná ioncam cánach bliana amháin in 2007 ach faoi 2010 bheadh an ioncam cánach iomlán trí bliana ag teastáil chun é a aisíoc.
- mhéadaigh an chomhréir cánach a theastaíonn chun an fiachas náisiúnta a fhónamh ó faoi 4% in 2007 go hos cionn 11% in 2010.

3.24 Leagtar amach na treochtaí sna táscairí seo go dtí deireadh 2010 i bhFíor 16. Leanadh leis an treocht in 2011 mar gheall ar tuilleadh iasachtaithe chun íocaíochtaí cobhsaíochta fiachais a chomhlíonadh agus leis an easnamh a mhaoiniú.

³⁰ Ba iad na rátaí aithritheacha ar iasachtaí IMF an tráth ar eisíodh na hiasachtaí sin 1.925% go 2.426%, agus ba rátaí seasta idir 5.425% go 6.425% (EFSM) agus 5.22% (EFSF) a bhí ar iasachtaí eile.

³¹ Fógraíodh i ráiteas a rinneadh tar éis chruinniú Chinn Stáit nó Rialtais Limistéar an Euro an 21 Iúil 2011 go laghdófaí an ráta ar iasachtaí EFSF chun na Gréige agus go síneofaí aibíocht iasachtaí chun na Gréige amach anseo go dtí 15 bliain ar a laghad, suas le 30 bliain le tréimhse cairde 10 bliain. Thug an ráiteas ar aird go bhfeidhmeofaí rátaí iasachta an EFSF agus na haibíochtaí a comhaontaíodh don Ghréig le hÉirinn agus leis an bPortaingéil chomh maith.

Fíor 16 Táscairí Fiachais 2007 go 2010

Cóimheas	2007	2008	2009	2010
	%	%	%	%
Glanfhiachas Náisiúnta: GDP	19.8	28.0	46.8	59.9
Glanfhiachas Náisiúnta: Cánachas	79.5	123.6	227.4	294.3
Ús Fiachais: Cánachas	3.5	4.0	8.0	11.4

Tuairimí na Roinne

3.25 Maidir leis an ualach fiachais, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an cóimheas d'fhiachas Rialtas na hÉireann le GDP brúite suas go mór le blianta beaga anuas mar gheall ar an gcúlú géar sa ghníomhaíocht eacnamaíochta ó 2007, mór-easnaimh bhuiséid a bheith ann ar feadh trí bliana agus an leibhéal suntasach de thacaíocht ón Stát a theastaíonn ón earnáil baincéireachta. Thug sé ar aird nach féidir leanúint ar aghaidh leis an ruthag aníos sin agus nach mór an cóimheas fiachais a chobhsú agus a chur ar ais chuig leibhéal níos ísle agus níos sábháilte, chomh luath agus is féidir. Braitheann éabhlóid an chóimheas fiachais ar an ngaol idir fás eacnamaíoch, na rátaí úis a fheidhmítear le fiachas an Rialtais – idir stoc amuigh agus fhiachas nua – agus an leibhéal coigeartaithe buiséid.

3.26 Thug an tOifigeach Cuntasaíocht ar aird gur riachtanas ríthábhach d'inbhuanaitheacht fiachais é go dtosaíonn an cóimheas d'fhiachas le GDP ag cobhsú agus ag laghdú. Bunaithe ar na tuartha eacnamaíochta agus fioscacha atá sa Nuashonrú an Chlár Chobhsaíochta (SPU) a d'fhoilsigh an Roinn i mí Aibreáin 2011, táthar ag súil go sroichfidh an cóimheas d'fhiachas ginearálta an Rialtais³² le GDP ³³ buaicphointe 118% in 2013, sula laghdóidh sé go dtí 111% faoi 2015. Dúirt sé gur cúnamh maidir leis sin a bheadh sa bhearna idir ioncam agus caiteachas a bheith ag laghdú trí chomhdhlúthú fioscach breise, chomh maith le cur i bhfeidhm beart beartais a chabhróidh le dlús a chur faoin bhfás eacnamaíochta, agus gur cúnamh a bheadh i bpríomh-fharasbarr a bhaint amach chomh maith – níos mó ioncaim ná caiteachas gan caiteachas úis san áireamh – faoi 2014.

3.27 Chomh maith leis sin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go mbeidh ar thart ar 21% den ioncam ó cháin ús a íoc ar an bhfiachas náisiúnta faoin mbliain 2015, ar bhonn tuartha an SPU. Cé gur méid suntastach é sin, tá sé go maith faoi bhun an chóimheas a bhí ann i lár na 1980idí, nuair a baineadh úsáid as thart ar aon thrí den ioncam cánach a cruthaíodh sa Stát chun ús ar an bhfiachas náisiúnta a íoc.

³² Déanann Fiachas Ginearálta an Rialtais féichiúnas a thomhas, ag cur san áireamh gach dlíteanas atá san fhiachas náisiúnta gan sócmhainní leachtacha a fhritháireamh, i gcomhar le dlíteanais eile de chuid an Stáit, lena n-áirítear Nótaí Gealltanais, gníomhaireachtaí neamh-thráchtála agus údaráis áitiúla.

³³ Ba 95% a bhí sa chóimheas d'Fhiachas Ginearálta Rialtais in 2010, ardú ó 65% in 2009.

Conclúid

I mí na Nollag 2010, tar éis tarraingt siar ó iasachtaí a fháil ar na margaí i ndiaidh an mhéadaithe ar thorthaí ar fhiachas Éireannach, chomhaontaigh Éire Clár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF. Faoi gClár, féadfaidh Éireann teacht ar €67.5 billiún in iasachtú seachtrach.

I mí na Samhna 2010, d'fhaomh an Rialtas an Plean Téarnaimh Náisiúnta, a chruthaíonn bunús an athchóirithe struchtúrtha agus fioscaigh den Chlár. Déantar dul chun cinn i mbeartais a chur i bhfeidhm faoin gClár, a fhorálann d'athstruchtúráil bainc freisin, a mhonatóiríú trí athbhreithnithe ráithiúla leis an gCoimisiún Eorpach, leis an ECB agus leis an IMF. Cuireadh na chéad athbhreithnithe i gcrích go rathúil.

Faoi dheireadh mhí Iúil 2011, ba €112.8 billiún a bhí san fhiachas náisiúnta, sin méadú €19.4 billiún eile ó mhí na Nollag 2010. Cuireadh na hiasachtaí gaolmhara a fuarthas i bhfeidhm mar seo a leanas é

- €7.6 billiún chun riachtanais chaipitlithe na mbanc a chomhlíonadh tar éis an Athbhreithnithe Measúnaithe Caipitil Stuaamachta a rinneadh in 2011
- €3.1 billiún i ndáil le hoibleagáidí airgeadais faoi Nótaí Gealltanais arna n-eisiúint ag an Stát
- €8.7 billiún chun an t-easnamh Státchiste iarmharach de €8.7 billiún don tréimhse Enáir go deireadh mhí Iúil 2011 a mhaoiniú.

Tá meán ualaithe an ráta úis ar bhannaí Rialtais Éireannacha, a chuimsigh formhór an fhiachais go deireadh na bliana 2010, ardaithe beagán sa tréimhse ó 2007 go thart ar 4.64%. Le linn 2009 agus 2010, bhí líon an fhiachais ghearrthearmaigh, a mbíonn rátaí úis níos ísle aige de ghnáth ná bannaí Rialtais, tar éis titim go mór agus tháinig fiachas níos fadtéarmaí ina áit, agus méadú i gcostas foriomlán fhónamh an fhiachais dá bharr.

Ba mheánráta 5.58% a bhí sna rátaí úis éifeachtacha a gearradh ar iasachtaí faoi Chlár an AE-IMF agus réimsigh siad idir 4.70% agus 6.48% do shuimeanna a tarraingíodh go nuige seo. Feidhmíonn an ráta is ísle leis na hiasachtaí IMF agus maidir leis na hiasachtaí EFSF agus EFSM, tá rátaí úis níos airde i bhfeidhm leis na hiasachtaí sin a bhfuil aibíochtaí níos faide acu.

Ba dhíreach faoi bhun 4.7% a bhí sa meánráta úis ualaithe don fhiachas iomlán ag deireadh mhí Iúil 2011.

Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí an glanfhiachas náisiúnta ag thart ar 60% den GDP agus thart ar trí huaire chomh mór le líon an ioncaim chánach in 2010. In 2010, caitheadh os cionn 11% d'ioncam cánach ar íocaíocht úis ar an bhfiachas náisiúnta.

Caibidil 4

Beartha Cobhsaithe Bhaincéireachta

Bearta Cobhsaithe Bhaincéireachta

4.1 Sna tuarascálacha a eisíodh roimhe seo sracrianaíodh na bearta a cuireadh i gcrích leis an gcóras baincéireachta agus a chuid institiúidí in Éirinn a chobhsú ó thús na géarchéime airgeadais i 2008. I 2010 agus i gcéad leath 2011 lean an Stát ar aghaidh leis an bpróiseas seo trí athchaipitliú na mbanc, soláthar ráthaíochtaí do thaiscí agus do dhliteanais áirithe agus trí shíneadh ag Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ) leachtachta d'institiúidí airgeadais atá sainchónaithe in Éirinn. Mar gheall ar mhéid na n-instealltaí caipitil, faoi lár 2011 bhí scairsheilbh rialúcháin ag an Stát i mBanc-Chorparáid Angla-Éireannach (Anglo), Bainc-Aontas Éireann cpt (BAÉ), Cumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann (CFFÉ) agus an Cumann Oideach Foirgníochta (COF).

Béim na Caibidle

Is é cuspóir na caibidle seo ná

- breac-chuntas a thabhairt ar na bearta cobhsaithe bhaincéireachta sin a cuireadh i gcrích
- bonnluach iarathstruchtúraithe na mbanc a leagan amach, bunaithe ar na boinn thuisceana sa Chlár um Bearta Airgeadais
- breac-chuntas a thabhairt ar dhliteanais an Stáit faoi scéimeanna ráthaíochta
- méid na tacaíochta leachtaíochta don earnáil bhaincéireachta a leagan amach
- costas na comhairleachta a bhaineann leis na bearta cobhsaíochta a thuairisciú
- breac-chuntas a thabhairt ar na bearta soláthair chreidmheasa a cuireadh i gcrích go dtí seo
- na socruithe do bhainistiú infheistithe an Stáit sna bainc a athbhreithniú

Bearta leis na hInstitiúidí Baincéireachta a Threisiú

4.2 I measc na mbeart a cuireadh i gcrích le haghaidh a thabhairt ar chobhsaíocht airgeadais na n-institiúidí creidmheasa in Éirinn tá le sonrú:

- ceannach sócmhainní bainc atá bearnaithe
- caipitliú institiúidí áirithe creidmheasa
- ráthaíocht dliteanais áirithe institiúidí creidmheasa agus
- tacaíocht leachtaíochta.

Ceannach Sócmhainní Bainc atá Bearnaithe

4.3 Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) le hiasachtaí a fháil a réamhíocadh do cheannach agus d'fhorbairt talaimh agus réamhíocaíochtaí gaolmhara eile ó chúig institiúid chreidmheasa a bhí rannpháirteach i scéim GNBS³⁴.

4.4 Faoi dheireadh 2010, d'íoc GNBS €30.2 billiún do bhainc le hiasachtaí a cheannach mar a raibh fiacha de rud beag níos mó ná €71 billiún ag na hiasachtaithe. Ba é an caillteanas a tabhaíodh ag na h-institiúidí creidmheasa ná thart ar €41 billiún, nó beagnach 58%. D'eisigh GNBS fiachais le híoc as na hiasachtaí. Bhí 95% den íocaíocht i bhfoirm nótaí ráta comhdhlúthaigh agus iad á ráthú ag an Aire Airgeadais (an tAire). Thuairiscigh Ráitis Airgeadais GNBS do 2010 soláthar breise bearnaithe de €1.5 billiún ar na hiasachtaí sin a bhí faighte aige.

³⁴ Ba iad na cúig institiúid chreidmheasa a bhí i gceist ná Anglo, BAÉ, Banc na hÉireann, CFFÉ agus COF.

Caipitliú na nInstitiúidí Creidmheasa

4.5 Faoi dheireadh 2010, bhí instealltaí caipitil déanta ag an Stát de bheagnach €47 billiún i gcúig institiúid chreidmheasa de chuid na hÉireann. I Mí Mhárta 2011, d'aithin Tuarascáil de chuid an Chláir um Bearta Airgeadais (CBA) a d'fhoilsigh BCE gá a bheith ann le cabhair chaipitil bhreise de suas le €20 billiún cabhrach caipitil do na cúig institiúid sin agus riachtanas do suas le €4 billiún d'institiúid eile.

4.6 Faoi dheireadh 2010, chuimsigh infheistiú an Stáit

- €16 billiún in infheistiú nua agus
- €31 billiún i bhfoirm Nótaí Gealltanais.

4.7 Soláthraíonn Fíor 17 sonraí de na hinstealltaí caipitil a rinneadh suas go dtí deireadh 2010 agus méid na riachtanas breise caipitil réamh-mheasta don todhchaí a cinneadh faoin CBA.

Fíor 17 Caipitliú na nInstitiúidí Creidmheasa, Nollaig 2010

Institiúid Chreidmheasa	Costas Éadail na Scaireanna ^a	Costas na Scaireanna Tosaíochta	Luach na Nótaí Gealltanais a Eisíodh	Caipiteal Iomlán a Soláthraíodh go 31 Nollaig 2010	Riachtanais Chaipitil sa Todhchaí	Riachtanais Iomlána Chaipitil
	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn
Anglo	4.00	–	25.30	29.30	–	29.30
BAÉ	4.10	3.50	–	7.60	13.30	20.90
Banc na hÉireann	1.91	1.84	–	3.75	5.20	8.95
CFFÉ	0.10	–	5.30	5.40	–	5.40
COF	0.63	–	0.25	0.88	1.50	2.38
Cuideachta Bheatha na hÉireann	–	–	–	–	4.00	4.00
Iomlán	10.74	5.34	30.85	46.93	24.00	70.93

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta: a Áirítear ar a gcostas na gnáthscaireanna a fuarthas. Cuimsíonn an t-infheistiú i ngnáthscaireanna díbhinní a fuarthas i bhfoirm ghnáthscaireanna ó BAÉ (€280 milliún) agus Banc na hÉireann (€250 milliún) i 2010.

Measúnuithe Riachtanais Chaipitil na mBanc

4.8 I Mí Mhárta 2010, tar éis Athbhreithnithe um Mheasúnú Caipitil Stuamachta (AMCS)³⁵, chinn an Rialtóir Airgeadais sprioc-chóimheas caipitil do na bainc de 8% do Chaipiteal Croíshraithe 1³⁶. I Mí na Nollag 2010, luaigh an comhChlár AE/CAI a dtugtar breac-chuntas air i gCaibidil 3 go gcuirfí AMCS breise i gcrích i 2011 bunaithe ar chritéir a bheadh le cinneadh ag BCE i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach, an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Chuirfí an measúnú i gcrích in dhá chás – cás bonnlíne agus cás struis³⁷.

4.9 Faoi AMCS nua (AMCS 2011), bheadh sé de dhualgas ar na bainc íoschóimheas caipitil Croíshraith 1 a bhaint amach de 10.5% faoi gcás bonnlíne agus 6% faoi gcás struis. Faoi gClár AE/CAI cuireadh €35 billiún maoinithe ar fáil d'athchaipitliú na mbanc.

4.10 I Mí Mhárta 2011 d'fhoilsigh BCE Tuarascáil CBA, a chuimsigh

- cleachtadh neamhspleách measúnaithe chaillteanais iasachta a cuireadh i gcrích do BCE ag BlackRock Solutions (BlackRock)
- torthaí AMCS 2011
- torthaí Athbhreithnithe um Mheasúnú Leachtaíochta Stuamachta (AMLS) le spriocanna maoinithe a bhunú do bhainc faoi réir ag AMCS 2011.

4.11 Mar achoimre is féidir a rá go raibh sé mar chonclúid ag na hathbhreithnithe a tuairiscíodh i dTuarascáil CBA gur theastaigh €24 billiún caipitil bhreise³⁸

- Ba é an t-íosmhéid caipitil a bheadh ar na bainc giniúint le spriocanna cóimheasa chaipitil Croíshraithe 1 a bhaint amach ná €18.7 billiún, bunaithe ar chomhthorthaí chaillteanas struis trí bliana (suas go deireadh 2013) a díorthaíodh ó anailísí BlackRock agus AMCS.
- Cuireadh €5.3 billiún breise, i bhfoirm maoláin chaipitil, isteach leis ag BCE le caillteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn tar éis 2013 a chur san áireamh.
- Leis na spriocanna maoinithe a bhaint amach faoi AMLS bheadh ar na bainc díghiaráil chaipitiúil a dhéanamh trí shócmhainní nach croíshócmhainní iad a chur de láimh le sprioc-chóimheas iasacht-le-hais-taisce de 122.5% a bhaint amach faoi dheireadh 2013. Ba é réamh-mheas na Tuarascála gurbh fhéidir go mbeadh suim de €13.2 billiún i gceist le caillteanais na mbanc ó na bearta cur de láimh seo, sula gcuirfí san áireamh forálacha gaolmhara bearnaithe iasachta a dtugtar aitheantas dóibh cheana féin ag na bainc. Cuireadh na caillteanais réamh-mheasta seo san áireamh agus na riachtanais chaipitil á n-áireamh.

4.12 D'fhéadfaí an caipiteal de €24 billiún a bhí le fáil ag na bainc a sholáthar cé acu go díreach ag an Stát nó ó fhoinse príobháideacha caipitil, lena n-áirítear, mar shampla, caipiteal nua ó scairshealbhoirí, comhroinnt dualgas le foshealbhoirí bannaí nó cur de láimh sócmhainní.

³⁵ Is é atá in AMCS ná tástáil struis bhliantúil d'acmhainní caipitil bhanc náisiúnta faoi shuíomh struis áirithe; tugtar faoi seo le costas an athchaipitlithe a áireamh a theastódh le freastal a dhéanamh ar riachtanais BCE.

³⁶ Is gnáth gurb é atá i gceist le caipiteal Croíshraithe 1 ná scairchaipiteal, ranníocaíochtaí caipitil, tuilleamh coimeádta agus scaireanna tosaíochta áirithe.

³⁷ Bíonn suímh bhonnlíne bunaithe ar bhoinn tuisceana faoi phríomhathróga eacnamaíocha – mar shampla, Olltáirgeacht Intíre, rátaí dífhostaíochta, boilsciú agus praghsanna réadmhaoine le linn tréimhse an athbhreithnithe. Déanann an suíomh cáis struis measúnú ar riachtanais caipitil le hais meathlúcháin ón tuar bonnlíne. Thug Tuarascáil CBA le fios go raibh suímh AMCS de réir, den chuid is mó, tástálacha struis an Údarais Eorpaigh Baincéireachta i 2011 ar bhainc na hEorpa, agus bhí sin amhlaidh le soiléireacht agus comhsheasmhacht a chinntiú.

³⁸ Cuireadh ceithre institiúid chreidmheasa san áireamh sna hathbhreithnithe – BAÉ, Banc na hÉireann, COF agus Cuideachta Bheatha na hÉireann. Níor cuireadh Anglo agus CFFÉ san áireamh ós rud é go raibh a gcuid leabhar iasachta á dtabhairt chun críche.

Athstruchtúráil an Chórais Bhaincéireachta

4.13 I Mí Mhárta 2011, d'fhógair an tAire go mbeadh dhá bhanc lánseirbhíse ina gcroíphiléir ag córas baincéireachta na hÉireann (Banc na hÉireann agus BAÉ/COF) chomh maith le Cuideachta Bheatha na hÉireann (CBÉ) athstruchtúraíthe.

4.14 Ar 24 Feabhra 2011, tar éis ordaithe ón Ardchúirt, aistríodh €8.5 billiún de thaiscí ó Anglo go BAÉ agus aistríodh €3.6 billiún de thaiscí ó CFFÉ go CBÉ. Fuair BAÉ agus CBÉ sócmhainní freisin a thacaigh leis na dliteanais seo, ag cuimsiú bannaí Sinsearach GNBS agus bannaí de chuid Rialtas na hÉireann in éineacht le bannaí a ráthaítear ag an Rialtas a eisíodh ag institiúidí airgeadais in Éirinn.

4.15 Ar 1 Iúil 2011, chuir BAÉ i gcrích éadail COF go ndearnadh ceann de dhá philéarbanc na hÉireann de. D'fhaomhaigh an tAire an éadail faoi Alt 7(11) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008 ar an mbonn nach mbeidh sé de thoradh ar an éadail iomaíocht a laghdú ar bhealach suntasach i margadh baincéireachta na hÉireann. Ar an lá céanna, faoi Alt 34 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsú) 2010, d'ordaigh an Ardchúirt aistriú shócmhainní agus dhliteanais ar fad CFFÉ go Anglo.

4.16 Ar 28 Aibreán 2011, scríobh an tAire Airgeadais agus Gobharnóir BCÉ chuig CAI, an Coimisiún Eorpach agus BCE faoin dul chun cinn a bhí déanta maidir le cur i bhfeidhm Chlár an AE/CAI. Sa 'Mheamram Tuisceana faoi Choinníollacht Shonrach Eacnamaíoch' a bhí in éineacht leis an litir tugadh faoi deara, *inter alia*

- go gcinnteodh údarais na hÉireann go ndéanfaí freastal iomlán ar na riachtanais chaipitil a aithníodh in AMCS 2011 faoi 31 Iúil 2011
- go gcuirfí tuairisc faoi bhráid BCE gach sé mhí faoi chóimheasanna iarbhire agus réamh-mheasta iasacht-go-taisce
- go dtabharfadh an Roinn Airgeadais (an Roinn) reachtaíocht isteach faoi 31 Iúil 2011, a chuirfeadh feabhas ar chumhachtaí BCE idirghabháil sa chóras airgeadais agus a ról mar mhaoirseoir á chur i gcrích aige.

4.17 Tar éis achtú na reachtaíochta seo beidh de chumhacht ag BCÉ cur i bhfeidhm cóimheasa iasacht-go-taisce de 122.5% a fhorfheidhmiú agus beidh de chumhacht acu treoir a chur ar na bainc sócmhainní a dhíol.

4.18 Faoi dheireadh Iúil 2011, bhí freastal, den chuid is mó, déanta ar na riachtanais chaipitil a aithníodh in AMCS 2011.

- D'infheistigh an Stát €17.66 billiún caipitil i BAÉ/COF a rabhthas tar éis iad a chumasc, Banc na hÉireann (BÉ) agus CBÉ. Foinsíodh €10.08 mbilliún den chiste ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) agus foinsíodh €7.58 billiún ón Stáitchiste.
- Fuair na trí institiúid chreidmheasa €4.9 billiún i bhfoirm roinnt beart, lena n-áirítear athcheannach fofhiachais, eisiúint scaireanna nua agus eisiúintí ceart agus díolachán sócmhainní nach croíshócmhainní iad.

4.19 Soláthraíonn Fíor 18 sonraí faoi chur i bhfeidhm chlár athchaipitliú na mbanc faoi AMCS 2011.

Fíor 18 Caipitliú na nInstitiúidí Creidmheasa, AMCS 2011

Institiúid Chreidmheasa	Infheistiú Stáit			Bearta eile le Caipiteal a Fháil ^a	Riachtanas Caipitil iomlán
	Costas na hÉadála Scaireanna	Costas na Nótaí Caipitil Theagmhasaigh	Costas na Ranníocaíochta Caipitil		
	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn
BAÉ/COF	5.00	1.60	6.05	2.15	14.80
BÉ	1.31	1.00	-	2.55	4.68
CBÉ	2.30	0.40	-	0.2	2.90
Iomlán	8.61	3.00	6.05	4.9	22.56

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí: a Chuimsigh siad seo athcheannach fofhiachais, infheistithe príobháideacha agus cleachtaí inmheánacha eile le caipiteal a fháil a cuireadh i bhfeidhm faoi lúil 2011. Ardófar méid an chaipitil a fhaightear go dtí rud beag níos mó ná €24 billiún ag bearta breise le caipiteal a fháil a bhfuil sé beartaithe ag BÉ agus CPÉ.

4.20 Chomh maith leis an infheistíocht de €8.61 billiún i ngnáthscaireanna, sholáthair an Stát €9.05 billiún eile i gcaipiteal.

- €3 billiún i gcaipiteal teagmhasach – déanfar an caipiteal seo a shóinseáil go ngnáthscaireanna má thiteann cóimheas caipitil Croíshraithe 1 go 8.25% agus
- ranníocaíocht chaipitil de €6.05 billiún go BAÉ/COF.

4.21 Tar éis infheistithe 2011, bhí infheistiú iomlán an Stáit i gcaipitliú na mbanc ag €64.88 billiún³⁹.

4.22 Faoi threoir ón Aire, cuirfidh CNP de láimh cuid dá scairsheilbh i BÉ go grúpa infheisteoirí institiúideacha do €1.05 billiún. Tar éis an díolacháin seo beidh suim iomlán chaipitil de thart ar €63.83 billiún curtha ar fáil ag an Stát do na hinstitiúidí creidmheasa.

³⁹ Lena n-áirítear athinfheistiú díbhinní ar luach iomlán de €0.29 billiún a fuarthas i bhfoirm ngnáthscaireanna ó BAÉ i 2011.

Bonnluch na nGnólachtaí Bainc

4.23 Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana a bhaineann le bonnluch na mbanc tar éis a n-athstruchtúraithe faoi mar a leagtar amach i dTuarascáil CBA:

- chuirfí €24 billiún breise ar fáil do na bainc i bhfoirm chaipitil⁴⁰
- sa tréimhse suas go 2013, tabhóidh na bainc caillteanais de idir €33 billiún agus €41 billiún ar cuireadh thart ar €10 billiún de ar fáil ag na bainc i bhfoirm fhorálacha bearnaithe iasachta ag deireadh 2010
- Tabhófar €20 billiún go €27.7 billiún⁴¹ de chaillteanais i ngnáthimeacht a ngnó agus €13.2 billiún ó dhíghiaráil chaipitiúil trí chur de láimh sócmhainní áirithe leis na spriocanna cóimheasa leachtaíochta a bhaint amach a leagadh síos in AMLS.

4.24 Go ginearálta, tá na boinn tuisceana i dTuarascáil CBA comhsheasmhach, le suim idir €13.7 billiún agus €21.4 billiún le bheith ar fáil faoi 2013 mar chaipiteal Croishraith 1 sna bainc sin ar infheistigh an Stát iontu. De réir na norm cuntasaíochta, bheadh méid chomhionann sócmhainní i gceist leis an gcaipiteal seo.

4.25 Thabhóidh an luach sócmhainne seo do na scairshealbhóirí agus beidh an tsuim inchurtha i leith infheistiú an Stáit comhréireach lena scairsheilbh. Faoi bhun na n-idirbheart athchaipitlithe i Mí Iúil 2011, is leis an Stát BAÉ agus CBÉ ar fad, beagnach. Tar éis díol scaireanna do ghrúpa infheisteoirí institiúideacha agus críochnú cleachtaidh bhainistithe dhliteanais BÉ, beidh 15% den institiúid sin i seilbh an Stáit sin.

4.26 Beidh luach iarmharach na n-instealltaí caipitil a rinne an Stát in Anglo agus CFFÉ ag brath ar na suimeanna a fhaightear ó chur de láimh shócmhainní an aonáin chumascha.

Dlíteanais faoi na Scéimeanna Ráthaíochta

4.27 Ráthaíodh dlíteanais áirithe bhanc ag an Stát faoi thrí phríomhscéim:

- Scéim Ráthaíochta Taisce a chlúdaíonn taiscí suas go dtí luach de €100,000 per taisceoir per institiúid
- Scéim na nInstitiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) a sholáthair ráthaíocht Stáit dhá bhliain maidir le raon leathan dlíteanas baincéireachta ó Mheán Fómhair 2008 go Meán Fómhair 2010
- Scéim Ráthaíochta na nDlíteanas Incháilithe, a sholáthraíonn ráthaíocht Stáit ó 9 Nollaig 2009 do raon níos cúinge dhlíteanas baincéireachta.

Scéim Ráthaíochta Taisce

4.28 Faoi Scéim Ráthaíochta Taisce, déantar taiscí ag daoine aonair in institiúidí creidmheasa atá ceadúnaithe le glacadh le taiscí in Éirinn agus atá údaraithe ag BCÉ, déantar iad a ráthú suas go teorainn de €100,000 per taisceoir per institiúid⁴².

4.29 Ní mór do na h-institiúidí creidmheasa sin atá faoi réir ag forálacha na scéime maoiniú a chur i dtaisce, ar luach 0.2% de na taiscí reatha custaiméara ar fad atá i dtaisce ag an institiúid, i gCuntas

⁴⁰ Rinne BCÉ a shocrú faoi gcaipitliú riachtanach bunaithe ar réamh-mheastacháin do chaillteanais ar iasachtaí Blackrock in éineacht le tuilleadh áireamh bunaithe ar ioncam, ar chaiteachas agus ar phleananna díghiarála ionchasacha na mbanc.


⁴¹ Is iad na caillteanais réamh-mheasta ná €20 billiún de réir an tsuimh bhonnlíne agus €27 mbilliún de réir an tsuimh struis.

⁴² Soláthraíodh an bonn dlíthiúil don athrú ón teorainn a bhí i bhfeidhm roimhe sin de €20,000 tríd an Acht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí) 2009.

Cosanta Taisce atá á riar ag BCÉ. Dhéanfaí freastal ar aon éileamh ó thaisceoirí faoin scéim sa chéad dul síos ó acmhainní an Chuntais Chosanta Taisce agus ansin dhéanfaí freastal ar aon ghannchion iarmharach ó Chiste Lárnach an Stáitchiste, a d'fhorchúiteofaí le himeacht ama ón earnáil bhaincéireachta. Ní dhearnadh aon éilimh faoin scéim ar cuireadh tús léi.

4.30 Ag deireadh 2010, bhí 47 n-institiúid chreidmheasa faoi réir ag forálacha na scéime, agus is í an iarmhaid a bhí sa Chuntas Cosanta Taisce ná €0.54 billiún. Soláthraítear iarmhéideanna comparáideacha do na blianta 2005 go 2009 i bhFíor 19.

Fíor 19 Gluaiseachtaí iarmhéide Cuntais Chosanta Taisce ó 2005 go 2010



Foinse: Ráiteas Cuntas BCÉ do na blianta dar deireadh 2005 go 2010

4.31 Chuimsigh síneadh na scéime foráil go ndéanfaí taiscí comhair chreidmheasa a chlúdach ina dhiaidh sin agus rinne an reachtaíocht soláthar dó sin. Ní dhearnadh ordú, áfach, a chuireann iachall ar na comhair chreidmheasa maoiniú a bheith acu sa Chuntas Cosanta Taisce.

Scéim Ráthaíochta ICTA

4.32 Sholáthair Scéim na nInstitiúidí Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (Scéim Ráthaíochta Bainc ICTA), ar cuireadh tús léi i Mí Mheán Fómhair 2008⁴³, sholáthair sí ráthaíocht do raon leathan dlíteanas bainc do na seacht n-institiúid (institiúidí clúdaithe)⁴⁴ a roghnaigh leas a bhaint as an scéim.

4.33 Cuireadh iachall ar na hinstitiúidí clúdaithe íocaíochtaí ráithiúla a dhéanamh le cúiteamh a thabhairt don Stát d'iarmhairt na scéime ar chostas iasachta an Stáit. Faoi lár 2011, fuarthas rud beag níos lú ná €759 milliún ó na hinstitiúidí creidmheasa faoin scéim. Bunaíodh cuntas speisialta ag BCÉ ar lóisteáil na hinstitiúidí clúdaithe a gcuid íocaíochtaí ann. Thuill an cuntas ús de bhreis is €4 mhilliún a tugadh don Stáitchiste freisin.

4.34 Coimeádadh iarmhaid an chuntais seo mar chúlchiste le haon íocaíocht a chlúdach a bheadh le déanamh faoin scéim. Tar éis deireadh na scéime ar 29 Meán Fómhair 2010, íocadh iarmhaid an chuntais de bheagnach €761 milliún don Stáitchiste i Mí Dheireadh Fómhair 2010. Rinneadh íocaíochtaí ina dhiaidh sin de rud beag níos mó ná €3 mhilliún don Stáitchiste faoi Aibreán 2011.

⁴³ Soláthraíodh bonn dlíthiúil na scéime trí mheán an Achta um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, a ritheadh ar 2 Deireadh Fómhair 2008.

⁴⁴ BAÉ, Anglo, BE, COF, CBÉ, CFFÉ agus Banc Poist na hÉireann Teo.

4.35 Tar éis deireadh Scéim Ráthaíochta Bainc ICTA, ní féidir leis na hinstiúidí clúdaithe bheith ag brath a thuilleadh ar an ráthaíocht maidir le loiceadh a gcuid dualgas faoi na dliteanas chlúdaithe.

Scéim Ráthaíochta na nDliteanas Inghlactha

4.36 Bhí feidhm le Scéim Ráthaíochta na nDliteanas Inghlactha (Scéim RDI) ó bhí 9 Nollaig 2009 ar aghaidh. Bhí sé mar aidhm aici ráthaíocht níos fadtéarmaí dliteanas áirithe baincéireachta agus le struchtúr ráthaíochta baincéireachta na hÉireann a fhágáil níos mó de réir ráthaíochtaí i mBallstáit eile de chuid an AE.

4.37 Éilíonn scéim RDI faomhadh gach sé mhí ón gCoimisiún Eorpach faoi rialacha an AE faoi chabhair Stáit. Faomhadh an scéim i dtús báire i Mí na Nollag 2009, agus tugadh faomhadh athnuaite gach sé mhí, an ócáid is déanaí a rinneadh sin ná Meitheamh 2011. Ciallaíonn an faomhadh seo go dtabharfar ráthaíocht ar urrúis agus ar thaiscí fiachais inghlactha a eisítear nó a chuirtear ar aghaidh ar nó roimh 31 Nollaig 2011 faoin scéim suas le huasaibíocht de chúig bliana.

4.38 Déantar an scéim a riar ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCB) ar son an Aire. D'fhaomhaigh GBCB rannpháirtíocht shé cinn de na hinstiúidí creidmheasa a chlúdaítear faoi Scéim Ráthaíochta Bainc ICTA (fochuideachtaí áirithe san áireamh) sa scéim nua⁴⁵.

4.39 Íocann na hinstiúidí sin a ghlacann páirt i scéim RDI táille don chlúdach a fhaigheann siad, ach ag leibhéal níos airde ná mar a ndéantar soláthar dó faoi Scéim Ráthaíochta Bainc ICTA. Tá an phraghsáil deartha leis na hinstiúidí a spreagadh gan a bheith chomh spleách céanna ar thacaíocht an Stáit le himeacht ama.

4.40 Bíonn an leibhéal íocaíochta do dhliteanas ag brath ar fhachtóirí éagsúla, mar shampla an phróifíl aibíochta agus méid na ndliteanas, agus bíonn sé bunaithe ar mholtaí BCE faoi phraghsáil ráthaíochtaí rialtais dliteanas baincéireachta. Mar shampla, baineann táille bliantúlaithe de 0.5% le feidhm i gcás an fhiachais ghearrthéarmaigh (.i. le haibíocht de suas le bliain amháin). I gcás na bhfiachas le haibíocht níos faide, cuirtear i bhfeidhm táille breise freisin (bunaithe ar ghrádú bhabhtáil mannachtain chreidmheasa na hinstiúide roimh an ngéarchéim bhaincéireachta). Ó bhí 1 Iúil 2010 ann, tá feidhm le táillí breise de idir 0.2% agus 0.4% (ag brath ar ghrádú creidmheasa na hinstiúide) do gach dliteanas clúdaithe.

4.41 Déantar íocaíochtaí táille ag na hinstiúidí i gcuntas ainmnithe ag BCÉ. Tabhaíonn na fáiltais don Stáitchiste agus ní choimeádtar i gcúlchiste iad. Ba é suim na dtáillí a bailíodh go deireadh Iúil 2011 ná €1.54 billiún. Bhí luach de rud beag níos mó ná €1 milliún go deireadh Mhí Iúil 2011 ar an ús a íoctar dhá uair sa bhliain, i Mí Aibreáin agus i Mí Dheireadh Fómhair. Íocadh €1.17 billiún don Stáitchiste faoi dheireadh Mhí Iúil 2011.

4.42 Mar fhreagra ar mo chuid fiosrúchán faoi mhoill a bheith ann i dtaca le híocaíocht táillí don Stáitchiste, dhearbhaigh an Roinn nach raibh aon rud le rá ag scéim RDI faoi am aistriú na dtáillí a fhaightear ó na hinstiúidí rannpháirteacha, murab ionann is Scéim Ráthaíochta Bainc ICTA a d'éiligh go mbeadh cuntas na scéime ag BCÉ ag feidhmiú ar chuntas cúlchiste a fhad is a mhaireann an scéim. Thug an Roinn le fios i dtaca leis an tréimhse ina raibh an dá scéim ag feidhmiú gur ghlac sí leis na táillí a fuarthas faoi scéim RDI ar an tslí céanna – lig sí do na táillí carnadh i gcuntas RDI ag BCÉ. Dhearbhaigh an Roinn freisin gur spreag críochnú Scéime Ráthaíochta Bainc ICTA i Mí Mheán Fómhair 2010 íocaíocht táillí a bailíodh faoin scéim sin chuig an Stáitchiste agus gur shocraigh an Roinn ansin na táillí a aistriú a fuarthas faoi scéim RDI, agus an t-aistriú ag tarlú go déanach i Mí Dheireadh Fómhair 2010. Mhínigh an Roinn go bhfuil na gnáthaimh tugtha chun rialtachta aici ó shin d'aistriú tháillí scéime RDI chuig an Stáitchiste ar bhonn ráithiúil, agus tharla an chéad aistriú ráithiúil i Mí Aibreáin 2011.

⁴⁵ BAÉ, Anglo, BE, COF, CBÉ agus CFFÉ.

Luach Comhiomlán na nDlíteanas Clúdaithe

4.43 Léiríonn Fíor 20 luach iomlán measta na ndlíteanas a chlúdaítear ag na scéimeanna ráthaíochta ag deireadh gach ráithe ó Mhí na Nollag 2008 go Mí Mheithimh 2011.

Fíor 20 Luach Measta Dhlíteanas Ráthaithe na nInstitiúidí Creidmheasa Clúdaithe, Nollaig 2008 go Meitheamh 2011

	Dlíteanas Bhaincéireachta Clúdaithe ag			Luach iomlán na ndlíteanas ráthaithe
	Ráthaíocht Taisce ^a	Ráthaíocht Bhainc ICTA	Ráthaíocht na nDlíteanas Inghlactha	
	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn
Deireadh Ráithe 4 2008	82	346	–	428
Deireadh Ráithe 1 2009	79	293	–	372
Deireadh Ráithe 2 2009	79	276	–	355
Deireadh Ráithe 3 2009	78	287	–	365
Deireadh Ráithe 4 2009	77	281	–	358
Deireadh Ráithe 1 2010	77	130	139	346
Deireadh Ráithe 2 2010	78	103	153	334
Deireadh Ráithe 3 2010	62	–	131	193
Deireadh Ráithe 4 2010	72	–	113	185
Deireadh Ráithe 1 2011	76	–	111	187
Deireadh Ráithe 2 2011	74	–	123	197

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta: a Ní bhaineann seo ach le taiscí inghlactha sna hinstiúidí sin a clúdaíodh ag Scéim Ráthaíochta Bainc ICTA.

Tacaíocht Leachtaíochta do na Bainc

4.44 Soláthraíonn BCE, trí fheidhmiúcháin bheartais airgeadais Eurochórais, leachtaíocht don earnáil bhaincéireachta i bhfoirm réamhíocaíochtaí d'institiúidí creidmheasa atá lonnaithe in Éirinn (institiúidí creidmheasa atá lonnaithe i Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann san áireamh). Cuirtear na réamhíocaíochtaí ar fad faoi úrrús ag úrrús comhthaobhach a fhaomhaítear ag an Eurochóras. Sa chleachtas sholáthair an tEurochóras oiread leachtaíochta agus a d'iarr na bainc ó bhí Mí Dheireadh Fómhair 2008 ann⁴⁶. Is féidir leis na hinstiúidí creidmheasa sin a bhfuair GNBS a gcuid iasachtaí na Nótaí Ráta Chomhlúthaigh a fuair siad mar chomaoin do na hiasachtaí le leachtaíocht chomhthaobhaithe a fháil ón Eurochóras faoi oibriúcháin bheartais airgeadaíochta ós rud é go nglactar leis na nótaí mar úrrús comhthaobhach inghlactha. Is féidir leis na bainc mhiondíola agus idirnáisiúnta leas a bhaint as leachtaíocht Eurochórais trí mheán BCE.

4.45 Is féidir réamhíocaíochtaí faoin Eurochóras a roinnt in dhá chatagóir leathana


- Na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (POA) a chuimsíonn tairiscintí seachtainiúla iasachtaí le haibíocht de sheachtain amháin
- Cuimsíonn na hOibriúcháin Fhadtéarmacha Athmhaoinithe (OFA) tairiscintí míosúla iasachtaí, den chuid is mó, le haibíocht de thrí mhí. I 2008, cuireadh iasachtaí le haibíocht shé mhí leis an tairiscint agus i 2009 cuireadh iasachtaí le haibíocht 12 mhí leis an tairiscint. D'éirigh na

⁴⁶ Tá leibhéal iasachtaithe an Eurochórais teorannaithe, áfach, ag méid an úrrúis chomhthaobhaigh inghlactha atá ar fáil i seilbh na mbanc.

híaisachtaí deireanacha acu seo aibí i 2010. I Mí Lúnasa 2011, fógraíodh OFA a thairiscíonn íasachtaí le haibíocht de thart ar shé mhí (ag teacht chun aibíochta ar 1 Márta 2012).

4.46 Faoi mar a thugann Fíor 21 le fios, méadaíodh go suntasach íasachtú an Eurochórais d'institiúidí creidmheasa ó €31 billiún ag deireadh Eanáir 2008 go buaicphointe de €130 billiún ag deireadh Mheithimh 2009. Ina dhiaidh sin chuaigh an leibhéal tacaíochta leachtaíochta i laghad, ag luainiú sa raon €80 billiún go €100 billiún ó Mhí Lúnasa 2009 sula ndeachaigh sé in airde gur baineadh buaicphointe amach i Mí na Samhna 2010 ag a leibhéal is airde de €136 billiún. Ó bhí Aibreán 2011 ann cothromaíodh an leibhéal íasachtaithe go dtí rud beag níos mó ná €100 billiún agus bhí sé ag €103 billiún ag deireadh Mhí Mheithimh 2011. Tharla an t-íslíú éilimh ó thaobh leachtaíochta de ag an am céanna is a cuireadh thart ar €19 mbilliún de mhaoiniú Stáit i dtaisce i mbainc thráchtála na hÉireann (€10 mbilliún ag CNP agus €9 mbilliún ó mhaoiniú an Stáitchiste).

Fíor 21 Íasachtú an Eurochórais d'Institiúidí Creidmheasa, Eanáir 2008 go Meitheamh 2011



Foinse: Staitisticí Míosúla Airgid agus Baincéireachta BCÉ

4.47 Chomh maith le soláthar leachtaíochta laistigh d'oibriúcháin bheartais airgeadaíochta an Eurochórais, soláthraíonn BCÉ Cabhair Leachtaíochta Eisceachtúil (CLE) d'institiúidí creidmheasa náisiúnta nuair a theastaíonn sin. Tuairiscíonn BCÉ íasachtú CLE mar chuid de 'Shócmhainní Eile' ina chlár comhardaithe. Ina Ráiteas Cuntais bliantúil, thuairiscigh sé gurbh é an méid CLE a réamhíocaíodh faoi dheireadh 2009 ná €11.5 billiún (90% de 'Shócmhainní Eile') agus €49.5 billiún (98% de 'Shócmhainní Eile') ag deireadh 2010. Le linn 2011, méadaíodh figiúr 'Shócmhainní Eile' go €70 billiún i Mí Feabhra agus chuaigh sé i laghad go €56 bhilliún ag deireadh Mhí Mheithimh.

4.48 Dála oibriúcháin bheartais airgeadaíochta an Eurochórais ní mór íasachtú CLE a chomhthaobhú. Tá san áireamh san urrús comhthaobhach a sholáthraíonn na bainc sin a bhaineann leas as CLE Nótaí Gealltanais a eisíonn an tAire, íasachta – morgáistí cónaithe agus íasachtaí infheistithe nó forbartha san áireamh – agus ráthaíochtaí an Aire⁴⁷. Ina theannta sin tá litreacha suaimhnis faighte ag BCÉ ón Aire. Deimhníonn siad seo gur féidir leis an Stát cúiteamh a dhéanamh as aon ghannchion maidir le leachtú an urrúis chomhthaobhaigh.

⁴⁷ Nuair a cuireadh lacáistí oiriúnacha i bhfeidhm don urrús comhthaobhach ag BCÉ.

Costais Chomhairleachta

4.49 Bhain an Stát úsáid, tríd an Roinn Airgeadais, BCÉ, GBCB agus CNP, as seirbhísí comhairleoirí agus na bearta sin á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm ar aidhm leo an earnáil bhaincéireachta a chobhsú. Faoi dheireadh Mheithimh 2011, bhí níos mó ná €73 milliún íoctha de bhun costas comhairleachta. Leagann Fíor 22 amach na costais sin a tabhaíodh, iad aicmithe de réir an bhearta ar cuireadh an tseirbhís ghaolmhar ar fáil dó.

Fíor 22 Costais Chomhairleachta Aicmithe de réir Nádúr na Seirbhíse a Soláthraíodh

Céim na Cobhsaíochta	2008 € m	2009 € m	2010 € m	2011 € m	Iomlán € m
Athchaipitliú agus Athstruchtúrú	6.473	14.235	12.021	6.863	39.592
Clár na mBeart Airgeadais	-	-	-22.864		22.864
Bainistiú Géarchéime, Ráthaíochtaí san áireamh	0.036	2.012	0.338	0.016	2.402
Eile ^a	0.026	2.357	1.771	1.392	5.546
GNBS ^b	-	2.042	0.462	0.090	2.594
Fiosrúchán faoin nGéarchéim Bhaincéireachta	-	0.084	0.154	0.126	0.364
Iomlán	6.535	20.730	14.746	31.351	73.362

Foinse: BCÉ, GBCB, an Roinn Airgeadais agus CNP

- Nótaí:
- a Tá san áireamh sa chomhairle eile comhairle maidir le náisiúnú na mbanc, Cumainn Chreidmheasa, cabhair leachtaíochta agus comhairle ghinearálta.
 - b Is iad na costais a bhaineann le GNBS ná na costais sin a thabhaítear ag BCÉ, GBCB agus an Roinn Airgeadais. Ní chuirtear san áireamh costais a thabhaítear go díreach ag GBCB.

4.50 Tabhaíodh an leibhéal is airde costas maidir le comhairle airgeadais (€35.1milliún) agus ina dhiaidh sin seirbhísí dlí (€22.5 milliún) agus seirbhísí a bhaineann le cúrsaí cuntasáíochta (€15.6 milliún). Leagtar amach sonraí na gcostas a thabhaítear gach bliain agus an Roinn nó an ghníomhaireacht choimisiúnaithe i bhFíor 23.

Fíor 23 Costais Chomhairleachta Gníomhaireachta de réir an Chineáil

	BCÉ	GBCB	An Roinn Airgeadais	CNP	Iomlán
Cineál Comhairleachta	€ m	€ m	€ m	€ m	€ m
Seirbhísí Airgeadais	19.555	15.360	0.076	0.146	31.137
Seirbhísí Dlí	1.876	5.184	13.000	2.418	22.478
Seirbhísí Cuntasóireachta	13.734	0.223	0.100	1.580	15.637
Seirbhísí Eile	-	-	0.110	-	0.110
	35.165	20.767	13.286	4.144	73.362

Foinsí: BCÉ, GBCB, an Roinn Airgeadais agus CNP

Bearta Soláthair Chreidmheasa

4.51 Ó rinneadh an soláthar tosaigh tacaíochta d'athchaipitliú BAÉ agus BÉ, tugadh isteach roinnt riachtanas creidmheasa atá dírithe ar thacú le gnóthais bheaga agus mheánmhéide (GBM). Bhí san áireamh ann riachtanas le go gcuirfeadh an dá bhanc níos mó ná €3 billiún a chur ar fáil d'iasachtú GBM, caipiteal oibre san áireamh, i 2010 agus i 2011 (€12 bhilliún san iomlán).

4.52 Mar chuid den chomhaontú athchaipitlithe, bhunaigh an Rialtas an Grúpa Imréitigh maidir le Soláthar Creidmheasa, faoi chathaoirleacht na Roinne Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta i Mí na Bealtaine 2009, le hionadaíocht ó na bainc, ón lucht gnó agus ón Stát. Ba é an ról a bhí aige ná réitigh soláthair chreidmheasa a aithint nuair ba chosúil go raibh an sruth creidmheasa do ghnólachtaí inmharthana blocáilte. Bhí an Grúpa freagrach as foilsíú *'Your Business, Your Bank'* i Mí na Nollag 2010, ar aidhm leis cabhrú le gnólachtaí beaga inmharthana caidrimh níos fearr a fhorbairt leis na bainc agus rochtain a bheith acu ar chreidmheas ionas gur féidir fás agus poist a chruthú.

An Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa

4.53 Bunaíodh an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa (OAC)⁴⁸ i Mí Mhárta 2010, le cabhrú le cinntiú nach ndiúltaítear creidmheas do ghnólachtaí inmharthana a bhfuil tograí bailí gnó acu. Mar chomhlachas neamhspleách, níl aon chumhachtaí rialála ná reachtúla aige a sháródh socruithe iasachtaithe na mbanc ach tugann sí tuairim neamhspleách faoi shocruithe creidmheasa na mbanc. Ní mór do na bainc cloí le moltaí OAC nó míniú cén fáth nach mbeadh sé oiriúnach a leithéid a dhéanamh.

Athbhreithniú ar Spriocanna Iasachtaithe na mBanc

4.54 Foilsíonn OAC tuarascálacha ráithiúla, lena n-áirítear achoimriú ginearálta faoi thorthaí iasachtaí gach bainc, ag tabhairt breac-chuntais ar na pacáistí sonracha agus ar na tacaí a sholáthraítear. Thug an tuarascáil ráithiúil i Mí na Bealtaine 2011, a chlúdaíonn an tréimhse ó Aibreán 2010 go Márta 2011, thug sí le fios gur sháraigh gach banc an sprioc de bheith ag faomhadh €3 bhilliún in iasachtaí agus gur áiríodh an tsuim chomhachas iasachtaí, gach rud san áireamh, ag rud beag níos mó ná €8 mbilliún. Ní dhéantar monatóireacht ar an tsuim a thugtar ar iasacht sa chleachtas do chustaiméirí sna tuarascálacha sin.

4.55 I dTuarascáil OAC, thug an t-Athbhreithneoir Creidmheasa le fios gur fíor gur baineadh amach na spriocanna faofa iasachtaí, ach go bhfuil meath le sonrú i gcláir chomhardaithe GBM/Feirme an dá bhanc mar gheall ar dhá fhachtóir shuntasacha:

- tá gníomhaíocht eacnamaíoch an lae inniu níos lú faoi 16%, rud a fhágann go bhfuil insreabhadh athíocaíochta ó iasachtú i dtréimhsí roimhe seo níos mó ná an t-éileamh d'iasachtú nua i dtosca an lae inniu
- eascraíonn céatadán ard iasachtaí nua ó athstruchtúrú fiachais ar ann dó cheana do roinnt GBM nach bhfuil in inmhe fónamh a dhéanamh ar na bunchoinníollacha iasachta a bhaineann lena bhfiachas oidhreacht.

4.56 Tugann tuarascáil OAC le fios gur féidir áitiú nach bhfuil mórán leasa eacnamaíoch ag baint le hathstruchtúrú fiachais, ach go mbeadh deireadh le cuid mhór de na gnólachtaí seo gan a leithéid de ghníomhaíocht athstruchtúraithe.

⁴⁸ Tá an reachtaíocht chumasúcháin sna treoirlínte a eisítear faoi Alt 210 (1) den Acht um Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 a bhaineann le hathbhreithniú socruithe institiúidí rannpháirteacha áiseanna creidmheasa a dhiúltú.

4.57 Ina thuarascáil ráithiúil go Meitheamh 2011 thug an OAC an méid seo le fios

- Níl tomhas déanta fós ar an éileamh ar chreidmheas ó earnáil na GBM agus na bhfeirmeacha. Chuir idirghníomhú leis na bairc in iúl, áfach, go bhfuil éileamh marbhánta le sonrú i dtaca le creidmheas agus tarraingt anuas mall na n-áiseanna ceadaithe.
- Ba ann i gcónaí do leibhéal 20% go 25% de chreidmheas meathlaitheach na mbanc.
- Ní mór do na gnólachtaí breisoiúint a fháil i réimse tháirgeadh na gcásanna gnó d'áiseanna creidmheasa.
- Dúshlán a bheas ann do na dá phríomhbhanc a gcuid spriocanna ceadaithe €3 bhilliún a bhaint amach d'áiseanna nua agus athstruchtúrtha i 2011.

Iarratais Achomhairc do OAC

4.58 Maidir leis an tréimhse ó 1 Aibreán 2010 go 20 Bealtaine 2011, bhí 76⁴⁹ iarratas athbhreithnithe faighte ag OAC⁵⁰. Astu seo

- i 22 chás tacaíodh le socrú creidmheasa an bhairc
- i 23 chás, chuir OAC i gcoinne shocrú creidmheasa na mbanc agus ina dhiaidh sin sholáthair an banc creidmheas
- bhí 13 iarracht ag feitheamh le socrú inghlacthachta agus bhí an próiseas athbhreithnithe ar siúl i 12 chás
- i gcás shé iarratas theastaigh tuilleadh oibre ón iasachtaí nó ón mbanc nó aistarraingíodh iad.

4.59 Thug tuarascáil OAC i Mí na Bealtaine 2011 le fios gur faomhadh breis is 85% de na hiarratais chreidmheasa san earnáil GBM ag an dá bhanc. D'fhoilsigh, áfach, Comhlachas Gnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (CGBMÉ) torthaí suirbhé i Mí Mhárta 2011, a dhearbhaíonn gur diúltaíodh creidmheas do 48% de na GBM ag a mbanc sna trí mhí roimhe sin, agus thuairiscigh 79% go raibh baic á gcruthú ag na bairc ó thaobh rochtain a bheith acu ar mhaoiniú. Tugann tuarascáil OAC le fios go gclúdaíonn suirbhéanna ráithiúla CGBMÉ gach banc, ní hamháin an dá bhanc a mbíonn OAC ag déanamh monatóireachta orthu.

Gníomhú Bairc Fhiontraíocht Éireann

4.60 Bunaíodh foireann Chaidrimh BaircÉireachta laistigh d'Fhiontraíocht Éireann (FÉ) i Mí Eanáir 2010 le tacaíocht bhaircÉireachta a spreagadh do chomhlachtaí easpórtála a bhfuil deacrachtaí acu maidir le rochtain a fháil ar chreidmheas le haghaidh na forbartha easpórtála. Dá thoradh sin:

- Tá oifigigh sinsearach ceaptha ag BAÉ agus BÉ araon le bheith ag obair le FÉ maidir le tacú le comhlachtaí agus, nuair is cuí sin, le hathbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe iasachtaithe agus le taithí FÉ i margáí agus in earnálacha thar lear a chur san áireamh. Tá naisc bunaithe ag FÉ freisin le bairc eile a bhíonn ag feidhmiú in Éirinn.
- Eagraíodh raon seimineár earnála ag FÉ, in éineacht le deich gceardlann ar tugadh fúthu i 2010 faoi raon éagsúil ábhar. Tugadh faoi chomhbair a raibh sé mar aidhm aici feabhas a chur ar tháirgí airgeadaíochta nua agus ar ann dóibh cheana le tacú le lucht na heaspórtála, lucht na n-earnálacha teicneolaíochta san áireamh.
- Le linn 2010, as na 154 chás aonair a phléigh FÉ leis na bairc maidir le háiseanna creidmheasa dá chuid cliant, i gcás 36% acu deimhníodh na háiseanna a bhí ann cheana, i gcás 34% soláthraíodh áiseanna breise nua, i gcás 25% rinneadh athstruchtúrú ar na háiseanna agus i 5% de na cásanna

⁴⁹ Bhain 40 iarratas le BAÉ agus bhain 36 le BÉ.

⁵⁰ Chuaigh sin i méid go 98 sa tuarascáil do ráithe Mhí Mheithimh 2011. Bhí patrún a bhí mar an gcéanna, den chuid is mó, ag baint le toradh na n-athbhreithnithe, áfach.

diúltaíodh d'iarratais chreidmheasa. Ina theannta sin, i 38 gcás d'iarr comhlachtaí cabhair maidir le ceisteanna nach iarratais chreidmheasa iad, lena n-áirítear cur i láthair do bhainc eile, forbairt chaidreamh oibre níos fearr leis na bainc agus pleanáil do riachtanais an todhchaí.

4.61 Dhearbhaigh FÉ gur gá do na bainc cur amach den scoth a bheith acu ar ghnólachtaí agus ar earnálacha easpórtála agus glacadh le cur chuige iasachtaithe shreafa airgid atá onnghníomhach maidir le bheith ag tacú le lucht easpórtála na hÉireann, seachas cur chuige iasachtaithe atá bunaithe ar shócmhainní, mar a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse dheich mbliana roimhe sin.

Bainistiú Infheistithe an Stáit

4.62 Faoi Iúil 2011, tá €65 bhilliún infheistithe ag an Stát in institiúidí airgeadaíochta na hÉireann le leas i raon ó scairshealbhóir mionlaigh go náisiúnú. De réir mar a athdhírítear aird an Stáit ó chobhsú go díúscairt beidh air a chuid dualgas a chothromú

- leis an luach a uasmhéadú don cháiniócoir
- le cobhsaíocht airgeadaíochta a chothabháil agus sin á dhéanamh aige
- le hiomaíocht a chothabháil laistigh den earnáil chun leasa na gcustaiméirí agus
- leis na hinstitiúidí a spreagadh le gníomhú ar bhonn tráchtála.

4.63 Ag an am céanna, ní mór dó a ghnáthróil bheartais agus mhaoirseachta a chothabháil. Tá an chuma ar an scéal go léiríonn an raon seo cuspóirí gá a bheith ann le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna áirithe rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear an tslí inarbh fhéidir infheistiú an Stáit a chomhdhlúthú agus a bhainistiú, agus cad iad na coigeartuithe institiúideacha, scaradh feidhmeanna san áireamh, arbh fhéidir leo bheith oiriúnach. Tugtar breac-chuntas ar an suíomh reatha thíos.

4.64 I Mí Mhárta 2010, tharmlig an tAire feidhmeanna baincéireachta áirithe do GBCB.⁵¹ Bhunaigh GBCB aonad baincéireachta tiomnaithe leis an bhfeidhm seo a chur i gcrích. Cuimsíonn an t-aonad naonúr pearsanra bhuana, lena n-áirítear roinnt daoine a bhfuil taithí acu i gcúrsaí baincéireachta, airgeadais chorparáidigh agus taighde. Ar 5 Lúnasa 2011, aisghairmeadh an t-ordú tarmligthe agus aistríodh na feidhmeanna tarmligthe chuig an Roinn. Tá aonad baincéireachta GBCB ag obair ar iasacht sa Roinn anois.

4.65 Cuimsíonn ról an aonaid bhaincéireachta

- comhairle a thabhairt don Aire faoi conas freastal a dhéanamh ar riachtanais chaipitil na n-institiúidí creidmheasa agus faoi chineál aon instealltaí caipitil dá leithéid
- cur i bhfeidhm socruithe an Aire le hinstealltaí caipitil a dhéanamh
- comhairle a thabhairt faoin bpróiseas i dtreo cur de láimh deiridh na n-infheistithe, cur i bhfeidhm an phróisis chur de láimh agus teorú na mbanc ar ais i dtreo na húnéireachta príobháidí san áireamh
- cinntiú go ndéanann na bainc bearta cuí le dí-ghiaráil chaipitiúil a dhéanamh trí chur de láimh sócmhainní laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe phraghais.

⁵¹ Ionstraim Reachtuil 115 ó 2010, An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990, An tOrdú (Tarmligean Fheidhmeanna an Chórais Bhaincéireachta) 2010 agus treoir ón Aire ó 19 Márta 2010 maidir le feidhmeanna GBCB faoin ionstraim reachtuil.

4.66 Feidhmíonn Coimisiún CNP faoi choimirce GBCB. Faoi bhun teoracha a d'eisigh an tAire, bhí an Coimisiún, faoi Mhí na Nollag 2010, tar éis €11.35 billiún a infheistiú i BAÉ agus BÉ agus, faoi Mhí Iúil 2011, €10.37 billiún breise⁵². Ní féidir leis an gCoimisiún aon bhearta a dhéanamh maidir leis na hinfeistithe sin ach amháin de réir threoracha an Aire.

Conclúid

Teastaíonn €71 billiún le hinstitiúidí airgeadaíochta na hÉireann a chaipitliú de réir na meastachán is déanaí atá curtha i gcrích ag Banc Ceannais na hÉireann. Go dtí seo soláthraíodh €65 billiún den tsuim seo ag an Stát. Déanfar €1.05 billiún den infheistiú seo a fhorchúiteamh ó chur de láimh ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean de scaireanna i mBanc na hÉireann do ghrúpa infheisteoirí institiúideacha.

Dá thoradh sin tá infheistiú ollmhór á bhainistiú ag an Stát sna hinstitiúidí airgeadais. Tá i gceist leis an mbainistiú seo ionchur ón Roinn Airgeadais, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ag cur san áireamh ábharthacht an infheistithe atá i gceist agus líon na n-aonán earnála Stáit atá rannpháirteach is féidir go mbeadh fiúntas ag baint le réasúnú an struchtúir do bhainistiú infheistiú baincéireachta an Stáit, sa tslí go gcinntítear cur chuige comhsheasmhach ag an Stát, deighilt chuí na ról infheistithe agus beartais san áireamh.

Bunaithe ar na boinn tuisceana atá intuigthe i dTuarascáil Chlár na mBeart Airgeadais, a d'fhoilsigh Banc Ceannais na hÉireann, réamh-mheastar go mbeidh luach sócmhainne gaolmhar na mbanc tar éis dóibh cúiteamh a dhéanamh as na cailleanais mheasta idir €14 bhilliún agus €21 bhilliún faoi dheireadh 2013.

Tá an Stát, trí mheán na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, ag bainistiú 'oibriú amach' iasachtaí anásta talaimh agus réadmhaoine le bunluach leabhair de €71 bhilliún is a fuair sé ar €30.2 billiún. Ina chéad bhliain oibriúcháin aithníodh foráil bhreise bhearnaithe de €1.5 billiún ina chuid cuntas ar fad. Bhain sé sin go príomha le laghdú leanúnach na luachanna réadmhaoine.

Bhí dliteanais agus taiscí institiúidí airgeadais ráthaithe ag an Stát go dtí luach comhiomlán de €197 billiún ag deireadh Mhí Mheithimh 2011.

Íoctar íocaíochtaí táille a dhéanann na hinstitiúidí creidmheasa a bhfuil a gcuid dliteanas ráthaithe isteach i gcuntas ainmnithe i mBanc Ceannais na hÉireann, mar ar tuilleadh ús ag ráta de thart ar 1% per annum. I 2010, tharla moill maidir le haistriú na dtáillí a fuarthas go dtí an Státchiste. Tá an meánráta úis a íocann an Stát ar a chuid iasachtaí faoin gClár AE-CAI ná rud beag níos lú ná 5.6%. Le bainistiú fiachais optamach a bhaint amach ba chóir gach suim atá dlite don Státchiste a aistriú chomh luath agus is féidir.

Bhí méid na leachtachta a réamhíocadh ag Banc Ceannais na hÉireann mar chuid dá oibriúcháin bheartais airgeadaíochta ag rud beag níos lú ná €103 billiún i lár 2011. Tá na réamhíocaíochtaí seo lánchomhthaobhaithe i bhfoirm shócmhainní bainc.

Rinneadh réamhíocaíochtaí breise i bhfoirm Cabhrach Eisceachtúla Leachtachta d'institiúidí creidmheasa. Cuimsíonn na réamhíocaíochtaí mórchuid chatagóir shócmhainní ar luach iomlán €56 billiún a thuairiscigh Banc Ceannais na hÉireann i lár 2011. Tacaítear leo ag ráthaíochtaí comhthaobhacha agus cheannasacha.

⁵² Chuimsigh na hinfeistithe seo athinfheistiú díbhinní a fuarthas i bhfoirm ghnáthscaireanna (2010: €530 milliún agus 2011: €288 milliún).

Caibidil 5

An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2010

An tAontas Eorpach – Idirbhearta Airgeadais 2010

5.1 Is glan-tairbhí í Éire maidir le maoiniú AE. Rinne Éire ranníocaíocht de €1.35 billiún chuig buiséad an AE in 2010 agus bhain leas as caiteachas buiséid an AE de €1.88 billiún. Leagtar amach fáltais ó agus íocaíochtaí chuig an mbuiséad AE le cúig bliana anuas i bhFíor 24

Fíor 24 Fáltais na hÉireann ó agus íocaíochtaí chuig buiséad an AE 2006 - 2010

Bliain	Fáltais	Íocaíocht	Barraíocht/ (easnamh)
	€ bn	€ bn	€ bn
2006	2.20	1.53	0.67
2007	2.08	1.57	0.51
2008	2.06	1.59	0.47
2009	1.81	1.49	0.32
2010	1.88	1.35	0.53
Iomlán	10.03	7.53	2.50

Foinse: An Roinn Airgeadais

Béim na Caibidle

Cuireadh an Chaibidil seo i dtoll a chéile chun forléargas a thabhairt ar na hidirbhearta airgeadais idir Éirinn agus an tAontas Eorpach, ar na nósanna imeachta maidir le leithroinnt cistí AE agus ar na socruithe iniúchta éagsúla a bhaineann leis na hidirbhearta sin.

Ranníocaíocht chuig Buiséad an AE

5.2 Ba €1.35 billiún é ranníocaíocht na hÉireann chuig buiséad an AE le haghaidh na bliana 2010. Léirítear na gnéithe a dhéanann suas an t-iomlán sin i bhFíor 25.

Fíor 25 Ranníocaíocht na hÉireann chuig Buiséad 2010 an AE

Gné na ranníocaíochta	Bonn cinntiúcháin 2010 ^a	€000
Acmhainní dílse traidisiúnta	75% den iomlán faighte isteach ag an Státchiste	185,644
Ranníocaíocht bunaithe ar VAT	0.3% den bhonn VAT bunaithe	193,781
Ranníocaíocht bunaithe ar GNI	0.789% de GNI bunaithe	908,232
Meicníocht cheartúcháin na Ríochta Aontaithe ^b		56,078
Laghú GNI na hÍsiltíre/na Sualainne ^c		8,634
Iomlán		1,352,369

Foinse: An Roinn Airgeadais

- Nótaí: a Is iad na rátaí a léirítear le haghaidh na ranníocaíochtaí bunaithe ar VAT agus Ollioncam Náisiúna (GNI) na rátaí sin a comhaontaíodh ag tús bliain an bhuiséid. Tá siad sin in ann athrú i rith na bliana de réir mar a chomhaontaítear buiséid leasaitheacha. Is ionann GNI agus suim ioncam cónaitheoirí geilleagair i dtráth faoi leith agus tá sé, go coinceapúil, comhionann le hOlltáirgeacht Náisiúnta (GNP).
- b Tá páirt-aisíoc á fháil ag an Ríocht Aontaithe dá cuid ranníocaíochtaí chuig buiséad an AE ó 1985. Maoinítear an t-aisíocaíocht le ranníocaíochtaí ó na ballstáit eile go léir i gcomhréir lena gcéatadán náisiúnta de GNI AE.
- c Bhain an Ísiltír agus an tSualainn leas as laghdúithe ar a ranníocaíochtaí GNI-bhunaithe le buiséad an AE in 2010 arbh fhiú iad agus €651 milliún agus €162 milliún faoi seach. Maoiníodh na laghdúithe le ranníocaíochtaí ó na ballstáit go léir i gcomhréir lena gcéatadán náisiúnta de GNI AE.

Fáltais ó Chistí Bhuiséad an AE

5.3 Fuarthas fáltais de €1.88 billiún ón AE in 2010 ó Chistí agus Cláir áirithe de chuid an AE. Cuireadh fáltais 2010 i bhfeidhm in Éirinn mar mhéideanna de €416 milliún arna vótáil ag Dáil Éireann, Íocaíochtaí Lárchiste de bhreis ag €146 milliún agus méideanna a íocadh go díreach le Gníomhaireachtaí Feidhmithe agus Tairbhíthe is ionann agus €1.3 billiún mar a shainítear i bhFíor 26.

Fíor 26 Fáltais na hÉireann in 2010 de réir foinse^a

Foinse fáltais AE	Fáltais lomlána	Feidhmiú Cistí		
		Vótaí	Lár- chiste	Díreach ^b
	€000	€000	€000	€000
Talmhaíocht agus forbairt tuaithe cistí				
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) ^c	1,305,000	–	–	1,305,000
An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) ^d	381,000	327,000	54,000	–
Cistí struchtúracha^e				
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) ^f	67,400	1,200	66,200	–
Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF)	52,100	52,100	–	–
Cistí/fáltais eile				
Fáltais eile	76,700	35,800	26,100	14,800
lomlán	1,882,200	416,100	146,300	1,319,800

Foinse: An Roinn Airgeadais

- Nótaí:
- a Léirítear i bhfigiúirí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh go bhfuair an Stát breis agus €150 milliún i maoiniú taighde agus forbartha ón gCreatchlár FP7 do Thaighde agus Forbairt Teicneolaíochta don tréimhse 2007 – 2009. Meastar go bhfuarthas maoiniú de €85 milliún in 2010. Níl na méideanna sin fíoraithe ag na hÚdarás Náisiúnta agus níl siad san áireamh sa tábla mar go n-íocann an Coimisiún na cistí go díreach leis na tairbhíthe.
 - b Déantar na fáltais sin a choimeád ar leithligh ó chistí Stáit nó ó chistí a Vótáiltear agus íoctar iad le faighteoirí thar ceann an AE.
 - c Tá an phríomh-chomhpháirt comhdhéanta d'íocaíochtaí Aonair Feirmeoireachta de bhreis agus €1.2 billiún. Baineann an figiúr de bhreis agus €1.1 billiún don scéim íocaíochta aonair feirmeoireachta agus méideanna le haghaidh aisíocaíochtaí agus idirghabháil onnmhairithe a thuairiscítear i nóta 6.1 chuig gcuntas Vóta na Roinne, le héilimh chaiteachais seachas fáltais, rudaí nach réitíonn chuig an tábla seo mar déantar éilimh chaiteachais a chúiteamh níos mó ná dhá mhí i riaráiste.
 - d Fuarthas méid de €54 milliún in 2010 mar thoradh ar theorainneacha airgeadais méadaithe agus réamh-mhaoiniú agus tá sé coinnte i gcuntas fionraí. Tá fáltais de €21 milliún a íocadh leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta san áireamh san fhiúir a Vótáladh de €327 milliún.
 - e Tá na Cistí Struchtúracha comhdhéanta den ERDF, trína thugtar tacaíocht airgdeadais le haghaidh forbairt agus coigeartú struchtúrtha geilleagar réigiúnach agus ESF, trína dhéantar soláthar do thacaíochtaí oideachais, oiliúna agus fostaíochta.
 - f Tá fáltais ón gClár don tsíocháin agus don Athmhuintearas de €14.4 milliún san áireamh ansin.

5.4 Tá an €76.7 milliún i bhFáltais Eile arna leagan amach i bhFíor 26 comhdhéanta de na cistí a mionsonraítear i bhFíor 27.

Fíor 27 Fáltais mheasta AE ó fhoinsí eile^a

Foinse fáltais eile AE	Fáltais iomlána	Feidhmiú Cistí AE		
		Vótaí	Lár-chiste	Díreach
	€000	€000	€000	€000
An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú ^b	24,800	–	24,800	–
An Ciste Eorpach Iascaigh (EFF)	14,700	14,700 ^c	–	–
An Ciste Tréidliachta	14,000	14,000	–	–
Cláir oideachais	14,500	–	–	14,500
Cosaint iascaigh/ margaí éisc EAGF agus caomhnú agus bainistiú iascaigh	2,300	2,300 ^c	–	–
Cistí Eorpacha um Dhídeanaithe/Lánpháirtiú/Gnóchan ^f	3,500	3,500	–	–
EEA/TENna/eile ^e	1,300	–	1,300	–
CSO - fáltais Eurostat	800	800	–	–
Life+ ^f	500	500	–	–
Fáltais Chustaim agus Fiscalis ^g	300	–	–	300
Iomlán	76,700	35,800	26,100	14,800

Foinse: An Roinn Airgeadais

- Nótaí:
- a Is féidir le Coimisiún an AE roinnt Cistí AE ó fhoinsí eile a íoc go díreach le gnólahtáí príobháideacha nó daoine aonair agus dá bhrí sin úsáidtear an téarma measta.
 - b Baineann na fáltais sin le trí iarratas de chuid na hÉireann ar chúnamh ón gCiste i ndáil le hiomarcaíochtaí ag *Dell Computers*, Luimneach agus ag ocht gcinn dá sholáthróirí agus táirgeoirí iartheachacha, ag *Waterford Crystal* agus trí chuideachta choimhdeacha agus ag *SR Technics*, Aerfort Bhaile Átha Cliath.
 - c Is féidir na fáltais sin arb ionann iad agus €17 milliún iad ina iomlán a réiteach le méid de €23 milliún i gcuntas Vóta na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia le haghaidh iascaigh mar go bhfuil tuairim is €6 milliún breise i bhfáltais sa Vóta a fuarthas in 2008 agus 2009 a coinníodh i gcuntas fionraí agus a lóisteáladh in 2010.
 - d Fuarthas €3.2 milliún i ndáil leis an gCiste Eorpach um Dhídeanaithe agus an Ciste chun Náisiúnaigh Tríú Tíortha a Lánpháirtiú. Is ionann an t-iarhméid agus fáltais ón gCiste Eorpach Gnóchan.
 - e Baineann na fáltais sin go príomha le tionscadail iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide.
 - f Baineann na fáltais sin le clár maoinithe i ndáil le tionscadail chomhshaoil.
 - g Baineann na fáltais sin go príomha le speansais a íoc do bhaill foirne i mbun obair Chustaim agus ag obair sa chlár Fiscalis 2013 a bhaineann le hoibriú an chórais cánachais.

Leithdháileadh Cistí AE

5.5 Déantar maoiniú AE a leithdháileadh le haghaidh tréimhsí clár ilbhliantúla. Is é 2007-2013 tréimhse reatha na gclár. Comhaontaíodh creat airgeadais gaolmhar don tréimhse seo idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle AE agus an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) faoi Chomhaontú Idirinstitiúideach arna ghlacadh i mBealtaine 2006. Rialaítear leithdháileadh cistí i ngach bliain laistigh de thréimhse na gclár le buiséad AE bliantúil de chaiteachas agus fáltais.

5.6 Cinneann an Chomhairle AE agus Parlaimint na hEorpa buiséad bliantúil an AE ar bhonn togra buiséid ón gCoimisiún, atá freagrach chomh maith as é a chur i bhfeidhm. B'íocaíochtaí ina leith seo a leanas dhá phríomhghné de bhuiséad 2010

- talmhaíocht agus forbairt tuaithe – a rinne suas breis agus 47% den bhuiséad
- forás inbhuanaithe – a bhfuil maoiniú struchtúrach agus comhtháthaithe san áireamh ann agus a rinne suas 39% eile den bhuiséad.

Foinsí Mhaoiniú AE

5.7 Is cistí Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Cistí Struchtúracha na príomhfhoinsí maoinithe ón AE ata ag Éirinn. Rialaítear gach ceann de na cistí le rialacha éagsúla i ndáil le bainistiú, rialú agus cuntasacht airgeadais. Príomhdhifríocht a bhíonn i gceist ná go gcaithfear cuntais bhliantúla maidir le caiteachas a bhíonn deimhnithe go neamhspleách a chur isteach gach bliain i ndáil le cistí Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, ach i gcás na gCistí Struchtúracha, caithfear cuntais deimhnithe a chur isteach ag deireadh thréimhse an chláir.

Cistí Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe

5.8 Déantar caiteachas AE ar Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe a mhaoiniú amach as dhá chiste

- an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF), trína ndéantar, le líon beag eisceachtaí, íocaíochtaí cabhrach díreacha le feirmeoirí a mhaoiniú go hiomlán chomh maith le raon beart tacaíochta margaidh
- an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD), a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2007 agus a úsáidtear chun bearta a chuirtear i bhfeidhm faoi Chlár na hÉireann um Fhorbairt Tuaithe 2007-2013 a chómhaoiniú.

5.9 Íocann gníomhaireachtaí íocaíochta⁵³ creidiúnaithe caiteachas EAGF agus EAFRD i mballstáit. In Éirinn, is í an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-aon ghníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe agus údarás bainistithe⁵⁴ i ndáil leis an EAFRD. Is chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agsu Rialtais Áitiúil atá an t-údarás tarmligthe chun íocaíochtaí forbartha tuaithe a íoc i ndáil le bearta sainiúla an EAFRD a bhaineann le LEADER⁵⁵.

5.10 Caithfear cuntais bhliantúla maidir le caiteachas EAGF agus EAFRD a bhíonn deimhnithe go neamhspleách a chur faoi bhráid an Choimisiúin a deireadh na bliana. Tá sé de cheangal ar Ard-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ráiteas urrúis a thabhairt go bliantúil maidir le cuntais EAGF agus EAFRD agus córais rialaithe. I gcás an EAFRD, cuireann an Roinn tuarascáil bhliantúil isteach maidir lena chur i bhfeidhm.

5.11 Imréitíonn an Coimisiún an dá chuntas bhliantúla in dhá chéim – trí chinneadh imréitigh bhliantúil bunaithe ar dheimhniú neamhspleách na gcuntas bliantúil agus trí chinntí imréitigh ad-hoc a leanann as obair iniúchta leantach de chuid an Choimisiúin. Téann an Coimisiún i mbun clár iniúchtaí bliantúil ar scéimeanna agus réimsí sainiúla tar éis na gcuntas bhliantúla a dheimhniú. Chuaigh an Coimisiún i mbun trí mhisean iniúchta in Éirinn in 2010.

⁵³ Déanann ballstáit gníomhaireachtaí íocaíochta a chreidiúnú má chomhlíonann siad ceanglais shainiúla maidir le rialú airgeadais agus cuntasacht i ndáil le caiteachas AE mar a leagtar amach i reachtaíocht Chomhphobail (Rial. AE 885/2006).

⁵⁴ Tá an tÚdarás Bainistithe freagrach as an gclár a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm ar shlí atá éifeachtúil, éifeachtach agus ceart.

⁵⁵ Tá an tionscnamh LEADER leagtha amach chun cabhrú le pobail tuaithe inbuanaithe a fhorbairt.

Cistí Struchtúracha

5.12 Shroich fáltas na hÉireann ó na Cistí Struchtúracha (ERDF agus ESF) a mbuaic le linn tréimhse an chreata airgeadais 1993-1999 agus laghdaigh siad i ngach tréimhse cláir ina dhiaidh sin. Tháinig 6% d'íocaíochtaí buiséid an AE d'Éirinn in 2010 as Cistí Struchtúracha.

5.13 Leis na Rialacháin lena rialaítear na Cistí Struchtúracha, éilítear ar bhallstait, i gcomhar leis an gCoimisiún, cláir oibriúcháin a ullmhú agus a chomhaontú chun tosaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm agus ceanglais bainistithe agus rialaithe airgeadais a fhorchur, a bhaineann le cabhair chómhaoinithe a chur i bhfeidhm.

5.14 Éilítear ar gach ballstát faoi na Rialacháin, Údarás Bainistithe a shainiú i ndail le gach clár oibriúcháin. Caithfidh gach ballstát Údarás Deimhníochta agus Údarás Iniúchta a shainiú i ndail le gach ciste struchtúir freisin. Tá siad seo a leanas san áireamh ar fheidhmeanna agus freagrachtaí na gcomhlachtaí sin

- Tá an tÚdarás Deimhníochta freagrach as ráitis deimhnithe maidir le caiteachas agus iarratais ar íocaíocht a leagan amach agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá sé freagrach as cruinneas agus ionracas na ráitis sin maidir le caiteachas a chinntiú.
- Tá an tÚdarás Bainistithe freagrach as an gclár oibriúcháin a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm de réir prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais agus as a chinntiú go dtagann gníomhaíochtaí a roghnaítear le haghaidh maoinithe le critéir an chlár oibriúcháin. Tá sé freagrach freisin as a fhíorú go seachadtar tionscadail chómhaoinithe, go dtabhaítear i ndáiríre an caiteachas a dhearbhaíonn tairbhíthe agus go gcloíonn sé le rialacha AE agus rialacha Náisiúnta agus go mbíonn rian iniúchta leordhóthanach ann.
- Áirítear ar fheidhmeanna an Údaráis Iniúchta a chinntiú go dtéitear i mbun iniúchtaí chun féidhmiú éifeachtúil an chórais bhainistithe agus rialaithe a fhíorú maidir leis na cláir oibriúcháin. Caithfidh sé straitéis iniúchta a chur i láthair an Choimisiúin agus Tuarascáil Rialaithe Bhliantúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leagtar amach torthaí iniúchtaí a dtéitear ina mbun agus tuairim iniúchta bhliantúil a sholáthar maidir lena bhfeidhmíonn na córais bhainistithe agus rialaithe go héifeachtach nó nach bhfeidhmíonn.

5.15 Is ar an Roinn Airgeadais atá an fhreagracht beartais fhoriomlán maidir leis na Cistí Struchtúracha agus is í an Roinn an tÚdarás Deimhníochta le haghaidh an ERDF. Tá dhá Údarás Bhainistithe ann le haghaidh an ERDF don tréimhse cláir 2007-13 - Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir. Is ar an Roinn Oideachais agus Scileanna⁵⁶, mar Údarás Bainistithe agus Údarás Deimhníochta, atá an fhreagracht le haghaidh an ESF.

5.16 Éilítear ar an Ard-Rúnaí i ngach roinn a bhfuil baint acu le tionscadail chómhaoinithe a chur i bhfeidhm dearbhú a shíniú ar bhonn bliantúil agus é a chur faoi bhráid na Roinne Airgeadais lena dhearbhu go bhfuiltear ag cloí le gach rialachán ón AE is infheidhme. Cuireann gach Údarás Bainistithe Tuarascáil Cur Chun Feidhme faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain, ina leagtar amaach cur i bhfeidhm airgeadais na gclár oibriúcháin i dtéarmaí spriocanna agus leagtar amach na nósanna imeachta monatóireachta agus meastóireachta atá i bhfeidhm.

⁵⁶ Aistríodh freagracht maidir le feidhmeanna Beartais/Oibriúcháin CSE agus an Údaráis Iniúchta CSE ón Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna an 1 Bealtaine 2010.

Iniúchadh Cistí AE

5.17 Leagtar amach thíos na socruithe iniúchta atá i bhfeidhm laistigh de gach ceann de na ranna iomchuí i ndáil le cistí AE chomh maith le ról m’Oifige, Coimisiúin an AE agus Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (ECA).

Údaráis Iniúchta

Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe

5.18 Ceapann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia gnólacht iniúcháirí chun deimhniú bliantúil neamhspleách agus tuarascáil ar rialuithe inmheánacha a chur ar fáil don Choimisiún. Chomh maith leis sin, d’eisigh agus thug Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne aon tuarascáil iniúchta déag chun críche ar na scéimeanna maoinithe ag EAGF agus EAFRD in 2010.

Cistí Struchtúracha

5.19 Tá Údaráis Iniúchta le haghaidh ERDF agus ESF bunaithe sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Éilítear ar na haonaid sin iniúchtaí a dhéanamh ar oibríochtaí⁵⁷ agus caiteachas incháilithe a dhearbhaítear don Choimisiún a fhíorú⁵⁸ laistigh d’údaráis bhainistithe, de chomhlachtaí idirmheánacha agus tairbhíthe i gclár oibríucháin sa tréimhse cláir 2007-2013. Léirítear an ghníomhaíocht iniúchta a ndeachaigh na haonaid ERDF agus ESF ina bun le haghaidh na mbabhtáí 2000-2006 agus 2007-2013 i bhFíor 28.

Fíor 28 Gníomhaíocht na nÚdarás Iniúchta in 2010

	Tréimhse cláir			
	2000 – 2006		2007 – 2013	
	ERDF ^a	ESF	ERDF	ESF
Líon na n-eagraíochtaí ar tugadh cuairt orthu/ Oibríochtaí in 2010	16	26	63	45
	€m	€m	€m	€m
Méid fíoraithe in 2010	55	61	132	47
Caiteachas carntha fíoraithe amhail an 31 Nollaig 2010	495	284	132	65
Caiteachas carntha incháilithe amhail an 31 Nollaig 2010	4,155	1,981	189	283
Caiteachas carntha fíoraithe amhail an 31 Nollaig 2010	12%	14%	70%	23%

Foinse: An Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna

Nóta: a Tá Údarás Iniúchta an ERDF freagrach freisin as fíorú 15% a dhéanamh ar chaiteachas incháilithe ón gCiste Comhtháthaithe. Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí €319 milliún nó 41% den chaiteachas carntha de €777 milliún a dearbhaíodh don Choimisiún fíoraithe aige.

5.20 Déantar iniúchtaí córasbhunaithe ag gach leibhéal de réir treoirdhoiciméid⁵⁹ ón gCoimisiún maidir le cómhodheolaíocht i ndáil le córais bhainistithe agus rialaithe a mheasúnú. Comhordaíonn Údarás Iniúchta an ESF plean bliantúil d’iniúchtaí córasbhunaithe atá le cur i gcrích ag Aonaid Iniúchta Inmheánaigh na gcomhlachtaí a bhfuil baint acu leis na clár oibríucháin a bhainistiú agus a riaradh.

⁵⁷ Éilítear le Rialacháin ón AE go mbunófaí an sampla d’oibríochtaí atá le hiniúchadh gach bliain ar mhodh samplála staidrimh randamach. Féadfar modh neamhstaidrimh a úsáid nuair nach mbeidh an líon oibríochtaí leordhóthanach chun modh samplála staidrimh a úsáid.

⁵⁸ Ciallaíonn ‘Fíorú’ go mbeidh fianaise tacaíochta ann le haghaidh caiteachais chómhaoinithe AE agus go gcomhlíonfaidh an caiteachas na rialacha náisiúnta agus na rialacha Comhphobail iomchuí.

⁵⁹ Treoirdhoiciméad ó Choimisiún an AE (COCOF 08/0019/01)

Chuaigh Údarás Iniúchta an ERDF i mbun na n-iniúchtaí córasbhunaithe sin i ndáil le hoibríochtaí ERDF ó leibhéal an Údaráis Deimhníochta síos go leibhéal an Chomhlachta Tairbhí Phoiblí de réir rialachán ón AE⁶⁰.

Iniúchadh an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

5.21 Sa chás go bhfaigheann Roinn nó Comhlacht Stáit arna iniúchadh ag an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste cistí AE, déantar fáil agus iarratas ar na cistí a iniúchadh ar shlí chomhchosúil le cistí náisiúnta agus le hidirbhearta eile de chuid an chomhlachta sin. Agus iniúchadh á bheartú, bíonn aird ar na tascanna iniúchta a dtéann comhlachtaí eile ina mbun, lena n-áirítear an ECA, na hÚdaráis Iniúchta, an Comhlacht Deimhníochta le haghaidh tacaíochtaí talmhaíochta agus aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Áirítear tástáil a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha náisiúnta a dhéantar a thrasú ó Threoracha agus Rialacháin ón AE ar obair iniúchta. Ach, tá an próiseas trasuite lasmuigh de réimse freagrachta an iniúchta.

Iniúchtaí Choimisiún an AE

5.22 Téann seirbhísí iniúchta ón gCoimisiún i mbun roinnt iniúchtaí go bliantúil i mballstáit agus tá sé de cheart acu dul i mbun iniúchtaí ar an láthair nó is féidir leo iarraidh ar bhallstá cláir nó tionscadail shainiúla a iniúchadh.

Cúirt Iniúcháirí na hEorpa

5.23 Rinne Éire ranníocaíocht de bheagnach €1.35 billiún in 2010 chuig buiséad iomlán an AE de thuairim is €123 billiún arbh ionann é agus tuairim is 1% d'Ollioncam Náisiúnta na 27 ballstát. De bhrí go ndéantar ranníocaíocht airgeadais na hÉireann a chomhthiomsú le ranníocaíochtaí na mballstát eile, rachaidh sé chun leas na tíre má dhéantar na comhchistí a bhainistiú go héifeachtach. Is é an CIS a thugann an dearbhú go ndéanfar sin ag leibhéal an AE.

5.24 Éilítear ar an ECA Ráiteas Urrúis bliantúil (tuairim iniúchta) a thabhairt maidir le hiontaofacht Chuntais an Aontais Eorpaigh agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart atá mar bhunús ag na cuntais sin. Agus iad i mbun na bhfeidhmeanna sin, téann baill foirne de chuid an ECA chuig ballstáit chun struchtúir bhainistithe a athbhreithniú, córais rialaithe a thástáil agus chun sampla de na hiarratais a chuirtear isteach mar thacaíocht d'íocaíochtaí do thairbhíthe deiridh a scrúdú go mion.

5.25 Le socruithe idirchaidrimh, is féidir le m'Oifigse cuairteanna ECA chun na hÉireann a eagrú agus seoltar gach comhfhreagras, lena n-áirítear torthaí iniúchtaí ECA agus freagraí bainistithe, chuig m'Oifigse le cur ar aghaidh chuig an gcomhlacht iniúchta. Rinneadn naoi gcuairt den sórt sin in 2010. Déanfar na torthaí a ionchorprú i dtuarascáil bhliantúil an ECA le haghaidh 2010 tar éis comhchomhairle leis an údarás deimhníochta.

5.26 Tugtar aghaidh ar dhá ábhar ar leithligh i Ráiteas Urrúis an ECA

- An bhfuil nó nach bhfuil cuntais iontaofa
- An raibh na hidirbhearta a ndeachthas ina mbun le hairgead ó bhuiséad an AE dlíthiúil agus rialta nó nach raibh

5.27 Don tríú bliain as a chéile, thug an ECA Ráiteas Urrúis dearfach, gan cháiliú, maidir le hiontaofacht na gcuntais le haghaidh 2009⁶¹. Ach, don séú bliain déag as a chéile, níor thug an ECA Ráiteas Urrúis dearfach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht formhór na gcatagóirí de chaiteachas AE.

⁶⁰ Airteagal 60 de Rialachán Ginearálta 1083/2006.

⁶¹ Níl iniúchadh ar chuntais 2010 curtha i gcrích fós.

Tuairiscíodh go bhfuil earráidí⁶² bunúsacha á ndéanamh i ndáil le híocaíochtaí ón mbuiséad (a mheastar a bheith idir 2 agus 5% go foriomlán) le haghaidh na ngrúpaí beartais

- Talmhaíocht agus Acmhainní Nádurtha
- Comhtháthú
- Taighde, Fuinneamh agus Iompar
- Cabhair Sheachtrach, Forbairt agus Méadú
- Oideachas agus Saoránacht

5.28 Tuairiscíodh go raibh dhá ghrúpa nach raibh tionchar ag earráid bhunúsach orthu – Gnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais agus Riarachán. Tuairiscíonn an ECA go raibh laghdú mór ina mheastachán den earráid is dóchúla i gcaiteachas i gComhtháthú i gcomparáid le blianta roimhe seo agus don bhuiséad iomlán, go raibh an meastachán earráide laghdaithe le blianta beaga anuas.

Conclúid

Rinne Éire ranníocaíocht de €1.35 billiún chuig buiséad an AE in 2010 agus fuarthas €1.88 billiún ó chistí an AE.

Tá leas ag Éirinn, ar nós na mballstát eile, maidir leis an tslí a úsáidfear buiséad an AE. Cé gur thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar aird go bhfuil an meastachán maidir le hearráid bhunúsach sa bhuiséad laghdaithe i dtéarmaí domhanda feadh an AE, ní rabhthas in ann dearbhú dearfach a thabhairt maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht formhór na ngnéithe de chaiteachas AE.

Tá ceartúcháin airgeadais in Éirinn níos ísle ná meán an AE. Go háirithe go dtí seo, i ndáil leis na tréimhsí cláir 2000-2006 agus 2007-2013, ní dhearnadh aon cheartúchan airgeadais maidir le Cistí Struchtúracha a fuarthas. Is ionann dicheaduithe talmhaíochta le deich mbliana anuas agus tuairim is 0.12%, atá i bhfad níos ísle ná meán an AE.

⁶² Caitheann an CIE le hearráid níos mó ná 2% den chaiteachas iomlán i réimse beartais mar earráid bhunúsach.

Caibidil 6

Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

6.1 Is é atá i gComhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (CPP) socrú idir comhpháirtithe de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí chun bonneagar poiblí agus/nó seirbhísí poiblí a chur ar fáil.

6.2 Eascraíonn oibleagáidí maoinithe a mhaireann ar feadh 25 bliana go 30 bliain de ghnáth as gealltanais faoi CPP. Bíonn na comhaontuithe sin le comhpháirtithe de chuid na hearnála príobháidí i bhfoirmeacha éagsúla, a dtugtar sracleíriú ar an mbonn atá leo in Iarscríbhinn A.

Béim na Caibidle

Tiomsaíodh an Chaibidil seo chun faisnéis a sholáthar maidir leis na gealltanais airgeadais a rinne ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais láir faoi chonarthaí CPP. Tugtar athbhreithniú inti freisin ar stádas reatha chlár comhlonnaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Achoimre ar Chaiteachais agus ar Ghealltanais

6.3 Liostaítear na mórthionscadal⁶³ CPP in Iarscríbhinn B, amhail ag deireadh mhí na Nollag 2010, a raibh conarthaí déanta ina leith ag ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais láir mar an ghníomhaireacht urraithe, nó a raibh gealltanais airgeadais tugtha acu ina leith.

6.4 Suas go dtí deireadh 2010, bhí díreach os cionn €1.9 billiún san iomlán tabhaithe ag ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir faoi chonarthaí CPP (féach Fíor 29). Ba é €415 mhilliún an caiteachas sa bhliain faoi chonarthaí.

Fíor 29 Caiteachas agus Gealltanais faoi chonarthaí CPP a bhí i bhfeidhm ag deireadh mhí na Nollag 2010 ag ranna/gníomhaireachtaí

An Roinn/an ghníomhaireacht	An líon tionscadal	Caiteachas		An gealltanas atá gan íoc ^a
		Roimh 2010 €m	In 2010 €m	
Oideachas agus Scileanna	5	168	38	1,128
An tSeirbhís Chúirteanna	1	-	39	588
Iompar, Turasóireacht agus Spórt/Oifig na nOibreacha Poiblí	1	-	41	716
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	10	844	228	1,872
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil ^b	20	525	69	18
An tIomlán	37	1,537	415	4,322

Foinse: Iarscríbhinn A

Nótaí: a Ag glacadh leis gur 2% ar an meán sa bhliain an ráta boilscithe thar an tréimhse atá fágtha sna conarthaí.

b Is é atá sna méideanna a thaispeántar i ndáil le tionscadail a cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na ranniocaí ón Roinn faoi chomhair an chostais chaipitiúil a gabhann le tionscadail CPP de chuid údarás áitiúil. Níl ar áireamh orthu caiteachas faoi na conarthaí ag na húdaráis áitiúla iomchuí, ná na gealltanais atá gan íoc ar gá do na húdaráis áitiúla iad a íoc as a mbuiséid féin amach anseo.

⁶³ Níl ar áireamh tionscadail inar lú ná €20 milliún an costas caipitiúil a bhí ag gabháil le cruthú sócmhainní.

6.5 Meastar gurb é a bhí in iomlán gealltanais de chuid ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais láir a bhí gan íoc i leith tionscadal CPP a ndearnadh conradh ina leith ná €4.3 billiún ag deireadh 2010. Bunaithe ar chaiteachas a tabhaíodh go dtí deireadh 2010 agus ar na gealltanais mheasta a bhí gan íoc, meastar gur €6.3 billiún an caiteachas Státchiste comhlán i leith na dtionscadal CPP a ndearnadh conradh ina leith agus atá ann faoi láthair.

Gealltanais Todhchaí Ionchasacha

6.6 Bhí roinnt tionscadal CPP á bhforbairt ag deireadh 2010 ach ní raibh siad tagtha chomh fada le céim an chonartha go fóill⁶⁴.

6.7 Mar gheall ar na nithe ilchasta a ghabhann leis an bpróiseas agus leis na sásraí íoca CPP, tá sé deacair gealltanais todhchaí ionchasacha faoi thionscadail atá fós á bpleanáil a mheas. Baineann costas tionscadail le raon leathan tosca, lena n-áirítear sonraíochtaí an tionscadail, an dearcadh maidir le praghsáil riosca agus an costas a ghabhann le hairgead a fháil ar iasacht sa mhargadh maoinithe tionscadail. Ní dhéantar socrú maidir leis na nithe sin go dtí go mbaineann tionscadail céim an chonartha amach.

6.8 Cothabhálann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe liosta de thionscadail bheartaithe a mheastar go bhféadfaí foirgniú orthu a thosú faoi 2016. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil na tionscadail sin ag céimeanna éagsúla pleanála agus soláthair agus go bhfuil na costais mheasta ag céimeanna éagsúla láidreachta. Measann an Roinn nach mbeadh ach luach teoranta le comhmheastachán a chur ar fáil do na tionscadail bheartaithe go léir ag pointe áirithe ama.

6.9 Ar áireamh ar thionscadail bheartaithe as a dtiocfadh gealltanais íocaíochta aonadaí tá

Tionscadail Oideachais	3 tionscadal beartán scoileanna ⁶⁵ 3 tionscadal beartán tríú leibhéal Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, campas Ghráinseach Ghormáin
Tionscadail Iompair	Metro Thuaidh DART Faoi Thalamh ⁶⁶ N17/N18 An Gort-Tuaim N11 an tInbhear Mór go Ráth Naoi (uasghrádú ar acomhal N7 Chrois an Fhearainn Nua san áireamh) M11 Seachbhóthair Inis Córthaidh/N25 seachbhóthar Ros Mhic Thriúin ⁶⁷ M20 Corcaigh-Luimneach Theas ⁶⁷
Tionscadail Eile	Aonaid Rada-Oinceolaíochta.

⁶⁴ Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bunachar sonraí rianaire tionscadail a chothabháil agus a fhoilsiú ina liostaítear na tionscadail CPP go léir lena ngabhann luach caipitiúil measta os cionn €20 milliún an tionscadal. Ar áireamh sa rianaire tá tionscadail a bhfuil conradh i bhfeidhm ina leith, agus tionscadail ar ceapadh comhairleoir tionscadail ina leith. Soláthraíonn an t-údarás urraithe iomchuif an fhaisnéis maidir le gach tionscadal. Ní dhearnadh uasdátú ar an rianaire, áfach, ó bhí Márta 2010 ann. Féach www.ppp.gov.ie

⁶⁵ Áirítear ann dhá bheart scoileanna PPP a fógraíodh mar chuid den Tionscadal Post.

⁶⁶ Cuireadh an ghné tollánaithe den tionscadal seo ar athló mar gheall ar an acmhainneacht laghdaithe atá ar fáil sa Phlean Téarnamh Náisiúnta. Samhlaítear go bhféadfaí tús a chur le hoibreacha ath-chomharthaíochta agus le hoibreacha gaolmhara sna chéad cheithre bhliain eile amach romhainn, agus d'ullmhódh sin an gréasán leis an tollán faoi thalamh a chur i gcrích chomh luath agus a mbeadh na hacmhainní airgeadais ar fáil.

⁶⁷ Cuireadh soláthar na dtionscadal seo ar athló go dtí 2014 ar a laghad, faoin bPlean Téarnaimh Náisiúnta.

Conarthaí CPP in 2010

6.10 Bhain trí thionscadal CPP céim an chonartha amach i rith 2010. Tugtar sracleiriú orthu sin sna hailt seo a leanas.

Gléasra Cóireála Dramhuisce Phort Reachrann/Dhomhnach Bat/ an Rois/Lusca

6.11 Tá leas á bhaint as CPP de chineál lena ngabhann dearadh, tógáil agus oibriú chun córas siltin uasghrádaithe agus leathnaithe a sholáthar i dTuaisceart Chontae Átha Cliath, lena n-áirítear gléasra cóireála dramhuisce aonair i bPort Reachrann. Déanfaidh sé freastal ar choibhéis daonra 65,000 agus beidh céim foirgníochta dhá bhliain ann agus ansin tréimhse oibrithe agus cothabhála 20 bliain. Tosaíodh ar an ngléasra a thógáil i Márta 2010 agus soláthróidh an Roinn maoiniú €23.3 milliún as costas iomlán tionscadail €35 mhilliún. Meastar go dtosófar ar an ngléasra a oibriú i Márta 2012.

Gléasra Cóireála Dramhuisce na Tulaí Móire

6.12 Leis an tionscadal seo baineann gléasra cóireála dramhuisce a thógáil thar thréimhse foirgníochta dhá bhliain agus ansin tréimhse oibrithe agus cothabhála 20 bliain. Beartaítear go ndéanfaidh an gléasra freastal ar choibhéis daonra 45,000. Soláthróidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniú €15.7 milliún as leithroinnt iomlán €20.2 milliún le haghaidh an tionscadail. Tosófar ar an ngléasra a oibriú i mBealtaine 2012.

An Dara Tionscadal Beartáin Scoileanna

6.13 Síníodh conarthaí chun sé scoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a bhainistiú agus a oibriú ina soláthrófar oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile i gcúig bhaile – Beanntraí (dhá scoil), Cill Dara, Mainistir na Féile, Baile Átha Buí agus Cill Mhantáin. Agus iad á gcur le chéile le beartán láithreach, fágfaidh na tionscadail sin go bhfuil deich gcinn de scoileanna le soláthar trí CPP as líon iomlán 27 gcinn a raibh plean ann ina leith i Meán Fómhair 2005.

6.14 Soláthróidh an Dara Beartán Scoileanna cóiríocht le haghaidh 4,500 dalta iar-bhunscoile chomh maith le bunscoil ina mbeidh ocht seomra ranga. Is dóigh leis an Roinn go dtosófar ar oibriú na scoileanna i dtreo dheireadh 2011.

Dúshlán Maoinithe

6.15 Tugadh faoi deara i dTuarascáil na bliana seo caite go raibh comhlachtaí Stáit ag tosú ar chomórtais maoinithe chun tionscadail CPP a mhaoiniú a scaradh. Bhí gá leis sin toisc gur fhág an ghéarchéim airgeadais go raibh laghdú suntasach ann ar an líon banc a bhí toilteanach maoiniú fadtéarma a sholáthar agus nár mhian leis na bainc sin a bhí fós gníomhach ar an margadh ach téarmaí iasachta a choinneáil ar feadh tréimhsí gearra dhá mhí nó trí mhí agus sin amháin.

6.16 Dúirt an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) go raibh laghdú suntasach breise ann sa dara leath de 2010 ar an líon banc a chuir suim i maoiniú a sholáthar le haghaidh tionscadal bonneagair in Éirinn. Bhí an riosca flaithiúnais in Éirinn a bhí i réim ina thosc bacainneach eile a d'fhág gur laghdaíodh an líon banc idirnáisiúnta a bhí toilteanach airgead a thabhairt ar iasacht i margadh CPP na hÉireann.

6.17 Mar fhreagra ar an riosca airgeadais agus ar na bainc gan a bheith chomh toilteanach céanna airgead a thabhairt ar iasacht, thug NDFA isteach socrú comórtais maoinithe tairgeora roghnaithe. Tríd an bpróiseas chun tairgeoir roghnaithe a fháil a scaradh leis an oibleagáid atá ar gach tairgeoir a chruthú go raibh foinse acu le haghaidh an mhaoinithe ba ghá, laghdaíodh ar an bhfad ama ar ghá téarmaí baincúireachta a choinneáil ar a fheadh agus ar an líon banc ar ghá gealltanais a fháil uathu. Tá an cur chuige á úsáid sna tionscadail scoileanna agus sa chéad tionscadal birt tríú leibhéal.

6.18 Dúirt NDFA go bhfuil sé ag dul i ngleic leis an margadh baincéireachta freisin agus ag fiosrú i dtaobh deiseanna maoinithe eile chun maoiniú leordhóthanach a áirithiú ar phraghas a chinntíonn go bhfaightear luach ar airgead le haghaidh tionscadal atá á bhfáil faoi láthair. Maidir le soiléiriú ar na héiginnteachtaí baincéireachta atá ann anois agus maidir le staid airgeadais chobhsaí nó fheabhsaithe, creideann sé go gcuideoidh sé freisin chun cuid de na hábhair inné atá ar fhorais airgeadais idirnáisiúnta a thugann airgead ar iasacht go traidisiúnta do mhargadh airgeadais tionscadail na hÉireann a mhaolú.

6.19 Tríd is tríd, creideann an NDFA gur ábhar spéise do na margáí fiachais agus maoinithe cothromais i gcónaí a bheidh i dtionscadail atá sainmhínithe go maith agus a bhfuil riachtanais mhaoinithe sách íseal acu. Bhí an NDFA sásta gurbh fhiú tionscadail mar sin a chur i gcrích trí CPP i gcónaí, agus gur dócha go mbainfeadh siad luach ar airgead amach mar a shainmhínítear sa treoir do CPP ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Roinnt Riosca Tráchta an Údaráis um Bóithre Náisiúnta

6.20 Forálann gach Conradh bóthair CPP, ach amháin uasghrádú an M50 (nach mbailíonn an chuideachta PPP dolaí ina leith) go bhfabhróidh sciar den ioncam chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA), faoi réir ag trácht nó díolacháin ag sárú tairsí sonraithe. B'ionann an t-ioncam a fuarthas i 2010 agus €1.28 milliún. Tá fáiltais ioncaim de idir €1.5 milliún agus €1.75 milliún tuartha ag an NRA maidir le 2011.

6.21 I gcás na PPP Chluain Aodha/Ceanannas (M3) agus Tollán Luimnigh, forálann na conarthaí do mheicníochtaí íocaíochtaí faoi ráthaíocht a bhaineann le trácht, ina mbeadh ceangal ar an NRA íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcuideachta PPP sa chás go dtitfeadh an líon tráchta faoi bhun leibhéal áirithe. Dúirt an NRA go mbeadh íocaíocht i gceist sa chás nach sáródh an líon iarbhair tráchta i dtéimhse leathbhliana ar bith na figiúir arna leagan amach sa chonradh PPP ábhartha. Toisc gur oscail na bealaí sa dara leath de 2010, ní bheidh na méideanna dlite le híoc go dtí 2011. Mheas an NRA go ndéanfaidh sé íocaíochtaí in 2011 idir €5 milliún agus €5.5 milliún i ndáil leis an dá thionscadal sin.⁶⁸ Braitheann an méid a thiocfaidh íocaíochtaí den sórt sin chun cinn san fhadtárma ar an líon tráchta aschuir ar na bóithre lena mbaineann.

6.22 Thug an NRA le fios go bhfuil sé deacair ag an bpointe seo na leibhéil tráchta a bheidh ann amach anseo a thuar, mar gheall ar éiginnteachtaí eacnamaíochta reatha. Pátrún measctha atá ann go dtí seo, le fás tráchta ar roinnt bealaí i bhfad níos mó ná mar a bhíodhas ag súil agus laghdú ar an líon tráchta ar bhealaí eile le bliain anuas.

Comhlonnú Ospidéal

6.23 In 2005, d'eisigh an tAire Sláinte ordachán d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) beartas a chur i ngníomh arbh é an aidhm a bheadh leis saoráidí ospidéil phríobháidigh a fhorbairt ar shuímh ospidéal poiblí agus leapacha breise a shaoradh d'othair phoiblí in ospidéal poiblí. Measadh gur mhó na tairbhí airgeadais agus sláinte agus leasa phoiblí a thiocfadh de dhroim na hacmhainne leapacha poiblí nua ná an t-ioncam ó tháillí le haghaidh leapacha príobháideacha d'ospidéal poiblí a chaillfí agus na buntáistí cánach a thabharfaí do na comhpháirtithe príobháideacha.

6.24 Tar éis comórtais ar fud AE a fógraíodh den chéad uair i mBealtaine 2006, d'eisigh FSS iarratas ar thairiscintí chuig tairgeoirí ar an ngearr-liosta le haghaidh sé ospidéal in Aibreán 2007

- Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge
- Ospidéal Ginearálta Shligigh
- Ospidéal Réigiúnach Luimnigh

⁶⁸ Bainfidh na híocaíochtaí in 2011 leis an dara leath de 2010 agus an chéad leath de 2011. Ba €1.79 milliún an méid a bhí iníoctha ag an NRA ar roinnt riosca tráchta ar Thollán Luimnigh agus ar an M3 i ndáil le 2010.

- Ospidéal San Séamas
- Ospidéal Beaumont
- Ospidéal Ollscoil Chorcaí
- James Connolly Ospidéal Cuimhneacháin.

6.25 Síníodh Comhaontuithe Tionscadail le haghaidh thionscadail Beaumont, Chorcaí agus Luimnigh i Márta 2008 agus i gcás Ospidéal San Séamas, i mí na Nollag 2008. Deonaíodh cead pleanála le haghaidh gach ceann de na tionscadail sin. Tháinig deireadh leis na comhaontuithe tionscadail i ngach cás, áfach, tar éis an spriocam a ceadáíodh do na tairgeoirí roghnaithe chun maoiniú a fháil. Scoireadh de na pléití go léir leis an tairgeoir roghnaithe agus níl aon tograí ag FSS chun aon cheann de na tionscadail sin a thabhairt ar aghaidh.

6.26 €1.46 milliún go dtí seo na costais dlí agus airgeadais a ghabhann le soláthar thionscadal na n-ospidéal comhlonnaithe. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom nach raibh aon chostais dlí i gceist leis na Comhaontuithe do dhul in éag.

Socruithe CPP Údarás Áitiúil

6.27 Is gá ceadú a fháil roimh ré ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le haghaidh comhaontuithe CPP arna ndéanamh ag údaráis áitiúla ós é nó í an tAire sin a fheidhmíonn na ról a bhaineann le beartais a dhéanamh, ceadú a thabhairt agus maoirsiú a dhéanamh maidir le nithe a bhaineann le rialtais áitiúla. Is gá ceadú a fháil ón Aire, fiú i gcás nach meastar go mbeidh aon impleachtaí díreacha ann don Státchiste.

6.28 Níl ar áireamh ar na costais a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn B maidir le scéimeanna de chuid údarás áitiúil ach amháin na scéimeanna sin ina ndéantar ranníoc agus gealltanais ghaolmhara as an Státchiste. Dá bhrí sin, níl ar áireamh sna figiúir na costais a ghabhann le socruithe CPP mórsála a rinne údaráis áitiúla le blianta beaga anuas nach raibh baint dhíreach ag an Státchiste leo, mar shampla, Scéim Bhaile Átha Cliath maidir le Dramhaíl go Fuinneamh.

Conclúid

Meastar gur €4.3 billiún, ag deireadh 2010, iomlán na ngealltanais de chuid ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais láir atá gan íoc i leith tionscadal CPP a ndearnadh conradh ina leith. Bhí líon suntasach eile tionscadal CPP á bhforbairt ag deireadh 2010 ach ní raibh siad ag céim an chonartha go fóill. Níl meastacháin ar fáil faoi láthair ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar an gcostas ionchasach a ghabhfaidh leis na tionscadail sin.

Mar gheall ar an staid eacnamaíochta agus airgeadais reatha, tá éiginnteacht shuntasach ann maidir le hairgead a bheith ar fáil mar thaca le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach i dtionscadail phoiblí ollmhóra, PPPanna ina measc. Go dtí go dtiocfaidh feabhas ar cúinsí an mhargaidh, d'fhéadfadh cur chuige NDFA, arb é atá ann a mholadh an bhreith maidir le soláthar a scaradh leis an ngá go gcruthóidh tairgeoirí go bhfuil maoiniú ar fáil, cuidiú le cuid de na tionscadail bheartaithe a thabhairt go dtí an chéim tairgeora roghnaithe. Is é tuairim an NDFA gur ábhar spéise do na margaí fiachais agus maoinithe cothromais i gcónaí a bheidh i dtionscadail atá sainmhínithe go maith agus a bhfuil riachtanais mhaoinithe sách íseal acu.

Theip ar cheithre chomhaontú tionscadail mar gheall ar dheacrachtaí a bhí ann maoiniú a fháil do thionscadail chomhlonnaithe ospidéal. Tá sé tugtha le fios ag an FSS nach bhfuil aon mholtaí aige a chlár comhlonnaithe ospidéal a bhrú chun cinn.

Tionchar eile a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta líon tráchta níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis ar roinnt bóithre a forbraíodh faoi shocrúithe PPP. Tá meicníochtaí íocaíochtaí faoi ráthaíocht ag dhá thionscadal agus leanfaidh íocaíochtaí breise leis an gcomhpháirtí san earnáil phríobháideach in 2011, a mheastar a bheidh thart ar €5 nó €5.5 milliún, as na léibhéal laghdaithe tráchta.

Iarscríbhinn A Cineál Airgeadais Socruithe PPP

De ghnáth, bíonn conradh foirmeálta idir gníomhaireacht Rialtais agus comhpháirtí príobháideach i gceist le tionscadal CPP, ina ngabhann an comhpháirtí príobháideach de láimh saoráidí agus/nó seirbhísí sonraithe a sholáthar thar shaolré an chonartha. Maireann conradh 25 bliana go 30 bliain de ghnáth, cé go bhféadfadh roinnt conarthaí in earnáil na mbóithre a bheith ann go ceann 45 bliana. Déantar rioscaí tionscadail, ar gné iad de gach tionscadal fadtéarma, a leithroinnt idir na comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha, ag brath ar cén comhpháirtí is fearr is féidir iad a bhainistiú. Faoin bpróiseas CPP, coinníonn an Stát úinéireacht ar na sócmhainní i rith thréimhse an chonartha. Ag deireadh thréimhse an chonartha, glacann an ghníomhaireacht Rialtais urraithe le freagracht as na sócmhainní a chothabháil agus a oibriú ar bhonn leanúnach.

Athraíonn an struchtúr atá ar bun chun an comhpháirtí de chuid na hearnála príobháidí a chúiteamh as na sócmhainní a fhorbairt agus na seirbhísí is gá a chur ar fáil, agus bíonn impleachtaí éagsúla ann i dtéarmaí na ngealltanais airgeadais a bhíonn i gceist do na comhlachtaí poiblí urraithe. In go leor cásanna, glacann urraitheoirí poiblí an tionscadail le gealltanais chonarthaacha íocaíochtaí rialta a dhéanamh leis an gcomhpháirtí de chuid na hearnála príobháidí thar shaolré an tionscadail. I gcásanna eile, deartar tionscadail ar bhonn lamháltais, trína bhfaigheann an comhpháirtí de chuid na hearnála príobháidí an cúiteamh ar fad nó cuid den chúiteamh i bhfoirm táillí a ghearrtar a úsáideoirí na seirbhíse.

Tionscadail Íocaíochta Aonadaí

Is é atá i gceist leis seo go ndéanann an ghníomhaireacht phoiblí urraithe íocaíochtaí rialta (ar bhonn míosúil, ráithiúil nó bliantúil) thar théarma an chonartha leis an gcomhpháirtí de chuid na hearnála príobháidí, faoi réir feidhmíochta sásúla le linn saoráidí comhaontaithe a sholáthar de réir an chaighdeáin is gá. De ghnáth, tá cuid den íocaíocht aonadach (nó uilechuimsitheach) socraithe thar shaolré an chonartha agus athraíonn an chuid atá fágtha i gcomhréir le luainiú praghsanna (an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí de ghnáth). Bíonn na méideanna sonraithe agus na méideanna athraitheacha éagsúil ó thionscadal go tionscadal. Déantar asbhaintí ón íocaíocht aonadach as ucht neamhfheidhmíocht agus/nó gan fáil a bheith ar an tionscadal.

Tionscadail Íocaíochta caipitiúla ar dtús

San earnáil uisce agus dramhuisce, soláthraítear go leor tionscadal CPP ar bhonn dearaidh, tógála, oibrithe agus cothabhála (DTC). Sna cásanna sin, soláthraíonn an Státchiste maoiniú caipitiúil ar dtús (mar a dhéantar i soláthar traidisiúnta), mar sin, níl aon chostais chaipitiúla ná maoinithe le haisíoc thar shaolré an tionscadail. Tá costais oibrithe bhliantúla (a n-íocann na húdaráis áitiúla iomchuí iad) bunaithe ar an méid dramhuisce a thagann le haghaidh cóireáil nó ar an méid uisce óil a tháirgtear.

Tionscadail lamháltais

I dtionscadail lamháltais, íocann úsáideoirí na seirbhíse táille leis an gcomhpháirtí de chuid na hearnála príobháidí, e.g. tiománaithe a úsáideann bóithre dola. Féadfaidh an Stát ranníoc a dhéanamh faoi chomhair na gcostas caipitiúil a ghabhann leis an mbonneagar a sholáthar, agus féadfaidh sé freisin fóirdheontais a íoc le linn thréimhse an chonartha. I gcás inar mó íocaíochtaí ó úsáideoirí ná na leibhéil a tuaradh, d'fhéadfadh go mbeadh deis ann an t-ioncam breise a roinnt idir na comhpháirtithe de chuid na hearnála poiblí agus príobháidí.

Scéimeanna atá bunaithe ar shócmhainní

I dtionscadal den chineál seo, tá ar áireamh ar rannchuidiú na hearnála poiblí sócmhainn (talamh de ghnáth) a sholáthar, agus déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn a fhorbairt, e.g. tionscadail tithíochta sóisialaí/incheannaithe/príobháidí. Ar deireadh thiar, braitheann cuid mhór den mhaoiniú le haghaidh tionscadail den sórt sin ar mhaoín a dhíol nó a ligean ar cíos ar an margadh maoinne oscailte, agus fágann na deacrachtaí leanúnacha sa mhargadh maoinne nach féidir dul ar aghaidh le go leor forbairtí beartaithe. De ghnáth, maireann tionscadail den sórt sin ar feadh tréimhse i bhfad níos giorra (cúig bliana go seacht mbliana) ná tionscadail lamháltais nó íocaíochta aonadaí.

Iarscríbhinn B Caiteachas suas go dtí deireadh 2010 agus gealltanais gan íoc ar chonarthaí móra CPP, de réir na gníomhaireachta earnála poiblí agus de réir an tionscadail

Liostaítear sa tábla na tionscadail aonair a thuairiscigh an rann/an ghníomhaireacht iomchuí. Níl ar áireamh ann ach amháin gealltanais/caiteachas i ndáil le tionscadail ar €20 milliún nó níos mó a luach forbartha caipitiúil measta.

Bhí sracléiriú achomair ar na tionscadail aonair a ndearnadh conradh ina leith suas go dtí deireadh 2008 ar áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 2008 (leathanaigh 29 go 34). Bhí sracléirithe achomhair ar thionscadail eile san áireamh sa Tuarascáil ar an gconradh deiridh bliana.

Boilsciú

Tuairtear méideanna na ngealltanais bunaithe ar an toimhde gur 2% ar an meán an ráta boilscithe gach bliain thar an gcuid atá fágtha de shaolré gach tionscadail. Tá Cáin Bhreisluacha ar áireamh i ngach méid (mura ndeirtear a mhalairt)

Raon feidhme tionscadal CPP

Léirítear rannchuidiú na hearnála príobháidí le gach tionscadal leis an treoir seo a leanas

- D** seirbhís/bonneagar a **Dhearadh**
- T** sócmhainní caipitiúla a **Thógáil**/a fhoirgníú/a leathnú/a athchóiriú
- A** **Airgead** a sholáthar (e.g. cothromas príobháideach agus iasacht phríobháideach a sholáthar/a urrú; táillí úsáideoirí a bhailiú)

- O** sócmhainní a **Oibriú** (e.g. saoráidí a bhainistiú; foireann seirbhísí a fhostú)
- C** sócmhainní a **Chothabháil** thar thréimhse an chonartha.

An tÚdarás urraithe/ ainm an tionscadail	Raon feidhme an tionscadail	Dátaí ríthábhachtacha an tionscadail			Caiteachas			
		Síníodh an conradh	Tús na seirbhíse	Deireadh an chonartha	Roimh 2010	2010	Gealltanais todhchaí	Caiteachas iomlán tuartha
					€m	€m	€m	€m
An Roinn Oideachais agus Scileanna								
Beartán píolóta scoileanna CPP	DTAOC	Samhain 2001	2002	2027	85.9	10.7	188.4	285.0
Coláiste Muirí	DTAOC	Feabhra 2003	2004	2029	54.3	8.6	136.3	199.2
Scoil Ceoil Chorcaí	DTAOC	Meán Fómhair 2005	2007	2032	28.3	8.1	193.8	230.2
An chéad bheartán de scoileanna CPP	DTAOC	Márta 2009	2010	2035	–	10.2	256.8	267.0
An dara beartán de scoileanna CPP	DTAOC	Meitheamh 2010	2011	2036	–	–	352.7	352.7
An tSeirbhís Chúirteanna								
Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla	DTAOC	Aibreán 2007	2009	2035	–	38.9	587.9	626.8
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt/Oifig na nOibreacha Poiblí								
An tIonad Náisiúnta Comhdhála	DTAOC	Aibreán 2007	2010	2035	–	41.0	715.6	756.6
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ^a								
Cill Choca/Cionn Átha Gad	Lamháltas	Márta 2003	2005	2033	169.3	0.2	7.8	177.3
Seachbhóthar Dhún Dealgan Thiar	Lamháltas	Feabhra 2004	2004	2034	2.2	0.2	3.9	6.3
Ráth Chormaic/ Mainistir Fhear Maí	Lamháltas	Meitheamh 2004	2006	2034	97.9	5.6	46.5	150.0

An tÚdarás urraithe/ ainm an tionscadail	Raon feidhme an tionscadail	Dátaí rithábhachtacha an tionscadail			Caiteachas			
		Síníodh an conradh	Tús na seirbhíse	Deireadh an chonartha	Roimh 2010	2010	Gealltanais todhchaí	Caiteachas iomlán tuartha
					€m	€m	€m	€m
Seachbhóthar Chathair Phort Láirge	Lamháltas	Aibreán 2006	2010	2036	107.0	4.0	89.8	200.8
Tollán Luimnigh	Lamháltas	Lúnasa 2006	2010	2041	160.5	25.0	68.8	254.3
Cluain Aodha/Ceanannas	Lamháltas	Aibreán 2007	2010	2052	235.3	77.9	399.1	712.3
Gaillimh/Béal Átha na Slua	Lamháltas	Aibreán 2007	2010	2037	43.7	28.2	288.6	360.6
Port Laoise/An Chúlchoill	Lamháltas	Meitheamh 2007	2010	2037	27.9	18.6	37.3	83.8
Uasghrádú an M50	DTAOC	Meán Fómhair 2007	2007	2042	-	42.0	908.8	950.8 ^b
Limistéir Seirbhíse Mótorbhealaigh	Lamháltas	Deireadh Fómhair 2009	2009	2034	-	25.9	21.2	47.1
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil^c								
Gléasraí cóireála dramhuisce								
Cuan Bhaile Átha Cliath ^d	DTC	Márta 2001	2003	2024	203.7	16.6	-	222.8
Loch Garman	DTOC	Iúil 1999	2004	2026	18.4	-	-	18.4
Corcaigh	DTOC	Mí na Nollag 2001	2004	2027	68.1	-	-	68.1
Baile Brigín/Na Sceirí	DTOC	Meán Fómhair 2004	2006	2028	19.0	-	-	19.0
Tiobraid Árann Theas	DTOC	Márta 2003	2007	2029	13.4	-	-	13.4
Dún Garbháin	DTOC	Aibreán 2004	2007	2029	12.2	-	-	12.2
Sligeach	DTOC	Meán Fómhair 2006	2008	2030	17.0	-	-	17.0
Dún na nGall (A)	DTOC	Meitheamh 2006	2008	2030	22.8	-	1.3	24.1
Port Láirge	DTOC	Meán Fómhair 2006	2010	2033	21.5	1.0	0.5	23.0

An tÚdarás urraithe/ ainm an tionscadail	Raon feidhme an tionscadail	Dátaí rithábachtacha an tionscadail			Caiteachas			
		Síníodh an conradh	Tús na seirbhíse	Deireadh an chonartha	Roimh 2010	2010	Gealltanais todhchaí	Caiteachas iomlán tuartha
					€m	€m	€m	€m
Port Laoise	DTOC	Mí na Nollag 2006	2009	2031	20.1	-	-	20.1
Sráidbhailte na Mí	DTOC	Deireadh Fómhair 2007	2010	2032	21.3	1.1	-	22.4
An Muileann gCearr	DTOC	Aibreán 2008	2010	2032	16.5	-	-	16.5
Caisleán an Bharraigh	DTOC	Meán Fómhair 2008	2010	2032	11.3	0.1	-	11.4
Bré/Seangánach	DTOC	Meán Fómhair 2008	2011	2034	26.5	28.8	1.1	56.4
Cill Mhantáin	DTOC	Meán Fómhair 2007	2009	2031	14.4	-	-	14.4
Port Reachrann/Domhnach Bat/An Ros/Lusca	DTOC	Feabhra 2010	2012	2032	-	16.8	6.5	23.3
An Tulach Mhór	DTOC	Aibreán 2010	2012	2032	-	4.8	10.9	15.7
Seirbhísí cóireála uisce								
Baile Chláir	DTOC	Mí na Nollag 2006	2010	2030	16.7	-	-	16.7
Tionscadail forbartha limistéar								
Athfhorbairt Árais Fatima ^e	DTA	Meitheamh 2004	2004	2011	-	-	-	-
Forbairt Chuan na gCloch Liath		Mí na Nollag 2007	2017	2047	-	-	-	-

Nótaí: a I gcás conarthaí lamháltais ÚBN, is ionann an caiteachas iomlán agus na híocaíochtaí iomlána is dóigh a dhéanfar leis na cuideachtaí PPP lena mbaineann thar shaolré an chonartha. Faigheann na cuideachtaí PPP tairbhe freisin as táillí úsáideoirí a chuireann lena gcostais chaipitiúla agus oibríochta. Corpraítear sna conarthaí sásra roinnte ioncaim trína bhfaigheann ÚBN cuid den ioncam ó dholáí.

b Gan Cáin Bhreisluacha a áireamh.

c Ní áirítear caiteachas/gealltanais údarás áitiúil faoi na ceannteidil a bhaineann le Caiteachas/gealltanais.

d Níl an tiomantas a bheidh ann amach anseo maidir le tionscadal Chuan Bhaile Átha Cliath tugtha le fios ag an Roinn mar go bhfuil an méid faoi scrúdú mar chuid den chuntas críochnaitheach, agus luann sí nach bhfuil aon íocaíochtaí eile á ndéanamh go dtí so soiléireofar ceisteanna áirithe. Léirítear an deontas atá ceadaithe faoi láthair sa cholún Caiteachas iomlán Tuartha.

e Ba é an Roinn an t-údarás ceadaithe sa chás seo. Ba é Comhairle Cathrach Átha Cliath an t-údarás urraithe.

Caibidil 7

Oibríochtaí na Gníomhaireachta

GBCN Feidhmeanna agus Rialachas

7.1 Is eagraíocht chasta í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) a bhfuil ilfheidhmeanna aici a théann níos faide ná an fheidhm bhunaidh lárnach a bhí aici, eadhon fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tuairiscíonn sí go díreach chuig an Aire Airgeadais.

Béim na Caibidle

Tugann an chaibidil seo eolas fúthu seo a leanas

- príomh-fheidhmeanna na Gníomhaireachta
- na socruithe chun iad a rialú
- toradh an iniúchta ar a cuntais

Feidhmeanna na Gníomhaireachta

7.2 Tá na feidhmeanna seo a leanas ag an nGníomhaireacht

- Faigheann sí airgead ar iasacht thar ceann an Stáitchiste agus déanann sí bainistíocht ar fhiachas náisiúnta na hÉireann, arbh fhiú €93.4 billiún é ag deireadh na bliana 2010 i ndiaidh sócmhainní bainteacha a chur san áireamh.
- Gníomhaíonn sí mar Bhainisteoir ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF), a raibh glansócmhainní dar luach €22.7 billiún á sealbhú aige ag deireadh na bliana 2010.
- Bainistíonn sí éilimh ar chúiteamh thar ceann údaráis Stáit áirithe. B'fhiú €96 milliún íocaíochtaí agus costais bhainteacha na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (SCA) in 2010, agus ba é €885 milliún an costas measta ar éilimh gan íoc amhail an 31 Nollaig 2010 a réiteach.
- Comhlíonann sí feidhmeanna na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais (NDFA). Thabhaigh an Ghníomhaireacht €4.9 milliún in 2010 i dtáillí agus costais i bhfeidhmiú a feidhmeanna airgeadais agus comhairleacha i ndáil le tionscadail shonracha infheistíochta poiblí.
- Ceannaíonn sí creidmheasanna carbóin atá ag teastáil chun dualgais na hÉireann maidir le hathrú aeráide a chomhlíonadh. Bhí sócmhainní dar luach €97 milliún ag an gCiste Carbóin ag deireadh na bliana 2010.
- Cuireann sí seirbhísí lárnacha cisteáin ar fáil do ranna rialtais agus do comhlachtaí Stáit neamhthráchtála. B'fhiú €33.3 milliún taiscí i seilbh ag deireadh na bliana agus b'fhiú €48.3 milliún na hiasachtaí a tugadh.

7.3 Le linn 2009 agus 2010 cuireadh feidhmeanna agus seirbhísí breise le sainchúram na Gníomhaireachta mar seo a leanas

- soláthar seirbhísí tacaíochta don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA)
- feidhmiú na Scéime Ráthaíochta um Dhliteanais Incháilithe
- feidhmeanna áirithe an chórais baincéireachta.

Tacaíocht do NAMA

7.4 Shann an NTMA foireann do NAMA le linn 2010, agus chuir sí seirbhísí ar fáil dó, ar tabhaíodh costas beagnach €15 mhilliún ina leith agus a gearradh ar NAMA⁶⁹.

- Tabhaíodh €10.3 milliún mar gheall ar thart ar 100 ball foirne fostaithe go díreach ag an NTMA agus sannta do NAMA (€9.2 milliún) agus mar gheall ar an gcostas a bhain le fostaithe ón NTMA a bheith ag oibriú seirbhís roinnte, lena n-áirítear Teicneolaíocht Faisnéise, Acmhainní Daonna agus Airgeadas (€1.1 milliún).
- Tabhaíodh €4.6 milliún i leith costais eile a thabhaigh an NTMA, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleachta.

An Scéim Ráthaíochta a Riaradh

7.5 Faoi Scéim Ráthaíochta um Dhliteanais Incháilithe (an Scéim), ráthaíonn an Stát dliteanais áirithe incháilithe, lena n-áirítear taiscí agus urrúis fiachais suas le haibíocht cúig bliana in institiúidí rannpháirteacha. Feidhmíonn an NTMA an Scéim thar ceann an Aire Airgeadais. Faoi na rialacha i dtaca le cúnamh Stáit, éilítear sa Scéim go bhfaightear faomhadh Choimisiún an AE ag eatraimh sé mhí. Ar an 1 Meitheamh 2011, d'fhaomh an Coimisiún síneadh na Scéime go dtí an 31 Nollaig 2011. Bhí 16 foras rannpháirteacha ann amhail deireadh 2010. Cé gurb í an Ghníomhaireacht a riarann an scéim, is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá cuntasach as na táillí a bhailítear faoin scéim.

Feidhmeanna an Chórais Baincéireachta

7.6 I Márta 2010, tharmlig an Rialtas feidhmeanna áirithe an chórais baincéireachta de chuid an Aire Airgeadais chun an NTMA. Bhain an tarmligeán go sonrach le bainistíocht leas an Stáit sna hinstiúidí creidmheasa atá clúdaithe ag na ráthaíochtaí baincéireachta, le hidirbheartaíocht tacaíochta caipitiúla do na hinstiúidí sin agus le forbairt inbhuanaithe na hearnála baincéireachta. Rinneadh an tairmligeán a chúlghairm i mí Lúnasa 2011. Tá tuilleadh faisnéise faoi na feidhmeanna breise leagtha amach i gCaibidil 4.

Rialachas na Gníomhaireachta

7.7 Tá an ghníomhaireacht ag cur tuilleadh lena socruithe rialachais faoi láthair, rud a chuirfidh dearbhú agus tacaíocht níos mó ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta. De bharr téarmaí a reachtaíochta⁷⁰, níl Bord ag an nGníomhaireacht agus is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as bainistiú agus gnó na Gníomhaireachta. Déanann an reachtaíocht foráil do Choiste Comhairleach, áfach, le cúnamh agus comhairle a thabhairt don NTMA ar na nithe sin a tharchuireann an NTMA chuig an gcoiste sin.

7.8 Maidir le feidhmeanna lárnacha an NTMA, lena n-áirítear an fiachas náisiúnta agus an SCA a bhainistiú, tuairiscíonn Príomhfheidhmeannach an NTMA go díreach chuig an Aire Airgeadais. Tá Coiste Beartais ag an SCA, é féin, le comhairle a thabhairt maidir le beartais agus le nósanna imeachta a bhaineann le feidhmiú a chuid feidhmeanna.

7.9 Tá Bord nó Coimisiún ag NAMA, ag an NDFA agus ag an NPRF, atá freagrach don Aire Airgeadais as a gcuid feidhmeanna faoi seach. Is comhalta ex officio de Bhord an NAMA agus de Choimisiún an NPRF é Príomhfheidhmeannach an NTMA agus is Cathaoirleach é ar Bhord an NDFA. Gníomhaíonn an NTMA mar fheidhmeannach i ndáil leis an NPRF agus an NDFA. I gcás NAMA, sannann sé baill foirne ar NAMA agus cuireann sé seirbhísí agus córais tacaíochta agus gnó ar fáil dó.

⁶⁹ B'ionann costas iomlán riaracháin NAMA agus €46 milliún in 2010.

⁷⁰ Tá an NTMA faoi rialú ag an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

7.10 Mar fhreagra ar mo chuid ceisteanna maidir le socruithe rialachais inmheánacha na Gníomhaireachta i bhfianaise an raon feidhmeanna casta seo, chuir an Príomhfheidhmeannach ar an eolas mé go ndearna an NTMA, i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach, athbhreithniú ar an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit (an Cód Cleachtais) i rith 2010, agus ar an tslí a bhféadfaí é a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs struchtúr rialachais an NTMA. Tar éis an athbhreithnithe sin, tá an Cód Cleachtais á chur i bhfeidhm ag an NTMA, curtha in oiriúint dá chúinsí sonracha féin, agus cuireann an Coiste Comhairleach Príomhfheidhmeannach an NTMA ar an eolas go foirmiúil faoi na nithe seo a leanas, ar bhonn leanúnach:

- Beartas Maoinithe agus Bainistithe Fiachais
- Spriocanna agus Cuspóirí na Feidhme Gnó
- Leibhéil Údaráis Tairmligthe
- Luach Saothair
- Breithmheas ar Fheidhmíocht na Bainistíochta Sinsearaí agus Pleanáil Comharbais
- Leasuithe Suntasacha ar Shochair Phinsin na Foirne
- Beartais agus Pleananna Corparáide
- Beartas maidir le Bainistiú Riosca
- Córas Rialú Airgeadas Inmheánach
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an NTMA
- Iniúcháirí Inmheánacha a Cheapadh
- Maoirsiú ar an gCoiste Iniúchta (lena n-áirítear athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha an Choiste)
- Buiséad Oibríochta, agus
- Comhlíonadh an NTMA le Riachtanais Reachtúla agus Rialála

7.11 Tá dhá fho-choiste bunaithe ag an gCoiste Comhairleach; Coiste Iniúchta agus Coiste Luacha Saothair. Tá comhaltacht na gcoistí sin taobh amuigh den Gníomhaireacht agus tá téarmaí tagartha foirmiúla, atá faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil ag an gCoiste Comhairleach i bhfeidhm. Coimeádann an NTMA an Coiste Comhairleach ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí ar feadh a fheidhmeanna gnó go léir.

7.12 Bualann foireann bainistíochta sinsearaí na Gníomhaireachta, ina measc ceannairí gach aonad gnó, le chéile ar bhonn seachtainiúil chun saincheisteanna oibríochtúla a phlé. Bualann an fhoireann le chéile ar bhonn míosúil chomh maith chun fóram a chur ar fáil inar féidir aghaidh a thabhairt ar phríomhshaincheisteanna straitéise agus ar shaincheisteanna corparáide coitianta agus ar féidir shineirgí eagraíochtúla a chur i gcrích.

7.13 Maidir le rúndacht eolais, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil oibleagáid ar fhostaithe de chuid gach aonaid ghnó an t-eolas a fhaigheann siad i rith a gcuid oibre a úsáid chun na críocha dá bhfaightear é agus é sin amháin. Níl cead eolas rúnda a roinnt le daoine eile sa Gníomhaíocht ach amháin ar bhonn riachtanais le go mbeidh siad in ann a gcuid dualgas a chur i bhfeidhm. Cuireann an Cód Cleachtais ar Rúndacht agus ar Iompar Gairmiúil d'fhostaithe na Gníomhaireachta (an Cód) na hoibleagáidí sin in iúl do na fostaithe. Ceanglaítear ar fhostaithe gealltanais a shíniú ag lua gur léigh agus gur thuig siad an Cód agus go gcomhlíonfaidh siad na riachtanais atá ann a chuireann teorainn ar eolas a nochtadh.

7.14 Bíonn Cód Cleachtais ar leithligh – Iompar Oifigeach NAMA – i bhfeidhm le fostaithe a shanntar ar NAMA. Tá forálacha sa chód seo atá cosúil leis na cinn i ndáil le heolas rúnda agus coimhlint leasa agus tá sé ceadaithe ag an Aire Airgeadais. Chomh maith leis sin, oibríonn an NDFA faoi Chód Cleachtais do Choimhlint Leasa a Bhainistiú, a cheadaigh an tAire Airgeadais. Cuirtear leis na cóid seo trí oiliúint a dhéanann Oifigeach Comhlíonta na Gníomhaireachta, a chuireann comhairle ar fhostaithe, *inter alia*, maidir lena gcuid oibleagáidí i ndáil le rúndacht agus coimhlint leasa.

7.15 Rinne Accenture athbhreithniú ar fheidhmeanna corparáide na Gníomhaireachta in 2010 agus tá roinnt tionscnamh rialachais eile á meas.

Cuntais na Gníomhaireachta

7.16 Faoi fhorálacha an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, ceanglaítear orm cuntais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus nuair a bheidh mo thuarascáil bhliantúil reachtúil á déanamh agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú a dhéanamh do Dháil Éireann freisin maidir le cruinneas na suimeanna arna dtabhairt chun cuntais ag an nGníomhaireacht sa bhliain.

Conclúid

Iniúchadh cuntais na Gníomhaireachta i gcomhair 2010 agus cuireadh na cuntais, lena n-áirítear cuntas riaracháin agus cuntais a bhaineann leis an bhfiachas náisiúnta, faoi bhráid an Aire a leag cóipeanna díobh os comhair dhá Theach an Oireachtais.

Táim sásta go léiríonn na cuntais idirbhearta na Gníomhaireachta in 2010 mar is ceart chomh maith lena hiarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Tá an Ghníomhaireacht ag cur tuilleadh lena socruithe rialachais faoi láthair, rud a chuirfidh dearbhú agus tacaíocht ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as a mbainistiú.

Tugtar breac-chuntas i gCaibidil 2 ar thoradh bainistithe fiachais na Gníomhaireachta in 2010 agus ar líon agus ar chomhdhéanamh fhiachas náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2010.

Caibidil 8

Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

8.1 Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) i 2001 agus é de chuspóir aige ciste airgid a sholáthar le freastal a dhéanamh ar chuid de chostais na bpinsean leasa shóisialaigh agus seirbhíse poiblí sa todhchaí. Bunaíodh Coimisiún neamhspleách (Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean) leis an CNP a rialú agus a bhainistiú.

8.2 Ní dhearna an Státchiste aon ranníocaíocht do CNP i 2010⁷¹. Rinneadh ranníocaíocht luathaithe, áfach, de €3 bhilliún i 2009 a raibh san áireamh inti roinnt réamh-mhaoinithe do 2010.

Infheistithe faoi Threoir

8.3 I 2009, achtaíodh reachtaíocht⁷² a chuir ar chumas an Aire Airgeadais (an tAire) treoir a thabhairt don Choimisiún infheistiú in institiúidí airgeadais liostaithe nó eisiúintí scaireanna a fhrithghealladh sna hinstiúidí sin. Rinne an tAcht soláthar dó freisin gurbh fhéidir leis an Aire an Coimisiún a stiúradh maidir le bainistiú agus cur de láimh aon infheistithe den chineál seo.

8.4 Faoi dheireadh 2010, go héifeachtach bhí an Coimisiún tar éis glacadh le feidhm fheithicle infheistithe do chuid mhór d'instealladh caipitil an Stáit sna príomhbhainc. Ag an bpointe sin bhí 36% den ghnáthscairchaipiteal i mBanc na hÉireann (BÉ) agus 49.9% de na gnáthscaireanna vótála i mBainc-Aontas Éireann Cpt (BAÉ) i seilbh CNP in éineacht le scaireanna neamhvótála (a ndearnadh gnáthscaireanna díobh ina dhiaidh sin, i Mí Aibreáin 2011).

8.5 Ag 31 Nollaig 2010, bhí 34% d'acmhainní CNP tiomanta do chaipitliú bhainc na hÉireann agus bhí suas le 44% eile leithdháilte do ranníocaíocht an Stáit do Chlár Tacaíochta Airgeadais AE/CAI d'Éirinn. Faoi Aibreán 2011, bhí €10 mbilliún dá phunann infheistíochta lánroghnach athraithe ag CNP go hairgead tirim, airgead a chuir sé i dtaisce le bainc thráchtála na hÉireann, ag feitheamh le tuilleadh teorach ón Aire maidir le conas é seo a infheistiú.

Infheistithe i mBainc

8.6 I Mí Mhárta 2009, treoraíodh an Coimisiún ag an Aire scaireanna tosaíochta BÉ ar luach €3.5 billiún a infheistiú agus i Mí na Bealtaine treoraíodh é le scaireanna tosaíochta BAÉ ar luach €3.5 billiún a infheistiú. I ngach cás is é a bhí i gceist leis an infheistíocht ná scaireanna tosaíochta a íocann díbhinn sheasta neamhcharnach bhliantúil de 8%, faoi rogha an bhainc. Mura n-íoctar an díbhinn in airgead tirim faigheann CNP a luach i ngnáthscaireanna. D'fhéadfaí scaireanna tosaíochta a ainmníodh in aonaid €1 a athcheannach ag an mbanc ar a chostas laistigh de thréimhse na gcéad chúig bliana agus ina dhiaidh sin ag €1.25 an ceann.

8.7 Baineann barántais leis na scaireanna tosaíochta a thugann an rogha gur féidir suibscríobh⁷³ do ghnáthscairchaipiteal sa bhanc. Tá na barántais infheidhmithe aon am idir cúigiú agus deichiú comóradh bliana dháta eisiúna an stoic thosaíochta nó má dhéantar tairiscint don bhanc nó athrú eile rialaithe, cibé acu is luaithe.

8.8 Thug an dá bhanc faoi shocrúithe socrúcháin scaireanna, ar treoraíodh CNP ag an Aire bheith rannpáirteach iontu, le linn 2010. Ina theannta sin, fuair CNP scaireanna breise mar gheall ar dhíbhinní a d'íoc an dá bhanc i bhfoirm gnáthscaireanna.

⁷¹ Rinneadh an ceartú don ráta ranníocaíochta de 1% den Olltáirgeacht Intíre ag an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsú) 2010.

⁷² An tAcht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha 2009.

⁷³ Socraíodh an praghas cleachtaidh do bharántais BÉ ag €0.52 do 177,213,784 scaireanna agus €0.20 do 157,523,364 scaireanna. Ba é praghas cleachtaidh bharántais BAÉ ná €0.975 do 155,780,375 scaireanna agus €0.375 do 138,471,444 scaireanna.

Infheistithe Faoi Threoir 2010

Banc na hÉireann

8.9 I Mí Aibreáin 2010, d'fhógair BÉ plan le caipiteal cothromais ar luach €3.4 billiún a fháil trí eisiúint cheart agus socrúcháin scaireanna. Shóinseáil CNP beagnach 1.7 billiún dá chuid scaireanna tosaíochta agus baineadh úsáid as na fáltais le

- suibscríobh do 576 milliún gnáthscaireanna ag an bpraghas de €1.80 per aonad (€1.04 billiún) agus
- bheith rannpháirteach i gceist na gceart, ag glacadh lena riar iomlán de bheagnach 1,140 milliún scair ag an bpraghas de €0.55 (€627 milliún).

8.10 Leagtar amach an t-infheistiú iomlán i BÉ, a léirítear ar a chostas, i bhFíor 30.

Fíor 30 Infheistithe CNP i mBanc na hÉireann ar a Chostas

Dáta	Infheistiú	Scaireanna Tosaíochta	Gnáthsca ireanna	Iomlán
		Costas	Costas	Costas
		€000	€000	€000
Márta 2009	Scaireanna Tosaíochta	3,500,000	-	3,500,000
Feabhra 2010	Díbhinn íoctha i ngnáthscaireanna ^a	-	250,444	250,444
Aibreán 2010	Sóinseáil na scaireanna tosaíochta go gnáthscaireanna	(1,662,959)	1,662,959	-
Nollaig 2010	Infheistiú ar a chostas	1,837,041	1,913,403	3,750,444

Nóta: a I Mí Feabhra 2010, fuair CNP díbhinn ó BÉ de €250 milliún i bhfoirm ghnáthscaireanna.

Bainc-Aontas Éireann Cpt

8.11 I Mí na Nollag 2010, bhí CNP rannpháirteach i socrúchán scaireanna ag an mbanc agus rinne sé suibscríobh do

- 675 milliún gnáthscaireanna ag an bpraghas de €0.3793 per aonad (€256 milliún) agus
- 10,489 milliún scaireanna carnacha neamhvótála ag an bpraghas de €0.3396 (€3.562 billiún).

8.12 Leagtar amach an t-infheistiú iomlán in BAÉ, a léirítear ar a chostas, i bhFíor 31.

Fíor 31 Infheistithe CNP i mBainc-Aontas Éireann Cpt ar a Chostas

Dáta	Infheistiú	Scaireanna Tosaíochta	Gnáthscaireanna neamhvótála agus carnacha	Iomlán
		Costas €000	Costas €000	Costas €000
Márta 2009	Scaireanna Tosaíochta	3,500,000		3,500,000
Bealtaine 2010	Díbhinne a íoctar i ngnáthscaireanna ^a		280,000	280,000
Nollaig 2010	Gnáthscaireanna neamhvótála agus carnacha ^b		3,818,438	3,818,438
Nollaig 2010	Infheistiú ar a Chostas	3,500,000	4,098,438	7,598,438

Nótaí: a I mBealtaine 2010, d'íoc BAÉ díbhinn do CNP de €280 milliún i bhfoirm gnáthscaireanna.
b 675 milliún gnáthscaireanna agus 10,489 milliún gnáthscaireanna neamhvótála carnacha. Rangaíodh na scaireanna carnacha neamhvótála pari passu leis na gnáthscaireanna ach amháin i gcás na gceart vótála agus rinneadh iad a shóinseáil ina dhiaidh sin go gnáthscaireanna (i Mí Aibreáin 2011).

Toradh na nInfheistithe i 2010

8.13 Le linn 2010, fuair CNP ioncam agus gnóthachain óna infheistiú sna hinstiúidí i bhfoirm eilimintí airgid thirim agus neamhairgid thirim, faoi mar a shraicianaítear i bhFíor 32.

Fíor 32 Ioncam agus Gnóthachain ar Infheistithe i 2010

Ioncam agus Gnóthachain	Banc na hÉireann	Bainc-Aontais Éireann Cpt	Iomlán
	€m	€m	€m
Airgead Tirim			
Táillí Idirbhirt	64.0	65.9	129.9
Cur ar ceal barántas (a eisíodh i gcomhar le scaireanna tosaíochta 2009)	479.0	52.5	531.5
Eile			
Díbhinne (a íoctar i bhfoirm gnáthscaireanna)	250.4	280.0	530.4
Iomlán	793.4	398.4	1,191.8

Luach na nInfheistithe faoi Threoir 2010

8.14 Don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2009, luacháil CNP na hinfheistithe faoi threoir ar a gcostas faoi threoir de chuid an Aire. Ag 31 Nollaig 2010, tar éis treoracha athbhreithnithe ón Aire, rinneadh na hinfheistithe faoi threoir a luacháil ag luach cothrom margaidh. Do na gnáthscaireanna agus do na scaireanna carnacha neamhvótála, glacadh leis an bpraghas margaidh ag 31 Nollaig 2010 mar an luach cothrom margaidh do na scaireanna. Do na scaireanna tosaíochta, nach luaitear ar an margadh, d'fhostaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ar son CNP, Davy Corporate Finance (Davy) le luacháil chothrom mhargaidh a chur ar fáil do shealúchas CNP i scaireanna BÉ agus BAÉ ag 31 Nollaig 2010.

8.15 Ba í conclúid tuarascáil Davy ⁷⁴

- gur laghdaíodh luach scaireanna tosaíochta BÉ faoi thart ar 20.6% ó €1.84 billiún go €1.46 billiún
- gur laghdaíodh luach scaireanna tosaíochta BAÉ faoi thart ar 41.5% ó €3.5 billiún go €2.05 billiún.

8.16 Leagtar amach luach na n-infheistithe faoi threoir ag deireadh Mhí na Nollag 2010 i bhFíor 33. Tuairiscíodh caillteanais neamhréadaithe de €3.7 billiún i gcuntais CNP do 2010.

Fíor 33 Infheistithe faoi Threoir CNP – Luacháil Chothrom Mhargaidh ag 31 Nollaig 2010

	Scaireanna Tosaíochta	Gnáthscaireanna neamhvótála agus carnacha	Iomlán
	€000	€000	€000
Banc na hÉireann			
Costas	1,837,041	1,913,403	3,750,444
Caillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana	(378,431)	(1,200,950)	(1,579,381)
Luacháil Nollaig 2010	1,458,610	712,453	2,171,063
Bainc-Aontais Éireann Cpt			
Costas	3,500,000	4,098,438	7,598,438
Caillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana	(1,452,499)	(689,509)	(2,142,008)
Luacháil Nollaig 2010	2,047,501	3,408,929	5,456,430
Infheistiú Iomlán Faoi Threoir	3,506,111	4,121,382	7,627,493

Forbairtí ó Dheireadh na Bliana

8.17 I Mí Aibreáin 2011, shóinseáil CNP a scairsheilbh charnach neamhvótála i BAÉ go gnáthscaireanna ar bhonn aon d'aon. Tar éis na sóinseála seo bhí 92.8% de ghnáthscairchaipiteal BAÉ i seilbh CNP.

Díbhinní

8.18 I gcéad leath 2011, fuair CNP díbhinní le haghaidh a chuid scaireanna tosaíochta, mar seo a leanas

- Ar 21 Feabhra 2011, d'íoc BAÉ díbhinn dhlite de €214.4 milliún in airgead tirim.
- Ar 13 Bealtaine 2011, d'íoc BAÉ cuid de dhíbhinn dhlite (€280 milliún) i bhfoirm ghnáthscaireanna. Ba é luach na scaireanna sin ná €112.3 million. Glanadh iarmhéid na díbhinne i Mí Iúil 2011, in éineacht le pionós a gearradh as íocaíocht dhéanach na scaireanna, ar luach €8.8 milliún.

⁷⁴ Rinneadh na scaireanna a luacháil bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí – rinneadh scaireanna BÉ a luacháil ag úsáid anailíse sreafa airgid lascainithe de na díbhinní a rabhtas ag súil leo ó na scaireanna tosaíochta. D'fhógair BAÉ go déanach i Mí na Nollag 2010 go raibh siad ag dréim leis go ndéanadh CNP suas le €3.5 billiún dá gcuid scaireanna a shóinseáil go gnáthscaireanna. Chuir luacháil scaireanna tosaíochta BAÉ an fógra seo san áireamh.

Meath luach na ngnáthscaireanna

8.19 Faoi dheireadh Mhí Iúil 2011, bhí luach shealúchas CNP de ghnáthscaireanna an dá bhanc tar éis dul i laghad

- chuaigh gnáthscaireanna BÉ i laghad faoi 72% ó 37.5 cent go 10.5 cent
- chuaigh gnáthscaireanna BAÉ i laghad faoi 67% ó 30 cent go 10 cent.

Infheistithe Breise Faoi Threoir 2011

8.20 I Mí Feabhra agus i Mí Aibreáin 2011, d'eisigh an tAire dhá threoir do CNP seilbh a bheith aige ar €10 billiún in airgead tirim nó in ionstraimí fiachais san iomlán⁷⁵. Dhearbhaigh an tAire gurbh é cuspóir na dtreoracha seo ná ranníocaíocht bheartaithe a éascú de €10 mbilliún ó CNP go Clár AE/CAI Tacaíochta Airgeadais d'Éirinn.

8.21 Faoi bhun na dtreoracha seo, leachtaigh CNP sócmhainní óna phunann lánroghnach ar luach €5.5 billiún i Mí Feabhra 2011 agus €4.5 billiún i Mí Aibreáin 2011. Cuireadh an t-airgead tirim i dtaisce, faoi threoir an Aire arís, le bainc thráchtála de chuid na hÉireann.

8.22 I Mí Iúil 2011, faoi threoracha breise ón Aire, infheistíodh an €10 billiún a bhí i dtaisce le bainc thráchtála de chuid na hÉireann i mBAÉ agus BÉ.

- Infheistíodh €5 billiún i ngnáthscairchaipiteal BAÉ, rud a thug scairsheilbh CNP go 99.83% agus rinneadh ranníocaíocht chaipitil de €3.77 billiún do BAÉ.
- D'fhrithgheall CNP eisiúint cheart ag BÉ agus bhain sé leas as na cearta a bhain lena scairsheilbh de 36% ag costas iomlán de €1.23 billiún.

8.23 Ar 24 Iúil 2011, thug an tAire treoir do CNP cuid dá scairsheilbh a dhíol i BÉ, tar éis na heisiúna ceart do ghrúpa scairshealbhóirí institiúideacha. Dhearbhaigh CNP go ndéanfaidh an t-idirbheart seo fáiltais do CNP de €1.05 billiún. Tar éis an idirbhearta, beidh scairsheilbh de 15% ag CNP i mBÉ.

Aistrithe na Sócmhainní Pinsin

8.24 Faoi Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 aistríodh sócmhainní ó chistí pinsin comhlachtaí Stáit neamhthráchtála agus ollscoileanna áirithe le linn 2009 agus 2010 do CNP. Faoi 31 Nollaig 2010 bhí sócmhainní ar luach carnach de €2.1 billiún aistrithe. Leagtar amach foinse na sócmhainní a aistríodh i bhFíor 34. Tá na scéimeanna pinsin a bhaineann leis na cistí a aistríodh i bhfeidhm i gcónaí do na baill atá ann cheana, gan aon iarmhairt a bheith le sonrú ar leasa nó ar fhorálacha gaolmhara do na baill. Íocfar gach costas pinsin sa toadhchá, sa chéad dul síos, ag an gcomhlacht Stáit nó ag an ollscoil ábhartha agus nuair a bhainfear lánúsáid as gach ranníocaíocht reatha íocfar iad le cabhair deontais ón Oireachtas.

8.25 Rinneadh sócmhainní na gcistí pinsin a aistríodh chuig an gCoimisiún i 2009 a luacháil ag €1 billiún agus rinneadh sócmhainní shé chiste pinsin eile a aistríodh i 2010 a luacháil ag €1.1 billiún. Leagtar amach luach gach ciste a aistríodh i bhFíor 34.

⁷⁵ Riachtanas a bhí ann go ndéanfaí a leithéid d'ionstraimí a eisiúint nó a ráthú ag rialtais limistéar an Euro agus go ndéanfaí iad a ghrádú AA nó níos fearr le haibíocht i 2012.

Fíor 34 Na Sócmhainní Pinsin a Aistríodh do CNP i 2009 agus 2010

Comhlacht Stáit / Ollscoil atá Freagrach	Luach €m
2009	
An Chomhairle Ealaíon	2.5
Bord Bia	15.7
An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta	32.9
FÁS	364.6
Forfás	186.3
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad	58.5
Forbairt Shionainne	52.3
Coláiste na Tríonóide, BÁC	280.5
2010	
ITES	17.2
an Foras Riaracháin	24.7
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann	6.2
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh	215.7
Coláiste na hOllscoile, BÁC	501.6
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	313.7
Luach na gCistí a Aistríodh	2,072.4

Luach CNP

8.26 Ba é luach CNP ná €22.7 billiún ag 31 Nollaig 2010 (2009: €22.3 billiún), mar a raibh i gceist infheistithe lánroghnacha le luach margaidh de €15.1 billiún agus infheistithe faoi threoir de €7.6 billiún. Leagtar amach an ghluaiseacht i CNP don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2010 i bhFíor 35.

Fíor 35 Gluaiseacht i Luach CNP do 2010

	€m
Luach CNP ag 1 Eanáir 2010	22,336
Gluaiseachtaí	
Sócmhainní a aistríodh ó scéimeanna pinsin	1,079
Ioncam agus gnóthachain ar infheistithe lánroghnacha	1,824
Ioncam agus gnóthachain ó infheistithe faoi threoir	1,192
Caillteanas neamhréadaithe ar infheistithe faoi threoir	(3,721)
Costais chánachais agus riaracháin	(23)
Athrú Luacha i CNP (aistrithe sócmhainne san áireamh)	351
Luach CNP ag 31 Nollaig 2010	22,687
Is é atá i gceist le sócmhainní CNP ná:	
Infheistithe Lánroghnacha	15,060
Infheistithe Faoi Threoir	7,627
	22,687

Conclúid

Rinneadh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) a luacháil ag €22.7 billiún ag deireadh 2010.

Suas go deireadh 2010, d'infheistigh CNP, faoi bhun teoracha ón Aire Airgeadais, suim chomhiomlán de €11.35 billiún in dhá phríomhbhanc na hÉireann, Bainc-Aontais Éireann Cpt agus Banc na hÉireann. Chuimsigh sin athinfheistiú de €0.53 billiún de dhíbhiní a fuarthas i bhfoirm ghnáthscaireanna.

Ag deireadh 2010, de thoradh ar chaillteanas bearnaithe de €3.7 billiún, bhí luach na n-infheistithe faoi threoir seo tar éis titim go €7.6 billiún.

I 2011, bearnaíodh luach na n-infheistithe faoi threoir tuilleadh. Faoi dheireadh Mhí Iúil 2011, bhí luach na ngnáthscaireanna a bhí inár seilbh mar chuid de na hinfheistithe tar éis titim ó luachanna dheireadh Mhí na Nollag 2010 faoi 67% (Bainc-Aontas Éireann cpt) agus 72% (Banc na hÉireann).

I 2011, d'infheistigh CNP díbhinn de €288 milliún a fuarthas i bhfoirm ghnáthscaireanna ó Bhainc-Aontas Éireann cpt agus leachtaigh sé €10 mbilliún de shócmhainní ina phunann lánroghnach. Chuir CNP an t-airgead tirim seo i dtaisce i mbainc thráchtála de chuid na hÉireann, ag feitheamh le tuilleadh teoracha ón Aire Airgeadais.

I Mí Iúil 2011, threoraigh an tAire Airgeadais go ndéanfaí na €10 mbilliún a infheistiú i mBainc-Aontas Éireann cpt agus i mBanc na hÉireann, agus go ndíolfadh CNP scaireanna ar luach €1.05 billiún i mBanc na hÉireann do ghrúpa infheisteoirí institiúideacha.

Caibidil 9

Soláthar Poiblí

Soláthar Poiblí

9.1 Léirítear le meastacháin arna n-ullmhú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn) gurbh é thart ar €9 billiún an t-iomlán caiteachais phoiblí ar earraí agus seirbhísí a fháil in 2010, agus caitheadh €6 billiún eile ar oibreacha caipitil (féach Fíor 36).

Fíor 36 Caiteachas Bliantúil Measta ar Sholáthar Poiblí de réir Earnála

Réimse caiteachais	2009	2010
	€ bn	€ bn
An earnáil sláinte ^a	4.70	4.60
An earnáil rialtais láir ^b	2.00	1.95
An earnáil rialtais áitiúil	1.70	1.60
An earnáil oideachais	0.90	0.90
Soláthar earraí agus seirbhísí uile	9.30	9.05
Oibreacha caipitil	7.00	6.00
Soláthar poiblí iomlán	16.30	15.05

Foinse: Meastacháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Nótaí: a Tá caiteachas a bhaineann le drugaí agus cógais agus le táillí dochtúirí teaghlaigh agus poitigéirí san áireamh ansin.

b Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, lena n-áirítear Óglaigh na hÉireann agus an Garda Síochána.

9.2 Ní mór do chomhlachtaí poiblí earraí agus seirbhísí a fháil de réir riachtanais rialála náisiúnta agus AE. Chomh maith leis sin, tá dualgas ar ghníomhaireachtaí de chuid an Rialtais, faoi threoir arna heisiúint ag an Roinn, próiseas iomaíoch a leanúint, a rachfar ina bhun ar shlí oscailte, oibiachtúil agus thrédhearcach.

9.3 Tá an Roinn freagrach, ar leibhéal straitéiseach, as treoir straitéiseach leathan a leagan amach le haghaidh soláthar a chur i bhfeidhm. Déantar é sin trí Aonad Bheartas Soláthair Náisiúnta na Roinne (NPPPU), atá freagrach as beartas fála poiblí náisiúnta, reachtaíocht agus athchóiriú fála foirgníochta

9.4 Bunaíodh Seirbhís Soláthair Náisiúnta (NPS)⁷⁶ i Márta 2009 laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Is iad seo a leanas cuspóirí na Seirbhíse

- comhaontuithe creata náisiúnta a bhunú trína bhféadfaidh gach roinn agus oifig Rialtais láir, gach gníomhaireacht agus comhlacht poiblí neamhthráchtála earraí agus seirbhísí a úsáidtear de ghnáth a fháil ar shlí níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus ar luach níos fearr ar airgead
- comhairle soláthair ghairmiúil a chur ar rialtas láir agus ar chomhlachtaí neamhthráchtála na hearnála poiblí
- bearta oiliúna agus oideachais soláthair spriocdhírithe agus creidiúnaithe a fhorbairt agus
- r-sholáthar láithreánbhunaithe a fhorbairt tuilleadh.

⁷⁶ Is é an tAonad Náisiúnta Oibríochtaí Soláthair Poiblí teideal an NPS ar dtús

Béim na Caibidle

Sa chaibidil seo, díreann ar

- an dul chun cinn atá déanta ag an tSeirbhís Soláthair Náisiúnta maidir le tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun luach níos fearr a bhaint amach agus earraí agus seirbhísí á bhfáil
- na torthaí i bhfeachtas laghdaithe caiteachais soláthair ar cuireadh tús leis in 2009
- an méid soláthair neamhiomaíoch a ndeachaigh ranna rialtais ina bhun in 2010
- torthaí athbreithnithe iniúchta maidir le cur i bhfeidhm príomhnósanna imeachta i ndáil le rialacha agus rialacháin soláthair
- athbhreithniú de thorthaí ginearálta maidir le soláthar neamhiomaíocht san earnáil phoiblí i gcoitinne.

Chun críche tagartha, is iad na teidil a úsáidtear sa chaibidil seo na cinn a bhí i bhfeidhm in 2010. Ach, aistríodh feidhmeanna na Roinne Airgeadais sa réimse sin chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tionscnaimh na Seirbhíse Soláthair Náisiúnta

9.5 Tá réimse freagrachta leathan ag an NPS ina chuimsítear gníomhaireachtaí rialtais láir, comhlachtaí Stáit neamhthráchtála, comhlachtaí earnála sláinte (lena n-áirítear an HSE), institiúidí oideachais tríú leibhéal agus rialtas áitiúil. Tá an t-aonad freagrach as ceannach earraí agus seirbhísí a bhaineann le gach réimse den tseirbhís phoiblí m.sh. trealamh oifige, troscán agus feistis, breosla, leictreachas, gás nádúrtha, priontáil, páipéarachas agus soláthairtí oifige, tomhaltáin ICT, éidí, taisteal agus flíteanna iompair, a bhainistiú. Déanann na ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí fáil nithe a bhaineann go sáinúil le hearnálacha (mar drugaí, soláthairtí liachta agus trealamh míleata) a bhainistiú.

9.6 Tá an NPS ag cur lena foireann agus amhail lár mhí Iúil 2011, bhí foireann 34 WTE fostaithe san aonad. Tá sé cheannaitheoir nua earcaithe le bliain anuas trí chomórtas oscailte arna réachtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Meastar san NPS go mbeidh beagnach foireann iomlán ann go luath in 2012.

9.7 Tá naisc bunaithe idir an NPS agus Rannóg Conarthaí Tráchtála Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO), a fhreastalaíonn do riachtanais ranna rialtais láir maidir le comhairle dlí a bhaineann le fáil. Tá sraith cáipéisí gnáthchomórtais tairisceana agus chonartha forbartha ag an NPS, i gcompháirtíocht leis an CSSO agus le hOifig an Ard-Aighne, a cuireadh ar fáil do gach roinn, oifig agus gníomhaireacht rialtais i Meitheamh 2011. Tá beirt aturnaetha earcaithe sa CSSO agus tá siad ar iasacht le hobair san NPS ar bhonn lánaimseartha.

9.8 Bhí buiséad de €769,000 ag an NPS do chaiteachas neamhfhoirne le haghaidh 2010, agus cuireadh €496,000 i ngníomh. Ba é an phríomhchúis don ghannchion i gcaiteachas ná nár cuireadh an comórtas d'athsholáthar an láithreáin ghréasáin eTenders i gcrích in 2010.⁷⁷

⁷⁷ Forbraíodh www.eTenders.gov mar chuid de straitéis Rialtas na hÉireann chun r-Fháil a chur i bhfeidhm in earnáil phoiblí na hÉireann. Tá an láithreán gréasáin leagtha amach le bheith ina shaoráid lánach d'údarais chonartha uile na hearnála poiblí chun deiseanna soláthair agus fógraí bronnata a fhógairt

Aidhmeanna Straitéiseacha le haghaidh an NPS

9.9 I Ráiteas Straitéise 2010-2012 an NPS, leagtar amach an cur chuige a ghlacfar ina chéad bhlianta ar an bhfód. Tá trí aidhm ag an tseirbhís. Leagtar amach i bhFíor 37 na haidhmeanna sin agus na gnóthachtálacha in 2010.

Fíor 37 Aidhmeanna agus Gnóthachtálacha Tuairiscithe NPS le haghaidh 2010

Aidhmeanna Straitéiseacha	Gnóthachtálacha 2010
Éifeachtúlacht gach gníomhaíochta foinisithe agus luach ar airgead uathu a uasmhéadú, rud a chuirfidh ar chumas cliaint na seirbhíse poiblí rochtain a fháil ar earraí agus seirbhísí ar ardchaighdeán chun tacú lena bpróisis ghnó.	Rinneadh anailís ar chatagóirí soláthair chun a n-oiriúnacht d'idirghabháil NPS a mheas. Cuireadh 35 conradh agus creat-chomhaontú i bhfeidhm feadh catagóirí soláthair agus margaidh éagsúla.
Soláthar deiseanna foghlama, forbartha agus teoracha a éascú a chuideoidh leo siúd a bheidh ag soláthar agus soláthraithe poitéinsiúla scileanna cuí a fhorbairt lena chur ar a gcumas oibriú a mhéad agus is féidir leo i ngach gnó a bhaineann le soláthar.	Cuireadh roinnt tionscnamh oiliúna ar fáil le haghaidh ceannaitheoirí agus soláthraithe. Forbraíodh agus scaipeadh cáipéisí soláthair agus ábhar teorach caighdeánach agus é mar aidhm leis sin fáil ó chomhlachtaí poiblí eile i gcatagóirí nach gcuimsíonn an NPS a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.
A chinntiú go mbeidh ardán r-Sholáthar den chéadscóth ar fáil le go mbeidh feachtais soláthair chomh feiceálach agus is féidir.	Tá tús á chur le comórtas chun an láithrean gréasáin eTenders a athsholáthar.

Foinse: Ráiteas Straitéise 2010-2012 an NPS

9.10 Leagtar amach roinnt táscairí feidhmíochta sa Ráiteas Straitéise atá curtha i bhfeidhm ag an NPS. Tá mionsonraí na mbeart feidhmíochta in Iarscríbhinn A.⁷⁸

Na Príomhréimsí Caiteachais

9.11 Rinne an NPS suirbhé ar chomhlachtaí poiblí, agus iarradh orthu a 'mbarr 30' soláthraí earraí agus seirbhísí in 2009 a thuairisciú. Iarradh ar chomhlachtaí catagóir na n-earraí agus seirbhísí soláthairte a chur in iúl chomh maith. Dhírigh an suirbhé ar 310 comhlacht poiblí i ndáil le 2009⁷⁹ agus faoi dheireadh Mheitheamh 2011, bhí freagra faighte ó 257 comhlacht (83%). Cuireadh catagóirí earraí agus seirbhísí áirithe as an áireamh ó scóip an tsuirbhé i.e. táillí gairmiúla, gníomhaíochtaí a bhain le foirgníocht, costais a bhain le maoin a cheannach agus a thógáil ar cíos agus gach costas párolla.

9.12 Chomhbhailigh an NPS torthaí an tsuirbhé de réir an chineáil chaiteachais. Léirítear na catagóirí caiteachais i bhFíor 38 a bhí mar thoradh air sin, áit arbh ionann an comhchaiteachas agus €50 milliún nó níos mó in 2009. Ba iad réimsí na soláthairtí liachta, na ríomhaireachta, breosla agus uisce na réimsí ar bhain an caiteachas is mó leo.

⁷⁸ Tuairisceoidh an NPS, mar aonad den OPW, ar dhul chun cinn i ndáil le gach táscaire feidhmíochta sa ghnáthchúrsa trí Thuarascáil Bhliantúil an OPW.

⁷⁹ Is é suirbhé 2009 an tsuirbhé is cothrom le dáta atá ar fáil.

Fíor 38 Na Príomhréimsí Caiteachais (níos mó na €50 milliún) arna dtuairisciú ag Comhlachtaí Poiblí laistigh de réimse freagrachta an NPS le haghaidh 2009

Catagóir Soláthair	€m
Soláthairtí liachta	352
Tomhaltáin ICT agus IT	235
Breosla	173
Uisce	101
Árachas	85
Fearas agus Trealamh	56
Teileafónaíocht	53
Cothabháil ghinearálta ^a	53

Foinse: Anailís na Seirbhíse Soláthair Náisiúnta.

Nóta: a Tá athchóiriú, tírdhreachadh agus comharthaíocht san áireamh ansin.

9.13 D'fhéadfadh an NPS anailís níos úsáidí ar chaiteachas a bhaint amach trína shuirbhé bliantúil a dhéanú ar chatagóirí caiteachais ar earraí agus seirbhísí seachas ar sholáthraithe móra. Trí shonraí ar an gcaiteachas go léir de réir catagóire a bhailiú, bheifí in ann straitéisí optamacha a fhorbairt maidir le soláthar ó sholáthraithe in earnálacha ina bhfuil níos mó iomaíochais nó scaipeadh níos éagsúlaithe – mar táillí glantacháin, slándála agus gairmiúla - chomh maith le straitéisí soláthair in earnálacha ina bhfuil líon teoranta soláthraithe a fhreastalaíonn don chuid is mó den éileamh.

Creatchomhaontuithe a Fhorbairt

9.14 Cur chuige eile de chuid an NPS is ea creatchomhaontuithe náisiúnta a fhorbairt i bpríomhréimsí mar shlí chun tionchar a imirt ar sholáthar poiblí. Leagtar amach an coincheap ginearálta a bhaineann le creatchomhaontuithe in Iarscríbhinn B. Tá creatchomhaontuithe oscailte le húsáid ag comhlachtaí poiblí agus gníomhaireachtaí. Ach is faoin eagraíocht aonair atá sé na comhaontuithe a úsáid nó gan iad a úsáid.

9.15 Aithníodh na catagóirí caiteachais seo a leanas mar réimsí atá oiriúnach le haghaidh comhaontuithe

- páipéarachas (lena n-áirítear páipéar agus tomhaltáin ICT)
- leictreachas
- gás nádúrtha
- Gás Leachtach Peitiriliam (LPG)
- seirbhís priontála bainistithe agus
- catagóirí mótarfheithiclí áirithe.

9.16 Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí líon iomlán de 41 creatchomhaontú agus conradh curtha i bhfeidhm ag an NPS ó bunaíodh é. Cuireadh 35 de na socruithe sin i bhfeidhm in 2010, lena n-áirítear creataí leictreachais agus gás nádúrtha, le comhluach bliantúil measta de €400 milliún. Chlúdaigh creatchomhaontuithe eile breosla uathghluaisneach a cheannach trí chártaí muirir a úsáid, breosla leachtach/LPG a sholáthar agus creatchomhaontú maidir le fógraíocht Stáit. Chlúdaigh na conarthaí eile a chuir an NPS i bhfeidhm raon leathan earraí agus seirbhísí idir chomhaontú conartha tarraingthe anuas do charranna don Gharda Síochána agus comhlachtaí poiblí eile (luach bliantúil measta de €4.6 milliún) agus chonarthaí beaga do phriontáil (m.sh. foirmeacha P35 na gCoimisinéirí Ioncaim a phriontáil ar luach measta de €85,000), raon conarthaí chun éidí agus bróga a chur ar fáil agus conradh le haghaidh láithreán gréasáin nua a fhorbairt don NPS.

9.17 Tá clásal ‘monatóireachta conartha’ i ngach creatchomhaontú agus conradh de chuid an NPS, ina bhfuil de dhualgas ar na soláthraithe tuairisc a thabhairt ag idirthréimhsí rialta agus mar a éilítear maidir le gnéithe mar úsáid, praghsanna agus dul in éag conarthaí.

Bearta Ginearálta arna nGlacadh ag an NPS

9.18 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go ndeachaigh an NPS i mbun raon beart le linn 2010 a leagadh amach chun fáil fhoriomlán na gcomhlachtaí poiblí a fheabhsú

- Bhunaigh an NPS líonraí d'oifigigh soláthair seirbhíse poiblí chun sineirgí a ghiairíl i réimsí margaidh iomchuí d'fhonn cur chuige níos comhoibríthí a spreagadh maidir le fáil sa tseirbhís phoiblí.
- Bhunaigh an NPS Bord Comhairleach comhdhéanta de shaineolaithe as na hearnálacha poiblí, príobháideach agus acadúil le rochtain ar thaighde agus eolas reatha i ngach gné do sholáthar a chinntiú.
- Rinne an NPS trí ollseimineár a óstáil ó 2009 chun cuidiú tuilleadh le hoideachas agus forbairt na n-oifigeach soláthair sa tseirbhís phoiblí. Is ócáidí tábhachtacha iad na himeachtaí sin le haghaidh na n-oifigeach sin ar mian leo tuilleadh a fhoghlaim faoi phróisis soláthair agus ar mian leo a gcleachtais soláthair a thagarmharcáil in aghaidh cleachtais eagraíochtaí eile.
- Agus an gá aitheanta atá lena chinntiú go mbeadh soláthraithe sa mhargadh feasach ar nósanna imeachta soláthair sa tseirbhís phoiblí, d'óstáil nó bhí an NPS rannpháirteach i 28 imeacht oideachais do sholáthraithe agus ceannaitheoirí, ina rabhtas idirghníomhach le tuairim is 500 SME.
- Shínigh an NPS conradh chun láithreán gréasáin corparáideach⁸⁰ nua a bhunú chun cumarsáid le ceannaitheoirí mar aon le soláthraithe seirbhíse poiblí a neartú tuilleadh. Beidh an láithreán sin mar phointe eolais aonair maidir le saincheistean na soláthair seirbhíse poiblí.
- Bhí teagmháil ag an NPS lena contrapháirteanna san Eoraip in 2010 maidir le saincheistean na eagsúla a bhaineann le rialacha agus treoracha fála ón AE.

Conclúid – An tSeirbhís Fála Náisiúnta

Bhí moill ar bhunú an NPS. Ach faoi dheireadh na bliana 2010, bhí aidhmeanna straitéiseacha na seirbhíse leagtha amach, leagadh amach spriocanna dúshlánacha agus cuireadh tús leis na réimsí caiteachais sin a chaithfear a dhíriú orthu a aithint. Sa chéad chéim eile d'fhorbairt na seirbhíse, caithfear a chinntiú go nglacfar na cur chuigí cuí maidir le soláthar sna réimsí mórchaiteachais agus go ndéanfar monatóireacht ar úsáid na gcreatchomhaontuithe.

D'fhéadfaí anailís an NPS ar mhórchatagóirí caiteachais a fheabhsú dá ndéanfaí an caiteachas go léir i gcatagóir a chomhbhailiú. I láthair na huaire, díritear an t-athbhreithniú ar na mórsholáthraithe.

⁸⁰ Is é www.procurement.ie an láithreán gréasáin.

An Tionscnamh Laghdaithe Caiteachais

9.19 Bhí an Rialtas, in 2009, ag iarraidh caiteachas a laghdú suas le 8% ar conarthaí do na hearraí agus seirbhísí go léir arna gceannach ag ranna rialtais, gníomhaireachtaí, oifigí, institiúidí tríú leibhéal agus údaráis áitiúla. Bhí na coigiltí soláthair le baint amach trí laghdú i bpraghsanna agus/nó sa mhéid a ceannaíodh.

9.20 I mBealtaine 2009, d'iarr an NPS ar chomhlachtaí tuairisc mhíosúil a dhéanamh amach ina liostófaí na conarthaí go léir le haghaidh earraí agus seirbhísí a sholáthar ar luach níos airde ná €100,000, ag tosú i Meitheamh 2009 agus ina léireofaí an choigilt chomhaontuithe maidir le gach conradh. Ní raibh caiteachas ar tháillí gairmiúla⁸¹ san áireamh ansin ná ar ghníomhaíochtaí a bhain le foirgníocht.

9.21 Ba €25 milliún an chéad sprioc a leagadh síos mar choigilt a bhí le baint amach tríd an tionscnamh in 2009. Tuairiscíodh coigilt de €29.3 milliún i ndáil le conarthaí a bhí ann cheana féin in 2009. In 2010, tuairiscíodh coigilt bhreise de €8.8 milliún faoin tionscnamh. Baineadh an méid sin amach trí iarraidh go seasta ar chomhlachtaí laghdú suas le 8% a idirbheartú ar gach conradh i ndáil le hearraí agus seirbhísí os cionn €100,000 ab fhéidir é a dhéanamh ina leith go dlíthiúil.

9.22 Meastar san NPS, gur bhain comhlachtaí poiblí coigilt mhór amach, chomh maith leis an gcoigilt a tuairiscíodh i ndáil le conarthaí a bhí ann cheana féin, trí phróisis atairisceana i ndáil le hearraí agus seirbhísí agus trí dhul isteach i socruithe conartha nua ag praghsanna níos ísle. Níl tionchar na mbeart sin cáinníochtaithe.

9.23 Laghdaíodh buiséid soláthair go mór feadh na seirbhíse poiblí in 2009 agus 2010. In 2010, laghdaíodh buiséid soláthair €39 milliún.

9.24 Meastar an Tionscnamh Laghdaithe Caiteachais a bheith dúnta anois.

Conclúid – An Tionscnamh Laghdaithe Caiteachais

Bhí coigilt thuairiscithe de €38 milliún a baineadh amach trí laghduithe i bpraghsanna mar thoradh ar fheachtas chun caiteachas a laghdú i réimse an tsoláthair ar cuireadh tús leis in 2009. Laghdaíodh an buiséad foriomlán soláthair €39 milliún in 2010.

Creidtear san NPS gur baineadh amach an choigilt bhreise trí atairiscint agus conarthaí nua ag praghsanna níos íomaíche ach níl an choigilt sin cáinníochtaithe.

⁸¹ Iarradh laghdú 8% i leibhéal na dtáillí gairmiúla, lena n-áirítear táillí arna n-íoc le gairmithe de chuid na hearnála sláinte, i dtionscnamh ar leithligh de chuid na Roinne.

Soláthar gan Phróiseas Iomaíoch

9.25 Leagtar ceanglais fógraíochta agus nósanna imeachta i ndáil le conarthaí os cionn tairseach luacha áirithe i dtreoracha ón AE nach mór do gach comhlacht poiblí a bhfuil baint acu le soláthar a fheidhmiú. Tá na nósanna imeachta seo a leanas infheidhme do chonarthaí nó ceannacháin faoi na tairseacha luacha

- féadfar soláthairtí nó seirbhísí ar chostas níos lú ná €5,000 a cheannach ar bhonn meastachán ó bhéal ó sholáthraí iomaíoch amháin nó níos mó
- ba chóir conarthaí le haghaidh soláthraithe nó seirbhísí ar luach idir €5,000 agus €25,000 a bhronnadh ar bhonn freagraí ar shonraíochtaí arna seoladh ar facs nó ríomhpóst chuig triúr soláthraithe nó soláthróirí seirbhísí ar a laghad
- ba chóir earraí agus seirbhísí ginearálta ar luach ionchais de €25,000 nó níos mó a fhógairt ar láithreán gréasáin eTenders.⁸²

9.26 Ceadáítear socruithe eisceachtúla faoi rialacha náisiúnta agus AE in imthosca teoranta. I gCiorclán 40/2002 de chuid na Roinne, leagtar amach an cúrsa atá le leanúint sa chás go mbíonn sé i gceist ag ranna agus oifigí Rialtais conarthaí ar luach níos mó ná €25,000 (gan VAT san áireamh) a bhronnadh gan phróiseas iomaíoch. Ní mór ráiteas bliantúil (40/2002) a ullmhú i ndáil leis na conarthaí sin, ina dtabharfar mionsonraí an tsoláthraí, nádúr an chonartha, a luach agus na cúiseanna nár leanadh próiseas iomaíoch. Ní mór cóip den ráiteas sin a chur faoi bhráid m'Oifigse agus na Roinne faoi 31 Márta na bliana dar gcionn.

Tuairisceán Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

9.27 Tá tuairisceán 40/2002 ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus mo bharúlacha ina leith san áireamh i gCaibidil 42, Soláthar sa HSE.

An Méid Soláthair Neamhiomaíoch

9.28 Léirítear leis na tuairiscéáin bhliantúla 40/2002 le haghaidh 2010 go ndearnadh íocaíochtaí faoi 469 conradh a tugadh chun críche gan chomórtas soláthair iomaíoch. Ba €75.4 milliún luach iomlán na gconarthaí a tuairiscíodh le haghaidh 2010. Laghdaigh líon na n-íocaíochtaí fála neamhiomaíocha a tuairiscíodh beagán in 2010 i gcoibhneas le 2009. Mar sin féin, d'ardaigh luach na gconarthaí sin €6.3 milliún.

9.29 Léiríonn Fíor 39 líon na gconarthaí agus an caiteachas iomlán conartha nochtta sna tuairiscéáin rannacha.

⁸² Ciorclán Roinne 10/10, Rannpháirtíocht SME i Soláthar Poiblí a Éascú, Lúnasa 2010.

Fíor 39 Conarthaí Tuairiscithe a Bronnadh gan Chomórtas, 2009 agus 2010

Roinn nó Oifig ^a	Líon na gCásanna		Caiteachas Conartha Iomlán	
	2009	2010	2009	2010
			€m	€m
Cosaint ^b	40	62	4.2	15.1
Seirbhís Príosún na hÉireann	154	124	22.0	14.0
Dlí agus Ceart agus Athchóiriú Dlí	44	45	5.7	9.6
Oifig na nOibreacha Poiblí	11	18	0.9	6.8
Oideachas agus Scileanna	3	4	1.2	5.4
An Garda Síochána ^c	62	33	8.1	5.3
An tSeirbhís Chúirteanna	20	30	1.9	3.6
An HSE ^d	26	50	4.2	3.5
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	2	7	0.2	3.2
Gnóthaí Eachtracha	3	3	0.2	1.7
Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia	10	22	5.5	1.4
Turasóireacht, Cultúr agus Spórt	9	5	1.2	1.0
Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht	11	13	1.0	1.0
Eile	78	53	13.1	3.8
Iomlán	473	469	69.1	75.4

Foinse: Tuairisceáin Chiorcláin 40/2002 le haghaidh 2010 a fuair m'Oifigse, lena n-áirítear tuairisceáin ina dhiaidh sin a fuarthas i ndiaidh 31 Márta 2011 i ndáil leis an Roinn Cosanta agus an Oifig Luachála.

Nótaí: a Rinne ranna agus oifigí ocht dtuairisceán neamhní in 2010 agus rinne ranna agus oifigí 14 tuairisceán neamhní in 2009.

b Tá roinnt conarthaí le haghaidh trealamh cosanta áirithe díolmhaithe ó théarmaí an Chiorcláin 40/2002.

c Rinneadh an tuairisceán ón nGarda Síochána a choigeartú chun conradh a bhí i bpróiseas tairisceana iomaíoch a eisiamh agus nár chóir dá bhrí sin é bheith curtha san áireamh ar an tuairisceán 40/2002.

d Tá sonraí 2010 bunaithe ar an tuairisceán ón HSE a fuair m'Oifigse i Meitheamh 2011. Rinneadh an tuairisceán a choigeartú chun conarthaí a tuairiscíodh go mícheart a eisiamh – naoi n-íocaíocht deontais agus conradh dublach. Déileáiltear le conarthaí a fhágtar ar lár go mícheart i gCaibidil 42.

9.30 Thuairiscigh Seirbhís Príosún na hÉireann (IPS) an leibhéal conarthaí ab airde a bronnadh gan phróiseas iomaíoch le caiteachas de €14 milliún ar 124 conradh in 2010. Is laghdú é sin ar leibhéal 2008 agus 2009. Léirigh an IPS go bhfuiltear i mbun tairiscintí a chur i gcrích i ndáil le 71 socrú soláthair eile, rud a chóir na leibhéil a laghdú tuilleadh in 2011. Luaigh an IPS go bhfuiltear ag obair go dlúth leis an NPS ar roinnt chomh-thairiscintí ar chóir luach níos fearr ar airgead a fháil uathu i ndáil le soláthar amach anseo.

9.31 Thuairiscigh an Roinn Cosanta 62 cás a bronnadh gan phróiseas iomaíoch le caiteachas de €15.1 milliún in 2010. Tugadh an conradh ba luachmhaire, arbh fhiú €6.4 milliún é, le cuideachta a measadh a bheith mar an soláthraí aonair i Sead a raibh an cumas riachtanach aige cuidiú le pearsanra agus trealamh míleata a athdhúichiú as an Sead go hÉirinn nuair a rachadh sainordú an mhisin in éag an 15 Márta 2010. Chuir an Roinn Cosanta éileamh faoi bhráid na Náisiún Aontaithe i Meitheamh 2011 ar chúiteamh do mhéid de €6.4 milliún i ndáil le caiteachas athdhúichithe.

Cúiseanna le Soláthar Neamhiomaíoch

9.32 Leagtar amach i bhFíor 40 na príomhchúiseanna a thug ranna agus oifigí sna tuairisceáin mar mhíniú nár úsáideadh próisis iomaíocha. Ba sa chatagóir ‘soláthraí oiriúnach singil’, a bhí an t-ardú ba shuntasáí i luach in 2010. Leagtar amach léiriú maidir leis an seasamh i ndáil le mór-eisceachtaí in Iarscríbhinn C.

Fíor 40 Cúiseanna nár Úsáideadh Próisis Iomaíocha, 2009 agus 2010

Cúis	Líon na gcásanna		Luach na gconarthaí	
	2009	2010	2009	2010
			€m	€m
Práinn	16	12	2.5	3.6
Ceannach earraí dílsithe	94	91	17.3	14.2
Síneadh/tar-rolladh conradh a bhí ann cheana féin	109	114	16.7	19.4
Sain-seirbhís/taithí le déanaí leis an soláthraí	56	45	10.1	4.4
Soláthraí oiriúnach singil	85	92	9.8	25.3
Cúrsaí slándála	13	7	2.6	1.5
Cúiseanna eile	100	108	10.1	7.0
Iomlán	473	469	69.1	75.4

Foinse: Anailís Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar thuairisceáin Chiorcláin 40/2002.

Iomláine na dTuairisceán

9.33 Aithníodh in iniúchadh 2010 ar na cuntais leithreasa 20 conradh neamhiomaíoch arbh fhiú €4.3 milliún ina n-iomlán iad nár cuireadh san áireamh ar na tuairisceáin 40/2002 le haghaidh 2010. Leagtar amach réim na gcásanna a thugtar ar aird i bhFíor 41. Léiríonn sé 6% (de réir luacha) de na cásanna a tuairiscíodh agus níl sé féin iomlán mar gheall ar chomh neamhphraiticiúil is atá sé gach cás a athbhreithniú le linn iniúchta.

9.34 Chomh maith le neamh-áireamh conarthaí áirithe le haghaidh earraí agus seirbhísí, níl aon chonarthaí a bhaineann le seirbhísí baincéireachta ná le seirbhísí íocaíochta gníomhaireachta san áireamh i dtuairisceáin 40/2002. Mar shampla, níl an conradh le An Post i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh a dhéanamh in airgead tirim, arbh fhiú €58 milliún é in 2010 agus nach raibh próiseas tairisceana iomaíoch ina leith, curtha san áireamh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ina tuairisceán 40/2002. Tá gá ann le soiléire cibé an mbaineann scóip an cheanglais tuairiscithe le seirbhísí den sórt sin nó nach mbaineann.

9.35 Luaigh an Roinn freisin gurb é an t-údaras conarthach agus an tOifigeach Cuntasaíochta iomchuí atá freagrach as conarthaí a bhronnadh agus as an gcaitechas a bhaineann leo. Scrúdaíonn an NPPPU tuairisceáin an Chiorcláin 40/2002 ó na ranna agus gníomhaireachtaí d’fhonn aon easnaimh chórasacha a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Tá ról maoirseachta ginearálta ag an Roinn agus sa chás go dtagann eolas maidir le fadhbanna poitéinsiúla chun solais, tugtar an tsaincheist ar aird na roinne nó na gníomhaireachta, agus tugtar ceanglais dlíthe fála agus sárchleachtas ar a n-aird. D’fhéadfadh treoirlínte a athscrúdú agus iad a leasú nuair is cuí a bheith i gceist leis sin chomh maith. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go dtugtar aghaidh freisin ar aon saincheistean a thagann chun cinn i dtuascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó le linn scrúduithe an Choiste um Chuntais Phoiblí, agus ar mholtaí gaolmhara.

Fíor 41 Soláthar Neamhiomaíoch nach bhfuil san áireamh i dtuairisceáin 40/2002

Vóta	Líon na gconarthaí	Luach iomlán €000
Coimirce Shóisialach	1	2,400
Oifig an Ard-Aighne	5	732
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ^a	2	570
An Garda Síochána	1	159
Turasóireacht, Cultúr agus Spórt	3	139
An Taoiseach	3	135
Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht	2	91
Gnóthaí Eachtracha	1	46
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1	37
Síntiúis Charthanachta agus Tiomnachtaí	1	33
Iomlán	20	4,342

Nóta : a Baineann na cásanna seo le conarthaí a bronnadh ar dtús tar éis tairisceana ach ar cuireadh síneadh leo chun seirbhísí a choinneáil agus iad ag fanacht le dul chuig áitribh nua.

Comhlíonadh Rialuithe Riaracháin

9.36 Ceanglaíonn Ciorclán 40/2002 ar gach roinn nó oifig

- nós imeachta a bheith ann ina ndéanfaidh aonad Iniúchta Inmheánaigh na hoifige nó na ranna iomchuí, nó oifigeach sinsearach cuí nach cuid den phróiseas soláthair é, athbhreithniú ar chonarthaí neamhiomaíocha beartaithe roimh a mbronnadh.⁸³
- Oifigeach Soláthair ainmnithe a cheapadh chun an t-eolas a bhaineann leis na conarthaí sin a chóimheas
- clár lárnach cothrom le dáta de na conarthaí neamhiomaíocha go léir a choinneáil.

9.37 Le linn an iniúchta, rinne m'Oifig athbhreithniú ar na socruithe atá i bhfeidhm sna 34 roinn nó oifig rialtais chun comhlíonadh riachtanas riaracháin na hImlitreach ag na ranna agus na hoifigí seo a fháil amach. Chinn an t-iniúchadh

- Nach raibh nós imeachta i seacht roinn nó oifig chun athbhreithniú a dhéanamh ar chonarthaí neamhiomaíocha sular bronnadh iad
- nár choinnigh sé roinn nó oifig clár lárnach de chonarthaí neamhiomaíocha. I dtrí chás eile, cé go raibh clár lárnach de chonarthaí neamhiomaíocha ann, níor coinníodh cothrom le dáta é.
- nach raibh Oifigeach Soláthair ainmnithe in dhá roinn nó oifig.

9.38 Leagann Fíor 42 amach na torthaí iniúchta maidir le comhlíonadh ag na ranna nó na hoifigí aonair ar riachtanais na hImlitreach.

⁸³ D'eisigh an Roinn forlíonadh le Ciorclán 40/2002 in Iúil 2003, ag cur treoir ar fáil d'oifigigh a raibh athbhreithniú á dhéanamh acu ar an gcás do bhronntaí conartha beartaithe dá leithéid.

Fíor 42 Córais Sholáthair i Ranna^a

Ainm an Vóta	Oifigeach Soláthair ceaptha	Clár lárnach coinnithe ^b	Clár lárnach cothrom le dáta	Nós Imeachta athbhreithnithe neamhspleách i bhfeidhm ^c
An Taoiseach	○	○	○	○
Oifig an Ard-Aighne	○	○	○	○
An Lároifig Staidrimh	○	○	○	○
Airgeadas	○	○	○	○
Na Coimisinéirí Ioncaim	○	○	○	○
Oifig na nOibreacha Poiblí	○	○	○	○
An tSaotharlann Stáit	○	○	○	●
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	○	○	○	○
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí	○	○	○	○
An Oifig Luachála	○	●	●	●
Seirbhís na gCeapachán Poiblí	○	○	○	○
An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	○	○	○	○
Oifig an Ombudsman	○	○	○	○
Dlí, Ceart & Athchóiriú Dlí	○	○	○	○
An Garda Síochána	○	●	●	○
Na Príosúin	○	○	○	○
An tSeirbhís Chúirteanna	○	○	○	○
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	○	○	○	○
Síntiúis Charthanachta agus Tiomnachtaí	●	●	●	●
Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	○	○	○	○
Oideachas agus Scileanna	●	○	○	○
Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	○	●	●	○
Gnóthaí Eachtracha	○	○	●	○
Comhar Idirnáisiúnta	○	○	○	●
Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	○	○	○	○
Talmhaíocht, Iascach agus Bia	○	○	●	●
Iompar	○	○	○	○
Dánlann Náisiúnta na hÉireann	○	●	●	○
Fiontar, Trádáil agus Nuálaíocht	○	○	○	○
Turasóireacht, Cultúr & Spórt	○	●	●	●
Cosaint	○	○	○	○
Pinsin Airm	○	○	○	○
Coimirce Shóisialach	○	○	●	○
Sláinte agus Leanaí	○	○	○	●

Eochair: ○ Tá ● Níl

Nótaí: a Tá na córais dá dtagraítear bainteach le soláthair Chiorclán 40/2002.

b Is clár soláthair neamhiomaíoch amháin é seo.

c Éilíonn an ciorclán go ndéanfaí iniúchadh inmheánach nó go ndéanfaidh oifigeach sinsearach nach cuid den phróiseas soláthair é, an t-athbhreithniú seo.

9.39 Chinn an t-iniúchadh nár choinnigh an tOifigeach Soláthair clár lárnach i sé cinn de na ranna nó oifigí, mar a cheanglaítear le hImlitir 40/2002, ach ina ionad sin gur chóimheas oifigeach eile an t-eolas.

9.40 Le linn iniúchta cinneadh

- fiú nuair a bhí nós imeachta athbhreithnithe ann, go raibh easpa fianaise i gcásanna áirithe go ndearnadh athbhreithniú neamhspleách ar an moladh go mbeadh soláthar neamhiomaíoch ann sular bronnadh é
- nach bhféadfaí aon fhirinniú soiléir a thabhairt i gcásanna áirithe faoin chúis nár cuireadh próiseas tairisceana iomaíoch i bhfeidhm.

Conclúid – Soláthar Neamhiomaíoch

Thuairiscigh ranna gur thugadar conarthaí arbh fhiú luach iomlán €75 milliún iad i 2010 gan phróisis tairisceana iomaíocha a leanúint. Aithníodh soláthar €4.3 milliún eile de sholáthar neamhiomaíoch le linn iniúchtaí.

Tá ranna áirithe ann nár fheidhmigh go hiomlán rialacháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar riaradh soláthair neamhiomaíoch.

- Ní raibh nós imeachta ag seacht n-oifig nó roinn chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chonarthaí sular bronnadh iad. Fiú i gcásanna a raibh nós imeachta ann, thángthas ar chásanna a léirigh nár leanadh an nós imeachta.
- Níor choinnigh sé roinn clár lárnach de chonarthaí neamhiomaíocha. I dtrí chás eile, cé gur coinníodh clár lárnach de chonarthaí neamhiomaíocha, níor coinníodh cothrom le data é.
- Ní raibh Oifigeach Soláthair ainmnithe ag dhá roinn.

Cé nach bhfuil aon cheanglas ar ranna agus ar oifigí clár lárnach dá gconarthaí go léir a choinneáil ba chóir coinneáil clár dá leithéid a bhreithniú. D'éascódh coinneáil clár lárnach conarthaí dá leithéid ag ranna nó oifigí, aithint chonarthaí neamhiomaíocha, d'fheabhsódh sé iomláine na dtuairisceán 40/2002 agus d'fheabhsódh sé comhlíonadh rialacháin agus nósanna imeachta soláthair. Agus le códú oiriúnach d'éascódh sé anailísiú patrúin soláthair freisin.

Comhlíonadh Soláthair Phoiblí san Earnáil Phoiblí Níos Leithne

9.41 Agus monatóireacht á déanamh acu ar rialachas comhlachtaí Stáit, ba chóir do ranna iad féin a shásamh go bhfeidhmíonn gnáthnoirm an tsoláthair poiblí.

9.42 Baineann treoirilínte soláthair poiblí mar atá leagtha amach ag an Roinn le gach údarás conarthach poiblí. Aithníonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód) an soláthar freisin mar cheann de na gníomhaíochtaí a dteastaíonn aire ar leith uaidh agus rialachas corparáideach maith á chur chun cinn.

9.43 Éilíonn an Cód gurb í an tairiscint iomaíoch an gnáthnós imeachta i bpróiseas soláthair comhlachtaí Stáit. Is í freagracht shonrach Bhoird na gcomhlachtaí seo iad féin a shásamh go gcloítear leis na riachtanais do sholáthar poiblí.

9.44 Ní mór do chathaoirligh chomhlachtaí Stáit fianú go bliantúil i ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach go bhfuil córais rialaithe inmheánacha éifeachtacha ag a gcomhlachtaí faoi seach (lena n-áirítear rialuithe ar sholáthar). Éilíonn an Cód freisin go ndearbhódh an Cathaoirleach don Aire iomchuí gach bliain go ndéanfaí nósanna imeachta soláthair a chomhlíonadh. Ar mhaithe le dea-rialachas

corparáideach tá sé riachtanach go mbíonn próisis iomchuí ag gach Bord de chomhlacht Stáit a chuirfidh dearbhú ar fáil dá Chathaoirleach gur féidir an deimhniú bliantúil ar chomhlíonadh rialacha agus nósanna imeachta soláthair a dhéanamh.

9.45 Mar a tharlaíonn i gcás ranna, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé iomchuí do ghníomhaireachtaí Stáit imeacht ó ghnáthrialacha soláthair in imthosca eisceachtúla. Ach ba chóir dá nósanna imeachta soláthair na himthosca ginearálta ina mbeadh glacadh le himeachtaí (e.g. riachtanas práinne) a bhreacadh síos, ba chóir na cúiseanna leis an imeacht a dhoiciméadú roimh ré agus ba chóir go dtabharfaí cead don imeacht sin ag leibhéal níos sinsearaí ná an té a d'iarr an t-imeacht. Cé go bhfuil ceanglas ar ranna agus ar oifigí Rialtais tuairisceán bliantúil⁸⁴ a dhéanamh faoi sholáthair neamhiomaíocha, níl aon ualach mar sin ar ghníomhaireachtaí Stáit.

9.46 Agus earraí agus seirbhísí á soláthar, ba chóir do chomhlachtaí poiblí próiseas iomaíoch a leanúint atá déanta ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus oscailte. Ba chóir dóibh freisin iarracht a dhéanamh prionsabail mhaithe bainistíochta conartha a chur i bhfeidhm chun an luach is fearr ar airgead a bhaint amach. Ach ní hionann treoirlínte soláthair foirmiúla a bheith ann in eagraíocht agus ráthaíocht go ndéanfar iad a chomhlíonadh nó nach sárófar beartas soláthair phoiblí náisiunta.

9.47 I dtuascálacha roimhe seo tharraing mé aird ar laigí i nósanna imeachta soláthair i gcomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear

- Ospidéal Beaumont (Tuarascáil Speisialta 10, Bealtaine 2008)
- FÁS (Tuarascáil Speisialta 73, Nollaig 2009)
- Clár Scileanna HSE (Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, 2009).

9.48 Tá samplaí á dtabhairt ar aird i gcónaí in iniúchtaí comhlachtaí Stáit inar chosúil nach bhfeidhmítear soláthar ar bhealach oscailte. Déileálann tuarascálacha faoi Alt 7 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 le saincheistean dá leithéid freisin. Tá na cineálacha seo tuarascálacha eisithe nó á n-ullmhú i gcás trí Choiste Gairmoideachais. Tá cur síos anseo thíos ar chás eile áit gur chosúil nár fheidhmigh soláthar ar bhealach oscailte i gcás comhlachta Stáit.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Soláthar Seirbhísí

9.49 Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar institiúid chultúrtha féinrialach faoi Acht na nInstitiúidí Cultúrtha, 1997. Bhí caiteachas iomlán na Leabharlainne i 2009 thart ar €12 milliún. B'ionann soláthar seirbhísí chun tábú lena riachtanais riaracháin agus cláir chultúrtha agus €2.6 milliún i 2009 agus €2.9 milliún i 2010.

9.50 Chuir an Leabharlann tús le comórtas tairisceana chun seirbhísí taighde a sholáthar ar 15 Aibreán 2008 trí fhógra a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin r-tairiscintí do 'Painéal Socrúcháin chun Seirbhísí Taighde Forlíontacha a sholáthar'. Shonraigh an tIarratas ar Thairiscint (RFT) raon scileanna a theastaigh lena n-áirítear 'taithí chruthaithe ó bheith ag obair ar thaispeántais agus ar fhoilseacháin' agus 'cumas scríobh ar bhealach achomair soiléir agus téacsanna a chur ar fáil a bheadh oiriúnach i gcomhthéacsanna difriúla. Cuireadh in iúl go gcuirfí tairgeoirí rathúla ar phainéal taighdeoirí, ach go mbronnfaí conarthaí oibre de rogha na Leabharlainne Náisiúnta.

9.51 Theastaigh ionchur taighde ón Leabharlann ar phríomhthionscadal a raibh d'aidhm aige taispeántas agus leabhar gaolmhar ar 'sheoda' na Leabharlainne a chur ar fáil. Tar éis tairiscint a fháil ar 28 Aibreán 2008, fostaíodh taighdeoir ar 1 Bealtaine 2008 ar chonradh bliana le dul ag obair ar an tionscadal.

⁸⁴ Faoi Chiorclán 40/2002, déantar an tuairisceán don Roinn agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste araon.

9.52 €98,000 a bhí ar chostas iomlán an leabhair, costais foilseacháin san áireamh. Tabhaíodh costais bhreise €33,000 leis.

9.53 Foilsíodh an leabhar a bhí beartaithe, dar teideal ‘Leabharlann Náisiúnta na hÉireann’ in Aibreán 2009. Ach go gairid tar éis a fhoilsiú b’ éigin don Leabharlann an leabhar a tharraingt siar ó dhíolachán poiblí de bharr earráidí agus easpaí eile a d’aimsigh sí.

Torthaí an Athbhreithnithe

9.54 Chinn athbhreithniú a rinne an Leabharlann tar éis gur tarraingíodh an leabhar siar ó dhíolachán go raibh easnaimh sa chaoi ar chuir an Leabharlann an comórtas tairisceana i gcríoch agus ar bronnadh an Conradh ar an taighdeoir roghnaithe a bhí fostaithe roimhe sin ag an Leabharlann le hobair eile a dhéanamh.

- Rinne duine amháin d’fhoireann na Leabharlainne an tairiscint a chuir an taighdeoir isteach ar 28 Aibreán 2008 a mheas, ach ní raibh aon fhianaise dhoiciméadaithe ann faoin measúnú agus an scóráil.
- Lá tar éis an chéad tairiscint a fháil, tairgíodh Conradh don tairgeoir a sholáthraigh ‘go ndéanfaidh sí taighde, go gcuirfí téacsanna ar fáil agus go ndéanfaí tascanna eile de réir mar ba ghá chun taispeántas agus foilseachán ar an téama ginearálta de sheoda (de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann) a chur ar fáil a bhí sceidealaithe le n-oscailt in Earrach 2009’. Níor shonraigh an Conradh teorann caiteachais ach táillí a bhí le gearradh in aghaidh na huair, leath lae nó lá iomlán. Bhí dáta 1 Bealtaine ar an gconradh agus sonraíodh téarma 12 mí, a chríochnódh in Aibreán 2009.
- Ní raibh aon fhianaise dhoiciméadach gur dearnadh measúnú foirmiúil ag an am sin ar na trí aighneacht thairisceana eile a fuarthas mar fhreagra ar RFT na Leabharlainne, agus níor sannadh aon iarratasóir eile don phainéal taighdeoirí, nó níor bronnadh Conradh air/uirthi.

9.55 Maidir le bainistíocht an chonartha leis an taighdeoir shocraigh an t-athbhreithniú

- go raibh easpa soiléireachta sa chonradh a d’aontaigh an duine den fhoireann sa rannán cuí leis an taighdeoir thar ceann na Leabharlainne faoin gcaoi ar chóir maoirseoireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an obair
- go raibh easpa soiléireachta sa chonradh maidir le mionsonrú faoin obair a bhí le déanamh, an fráma ama do chomhlíonadh na hoibre agus teorann ar an gcaiteachas a bhí i gceist
- go raibh easnaimh i mbainistíocht an tionscadail sa mhéid is nár forbraíodh aon phlean tionscadail agus go raibh na freagrachtaí maidir le feidhmiú profléitheoireachta neamhléir.

9.56 Chuir Cathaoirleach reatha Bhord na Leabharlainne⁸⁵ a thuarascáil do 2008 chuig an Aire Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta ar 13 Samhain 2009. Sa tuarascáil thug sé dearbhú diongbháilte maidir le comhlíonadh nósanna imeachta soláthair. Ach tarraingíonn a thuarascáil don bhliain 2009 (dár dháta 30 Aibreán 2010) aird an Aire ar chliseadh nósanna imeachta soláthair cearta a tharla i 2008 ach a tugadh chun solais i 2009.

9.57 Chuir an Cathaoirleach an tuarascáil ón bhfiosrú inmheánach sna deacrachtaí soláthair a d’eascair, isteach lena thuarascáil do 2009 don Aire. Luaigh sé go raibh sé sásta go raibh an teip a tharla sa rannán den Leabharlann a bhí i gceist, sonrach do bhainistíocht agus don rialú ar an rannán agus nár léirigh sé aon fhadhb níos ginearálta sa Leabharlann. Thuairiscigh sé ar deireadh go raibh nósanna imeachta iomchuí don soláthar á bhfeidhmiú anois ag an Leabharlann.

⁸⁵ Ceapadh an Cathaoirleach reatha ar 30 Aibreán 2010.

Tuairimí na Leabharlainne Náisiúnta

9.58 Ghlac Stiúrthóir reatha na Leabharlainne Náisiúnta⁸⁶ leis nár leanadh nósanna imeachta soláthair sa chás seo. Chuir an Stiúrthóir i bhfios go láidir gur ghlac an Leabharlann go han-dáiríre leis an gcás seo agus rinne sí cur síos ar na gníomhartha a tógadh le aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d’eascair. Rinne sí cur síos ar na gníomhartha seo a leanas a tógadh.

- Cuireadh gníomh smachtaithe i bhfeidhm ar bheirt bhall foirne a bhí bainteach leis an tionscadal.
- Tá an Leabharlann tar éis roinnt céimeanna a thógáil lena nósanna imeachta agus rialuithe a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar aon laigeacht. Áiríodh orthu seo oiliúint soláthair do gach bainisteoir agus ceapadh duine den fhoireann mar Oifigeach Soláthair a bhí tar éis tuilleadh oiliúna mionsonraithe a dhéanamh i soláthar poiblí.
- Éilíonn an Leabharlann anois go n-ullmhaíonn bainisteoirí cás gnó do gach tionscadal de bhreis ar luach €20,000, a ndéanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta athbhreithniú air ar an gcéad dul síos. Má sháraíonn an costas measta €50,000 ní mór don Bhord é a fhaomhadh. Tugann an cás gnó cur síos gearr ar na príomheilimintí atá le cur san áireamh sa phróiseas soláthair lena n-áirítear riachtanas gnó, buntáistí agus torthaí réamh-mheasta, plean soláthair, costais, amscálaí agus rioscaí.
- Tá an Leabharlann tar éis beartas soláthair mionsonraithe a dhréachtadh mar aon le nósanna imeachta gaolmhara le treoirínte, teimpléid agus seicliostaí chun cuidiú leis an bpróiseas tairisceana.
- D’iarr an Leabharlann ar a hiniúcháirí inmheánacha nuacheaptha tosaíocht a thabhairt d’athbhreithniú ar sholáthar i bplean Iniúchta Inmheánaigh 2011 agus tá an t-iniúchadh seo tugtha chun críche.

9.59 Dúirt an Stiúrthóir go bhfuil an Leabharlann sásta go bhfuil iarracht suntasach déanta aici chun cleachtais bhainistíochta conartha agus soláthair a fheabhsú ag iarraidh an luach is fearr ar chaiteachas poiblí a sholáthar.

9.60 Mar fhreagra ar na fiosrúcháin a rinne mé maidir le dearbhuithe bainistíochta a tugadh don Bhord, dúirt an Stiúrthóir go gcuireann an Leabharlann na dearbhuithe bainistíochta iomchuí ar fáil chun a chur ar chumas an Bhoird a oibleagáidí a chomhionadh trí seo a leanas

- ullmhú buiséid bhliantúla a fhaomhann an Bord
- nuashonraithe airgeadais rialta a sholáthar ar chaiteachas iarbhir i gcomparáid le buiséad agus anailís ar aon éagsúlachtaí ábhartha
- cásanna gnó le costas measta sa bhreis ar €50,000 a chur i láthair an Bhoird dá bhfaomhadh⁸⁷
- clár bliantúil d’iniúchtaí inmheánacha aontaithe ag Coiste Iniúchta an Bhoird agus tuarascálacha ó na hiniúcháirí inmheánacha ar a dtorthaí don Choiste Iniúchta.

⁸⁶ Ceapadh an Stiúrthóir reatha ar 8 Márta 2010.

⁸⁷ Tá an Leabharlann tar éis na leibhéil chaiteachais a dteastaíonn faomhadh an Bhoird uathu a laghdú €100,000 go €50,000.

Conclúid – Soláthar Earnála Poiblí Níos Leithne

Tuairiscíodh easnaimh i gcleachtais sholáthair a bhaineann le comhlachtaí Stáit i roinnt tuarascálacha speisialta faoi Alt 11 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (1993) agus eisíodh trí thuarascáil faoi Alt 7 den Acht nó tá siad á n-ullmhú faoi láthair a bhaineann le saincheisteanna soláthair i gCoistí Gairmoideachais.

Ag éirí as an líon earráidí agus easnaimh eile, b'éigin do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leabhar a tharraingt siar óna fhoilsiú, leabhar a chosain beagnach €98,000 chun é a chur ar fáil. Theip ar fheidhmiú soláthair ghaolmhair seirbhísí taighde ar bhealach oscailte iomaíoch.

Faoi láthair ní bhaineann Ciorclán 40/2002 ach le ranna agus le hoifigí Rialtais. Ag cur na dteipeanna cleachtais soláthair a chomhlíonadh san áireamh, nior mhiste leathnú amach a feidhme go dtí comhlachtaí Stáit faoi choimirce ranna a bhreithniú. Trí scóp an Chiorcláin a leathnú, nó nós imeachta éigin comhchosúil eile, d'fhéadfadh ranna a gcomhlíonadh soláthair foriomlán a neartú. Ach chaithfí é seo a dhéanamh i gcomhthéacs creata soláthair phoiblí atá ag teacht chun cinn ar ghá dó a chinntiú

- go bhfuil eolas cruinn ar fáil ar rangú ceannacháin
- go bhfuil freagairt don eolas sin tríd an gcur chuige soláthair is iomchuí a roghnú
- go ndéantar soláthar neamhiomaíoch a íoslaghdú.

D'fhéadfadh go mbeadh ar nádúr na monatóireachta agus na tuairisceoireachta coigeartú do na hathruithe córais seo sa chaoi gur féidir cothromaíocht a thabhairt do chomhlíonadh rialacha agus luach a bhaint amach.

Conclúid

Tá an tSeirbhís Soláthair Náisiúnta ag leanúint uirthi ag forbairt mar sheirbhís sholáthair straitéiseach. Dé réir mar a théann sí chun cinn, caithfidh sí a chinntiú go dtógtar cur chuige iomchuí don soláthar sna réimsí mórchaiteachais agus idirdhealú á dhéanamh ag an am céanna idir cásanna atá ard agus íseal ó thaobh toirte agus go ndéantar monatóireacht ar úsáid comhaontaithe creata.

D'éirigh le tionscnamh laghdú caiteachais aon uaire coigilteas de thart ar €38 milliún ar earraí agus ar sheirbhísí a bhaint amach agus athcheapadh buiséid soláthair ag leibhéal níos ísle don todhchaí.

D'fhéadfaí feidhmiú tuairiscithe soláthair neamhiomaíoch a fheabhsú trí bhearta riaracháin níos fearr chun é a aithint agus athbhreithniú a dhéanamh air tríd an treoir lárnach a shoiléiriú.

Ardaíonn an bhéim reatha ar chlár soláthair neamhiomaíoch saincheistenna faoin gcaoi ar féidir an fothacar seo soláthair a aithint go córasach. Cé nach bhfuil aon cheanglas ar ranna ná ar oifigí clár lárnach gach conradh a choinneáil ba chóir coinneáil clár dá leithéid a bhreithniú. D'éascódh coinneáil clár lárnach conarthaí ag gach roinn nó oifig, aithint conarthaí neamhiomaíocha, d'fheabhsódh sé comhlánú tuairisceán 40/2002 agus d'fheabhsódh sé comhlíonadh rialachán agus nósanna imeachta soláthair.

Cé gur thuairiscigh ranna €75 milliún i gcaiteachas neamhiomaíoch, ba léir le linn iniúchta nár aithníodh gach soláthar den chineál seo. Ag fágáil an HSE as an áireamh a ndéileáiltear leis i gCaibidil 42, aithníodh €4.3 milliún eile le linn samplála agus fiosrúcháin iniúchta.

Agus na socrúithe atá leagtha amach in Imlitir 40/2002 á riaradh

- Ní raibh nós imeachta ag seacht roinn nó oifig le hathbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chonarthaí sular bronnadh iad. Bhí cásanna ann nuair nár leanadh an nós imeachta athbhreithnithe a bhí leagtha síos.
- Níor choinnigh sé roinn clár lárnach conarthaí neamhiomaíocha. I dtrí chás eile, cé gur coinníodh clár lárnach conarthaí neamhiomaíocha, níor coinníodh cothrom le dáta é.
- Ní raibh Oifigeach Soláthair ainmnithe ag dhá roinn.

Níl sa soláthar a dhéanann ranna agus oifigí Rialtais ach céatadán an-bheag de sholáthar poiblí iomlán. B'fhiú breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir monatóireacht soláthair neamhiomaíoch, úsáid comhaontuithe creata lárnacha agus rangú ceannacháin a fheabhsú. D'fhéadfadh Boird comhlachtaí Stáit ceannaireacht úsáideach a ghlacadh trí dhearbhuí sonracha a éileamh ar na saincheistenna seo sula nglacann siad lena ráitis bhliantúla ar rialú airgeadais.

Iarscríbhinn A Tomhas Feidhmiúcháin ag an NPS

Táscaire Feidhmiúcháin	Modh Tomhais	Minicíocht an Tomhais
€50 milliún i gcoigilteas costais trí idirghabhálacha uile i 2011	Anailís coigilteas costais agus meastachán ar choigilteas riaracháin	Monatóireacht i rith na bliana agus tomhas ag deireadh na bliana
50% de chliaint earnála poiblí shonraithe mar chomhpháirtithe i ngach conradh a tugadh chun críche i 2011	Monatóireacht ar chonarthaí	Monatóireacht i rith na bliana agus tomhas ag deireadh na bliana
70% de chliaint earnála poiblí shonraithe mar chomhpháirtithe i ngach conradh a tugadh chun críche i 2012	Monatóireacht ar chonarthaí	Monatóireacht i rith na bliana agus tomhas ag deireadh na bliana
40% de chatagóir caiteachtais '30 is Airde' na Seirbhíse Poiblí le bheith faoi chonarthaí nua faoi dheireadh 2011	Anailís ar chonarthaí in aghaidh sonraí caiteachais an Barr 30	Monatóireacht i rith na bliana agus tomhas ag deireadh na bliana
50% de chatagóir caiteachtais 'Barr 30' na Seirbhíse Poiblí le bheith faoi chonarthaí nua faoi dheireadh 2012	Anailís ar chonarthaí in aghaidh sonraí caiteachais an Barr 30	Monatóireacht i rith na bliana agus tomhas ag deireadh na bliana
Úsáid 80% de Dhoiciméid Chaighdeánacha i Ranna Rialtais Láir faoi dheireadh na tríú ráithe, 2011	Glacadh ag Ranna Rialtais Láir leis an tsraith chaighdeánach doiciméad d'earraí agus do sheirbhísí caighdeánacha	Monatóireacht i rith na bliana agus tomhas ag deireadh na bliana
10 seimineár/idirghabháil soláthraithe déanta go bliantúil	Dialann imeachtaí	Go bliantúil
3 seimineár oifigeach soláthair déanta go bliantúil	Dialann imeachtaí	Go bliantúil
5 ceardlann oifigeach soláthair déanta go bliantúil	Dialann imeachtaí	Go bliantúil
80% de mhodúil rTairiscintí rollta amach faoi dheireadh 2011 agus lánfheidhmiú dá éis	Modúil ar fáil do Cheannaitheoirí agus do Sholáthraithe	Monatóireacht i rith na bliana agus tomhas ag deireadh na bliana
Eolas foilsithe ar láithreán gréasáin NPS maidir le 100% de na conarthaí atá ar fáil le n-úsáid ag comhlachtaí na hearnála poiblí	Ábhar an láithreáin ghréasáin curtha i gcomparáid le conarthaí beo	Athbhreithiú ráithiúil
Cur le forbairt straitéise rSonrascadh. An straitéis ann faoi dheireadh 2011	Dáta comhlíonta an doiciméid straitéise.	Athbhreithniú dheireadh na bliana ar rSonrascadh
Tacú le roghnú agus feidhmiú rSonrascadh ar fud na hearnála poiblí	Méid an dul chun cinn ar fheidhmiú rSonrascadh atá ann nó atá ar siúl..	Athbhreithniú dheireadh na bliana ar rSonrascadh

Iarscríbhinn B Comhaontaithe Crea

Soiléiríodh coincheap comhaontaithe creata i dTreoir EU i 2004. Thug an Treoir sainmhíniú ar chomhaontú creata mar chomhaontú le soláthraithe a raibh d'aidhm aige na téarmaí a ghabhann le conarthaí atá le bronnadh le linn tréimhse tugtha a bhunú, go háirithe maidir le praghas agus cáilíocht. Leagadar amach téarmaí agus coinníollacha faoinar féidir ceannacháin ar leith a dhéanamh (glaonna isteach) i rith téarma an chomhaontaithe.

D'fhéadfadh gur Conradh an comhaontú creata féin lena mbaineann rialacha soláthair EU má chruthaíonn sé oibleagáid cheannaigh. Ach úsáidtear an téarma de ghnáth chun comhaontuithe a chlúdach nach bhfuil clúdaithe iad féin faoi shainmhíniú conartha lena mbaineann rialacha EU (cé go bhféadfadh go gcruthaíonn siad oibleagáidí cheangailteacha conarthacha áirithe).

Leagann comhaontuithe dá leithéid amach na téarmaí agus coinníollacha do ghlaonna-amach ina dhiaidh sin ach ní chuireann siad aon oibleagáid iontu féin ar na soláthraithe aon rud a cheannach. Leis an gcur chuige seo, ní dhéantar conarthaí a fhoirmiú, i dtéarmaí Treoir an EU, ach nuair a ghlaoithear amach earraí, oibreacha agus seirbhísí faoin gcomhaontú. Is buntáiste den chineál seo comhaontaithe é, toisc nach bhfuil údarás ceangailte leo, go bhfuil siad saor leis na creata a úsáid nuair a sholáthraíonn siad luach ar airgead, ach dul in áit eile mura ndéanann.

Ach chun coinbhleacht le rialacha EU a sheachaint tá sé níos praiticiúla caitheamh le comhaontuithe creata amháil is dá mba chonarthaí ina gceart féin iad chun críocha feidhmiú rialacha an EU. Mar sin ba é an cleachtas fógra a dhéanamh faoin gcreat féin in Iris Oifigiúil an EU (OJEU).

Cuireann sé seo trédhearcacht ar fáil don cheanglas uile ar fud an EU agus cuireann sé deireadh leis an riachtanas fógraíocht a dhéanamh agus na nósanna imeachta bronnata do gach glao amach faoin gcomhaontú a fheidhmiú, ar an mbonn go mbunaíonn an creat na téarmaí bunaidh faoina mbronnatar conarthaí ina dhiaidh sin.

Féadfaidh rannpháirtí amháin nó níos mó a bheith bainteach le conarthaí creata.

I gcomhaontú aonpháirtí, socrófar téarmaí do sholáthar oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí le haon soláthraí amháin, bunaithe ar phróiseas tairisceana iomaíoch. Déanfar riachtanais a tharraingt anuas ar na téarmaí aontaithe de réir mar a eascraíonn siad thar thréimhse an chomhaontaithe. Beidh formhór na dtéarmaí bunaithe cheana lena n-áirítear praghas, amanna seachadta, etc. ach d'fhéadfadh nach mbeadh cuid eile, mar shampla cainníochtaí iomlána.

Féadtar creat ilpháirtí a bhunú trí pháirtithe oiriúnacha a roghnú agus cuireadh a thabhairt dóibh bheith rannpháirteach. Beidh na critéir do bhronnadh conarthaí ina dhiaidh sin leagtha amach. Ní gá go mbeadh sonruithe nó praghsanna beachta leagtha amach. De réir mar a eascraíonn riachtanais, gabhfaidh údarás i dteagmháil leis na rannpháirtithe sa chreat agus tabharfaidh cuireadh dóibh tairiscintí iomaíocha a chur isteach i “mionchomórtais”. Déantar na tairiscintí a fhaightear a mheas agus bronnatar conarthaí ar bhun na gcritéir atá sonraithe i rialacha an chreata.

Iarscríbhinn C Cúiseanna a Thugtar do Sholáthar Neamhiomaíoch

Leagann Fíor 40 amach na cúiseanna a thugann ranna agus oifigí faoi gan phróiseas soláthair iomaíoch a leanúint do 2009 agus 2010. Cuireann an tIarscríbhinn seo mionsonraí ar fáil faoi na conarthaí is airde luach a bronnadh i 2010 i leith gach catagóir cúise a luadh.

Eisceacht Práinne — €3.6 milliún

Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha a bhain an leas is suntasaí as soláthar neamhiomaíoch faoin eisceacht seo i 2010. Bhain sé seo le ceannach trealaimh tháirgthe pas, le cur in áit trealaimh a ndearna uisce damáiste dó ó áitribh os cionn Oifig na bPas, ar chostas €1.4 milliún. Mheas an Roinn go raibh sé riachtanach an conradh seo a bhronnadh chun leanúnachas i soláthar pasanna a chinntiú agus riachtanas comhoiriúnachta teicniúla le hinfrastruchtúr a bhí ann cheana.

Eisceacht i leith Earraí Dílsithe – €14.2 milliún

De na 91 cás in ar ceannaíodh earraí dílsithe atá i dtuairisceáin ranna i 2010, bhain 28 díobh le ceannacháin de chuid an Gharda Síochána ar luach €5 milliún; 14 le ceannacháin IPS ar luach €5.1 milliún. Bhain na hearraí dílsithe a ceannaíodh, de ghnáth, le teicneolaíocht chumarsáide agus eolais nó le córais theicniúla.

Eisceacht maidir le Conarthaí Sínte/Tar-rollta – €19.4 milliún

Bhain 114 de na cásanna tuairiscithe le síneadh nó tar-rolladh conarthaí reatha d'earraí agus do sheirbhísí. Bhí cuid de na conarthaí sínte nó rollta amach i bhfeidhm le roinnt blianta.

Ar an bhfírinniú a thuairiscigh ranna agus gníomhaireachtaí i ndáil le leanúint le socruithe conarthacha reatha áirítear

- bhí taithí iomchuí ag an gconraitheoir mar thoradh ar an obair a rinne sé leis an roinn roimhe seo
- ba é an conraitheoir an duine ab fhearr chun na hearraí/seirbhísí riachtanacha a sholáthar gan chostas breise míchuí ar an Státchiste
- ní raibh sé indéanta dul chuig an margadh de bharr deacrachtaí foirne.

Baineann na conarthaí uile beagnach sa chatagóir seo le soláthar seirbhísí. Áirítear ar na samplaí

- Síneadh dhá chonradh le comhluach €4.2 milliún a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna do cheadúnú, tacú agus cothabháil bogearraí eolais bhainistíochta do scoileanna.
- Íocaíochtaí €2.1 milliún in iomlán ón Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí i leith codanna áirithe de Líonraí Achair Fhairsing agus Áitiúil na Roinne agus na ngníomhaireachtaí.
- Síneadh ar uaschostas €1 milliún a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna ar chonradh d'fheidhmiú scrúduithe Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile a fuair a gcáilíochtaí múinteoireachta lasmuigh den Stát.
- Síneadh de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ar chonradh ar chostas €0.9 milliún d'aeriompar d'eitiltí díbeartha.

Eisceacht Saineolaí nó Taithí le Deireanaí — €4.4 milliún

Tuairiscíodh 45 cás ina raibh ranna agus oifigí den tuairim go ndéanfaí a leas trí dhul i gconarthaí ina raibh úsáid bainte acu as seirbhísí daoine aonair nó cuideachtaí le fíordheireanaí nó in ar aithin siad, gan dul i muinín próiseas iomaíocha, daoine nó cuideachtaí a raibh saineolas acu i gcomhthráth lena riachtanais. Ní fhágann sé seo as an áireamh go bhféadfadh go mbeadh soláthraithe oiriúnacha eile ann. Ar na samplaí áirítear

- Fostú grúpa ceathrar soláthraí ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, ar chostas €1.1 milliún i 2010, a measadh iad a bheith cáilithe go saineúil le seirbhísí suirbhéireachta cois uaigh, tochailte agus seandálaíochta fóiréinseacha a sholáthar chun cuidiú le haimsiú taisí íospartach.
- Fruiliú eagraithe féilte chun féile Lá Fhéile Pádraig a eagrú agus a bhainistiú thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt agus Fáilte Ireland ar chostas €0.5 milliún.
- Ceannach paraisiút agus córais pharaisiúit ag an Roinn Cosanta ar chostas €0.3 milliún.

Eisceacht a bhaineann le Soláthraí Oiriúnach Aonair – €25.3 milliún

Baineann an catagóir seo le soláthairtí ina measann ranna agus oifigí nach bhfuil ach an t-aon soláthraí oiriúnach den tseirbhís riachtanach ann. I 2010, tabhaíodh caiteachas faoi 92 conradh soláthraithe aonair.

Bhain an conradh is mó sa chatagóir seo le hathlonnú pearsanra agus ábhar de chuid na Roinne Cosanta ar ais ó Sead go hÉirinn ar chostas iomlán €6.4 milliún.

Bhronn na ranna nó na hoifigí seo a leanas conarthaí ardluacha eile

- Chuaigh Oifig na nOibreacha Poiblí isteach i gconradh, chun inchreidteacht láithreáin ghréasáin Mapála do Bhaol Tuilte a chinntiú, ar chostas €4.1 milliún leis an ngníomhaireacht mhapála Stáit, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI), chun mapáí digiteacha don tír ina hiomlán a chur ar fáil agus é sin a choinneáil cothrom le dáta.
- Chuaigh an tÚdarás Clárúcháin Maoine isteach i gconradh ar chostas €2.9 milliún, do shonraí mapála náisiúnta.
- Chuaigh an Roinn Cosanta isteach i gconradh do threalamh/páirteanna breise ar chostas comhiomlán €2.7 milliún.
- Chuaigh an tSeirbhís Chúirteanna isteach i gconradh do sheirbhísí poist ar chostas €1.2 milliún.

Cúinsí Slándála – €1.5 milliún

Bhí an comórtas teoranta i seacht gcás a tuairiscíodh sna tuairisceáin chun leasa slándála.

Cúiseanna Eile – €7 milliún

Bhí 108 cás tuairiscithe faoi chonarthaí á mbronnadh ar chúiseanna éagsúla eile. Díobh seo bhronn IPS 89 ar chostas iomlán €6.2 milliún. Bhain líon mór díobh seo le ceannach áitiúil earraí agus seirbhísí éagsúla mar sheirbhísí glantacháin, lónadóireachta agus iompair chomh maith le ceannach teilifíseán agus trealamh leictreach.

Caibidil 10

Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta

Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta

10.1 I 2010, bhí tuairim is 36,400 ball foirne fostaithe sa státseirbhís. B'ionann an bille pá gaolmhar agus thart ar €1.7 billiún. Tá bainistíocht éifeachtach ar acmhainní daonna na státseirbhísí criticiúil má tá an Stát le luach i bhfoirm ghníomhaíochtaí fócasaithe dírithe ó líon a lucht oibre a uasmhéadú.

10.2 I mBealtaine 2000, thángthas ar réiteach idir bainistíocht na státseirbhíse agus na ceardchumann⁸⁸ ar chur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS). Faoi gcóras seo, déanann bainisteoir athbhreithniú bliantúil ar ról agus ar riachtanais forbartha gach fostaí. Tá an próiseas ceaptha cuidiú chun tuiscint roinnte a bhunú idir an sealbhóir poist agus maoirseoir an chaighdeáin feidhmíochta atá le baint amach agus an chaoi a bhfuil sé le baint amach. Déanann bunú próifíl ról gach sealbhóir poist ar an mbealach seo iarracht cuspóirí fostaí aonair a nascadh le pleananna gnó an aonaid ina n-oibríonn sé nó sí.

10.3 Tar éis athbhreithniú foirmiúil ar chéim thosaigh feidhmiú an chórais⁸⁹, rinneadh leasú ar an bpróiseas PMDS faoi théarmaí socraithe eile bainistíochta/ceardchumann i mBealtaine 2005. Bhí de chuspóir aige seo PMDS a chomhtháthú le cleachtais acmhainní daonna státseirbhíse eile. Dá réir sin, sholáthraigh na socrúithe leasaithe go ndéanfaí feidhmíocht aonair gach ball foirne a nascadh le bronnadh breisíochtaí pá, incháilitheacht d'ardú céime agus dul chun cinn go dtí scálaí níos airde laistigh de ghráid láithreacha. Fágann an nascadh díreach seo de ghnéithe de luach saothair agus dul chun cinn gairme le measúnú feidhmíochta go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú, ó dhearcadh cothroime aonair agus éifeachtúlacht chórais,

- go mbronnar rátáil feidhmíochta ar bhonn comhsheasmhach
- go bhfuil bronnadh breisíochtaí pá nasctha go héifeachtach leis na torthaí rátála
- go n-úsáidtear an córas chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeidhmíocht agus í a fheabhsú agus cuidiú le hidirghabhálacha forbartha aonair.

10.4 Ba chuid d'athrú bainistíochta acmhainne daonna (HRM) níos leithne é tabhairt isteach PDMS a raibh déabhlóid, breis neamhspleáchais agus freagrachta as bainistíocht foirne do bhainisteoirí áitiúla san áireamh ann. Áiríodh ar ghnéithe na déabhlóide seo níos mó rialúcháin a thabhairt do ranna ar earcú, ardú céime agus socrúchán chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ó ranna. Ag leibhéal an ionaid oibre sannaíodh freagracht agus cuntasacht bhreise do bhainisteoirí as feidhmeanna HRM mar bhainistiú saoire bliantúla agus fleisc-ama.

10.5 Ag an leibhéal náisiúnta, roinn Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais freagracht as forbairt agus maoirseacht ar fheidhmiú an PMDS. Ar 4 Iúil 2011, aistríodh gach freagracht lárnach as PMDS ón dá Roinn seo go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhfuil freagracht anois uirthi as gach saincheist a bhaineann le luach saothair agus fostaíocht na státseirbhíse⁹⁰. Tá an fhreagracht as feidhmiú an PMDS laistigh de ranna⁹¹ státseirbhíse aonair ar fheidhm an HRM.

⁸⁸ Aontaítear athruithe ar théarmaí agus ar choinníollacha fostaíochta do Státseirbhísí trí chomhlacht ionadaíoch atá comhdhéanta d'ionadaithe foirne agus bainistíochta. Tugtar an Chomhairle Ghinearálta air seo. Tháinig Trí Thuarascáil de chuid na Comhairle Ginearálta roimh fheidhmiú agus feabhsú an PMDS ó 2000. Cuireadh tacú leis na tuarascálacha seo trí sholáthairtí i gcomhaontuithe páirtnéireachta sóisialta comhleantacha.

⁸⁹ Mercer Human Resource Consulting, Meitheamh 2004.

⁹⁰ Cuirtear freagracht as cúrsaí PMDS i leith na Ranna Seirbhíse Caiteachais agus Athchóirithe, ach sa chás nuair is gá ar mhaithe le soiléireacht níos mó, í a tharchur go dtí an Roinn Airgeadais a raibh freagracht uirthi níos luaithe.

⁹¹ Áirítear gach roinn agus oifig Rialtais láir sa téarma 'roinn'.

Béim na Caibidle

Tuairiscíonn an chaibidil toradh athbhreithnithe a rinne iarracht seo a leanas a chur ar bun:

- comhsheasmhacht agus cáilíocht phróiseas measúnaithe an PMDS
- méid an chomhlíonta tráthúil le PMDS
- cibé an bhfuil breisíochtaí pá nasctha go héifeachtúil le torthaí measúnuithe agus an ndéantar measúnuithe ar gach duine den fhoireann
- cé chomh maith is atá an córas ag cur le forbairt inniúlachta agus feabhsú feidhmíochta.
- Níor áiríodh measúnú ar an tslí inar sannadh cuspóirí, ualaigh oibre agus inniúlachtaí ar shealbhóirí poist le scóip na caibidle.

10.6 Ba iad seo príomhghnéithe an athbhreithnithe

- anailís tuairisceán bliantúla ranna a cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe thart ar Aibreán gach bliain a thuairiscíonn ar thorthaí phróiseas PMDS don bhliain féilire roimhe. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo den chéad uair i 2009 agus lorgaíodh sonraí do 2007 agus 2008
- agallaimh le bainisteoirí HR i gceithre roinn⁹² chun fáil amach cén chaoi a bhfuil PMDS á fheidhmiú ag leibhéal ranna aonair
- athbhreithniú bunaithe ar shamplaí de chásanna i gceithre roinn eile⁹³ áit a raibh breisíochtaí pá le bronnadh chun comhlíontacht le ceanglais PMDS a bhunú
- pléghrúpa fócais chun dearcadh bainisteoirí pearsanra a fháil maidir le rátáil, comhsheasmhacht, tearcfheidhmíocht agus forbairt inniúlachta.

10.7 Chabhraigh sainchomhairleoir⁹⁴ le m'oifig maidir critéir don athbhreithniú seo a bhunú.

10.8 Is ionann na teidil ranna a mbaintear úsáid astu sa tuarascáil seo agus iad sin a bhain leis na nithe ar tuairiscíodh iontu nó a scrúdaíodh.

Comhsheasmhacht Mheasúnuithe Feidhmíochta

10.9 Chinn athbhreithniú 2004 ar fheidhmiú PMDS go raibh deacrachtaí ann leis an gcóras rátála a feidhmíodh i mblianta tosaigh feidhmiú an chórais, agus gur theastaigh córas rátála níos láidre. Mar fhreagairt ar na torthaí, leag Tuarascáil 1452 na Comhairle Ginearálta (a aontaíodh i mBealtaine 2005) amach córas leasaithe rátála le feidhmiú agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht aonair. Bhí an scála rátála cúig phointe a moladh sa tuarascáil (féach Fíor 43) ceaptha speictream iomlán na feidhmíochta a fhaightear go tipiciúil i ranna státseirbhíse a léiriú.

⁹² An tSeirbhís Chúirteanna, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, An Roinn Sláinte agus Leanaí, An Roinn Coimirce Sóisialaí.

⁹³ An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, Roinn an Taoisigh.

⁹⁴ An Dr. Gerry McMahon an sainchomhairleoir a bhí ann.

Fíor 43 Dáileadh Ionchasach Rátálacha Measúnaithe


Rátáil	Tuairisc	Dáileadh rátála molta
5	Sármhaith: sháraigh an sealbhóir ról an caighdeán go substaintiúil i ngach riachtanas ról agus bhí an fheidhmíocht eisceachtúil go seasmhach	0 -10% den fhoireann
4	Sáraíonn an caighdeán riachtanach: d'fhreastal an sealbhóir ról go hiomlán ar riachtanais uile an ról go dtí an caighdeán riachtanach agus sháraigh an caighdeán go suntasach i ngnéithe áirithe	20-30% de fhoireann
3	Inghlactha go hiomlán: d'fhreastail an sealbhóir ról go hiomlán ar riachtanais uile an ról go dtí an caighdeán riachtanach agus tá an fheidhmíocht ag leibhéal atá inghlactha go hiomlán	40-60% den fhoireann
2	Gá le feabhsú: d'fhreastail an sealbhóir ról ar roinnt de na riachtanais don chaighdeán riachtanach ach bhí easnaimh i ngnéithe áirithe	10-20% den fhoireann
1	Do-ghlactha: níor fhreastail sealbhóir an ról ach ar roinnt bheag de riachtanais an ról agus is léir go bhfuil easnaimh idir an fheidhmíocht agus an caighdeán riachtanach	0-10% den fhoireann

Foinse: larschribinn, Tuarascáil 1452 na Comhairle Ginearálta

10.10 Chomh maith le cur síos a sholáthar ar an measúnú rátála atá bainteach le gach ceann de na leibhéil rátála, áiríodh i dTuarascáil na Comhairle Ginearálta dáileadh rátála molta chun cuidiú le bainisteoirí agus measúnuithe á ndéanamh. Ní raibh an dáileadh molta bunaithe ar fhianaise eimpéireach diongbháilte ar fheidhmíocht ionchais. Ina ionad sin, tá sé ceaptha patrún leathan a léiriú ag leibhéal eagraíochtúil. Chuir an tuarascáil i bhfios go láidir go gcaithfí gach sealbhóir poist a mheasúnú ar bhonn aonair agus de réir a fhiúntais féin, agus go gcaithfidh feidhmíocht (aonair) ionchais an gnáthraon factóirí a chur san áireamh mar scileanna, taithí agus an t-am atá caite sa jab.

10.11 Éilíonn an fhoirm mheasúnaithe a úsáidtear chun an rátáil feidhmíochta santa a thuairisciú go gcuirfí measúnú insinte ar fáil freisin. Tá sé seo ceaptha tagairt go páirteach d'aon tosca lasmuigh de smacht an tsealbhóra poist a raibh tionchar aige ar fheidhmíocht an duine aonair.

10.12 Rinne an t-íniúchadh athbhreithniú ar rátálacha táirgeacha bunaithe ar shonraí a bhailigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do na blianta 2007 go 2009. Tá an dáileadh do na meánrátaí do na trí bliana léirithe i bhFíor 44, agus déantar comparáid leis an bpatrún dailte rátála a moladh i dTuarascáil 1452.

Fíor 44 Táirgeacht rátáil mheasúnaithe feidhmíochta, 2007 go 2009^a

Foinse: Anailís ar thuairisceáin rannacha chuig an Roinn Airgeadais.

Nóta: a Tá na torthaí atá léirithe bunaithe ar na rátálacha measúnaithe a tuairiscíodh do thart ar 19,000 ball foirne ar an meán gach bliain, 2007 go 2009 san áireamh.

10.13 Léiríonn an patrún rátála gur bronnadh rátálacha ar níos mó den fhoireann ag an gceann ní ba airde den scála ná mar a thug Tuarascáil na Comhairle Ginearálta le fios, agus ar níos lú den fhoireann ag an gceann níos ísle.

10.14 Tugadh an sceabha seo ar aird i ngach ceann de na ceithre roinn a scrúdaíodh mar chuid den athbhreithniú seo. Sna cásanna sin, bhí béim níos mó fós ar an sceabha. Tugadh ráta ‘4’ do thart ar 60% den fhoireann (níos airde ná an meán 50%) sna ranna a scrúdaíodh agus tugadh rátáil ‘3’ do níos lú ná aon trian (níos lú ná an 40% a léiríodh i bhFíor 44 thuas).

Seiceálacha Comhsheasmhacha

10.15 Bítear ag súil go gcinnteoidh ranna, trína bhfeidhmeanna HRM, go gcuirtear an córas i bhfeidhm ar bhealach cóir, cothrom agus seasmhach thar bhaill uile na foirne san eagraíocht agus go ndéanfar monatóireacht ar na rátálacha iarbhrí a bronnadh thar thréimhse ama.

10.16 Thuairiscigh dhá roinn gur chomhlíon siad seiceálacha seasmhachta ar shampla rátálacha.⁹⁵ Anuas ar an athbhreithniú inmheánach seo, rinne roinn amháin scrúdú ar dháileadh rátálacha agus mhol go mbreithneodh bainisteoirí rátáil ionchasach i gcomhthéacs an réimse feidhmíochta ionad oibre níos leithne ina bhfuil an sealbhóir poist lonnaithe sula mbronntar rátáil ar an duine aonair.

10.17 Thug an t-íniúchadh ar aird samplaí de ghníomhartha a rinne ranna chun measúnú seasmhach a chinntiú, lena n-áirítear

- Buailteann bainisteoirí le chéile a bhfuil rátálacha á sannadh acu don fhoireann i rannán chun cur chuige i leith athbhreithnithe bliantúla a chomhlánú a aontú agus chun dáileadh rátálacha a phlé chun a chinntiú go bhfanann sé laistigh de dháileadh na Comhairle Ginearálta
- Samplaí d’insintí á n-eisiúint chun dul in éineacht le rátálacha do bhainisteoirí sinsearach, chun insintí de cháilíocht níos airde a chinntiú (An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta)
- Baill den Choiste Comhairleach Bainistíochta ag bualadh le chéile chun rátálacha do Phríomhoifigigh a bhreithniú agus Príomhoifigigh ag bualadh le chéile chun dáileadh rátálacha do Phríomhoifigigh Chúnta (An Roinn Sláinte agus Leanaí) a phlé.

An Próiseas Athbhreithnithe

10.18 Ionchorpraíonn PMDS freisin córas athbhreithnithe foirmiúil i gcásanna ina mbíonn sealbhóirí poist míshásta leis an measúnú feidhmíochta a mholann a mbainisteoir. Ní mór don té a dhéanann an t-athbhreithniú a bheith i ngrád níos airde ná an bainisteoir a thug an rátáil bhunaidh.

10.19 Léiríonn ról athbhreithneoirí mar a leagtar amach é sa chomhaontú bunaidh den Chomhairle Ghinearálta faoinar bunaíodh PMDS, anuas ar an ról a bhíonn acu i gcás go n-eascraíonn dearchtaí éagsúla idir sealbhóirí poist agus bainisteoirí, gur chóir dóibh

- bheith bainteach go réamhghníomhach i bhforbairt PMDS, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar phróifíleanna ról chun a chinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach, cóir agus iomchuí do riachtanais a n-aonaid ghnó
- comhsheasmhacht agus feidhmíocht cheart PMDS go dtí caighdeán ard a chinntiú agus oiliúint a chur ar bhainisteoirí chun a scileanna aiseolais a fhorbairt.

10.20 Chinn an t-íniúchadh nárbh ról ainmnithe buan é ról an athbhreithneora i ranna agus nach gcomhlíonann sé aon ról lasmuigh de réiteach aighnis. Toisc gan athbhreithneoir foirmiúil ainmnithe ag gach rannóg/rannán, bíonn sé deacair ag an ról ionchur dearfach a bheith aige i gcomhsheasmhacht feidhmiú PMDS.

⁹⁵ An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

10.21 Bhí grúpa fócais bainisteoirí pearsanra ar aon fhocal tríd is tríd gur bhreathnaigh sealbhóirí poist ar rátálacha níos lú ná ‘4’ ar bhealach diúltach agus, ó pheirspictíochtaí na mbainisteoirí, go raibh bronnadh na rátálacha sin trioblóideach i dtéarma an ualaigh a lean é seasamh leis an rátáil don fhostaí, ar bhain próisis acmhomhairc leis in amannaí, ach freisin san atmaisféar diúltach a gineadh san ionad oibre dá bharr.

10.22 Thug roinnt ball den ghrúpa ar aird go raibh ionchas ginearálta i measc sealbhóirí poist nár cheart go ngabhfadh rátálacha chun donachta le himeacht ama nó le dul chun cinn ardaithe céime. Bhí an chosúlacht ann go raibh sé seo frith-iomasach don rud a mbeifí ag súil leis i ndul chun cinn gairme, sa mhéid go mbíonn sealbhóirí poist a fuair ardú céime le deireanaí i mbun oiliúna agus forbartha de ghnáth le bheith éifeachtach ag an ngrád nua, agus nach mbeadh sé, mar sin, ar an ngnáthbhealach, ag caighdeán is comhionann leis an gceann a raibh sé aige sa bpost roimhe seo.

Conclúid – Comhsheasmhacht Rátála

Tugann torthaí measúnuithe PMDS le tuiscint go bhfuil baol ann nach bhfuil tearcfheidhmíocht á haithint agus, mar sin, nach bhfuil aghaidh a dóthain á thabhairt uirthi. Tugann siad le fios freisin nach gá go léireodh cinntí faoi phá agus dul chun cinn feidhmíochta iarbhrí. Ach d’fhéadfaí gur cóir an baol seo a scrúdú i gcomhthéacs níos leithne agus bheadh sé inmhianta iarracht a dhéanamh chun fáil amach, i gcomhthéacs na státseirbhíse, an bhfuil feidhm i ndáiríre leis an bpatrún molta i dTuarascáil 1452 na Comhairle Ginearálta agus má tá, aghaidh a thabhairt ar chomhsheasmhacht na ndámhachtainí.

D’fhéadfaí go mbeadh sé úsáideach freisin an scála féin a mheas ó mheas Bainisteoirí Pearsanra roinne go ginearálta a ndearnadh suirbhé orthu mar chuid den scrúdú gur measadh gur rátáil dhiúltach í grád a ‘3’ i súile na foirne. Anuas air seo, i gcás go ndearnadh achomhairc chuig athbhreithneoir, thugadar ar aird go raibh achomhairc a ndéanamh ag sealbhóirí poist faoi rátálacha ‘3’ nó ‘4’ agus ní achomharc faoi rátálacha ag ceann íseal an scála.

Chun a chinntiú go bhfeidhmítear rátálacha ar bhealach comhsheasmhach, cóir agus cothrom thar na baill foirne uile san eagraíocht, ba chóir do ranna monatóireacht a dhéanamh ar na rátálacha iarbhrí a bronnadh in imeacht ama agus a chinntiú go bhfuil an fheidhm athbhreithnithe ionsuite ag feidhmiú.

Go ginearálta, ba chóir torthaí agus impleachtaí an athbhreithnithe ar riachtanais chomhsheasmhachta rátála a chur in iúl do bhainisteoirí agus sealbhóirí poist tar éis é a chur i gcrích. D’fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar chomhsheasmhacht trí na bealaí seo a leanas:

- cinntiú go n-ailíníonn an rátáil uimhriúil leis an gcur síos ar an bhfeidhmíocht atá ar an bhfoirm athbhreithnithe
- an dáileadh foriomlán a scrúdú in aghaidh an phatrúin ionchais
- athbhreithniú tréimhsiúil ar dháiltí rátálacha agus scála a dhéanamh chun a chinntiú go léiríonn siad na socruithe oibre reatha.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

10.23 Is é tuairim na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur ghné chriticiúil í an bealach a dháiltear cuspóirí, ualaigh oibre agus inniúlachtaí ar shealbhóirí poist de chomhsheasmhacht agus de chothroime. Deir sí go mbíonn tionchar díreach aige seo ar cé chomh héasca nó chomh deacair a d’fhéadfadh sé a bheith do shealbhóirí poist a gcuspóirí a bhaint amach agus rátáil níos airde a bhaint amach dá bharr.

Comhlíontacht PMDS

10.24 Léiríonn anailís ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar thuairisceáin PMDS ó ranna, nach raibh athbhreithnithe bliantúla PMDS do 2009 comhlíonta ach ag 56% den fhoireann thar na ranna ag an am a rinne siad an tuairisciú. B'ionann é seo agus laghdú ar an meánráta comhlíonta 70% a tuairiscíodh i leith athbhreithnithe bliantúla 2007.

10.25 Mar a léiríonn Fíor 25, bhí éagsúlacht nach beag idir ranna sa ráta tuairiscithe comhlíonta d'fhoirmeacha athbhreithnithe bliantúla 2009. D'athraigh sé seo ó chomhlíontacht iomlán nó beagnach iomlán i roinnt oifigí rialtais láir go dtí ráta 18% amháin sa Roinn Coimirce Sóisialaí, áit a raibh neamh-chomhlíonadh na n-athbhreithnithe mar thoradh ar dheacrachtaí caidrimh thionsclaíoch⁹⁶

10.26 Is foinse deacrachta an fráma ama ina raibh sonraí na dtorthaí le cur ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'iontaofacht aon ráta comhlíontachta a ríomhtar bunaithe ar na tuairisceáin. Comhordaíodh na sonraí a thuairiscigh an Roinn don tréimhse 2007 go 2009 sa chéad ráithe de gach bliain ina dhiaidh sin. Do 2007 (an chéad bhliain inar comhordaíodh na sonraí), b'éigin tuairisceáin a dhéanamh faoi Fheabhra 2009. Tuairiscíonn ranna méadú ar an ráta comhlíontachta de réir mar a théann an bhliain chun cinn agus a mbíonn feidhm le dátaí breisíochtaí. Mar aitheantas air seo chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Áthchóirithe síneadh go dtí 15 Aibreán 2011 ar fáil do dháta aiscur na dtorthaí do 2010. Mar sin, léiríonn na sonraí a tuairiscíodh rátaí comhlíontachta ag an dáta tuairiscithe, agus ní an ráta deiridh a ndéantar uasghrádú leanúnach air i rith na bliana.


Conclúid – Comhlíontacht PMDS

Cuireann suirbhéanna thar am ar leith de chuid na Roinne Airgeadais i bhfios go bhfuil moill ar chomhlíonadh measúnuithe agus go bhfuil sé seo imithe chun donais roinnt i 2009. An bhliain sin bhí ráta comhlíontachta foriomlán 56% ann.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

10.27 Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil céimeanna á dtógáil ag a Roinn chun comhlíonadh agus comhsheasmhacht a fheabhsú, go príomha trí shonraí ar chomhlíonadh a bhailiú le súil agus na rátaí comhlíonta ag ranna agus oifigí ar feadh na státseirbhíse a fhoilsiú. Thuairisc sé gur tháinig ardú 13% ar chomhlíonadh in 2010.

⁹⁶ Chuir an ghníomhaíocht thionsclaíoch as do 60% d'fhoireann na Roinne, agus bhí feabhas mór go maith ar chomhlíonadh ó shin, ag ardú go 80% do 2010.

Fíor 45 Céatadán tuairiscithe d'athbhreithnithe bliantúla PMDS 2009 PMDS ag roinn/oifig (ag dáta)^a

Foinse: Tuairisceáin rannacha go dtí an Roinn Airgeadais

Nóta: D'fhéadfadh gur athraíodh teidil ranna áirithe de bharr atheagraíochtaí ó bailíodh na sonraí.

PMDS agus Bronnadh Breisíochtaí

10.28 Tá formhór tuarastal státseirbhíse bunaithe ar scálaí pá grádshonracha, agus roinnt ardaithe pá (breisíochtaí) iníoctha, ag eatraimh bhliantúla de ghnáth. Is ionann agus thart ar €40 milliún in aghaidh na bliana breisíochtaí a bronnadh nó atá le n-íoc ar fud na státseirbhíse ina iomlán.

10.29 Go dtí 2005, bhí moltaí do bhronnadh breisíochtaí pá bunaithe ar athbhreithnithe aonair anuas ar na measúnuithe PMDS, agus saoire tinnis agus taifid freastail á gcur san áireamh freisin sa chinneadh deiridh. Ó 2005 i leith, bhí bronnadh breisíochtaí pá ar státseirbhísí ag brath ar chomhlíonadh athbhreithnithe bliantúil PMDS agus ar íosrátaí '2' a fháil sa mheasúnú athbhreithnithe bhliantúil PMDS. Mar a tharla roimhe, leantar ag cur saoire tinnis agus taifid freastail an duine aonair den fhoireann san áireamh sa chinneadh faoi bhronnadh breisíochta.

10.30 Cé is móite den bhaol go dtabharfaí breisíochtaí bliantúla pá i gcásanna drochfheidhmíochta de bharr 'boilscthe ar an ráta measúnaithe', eascraíonn baol as anailís na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nach léirítear ach comhlíontacht 56% in athbhreithnithe PMDS go mb'fhéidir go mbeifí tar éis arduithe ar bhreisíochtaí pá a bhronnadh fiú gan luacháil a bheith déanta. Mheas mé go raibh sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh féachaint an raibh an baol sin ann iarbhrí nó cé chomh mór agus a bhí an baol.

10.31 Scrúdaigh an t-iniúchadh na nósanna imeachta do bhronnadh breisíochtaí i gceithre roinn. Seiceáladh athbhreithnithe agus rátálacha bliantúla do gach duine den fhoireann sna ceithre roinn a raibh breisíocht ag dul dóibh i mBealtaine 2010 (féach Fíor 46). Ar an iomlán chinn an t-iniúchadh gur thacaigh athbhreithnithe bliantúla roimhe sin le formhór na mbreisíochtaí a bronnadh. I 9% de na cásanna a scrúdaíodh, cuireadh moill ar íocaíocht na breisíochta toisc nár comhlánadh an fhoirm athbhreithnithe bhliantúil PMDS. Íocadh dhá thrian de na breisíochtaí seo faoi Iúil 2010. Íocadh an chuid eile de na cásanna a raibh moill orthu faoi dheireadh 2010, le heisceacht amháin a íocadh i bhFeabhra 2011. I 7% eile de na cásanna coinníodh an bhreisíocht siar mar gheall ar thaifead míshásúil saoire tinnis. In 1.2% de na cásanna a scrúdaíodh, coinníodh breisíochtaí siar mar gheall nach raibh athbhreithnithe PMDS tugtha chun críche.

Fíor 46 Comhlíontacht athbhreithnithe bhliantúil PMDS do bhronnadh breisíochtaí pá Bealtaine 2010 – ranna roghnaithe^a

Roinn	Breisíochtaí le n-íoc i mBealtaine 2010	Athbhreithniú bliantúil tugtha chun críche agus breisíocht íoctha ar an dáta dlite	Moill ar bhreisíocht toisc		Breisíocht gan a bheith íoctha; athbhreithniú PMDS gan a bheith críochnaithe
			Athbhreithniú PMDS gan a bheith críochnaithe in am	An iomarca saoire tinnis	
Dlí agus Cirt agus Athchóirithe	112	107	3	—	2
Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	108	73 ^b	18	16	1
Roinn an Taoisigh	11	10	1	—	—
Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	11	11 ^b	—	—	—

Nótaí: a Athraíodh roinnt teideal roinne ó Bhealtaine 2010 de bharr atheagrúcháin.

b Íocadh breisíocht le duine amháin gan measúnú PMDS a bheith críochnaithe roimh ré.

10.32 Thug an t-iniúchadh roinnt saincheisteanna córasacha ar aird

- Tá baol ann i gcásanna nach bhfuil córas íocaíochta á dtiomáint ag údaruithe ón bhfeidhm acmhainne daonna go n-íocfaí breisíochtaí pá gan measúnú nó i gcás nach dteastódh measúnuithe. Sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta⁹⁷, níor coinníodh íocaíocht bhreisíochtaí siar mura raibh rátáil ar fáil. Ba é an cleachtas go leanfadh an tAonad Pearsanra ar aghaidh ina dhiaidh sin ag iarraidh foirm athbhreithnithe bhliantúil chomhlánaithe agus rátáil ghaolmhar. Chuir an Roinn in iúl dom gur tugadh córas foirmiúil isteach i Samhain 2010, faoinar coinníodh íocaíocht bhreisíochtaí siar mura raibh rátáil PMDS ar fáil d'oifigeach.
- Ba chóir go mbeadh comhsheasmhacht i sainmhíniú na tréimhse rátála. Go dtí 2011, níor oibrigh Roinn an Taoisigh PMDS ar bhliain féilire. Ina ionad, d'oibrigh sé an córas ar scála ama éagsúil do gach sealbhóir poist aonair. Chomh maith leis sin, ní raibh na hathbhreithnithe PMDS sioncronaithe i gceart leis an am scála d'íocaíocht bhreisíochtaí. Dá thoradh sin bhí cuid de na breisíochtaí a híocadh i mBealtaine 2010 bunaithe ar mheasúnuithe PMDS a rinneadh in Aibreán/Bealtaine 2009. Ag tús 2011, tar éis athbhreithnithe inmheánaigh, rinne an Roinn comhchuibhiú ar fheidhmiú PMDS thar na Rannóga go léir chun a chinntiú go mbeidh feidhm leis an tréimhse athbhreithnithe chéanna amach anseo do gach Rannóg agus gach duine den fhoireann.

10.33 Ach tugadh ar aird sa Roinn Coimirce Sóisialaí, go raibh bronnadh breisíochtaí faoi réir go fóill ag deimhniú scríofa an bhainisteora faoi fheidhmíocht shásúil, agus nach raibh sé ceangailte le comhlíontacht roimh ré le PMDS. Mar sin íoctar formhór na mbreisíochtaí a bronnadh ar an bhfoireann gan athbhreithnithe bliantúla comhlíonta PMDS. Tá ráite ag an Roinn go bhfuil céimeanna á dtógáil aici chun a PMDS a threisiú.

10.34 Níl gach duine den fhoireann incháilithe do bhreisíocht pá gach bliain, mar shampla foireann ag uasphointe an scála pá iomchuí. Fiú sa chás nach bhfuil breisíochta pá iníoctha, tá sé inmhianta go leanfadh an próiseas bainistíochta feidhmíochta ag feidhmiú i gcásanna dá leithéid.

10.35 Ar an iomlán bhí an grúpa fócais, a tionóladh le PMDS a phlé, den tuairim gur bhraith sealbhóirí poist agus bainisteoirí araon gurbh ídiú ama é an riachtanas páipéarachais agus an próiseas a chomhlíonadh. Moladh córas níos simplí⁹⁸.

10.36 Ba é tuairim an ghrúpa fócais, i réimsí na státseirbhíse a mbíonn aghaidh á tabhairt ar chustaiméirí, nach gceaptar gur tosaíocht í comhlíonadh an phróisis PMDS, ag éirí as brúnna do sholáthar seirbhíse. An rud ba léir freisin ó phlé an ghrúpa go raibh comhlíontacht á tiomáint go suntasach ag an gceanglas go gcomhlíonfaí athbhreithnithe sula bhféadfaí breisíochtaí pá a bhronnadh. Ba léir freisin don ghrúpa nach raibh aon spreagadh ann dóibh siúd a bhí ar uasphointe a scála an próiseas PMDS a chomhlíonadh. Ba é a thuig siad ná, i gcásanna neamh-chomhlíonta, d'fhéadfaí a bhformhór a chur ina leith siúd nach bhfuil ag fáil breisíochta níos mó.

⁹⁷ Aistríodh feidhmeanna na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta go dtí sé roinn éagsúla tar éis atheagar ar na Ranna Rialtais i Márta 2011.

⁹⁸ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próiseáil leictreonach foirmeacha PMDS a leathnú ar fud na státseirbhíse.

Conclúid – PMDS agus Dámhachtainí Breisíochtaí

Is cuid den doiciméadú a thugann bunús leis an éileamh ar bhronnadh áirithe pá iad foirmeacha measúnaithe comhlánta. Dá thoradh sin tá sé tábhachtach go mbeidís ann i ngach cás. Chinn sampláil iniúchta go raibh formhór na mbreisíochtaí a bronnadh i mBealtaine 2010 i gceithre roinn bunaithe ar mheasúnuithe reatha. Tá baol airgeadais a eascraíonn as cleachtais a cheadaíonn íocaíocht uathoibrithe breisíochtaí agus a bhunaíonn íocaíochtaí ar mheasúnuithe a comhlíonadh breis agus 12 mí roimhe sin. Ba cheart do Ranna athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta ó am go chéile le deireadh a chur leis an mbaol sin.

Cé go léiríonn sampláil iniúchta ard-chomhlíontacht le hathbhreithnithe roimh íocaíocht bhreisíochtaí, tá baol iarmharach ann i gcónaí nach bhfuil na samplaí a athbhreithníodh ionadaíoch toisc go bhfeidhmíonn Ranna córais neamhspleácha íocaíochta agus bainistíochta acmhainní daonna. Ba chóir d'Oifigigh Chuntasaíochta a bhreithniú ar chóir iarraidh ar a bhfeidhmeanna iniúchta inmheánaigh comhlíontacht a athbhreithniú ó am go chéile. Tá sé inmhianta freisin dearadh agus tráth na suirbhéanna a choigeartú chun pictiúr níos ionadaíche den chomhlíontacht a fháil.

Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

10.37 D'aithin an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh baol iarmharach ann nach mbeadh torthaí samplála na comhlíontachta le hathbhreithnithe ag deireadh bliana ionadaíoch toisc go bhfeidhmíonn ranna córais HR agus íocaíochta neamhspleácha. Dúirt sé freisin go raibh bronnadh breisíochta, i gcásanna áirithe ar a laghad, bunaithe ar rátaí gan bhonn, agus gur dóigh mar sin go raibh breisíochtaí á n-íoc fiú nuair a bhí fadhb ann maidir le feidhmíocht.

Tionchar ar Fheidhmíocht

10.38 Is réasúnaíocht bhunúsach do chórais bhainistíochta feidhmíochta í an tuairim láidir gur féidir tionchar dearfach a imirt ar fheidhmíocht oibrithe agus go mbeidh aisíoc i dtáirgeacht agus éifeachtúlacht feabhsaithe mar thoradh ar acmhainní agus am a thugtar don phróiseas, ach amháin i gcásanna ina bhfuil tearcfheidhmíocht chomh seasmhach go dtí pointe ina léirítear é mar theip leanúnach chun freastal ar chuspóirí agus ar chaighdeán réadúla sonracha.

10.39 Tá dhá thosca lárnacha a chuideoidh le measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil PMDS ag cur le feabhas feidhmíochta agus forbairt foirne

- cibé an bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha ag sealbhóirí poist, nó an féidir leo iad a fhorbairt, chun a gcuid oibre a dhéanamh go dtí an caighdeán riachtanach
- cá mhéad a dhéantar tearcfheidhmíocht a aithint agus a bhainistiú.

Forbairt Inniúlachtaí Foirne

10.40 Is é an cuspóir gnó a chuireann bonn taca le ham a infheistiú in aithint agus in aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha foirne ná a chinntiú go bhfuil na scileanna, an t-eolas, an cumas agus an t-iompar acu a theastaíonn lena jab a dhéanamh go maith, leis an gcáilíocht is airde seirbhíse custaiméara a sholáthar agus lena lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá an fhreagracht ar na sealbhóirí poist agus ar a mbainisteoirí líne ar an gcéad dul síos chun riachtanais forbartha sonracha duine aonair a aithint agus bealaí a aontú chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin.

10.41 I PMDS aithníonn gach próifíl róil inniúlachtaí a theastaíonn leis an jab a dhéanamh. Féadfaidh forbairt na n-inniúlachtaí sin thar thréimhse díriú ar fhorbairt acmhainneachta na heagraíochta de réir mar a chleachtar na hinniúlachtaí. Tá an comhchaidreamh idir feidhmíocht phearsanta agus feidhmíocht eagraíochtúil i gcroílár PMDS.

10.42 Forbraíodh creat inniúlachta leis an bhfoireann a threorú maidir leis na hinniúlachtaí a theastaíonn do phost faoi leith agus leis na réimsí atá le forbairt ag sealbhóir poist a aithint. Tugtar achoimre ar an gcreat, a rinne idirdhealú idir eolas, scileanna agus inniúlachtaí iompraíochta a bhaineann le post, in Iarscríbhinn A.

10.43 Rinne an Roinn Airgeadais suirbhé ar líne d'fhoireann uile na státseirbhíse ag deireadh 2009 agus ag tús 2010, chun a ndearcadh ar an gcaoi a raibh PMDS á fheidhmiú a fháil amach. Baineadh ráta freagartha formiamlán 20% amach. D'fhéadfadh go bhfágann an modheolaíocht a úsáideadh agus an leibhéal íseal freagartha nach féidir glacadh leis go bhfuil na tuairimí a nochtadh ionadaíoch do dhearcadh státseirbhíse ina iomlán. Dáiríre, is iad na daoine sin a bhfuil na tuairimí is láidre acu (ar son nó i gcoinne PMDS) is dóchúla a thabharfadh freagra. Ina dhiaidh sin tugann na freagraí táscairí úsáideacha faoi réimsí ina bhfuil scóp chun feabhas a chur ar an gcóras.

10.44 Chinn an suirbhé

- gur chreid 63% d'fhreagróirí, gur aithníodh inniúlachtaí a bhí bainteach lena bpostanna sa phróiseas PMDS.
- Mheas tuairim is leath de na freagróirí go raibh na roghanna oiliúna a aithníodh dóibh nasctha leis na hinniúlachtaí aitheanta
- Thuairiscigh céatadán comhchosúil gur gníomhaíodh ar na riachtanais oiliúna a aithníodh dóibh.

10.45 Níor thuairiscigh ach 40% d'fhreagróirí gur phléigh siad a bhfeidhmíocht féin ar an gcaighdeán riachtanach inniúlachta nó faoina bhun lena mbainisteoir. Thit an céatadán go 36% ag na leibhéil bhainistíochta shinsearacha.

10.46 Nuair a aithnítear bearnaí inniúlachta is é an dúshlán aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach éifeachtach. Go ginearálta, is féidir aghaidh a thabhairt ar easnaimh eolais agus scileanna níos éasca ná ar easnaimh i roinnt inniúlachtaí iompraíochta, mar smaoineamh coincheapúil agus tuiscint idirphearsanta.

10.47 Moltar cur chuige dea-chleachtais áirithe chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairt inniúlachtaí daoine aonair i bhFíor 47.

Fíor 47 Dea-chleachtas d'Fhorbairt Inníúlachta

Díriú isteach ar dhá nó ar thrí réimse forbartha i ngach timthriall, a roghnaíodh agus súil ar inniúlachtaí criticiúla don jab.

Cuir an bhéim forbartha i gcoibhneas le cumas an tsealbhora poist vis-à-vis éilimh an jab ar an mbonn go mbeidh athrú ar fhorbairt inniúlachta, agus ar an gcaoi a bhainfeadh sin amach, ó dhuine aonair go duine aonair agus ó chúinse go cúinse.

Teacht ar aontú faoin gcaoi a n-aithneofar forbairt nuair a tharlaíonn sé.

Úinéireacht phearsanta ar fhorbairt a spreagadh trí thaighde gníomhaíochta agus teicnící no modhanna measúnaithe agus féinmhonatóireachta eile.

Cé go gcaithfear úinéireacht aonair ar fhorbairt a spreagadh, ag an am céanna tá gá le meicníochtaí athbheithnithe. Dá thoradh sin tá dúshlán ann do shealbhoirí poist agus dá mbainisteoirí araon a chinntiú nuair a aithnítear inniúlachtaí don fhorbairt go bhfuil creat monatóireachta iomchuí ann a cheadóidh an dul chun cinn san fhorbairt sin a bhreacadh síos.

Foinse: Sainchomhairleoir Dr. Gerry McMahon

10.48 I gcleachtas, ní feidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fhorbairt foirne trí na scileanna agus inniúlachtaí iompraíochta atá le forbairt a aithint ach amháin mar chuid de phróiseas leanúnach idirghníomhach nach bhfuil breithmheas foirmiúil ach gné amháin de, cé gur ghné thábhachtach í.

10.49 Bhreathnaigh an grúpa fócais ar na gnéithe de PMDS a bhain le forbairt inniúlachta mar rud an-choincheapúil i gcarachtar nach bhféadfaí a chur i bhfeidhm go praiticiúil ach ar bhonn teoranta sa státseirbhís. Bhí cuntair áirithe den ghrúpa á lua nach raibh i roghnú inniúlachtaí iompraíochta don fhorbairt ach cleachtadh ‘ticeáil boscaí’ agus gur chóir níos mó béime a bheith ar fhorbairt scileanna. Dúirt an grúpa freisin go raibh sé deacair a fheiceáil cibé ar cuireadh feabhas ar scileanna níos boige de thoradh oiliúna sonraí seachas scileanna teicniúla arbh fhéidir a léiriú níos éasca.

10.50 Cé go gcuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil agus é d’aidhm acu sealbhóir poist a fhorbairt, i gcásanna áirithe bíonn sé deacair an nasc díreach a dhéanamh idir feidhmíocht fheabhsaithe agus na cúrsaí a dtugtar fúthu. Coinníonn ranna taifid ar an bhfreastal ar chúrsaí oiliúna, ach níl aon obair déanta chun an t-aschur ó thaobh tionchair dhearfach ar fheidhmíocht aonair nó eagraíochtúil a mheasúnú. B’fhiú fiosrú a dhéanamh ar cibé ar chóir tascairí a fhorbairt chun an t-aischur ó infheistíocht i bhforbairt nó in oiliúint foirne sna scileanna níos boige, mar chumarsáid, a thomhas.

Tearcfheidhmíocht a Bhainistiú

10.51 Bíonn tionchar ar fhóntas PMDS mar thiománaí feidhmíochta ag a mhéid a thugann sé aghaidh go héifeachtach ar thearcfheidhmíocht. Chinn suirbhé na Roinne Airgeadais 2009 nár bhraith ach 18% d’fhreagróirí go raibh bainistíocht chuí á déanamh ag a ranna ar thearcfheidhmíocht.

10.52 D’fhéadfaí rátáil ‘1’ nó ‘2’ a rangú mar léiriú ar thearcfheidhmíocht an duine den fhoireann a fuair an rátáil. Cé go léiríonn an dáileadh molta go bhféadfaí suas le 30% den fhoireann a rátáil ‘1’ nó ‘2’, léiríonn na torthaí thar an tréimhse 2007 go 2009 gur tugadh rátáil ag na leibhéil seo do níos lú ná 3% den fhoireann. D’fhéadfadh an toradh seo a thabhairt le fios nach bhfuil tearcfheidhmíocht á haithint agus mar sin nach bhfuil aghaidh á tabhairt uirthi.

10.53 Chinn an t-iniúchadh go bhfuil ranna áirithe tar éis céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar thearcfheidhmíocht. Ar na bearta a tugadh ar aird le linn an athbhreithnithe iniúchta seo áirítear

10.54 Tá an Roinn Choimirce Sóisialaí tar éis treoirlínte foirmiúla agus paca eolais a eisiúint chun tacú le bainisteoirí. Tá sé seo ar fáil ar an inlín. Cuireann na treoirlínte soiléireacht faoin bpróiseas ar fáil faoinar féidir agus ar chóir do bhainisteoirí a úsáid agus tearcfheidhmíocht á bainistiú acu, agus fágann scaipeadh go mbíonn an próiseas follasach dóibh siúd a bhíonn bainteach leis. I gcleachtadh píolótach d’inchorpáigh an Roinn Coimirce Sóisialaí pointeáilteacht, coimeád ama agus freastal sa phróiseas PMDS. Agus rátálacha feidhmíochta bliantúla á gcinneadh, déanann an Roinn iarracht na bearta feidhmíochta seo a chur san áireamh, ach ní éiríonn go rómhaith leo. Dúirt an Roinn cé go raibh roinnt tascairí dearfacha sa staidéar píolótach ó chuimsiú na ngnéithe seo i measúnú feidhmíochta, nach raibh aon chomhaontú go fóill ar a nglacadh foirmiúil.

10.55 Sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tá clár oiliúna agus eolais don fhoireann á thabhairt chun críche faoi láthair. Cuireadh cúrsa oiliúna píolótach ar fáil do bhainisteoirí a raibh taithí acu i mbainistiú tearcfheidhmíochta agus baineadh úsáid as an aiseolas a soláthraíodh ag deireadh an chúrsa chun na treoirlínte agus an oiliúint a fhoirmiú agus a fhorbairt tuilleadh. Fuarthas aiseolas breise trí phróiseas comhairliúcháin le bainisteoirí agus le foireann na Roinne. Áireofar ar oiliúint do bhainisteoirí ullmhúchán do bhualadh leis an bhfoireann nuair a bhíonn saincheisteanna deacra á bplé.

10.56 Sa Roinn Sláinte agus Leanaí, eisíodh fógra oifige do gach bainisteoir ag cur béim ar an ngá a bhí le aghaidh a thabhairt ar thearcfheidhmíocht ar bhealach comhsheasmhach thar na rannáin uile. Cuireadh in iúl do bhainisteoirí gur chóir do rátáil feidhmíochta a léiriú go beacht, agus má bhíonn saincheisteanna faoi fheidhmíocht gur chóir aird mhaith a tharraingt orthu seo i rith na bliana, agus gur chóir do bhainisteoirí mínithe a thabhairt don fhoireann i réimsí nach mbaineann siad an fheidhmíocht ionchais amach.

10.57 Is freagracht roinnte é tearcfheidhmíocht a bhainistiú. Is é an bainisteoir líne atá freagrach as aghaidh a thabhairt go forghníomhach ar fhadhbanna tearcfheidhmíochta a eascraíonn ina réimse féin. Ar an taobh eile de, is ar an sealbhóir poist atá an fhreagracht caidreamh a dhéanamh leis an mbainisteoir chun oibriú i dtreo réitigh chomhaontaithe ina mbeadh tearcfheidhmíocht aitheanta agus taifeadta.

10.58 Bhí an grúpa fócais cinntitheach gur ceist thromchúiseach don státseirbhís í ceist na tearcfheidhmíochta. Bhí an grúpa ar aon fhocal ar an iomlán nach raibh aghaidh á tabhairt ar an tearcfheidhmíocht agus leag siad roinnt príomhthuaisirí a bhaineann leis an gcás seo amach.

- Tá fadhb oidhreacht a gcaithfí déileáil léi sa mhéid is go mbíodh fostaithe tearcfheidhmíochta á n-iompar go minic ag fostaithe eile san am atá caite ach go bhfanann an lucht tearcfheidhmíochta ann.
- Níl agus ní raibh aghaidh á tabhairt ar thearcfheidhmíocht luath go leor i ngairm duine aonair agus bíonn éifeacht iarmhartach diúltach aige seo ar feadh a saoil oibre.
- Níl ardbhainistíocht na státseirbhíse ag tacú le bainisteoirí agus iad ag déileáil leis an tearcfheidhmíocht, mar sin is beag an spreagadh a bhíonn ag na bainisteoirí seo aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.
- Nuair a ghlacann bainisteoirí le fostaí tearcfheidhmíoch ina limistéar oibre siúd is minic nach mbíonn aon fhianaise scríofa a chruthódh an tearcfheidhmíocht toisc nach mbíonn aon tuairisc uirthi ó bhainisteoirí roimhe seo – féadfaidh sé seo a bheith ina bhac ar thógáil na ceiste go héifeachtach nuair a aistrítear an fostaí.
- Feictear do bhainisteoirí go mbíonn ‘ualach’ riaracháin agus pearsanta sonrach ag baint le déileáil le tearcfheidhmíocht.

10.59 Is gné lárnacha d’aghaidh a thabhairt ar tearcfheidhmíocht é idirdhealú a dhéanamh idir na daoine sin ar féidir cabhrú leo ó thaobh tuilleadh inniúlachta a bhaint amach in imeacht ama agus iad sin a bhféadfadh saincheistanna araíonachta a bheith i gceist leo. I gcás an chéad cheann, is gnéithe lárnacha iad gníomhartha tráthúla agus aontú ar shaincheistanna idir na páirtithe. Is féidir go mbeadh sé indéanta réiteach rathúil ar shaincheistanna tearcfheidhmíochta a bhaint amach trí phlean forbartha pearsanta, a bheadh ceaptha go speisialta don staid oibre shonrach. Léireodh creat ginearálta inmhianta do bhainistíocht rathúil na gnéithe seo.

Fíor 48 Cur Chuige Dea-Chleachtais i leith Tearcfheidhmíocht a Bhainistiú

Aithint luath agus freagairt phras do thearcfheidhmíocht bhreathnaithe

Comhaontú idir sealbhóir poist agus bainisteoir faoin fhadhb

Comhaontú faoi na gníomhartha le tógáil chun an scéal a chur ina cheart

Feidhmiú acmhainní iomchuí chun teacht i gcrích na ngníomhartha aontaithe a chumasú

Monatóireacht an bhainisteora agus an tsealbhóra poist ar thionchar feidhmíochta ina dhiaidh sin.

Foinse: Sainchomhairleoir – Dr Gerry McMahon

Aiseolas Aníos

10.60 Tugadh socruithe do sholáthar aiseolais aníos do bhainisteoirí isteach i 2002. Tá aiseolas aníos ceaptha deis a sholáthar do shealbhóirí poist ráiteas inchiallaithe a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil bainistiú á dhéanamh orthu, reáchtáil an aonaid oibre agus an chaoi a fheidhmítear PMDS.

10.61 Rinneadh athbhreithniú ar aiseolas aníos i gceithre roinn. Cinneadh

- Sa tSeirbhís Chúirteanna nach raibh aon soláthar foirmiúil aiseolais aníos i bhfeidhm ach dúirt an tSeirbhís go raibh an chosúlacht ann gur tharla sé go neamhfhoirmiúil. Tugadh oiliúint don fhoireann d'aiseolas aníos ach loic ar a feidhmiú de bharr gníomhaíochta tionsclaíche agus níor leanadh leis. Dúradh freisin gur tugadh clár bainistíochta nua isteach i 2011 a spreagann bainisteoirí chun aiseolas a lorg ón bhfoireann ar roinnt réimsí lena n-áirítear an chaoi a raibh bainistíocht á déanamh orthu, feidhmíocht foirne, tionscnaimh foirne agus déileáil le saincheisteanna feidhmíochta. Bhí tabhairt isteach foirmiúil aiseolais aníos á bhreithniú.
- Sna trí roinn eile a ndearnadh athbhreithniú orthu cuimsíonn an fhoirm athbhreithnithe bhliantúil spás le taifead a dhéanamh faoi sholáthar aiseolais. Dáiríre, ní dhéanann an Roinn Sláinte agus Leanaí taifead ar chásanna nó ábhar aiseolais. Is é an beartas sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus sa Roinn Coimirce Sóisialaí araon cásanna aiseolais aníos a thaifeadadh. Sa Roinn Coimirce Sóisialaí níl aon chás taifeadta inar tugadh aiseolas aníos. Ar an taobh eile tuairiscíonn an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta go bhfuil aiseolas aníos tugtha ag 64% den fhoireann, ó 52% ag grád an Oifigigh Chléireachais agus ag grád choibhéiseacha go 79% ag grád an Phríomhoifigigh agus ag grád choibhéiseacha.

10.62 Go ginearálta, creideann an grúpa fócais go raibh leisce ar shealbhóirí poist aiseolas aníos a thabhairt dá mbainisteoirí mar gheall ar urchoilleadh pearsanta. Dá sóisearaí grád an tsealbhóra poist is ea is lú an dochúlacht go dtabharfaidís aiseolas aníos.

Conclúid – PMDS agus Feidhmíocht

Ardáionn suirbhéanna a rinne an Roinn Airgeadais ceisteanna faoi cibé ar bhain na hinniúlachtaí aran n-aithint i rith phróiseas an PMDS leis an bpost agus faoi éifeachtacht na hiar-oibre forbartha sa chás go n-aithnítear inniúlachtaí. Bheadh sé áisiúil meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag tionscnaimh forbartha ar fheidhmíocht foirne.

Níor mheas ach 19% d'fhreagróirí an tsuirbhé go raibh bainistiú cuí á dhéanamh ag a roinn ar fheidhmíocht.

Léiríonn an dáileadh rátálacha go bhfuil céatadán fíor-bheag den fhoireann rátáilte sa dá bhanda is ísle. Tugann sin le tuiscint nach bhfuil aghaidh á thabhairt ar thearcfeidhmíocht.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

10.63 Agus tuairisc á déanamh ar an tuarascáil, thug Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar aird gurb é an tomhas ba thábhachtaí ar éifeachtúlacht chórais bhainistíochta feidhmíochta ná cé chomh maith agus a bhí an córas ag cur le feabhas feidhmíochta agus le forbairt foirne.

10.64 Dúirt sé go ndearna Measúnú Mercer ar PMDS i 2005 measúnú ar an méid a chuir PMDS le feidhmíocht aonair fheabhsaithe agus mar sin le feidhmíocht eagraíochtúil fheabhsaithe. Clúdaíonn an suirbhé critéir shonracha lena n-áirítear próiseas PMDS, feidhmiú, éifeachtúlacht, cothroime agus comhsheasmhacht, cé acu a raibh freastal á dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus forbartha agus an chaoi a ndéantar measúnú ar fheidhmíocht. Rinne an Roinn an suirbhé seo in athuair i 2010. Dúirt sé gur thug

freagairtí sa suirbhé táscaire maith don Roinn faoi gcaoi a raibh PMDS ag obair agus go raibh na torthaí tar éis dul i gcionn ar an obair forbartha atá ar siúl faoi láthair le feabhas a chur ar PMDS.

10.65 Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom freisin gur leag an Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014 agus Pleananna Gnímh gaolmhara na Státseirbhíse amach na bearta atá le déanamh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdheacrachtaí le PMDS. Áirítear orthu seo

- an bhéim ar dhul i ngleic le tearcfheidhmíocht a mhéadú trí oiliúint agus treoirlínte a chur ar fáil ar an gcaoi le déileáil le tearcfheidhmíocht d’aonaid oiliúna agus HR sna Ranna/Oifigí uile
- bearta a thabhairt isteach chun nascanna idir PMDS agus an próiseas smachtaithe a threisiú
- monatóireacht réamhghníomhach agus cur chun cinn struchtúr teicniúla níos fearr do thabhairt chun críche PMDS ar fud na státseirbhíse.

10.66 Tá bearta a thugann aghaidh ar na cuspóirí ceadaithe ag an Aire agus eisíodh litir a leagann amach moltaí do PMDS ar Rúnaithe Ginearálta i Meitheamh 2011. Tá tús curtha le hidirbheartaíocht leis na Ceardchumainn ar láidriú PMDS.

10.67 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go dtarlódh athruithe ar PMDS ar bhonn céimnithe.

- Go gcuimsíonn an chéad chéim sruthlíniú PMDS na státseirbhíse le go mbeadh sé ina uirlis níos úsáidí do bhainistíocht feidhmíochta, tabhairt isteach smachtbhanna do neamhchomhlíontacht bainisteoirí le PMDS agus ról níos réamhghníomhaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhorbairt i dtacú le haonaid HR i gcur chun cinn agus i láidriú bainistíocht feidhmíochta.
- Sa dara chéim feicfead forbairt creata cothroime agus comhsheasmhachta maidir le rátáil agus le forbairt treoirlínte agus uirlisí d’aonaid HR agus bainisteoirí chun leanúint le tacú do chultúr bainistíochta feidhmíochta.

10.68 Tá bearta áirithe chun tabhairt faoi thearcfeidhmíocht leathnaithe amach cheana féin. Reáchtáladh seisiúin grúpa Fócais i Samhain 2010 leis an tsli le haghaidh a thabhairt ar thearcfeidhmíocht a aithint. Reáchtáladh ceardlanna i Márta 2011 freisin le haonaid HR chun oiliúint a chur ar an bhfoireann ar uirlisí chun tearcfheidhmíocht a bhainistiú, agus foilsíodh treoirlínte i mBealtaine 2011 ar shlí le dul i ngleic le tearcfheidhmíocht, lena n-áirítear Cód Araíonachta (na Státseirbhíse) sa phróiseas sin. Tá sé beartaithe go leathnódh na Ranna an oiliúint seo ar conas tearcfheidhmíocht a bhainistiú amach dá mbainisteoirí líne.

10.69 Ar deireadh, glacadh céimeanna le comhlíontacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú trí shonraí a bhailiú ar chomhlíontacht d’fhonn rátaí comhlíontachta Ranna agus Oifigí ar fud na Státseirbhíse a fhoilsiú. Léiríonn méadú comhlíontachta 13% a taifeadadh i 2010 gur baineadh rathúlacht éigin amach sa réimse seo.

Conclúid

Ceapadh go léireodh dáileadh rátálacha pearsanta a leagadh amach don státseirbhís i 2005 ‘norm’ a raibh coinne leis. Ní mar sin a tharla. Tá níos mó rátálacha níos airde agus níos lú rátálacha níos ísle á mbronnadh ag bainisteoirí ná mar a raibh súil leo i noirm 2005.

Tá forbairt inniúlachta éifeachtach agus iomchuí criticiúil do rathúlacht eagraíochtúil. Tá PMDS ag feidhmiú sa státseirbhís anois le breis agus deich mbliana agus tá tiomantas mór acmhainní i gceist lena chur i bhfeidhm. D’fhéadfadh go mbeadh sé tráthúil anois athbhreithniú dian a dhéanamh ar cé chomh maith agus a d’oibrigh an ghné seo d’fhorbairt foirne agus cén chaoi a bhféadfaí an próiseas a fheabhsú d’eagraíochtaí agus don fhoireann araon. Ní mór níos mó machnaimh a dhéanamh ar fhorbairt na n-inniúlachtaí sonracha a mbeidh tionchar dearfach acu ar fheidhmíocht.

D’fhéadfadh go léireodh an líon measartha íseal rátálacha a bronnadh ag bun an scála ionchais tearcfheidhmíocht nár tugadh aghaidh uirthi.

Ba chóir don Roinn athbhreithniú a bhreithniú féachaint an bhfuil na próisis reatha PMDS chun déileáil le tearcfheidhmíocht leordhóthanach agus an ndéanann siad idirdhealú leordhóthanach idir na cásanna a bhféadfaí déileáil leo trí phlean forbartha pearsanta agus na cinn sin go dteastaíonn gníomhartha smachtaithe uathu. Níor mhiste breithmheas a dhéanamh ar sholáthar próisis forbartha pearsanta níos struchtúrtha trína bhféadfadh bainisteoirí agus sealbhóirí poist a ndeachaidh tearcfheidhmíocht i gcionn orthu nósanna imeachta smachtaithe a sheachaint.

Toisc gan cur chuige aontaithe i leith bainistíochta tearcfheidhmíochta tá baol ann go dtiocfadh sé chun a bheith neadaithe i gcultúr eagraíochta.

Iarscríbhinn A An Creat Inniúlachta PMDS

Déanann an creat inniúlachta a forbraíodh le húsáid i gcomhthéacs PMDS idirdhealú idir

- **Eolas** – an t-eolas nó an fhaisnéis a theastaíonn ó shealbhóir poist d’fhonn an post a dhéanamh. Áirítear air sin faisnéis ar chás nó cúinse a bhfuiltear ag déileáil leis, chomh maith le saineolas mar shampla reachtaíocht ábhartha nó cáilíochtaí riachtanacha oideachais nó gairmiúla.
- **Scileanna** – na rudaí nach mór do shealbhóir poist a bheith ábalta a dhéanamh sa phost áirithe, e.g. córas ríomhaire a úsáid, conas cineál anailíse áirithe a dhéanamh, a bheith ábalta tiomáint nó Gaeilge a labhairt. Is féidir scileanna a fhorbairt trí oiliúint fhoirmiúil go minic, trí threoir ó oiliúnóir nó trí chleachtadh ar an jab.
- **Iompar** – na bealaí ina bhfeidhmíonn an sealbhóir post sa chomhthéacs oibre a mbíonn tionchar acu ar éifeachtacht a f(h)eidhmíochta. Aithníodh seacht n-inniúlacht iompraíochta déag mar a bheith ábharthach go ginearálta i dtimpeallacht na státseirbhíse. Rangaíodh iad i gceithre réimse iompraíochta ginearálta, mar a leagtar amach thíos.

Éifeachtacht Phearsanta	Éifeachtacht Grúpa agus Idirphearsanta
Féin-mhuinín	Líonrú agus tionchar a imirt
Gnóthachtáil, díograis agus tiomantas	Tuiscint idirphearsanta
Tionscnaíocht	Seirbhís do chustaiméirí
Obair Foirne	Bainistiú agus Forbairt ar Dhaoine
Cumarsáid	Ceannaireacht
Bainistiú ar mhaithe le Torthaí	Smaointeoireacht agus Réiteach Fadhbanna
Buiséid agus acmhainní a bhainistiú	Smaointeoireacht anailíseach
Cuardach agus bainistiú faisnéise	Smaointeoireacht Choincheapúil
Spéis i soiléireacht agus cáilíocht oibre	Cinnteoireacht agus breithiúnas
	Saineolas

Caibidil 11

An Táirgeacht Ioncaim do 2010

An Táirgeacht Ioncaim do 2010

11.1 Ba é €31.75 billiún na glanfháltais ó chánacha agus ó dhleachtanna a bailíodh thar ceann an Stáitchiste don bhliain (€33.11 billiún in 2009).

11.2 Ba é €31.05 billiún an méid a tuaradh le haghaidh cánacha agus dleachtanna ab infhaighte ag an Stáitchiste. San fhoriomlán, bhí an t-ioncam ó cháin in 2010 €703 mhilliún níos mó ná na leibhéil a tuaradh. Leagtar amach i bhFíor 49 an fheidhmíocht le hais an mhéid a tuaradh le haghaidh na gcineálacha cánach aonair.

Fíor 49 An tIoncam ó Cháin a Íocadh leis an Stáitchiste le hais an Mhéid a Tuaradh don Bhliain 2010

An Cineál Cánach	An Méid a Tuaradh	Íocaíochtaí leis an Stáitchiste	An Bhreis/(an tEasnamh)	
	€m	€m	€m	%
Cáin Ioncaim	11,530	11,276	(254)	(2.2%)
Cáin Bhreisluacha	10,090	10,101	11	0.1%
Mál	4,514	4,678	164	3.6%
Cáin Chorpáraide	3,160	3,924	764	24.2%
Dleachtanna Stampa	975	960	(15)	(1.5%)
Dleachtanna Custam	200	228	28	14.0%
Cáin Fháiltas Caipitiúil	240	238	(2)	(0.8%)
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	340	347	7	2.1%
An tIomlán	31,049	31,752	703	2.3%

Foinse: Próifíl Charnach na Roinne Airgeadais ar Fháltais Ioncam ó Cháin tuartha don Stáitchiste do 2010 agus Cuntas ar Fháiltas Ioncaim Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Iniúchadh ar an gCuntas Ioncaim Stáit

11.3 Faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm scrúdú a dhéanamh ar chuntas an ioncaim stáit a fuair na Coimisinéirí Ioncaim agus a d'íoc siad leis an Stáitchiste (an Cuntas Ioncaim Stáit) d'fhonn a dheimhniú dom féin go bhfuil sé críochnúil cruinn agus d'fhonn tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le torthaí an scrúdaithe.

11.4 Tagaim ar thuairim maidir le críochnúlacht agus cruinneas an Chuntais Ioncaim Stáit ar bhonn an scrúdaithe agus na tástála a dhéanann m'Oifigse ar na córais éagsúla a bhaineann le hadmhálacha, aisíocaíochtaí agus cuntasáocht laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim. Téim i muinín na hoibre de réir córas a dhéantar ar bhonn timthriallach ar shásraí bailithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Conclúid an Iniúchta

Déantar an Cuntas Ioncaim Stáit mar aon le mo thuairimse ina thaobh a leagan amach in Iarscríbhinn A leis an gcaibidil seo. Thug mé tuarascáil shoiléir ar an gcuntas sin.

Córais Bailithe na gCoimisinéirí Ioncaim

11.5 I dteannta scrúdú a dhéanamh ar an gCuntas Ioncaim Stáit, déanaimse scrúduithe breise de réir mar is dóigh liom is cuí d'fhonn a fháil amach ar bunaíodh córais, nósanna imeachta agus cleachtais is leor chun seiceáil éifeachtach ar mheasúnú, bailiú agus leithroinnt chuí ioncam an Stáit a áirithiú agus chun a dheimhniú dom féin go ndéantar iad a úsáid agus a chur chun feidhme ar mhodh leordhóthanach.

11.6 Ar bhonn timthriallach, déanaim scrúdú ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim chun cáin a mheasúnú agus a bhailiú. Tugaim tuarascáil, trí eisceacht, ar na nithe ginearálta a eascraíonn as na scrúduithe córas sin a dhéanaim agus ar dóigh liom gur cheart do Choiste um Chuntais Phoiblí de chuid Dáil Éireann scrúdú poiblí a dhéanamh orthu.

Béim na Caibidle

Déantar scrúdú ar na nithe seo a leanas sa chuid eile den Chaibidil seo

- an táirgeacht ar ar bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim in 2010
- na treochtaí i bhfáltas cánach i gcomparáid leis an aschur náisiúnta
- an treocht maidir le haisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim le blianta beaga anuas
- an treocht maidir le modhanna íoca a úsáideann cáiníocóirí.

Bailiú agus Aisíoc Ioncaim

11.7 Thit an méid comhlán a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim ó €50.7 billiún in 2009 go €47.6 billiún in 2010. Nuair a eisiatar méideanna a bailíodh thar ceann ranna agus gníomhaireachtaí eile, bhí €38.2 billiún den mhéid comhlán a bailíodh i 2010 inchurtha síos d'ioncam príomha an Stáit (€41.3 billiún in 2009). Tugtar achoimre i bhFíor 50 ar an méid comhlán iomlán a bailíodh, ar na méideanna is inchurtha síos do ghníomhaireachtaí eile agus ar aisíocaíochtaí do na blianta 2007 go 2010.

Fíor 50 Bailiú agus Aisíoc Ioncaim 2007-2010

	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
An méid comhlán a bailíodh	66,148	60,061	50,744	47,559
Lúide fáltais is inchurtha síos do Ranna agus do Ghníomhaireachtaí eile				
ÁSPC ^a	(9,480)	(9,779)	(9,291)	(9,196)
Tobhach Tobac ^b	(168)	(168)	(168)	(168)
Tobhach Comhshaoil	(22)	(26)	(24)	(19)
Eile	(7)	(5)	(3)	(5)
An méid comhlán cánacha agus dleachtanna a bailíodh	56,471	50,083	41,258	38,171
Lúide aisíocaíochtaí cánacha agus dleachtanna	(9,137)	(9,178)	(8,148)	(6,420)
An glanmhéid cánacha agus dleachtanna a bailíodh^c	47,334	40,905	33,110	31,751

Foinse: Cuntas ar an bhFáltas Ioncaim Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

- Nótaí:
- a Cuimsíonn ÁSPC ranníoc árachais shóisialaigh agus an tobhach sláinte. Tá méideanna iarmhartacha den Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna ar cuireadh deireadh leis ar áireamh anseo freisin. €9,110 milliún na glanfháltais ÁSPC (€9,209 milliún in 2009) tar éis aisíoc €86 mhilliún (€82 milliún in 2009) a chur i gcuntas.
 - b Foráiltear le halt 3 den Acht Leithreasa, 1999 (arna leasú) go ndéanfar méid arna chinneadh ag an Aire Airgeadais a íoc gach bliain le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as na fáltais ó mhál tobac. Chinn an tAire Airgeadais gurb é an méid is infíochta an méid uasta is incheadaithe faoin Acht – €167.6 milliún.
 - c Tá €43 mhilliún éigin a bailíodh in 2010 mar chuid de na himscrúduithe speisialta éagsúla atá á ndéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim ar áireamh sa ghlanmhéid cánacha agus tobhach (féach Caibidil 16).

11.8 Déantar an méid comhlán a bailíodh, na haisíocaíochtaí agus an glanmhéid a bailíodh le haghaidh gach cineáil cánach a leagan amach i bhFíor 51 mar aon leis an athrú ar ghlanfháltais in 2010 mar chéatadán.

Fíor 51 Glanfháltais de réir an Chineáil Cánach

An Cineál Cánach	2010		2009		An tAthrú in 2010 mar Chéatadán ^a
	Fáltais Chomhlána	Aisíocaíochtaí	Glanfháltais	Glanfháltais	
	€m	€m	€m	€m	
Cáin Ioncaim ^b	13,945	(2,680)	11,265	11,839	(5%)
Cáin Bhreisluacha	12,744	(2,642)	10,102	10,638	(5%)
Mál	4,721	(54)	4,667	4,734	(1%)
Cáin Chorporáide	4,920	(976)	3,944	3,890	1%
Dleachtanna Stampa	985	(23)	962	1,001	(4%)
Dleachtanna Custam	230	(1)	229	208	10%
Cáin Fháltas Caipitiúil	243	(6)	237	256	(7%)
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	383	(38)	345	544	(37%)
An tIomlán	38,171	(6,420)	31,751	33,110	(4%)

Foinse: Cuntas ar an bhFáltas Ioncaim Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Nótaí: a Tugtar na laghduithe idir lúibíní.

b Is ionann ÍMAT agus €9.25 billiún de na glanfháltais Cánach Ioncaim — €7.8 billiún i leith cánach agus €1.45 billiún i leith an Tobhaigh Ioncaim. Ba iad na figiúirí comparáideacha don bhliain 2009 €8.5 billiún i leith cánach agus €1.0 billiún i leith an Tobhaigh Ioncaim.

11.9 San fhoriomlán, thit glanfháltais cánach 4% idir 2009 agus 2010. I gcás Cánach Ioncaim agus Cánach Breisluacha, arb ionann agus 67% de na glanfháltais iad i dteannta a chéile, ba é 5% an titim sa dá chás.

11.10 Bhí na nithe seo a leanas ar áireamh ar ghnéithe de riaradh Cánach Ioncaim in 2010

- Tá €1.45 billiún measta i leith an tobhaigh ioncaim a tugadh isteach an bhliain roimhe sin⁹⁹ ar áireamh i bhfáltais Cánach Ioncaim in 2010.
- Ar áireamh ar aisíocaíochtaí Cánach Ioncaim tá €308 milliún i leith creidmheasa cánach árachais sláinte a bhaineann le haois a tugadh isteach in 2009¹⁰⁰. Déantar tionchar foriomlán na haisíocaíochta a fhritháireamh trí thobhach gaolmhar ar chuideachtaí árachais sláinte, a bhfuil na fáltais uaidh ar áireamh sna Dleachtanna Stampa¹⁰¹ (€318 milliún). Is bearta sealadacha iad an creidmheas agus an tobhach gaolmhar do na trí bliana go dtí 2011 agus tá sé beartaithe go mbeidh siad neodrach ó thaobh ioncaim de thar an tréimhse sin.

⁹⁹ Alt 2, an tAcht Airgeadais, 2009.

¹⁰⁰ Alt 22, an tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

¹⁰¹ Alt 26, an tAcht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

11.11 Bhí na nithe seo a leanas ar áireamh ar ghnéithe de riaradh Cánach Breisluacha

- laghdaíodh an ráta caighdeánach Cánach Breisluacha ó 21.5 % go 21% le héifeacht ón 1 Eanáir 2010.
- le héifeacht ón 1 Eanáir 2010, leathnaíodh an imeallscéim le haghaidh earraí réchaite¹⁰² chun soláthar córa iompair réchaite agus innealra talmhaíochta réchaite ag déileálaithe inchánach a chur san áireamh.

11.12 I gcás Cánach Corparáide, maidir le díolúine trí bliana ó Cháin Chorporáide ar bhrabúis agus ar ghnóchain chaipitiúla do chuideachtaí nua (ag a bhfuil dliteanas cánach is lú ná €40,000 in aghaidh na bliana) a cuireadh chun feidhme maidir le cuideachtaí nuathionscanta nua in 2009, leathnaíodh í chuig cuideachtaí nuathionscanta nua in 2010.


11.13 Ba iad na príomhghnéithe de riaradh Dleachta Máil muirir charbóin bhreise a fhorchur i leith cánach ola mianra le haghaidh peitрил agus díosail ó mhí na Nollag 2009, cánachas carbóin a leathnú chuig olaí mianra eile ón 1 Bealtaine 2010 agus scéim traipsithe gluaisteán¹⁰³.

Cáin agus Aschur Náisiúnta

11.14 Ag glacadh le hOlltáirgeadh Intíre (GDP)¹⁰⁴ mar thomhas ar aschur an gheilleagair, thóg an Stát cion níos lú den aschur náisiúnta in 2010 ná mar a thóg sé i mblianta roimhe sin. Leagtar amach i bhFíor 52 an caidreamh idir glanfháltas cánach agus GDP don tréimhse 2005 go 2010.

11.15 Thit glanfháltas cánach mar chion de GDP ó uasleibhéal 26% in 2006, chuig leibhéal 21% in 2009 agus 2010. In 2008, cé gur laghdaíodh GDP de 5%, thit glanfháltas cánach 13.6%.

Fíor 52 Glanfháltas Cánach mar Chion de GDP, 2005-2010



Foinse: Cuntais Náisiúnta Ráithiúla na Príomh-Oifige Staidrimh, Ráithe 4 2010

Nóta: a Déantar Olltáirgeadh Intíre a thomhas de réir Praghsanna Reatha

¹⁰² Tugadh an imeallscéim isteach mar mhodh chun an dealraitheacht a laghdú go dtarlódh cánachas dubailte i gcomhthéacs earraí réchaite a dhíol. Ceadáíonn sé do dhéileálaithe earraí réchaite áirithe, saothar ealaíne, seandachtaí agus míreanna bailitheoirí Cáin Bhreisluacha a íoc ar an díriocht idir praghas díola agus praghas ceannaigh earraí. Má roghnaíonn an déileálaí gan an scéim a oibriú, tá feidhm ag gnáthrialacha maidir le Cáin Bhreisluacha.

¹⁰³ Tugadh an scéim seo isteach in Eanáir 2010 agus rinneadh socrú léi le haghaidh faoisimh ó cháin cláraithe feithiclí suas le €1,500 ar ghluaisteán paisinéirí nua ag a bhfuil astaíochtaí CO₂ nach mó ná 140g/Km a chlárú nuair a dhéantar gluaisteán paisinéirí eile, is sine ná 10 mbliana d'aois, a thraipsiú.

¹⁰⁴ Is ionann Olltáirgeadh Intíre agus an breisluach iomlán (aschur) i dtáirgeadh earraí agus seirbhísí sa tír.

11.16 D'iarr mé tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta maidir leis na tosca a d'fhág gur bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim 5% níos lú d'aschur intíre, trí chánacha agus dleachtanna, in 2009 agus 2010, nuair a chuirtear iad i gcomparáid le torthaí 2006. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur athraigh comhdhéanamh an GDP in Éirinn le linn tréimhse fáis an gheilleagair idir 2001 agus 2007, de réir mar a d'fhás gníomhaíochtaí a bhain le maoin agus foirgníocht mar thoradh ar an 'mbolgán maoin'. Chuir na gníomhaíochtaí sin le comhpháirt infheistíochta GDP a d'fhás níos tapúla ná comhpháirteanna eile a chomhdhéanann GDP¹⁰⁵.

11.17 B'ionann agus 21% de GDP in 2002 infheistíocht, a d'fhás chuig 27% de GDP faoi 2006, agus a thit siar chuig 11% de GDP in 2010. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go ndéanfadh an t-athrú sin ar chomhdhéanamh an cóimheas cánach/GDP a athrú, fiú murar mhéadaigh GDP idir 2002 agus 2010, mar tagann leibhéal sách ard fáiltas cánach ó na hearnálacha foirgníochta agus maoin¹⁰⁶ i gcomparáid le hearnálacha eile.

11.18 Bhí méadú 56% tagtha ar fháltais cánach idir 2002 agus 2006 cé nár mhéadaigh GDP ach 36% agus d'ardaigh an cóimheas cánach/GDP ó 22% go 26% thar an tréimhse chéanna. Ón gcor chun donais in 2007, laghdaigh gníomhaíochtaí a bhaineann le foirgníocht agus maoin de réir ráta i bhfad níos tapúla ná an geilleagar foriomlán de bhrí go bhfulaingíonn na hearnálacha sin an chuid is measa den chúlú. Tugtar léiriú ar an méid sin tríd an laghdú ar fháltais ó Dhleacht Stampa agus ó Cháin Gnóchan Caipitiúil, ó 15% d'iomlán na bhfáltas in 2006 go 4% in 2010.

Aisíocaí agus Aisíocaíochtaí

11.19 Tá bonn reachtúil faoi theideal chun aisíocaí agus aisíocaíochtaí¹⁰⁷. Ó bhí 2003 ann, tá aisíocaíochtaí faoi réir éileamh bailí a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de cheithre bliana tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann an t-éileamh. Is teorainn í an teorainn ceithre bliana sin in ionad teorainneacha roimhe sin, ar deich mbliana an teorainn ab fhaide díobh.

11.20 Rinneadh €6.4 billiún den mhéid comhlán a bailíodh a aisíoc le cáiníocóirí in 2010 (€8.1 billiún in 2009). B'ionann na haisíocaíochtaí agus 17% den mhéid comhlán cánacha agus dleachtanna a bailíodh (20% in 2009). Déantar an aisíocaíocht faoi gach cineál cánach le cúig bliana anuas a leagan amach i bhFíor 53.

¹⁰⁵ Agus an cur chuige Caiteachais á úsáid chun GDP a ríomh, roinntear an geilleagar ina cheithre hearnáil, Tomhaltas (caiteachais na hearnála teaghlaigh), Infheistíocht (caiteachas na hearnála gnó), ceannach Rialtais (caiteachais na hearnála poiblí) agus Glanonnmhairiú (an difríocht idir onnmhairithe agus allmhairithe).

¹⁰⁶ Tugadh cuntas ina leith sa chomhpháirt infheistíochta GDP.


¹⁰⁷ Alt 865 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Fíor 53 Aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim 2006 - 2010

Íocaíochtaí	2006	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m	€m
Cáin Ioncaim	3,075	3,206	3,398	3,229	2,680
Cáin Bhreisluacha	4,358	4,729	4,560	3,325	2,642
Cáin Chorporáide	586	936	975	1,445	976
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	35	64	70	62	38
Dleachtanna Stampa	42	65	49	23	23
Dleachtanna Custam	6	7	15	4	1
Cáin Fháiltas Caipitiúil	12	6	8	12	6
Mál	138	124	103	48	54
An tIomlán	8,252	9,137	9,178	8,148	6,420
% den Toradh Comhlán	15%	16%	18%	20%	17%

Foinse: Cuntas ar an bhFáiltas Ioncaim Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

11.21 Taispeántar i bhFíor 54 an caidreamh idir aisíocaíochtaí cánach agus fáltas chomhlána thar an tréimhse 2005 go 2010 maidir leis na cánacha a raibh na leibhéil aisíocaíochta is airde le blianta beaga anuas i gceist leo.

Fíor 54 Aisíocaíochtaí Cánach mar Chion d'Fháltas Chomhlána na gCoimisinéirí Ioncaim 2005 – 2010

11.22 B'ionann aisíocaíochtaí le custaiméirí in 2010 i gcás Cánach Ioncaim, Cánach Corparáide agus Cánach Breisluacha agus thart ar an gcúigiú cuid den ioncam comhlán faoi na cineálacha cánach sin. Thit aisíocaíochtaí mar chion den toradh cánach comhlána i gcás na dtí chineál cánach sin.

11.23 I gcás Cánach Corparáide, tá tosca áirithe i gceist a bhaineann leis an mbonn ar a n-íoctar réamhcháin sa chor chun donais atá sa gheilleagar faoi láthair. D'fhág siad sin go ndéantar aisíocaíochtaí nuair a dhéantar ríomh cánach cuideachta a thabhairt chun críche. Bunaithe ar shampla de chásanna a riarann dhá cheann de na haonaid ghnó earnála i Rannán Mórchásanna na gCoimisinéirí Ioncaim, leagtar amach na cúiseanna atá le haisíocaíochtaí i bhFíor 55. Tugann an toradh le tuiscint gur ró-íoc

réamhchánach (bunaithe go príomha ar thorthaí na bliana roimhe sin) ba chúis le beagnach dhá thrian den mhéid a aisíocadh.

Fíor 55 An Chúis le hAisíocaíochtaí Cánach Corparáide, 2010

An chúis le haisíocaíocht	%
Ró-íoc réamhchánach	64
Aisíocaíocht Cánach Iarchoimeáda Seirbhísí	
Gairmiúla	13
Caillteanais a chur siar	14
Ríomh Cánach Corparáide a athmheas	4
Eile ^a	5
An Toradh Comhlán %	100

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Folaíonn Eile ró-íocaíochtaí faoi bhun €50,000 nach ndearnadh anailís orthu.

11.24 I ndáil le haisíocaíochtaí Cánach Breisluacha, thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara gur dóigh go mbaineann an laghdú le roinnt tosca, ar dóigh go mbaineann na tosca is tábhachtaí díobh leis an méid seo a leanas

- dearbh-mheathlú iarbhir agus meathlú coibhneasta an tionscail foirgníochta
- an frithmhuipear Cánach Breisluacha ar sheirbhísí foirgníochta a tugadh isteach in 2008, a raibh d'éifeacht leis an líon éileamh ar aisíocaíochtaí Cánach Breisluacha a mhéadú ach a luach a laghdú
- gur dóigh gur ísle leibhéal an stoic a iompraíonn trádálaithe le linn an chúlaithe agus go bhféadfadh an méid sin tionchar a bheith aige ar chreidmheasanna ionchuir, agus go bhféadfaí aisíocaíochtaí Cánach Breisluacha a laghdú dá réir sin.

Modhanna Íoca

11.25 Sa bhliain 2010, d'úsáid cáiníocóirí modhanna íoca éagsúla chun cánacha agus dleachtanna a íoc leis an Ard-Bhailitheoir. Tugtar léiriú ar na modhanna íoca agus ar an treocht i leith modhanna íoca leictreonacha i bhFíor 56.

Fíor 56 Modhanna Íoca, Oifig an Ard-Bhailitheora 2007-2010

Sásra íoca	An Cion d'Fháiltas Chomhlána ^a		
	2008	2009	2010
Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim	44.9%	60.7%	70.2%
Seiceanna	32.3%	21.3%	14.6%
Dírdhochair/Gíorónna agus ÚDA ^b	22.3%	17.5%	14.8%
Sirriam	0.4%	0.4%	0.3%
Aturrae	0.1%	0.1%	0.1%
An tIomlán	100%	100%	100%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Leis an anailís seo, tugtar cuntas ar thart ar €39.4 billiún d'fháltais cánach a bhailigh Oifig an Ard-Bhailitheora, agus ní áirítear cánacha agus dleachtanna a íocadh le Rannáin seachas Oifig an Ard-Bhailitheora.

b Saoráid is ea an túdará dochair aonair (UDA) trína soláthraíonn an cáiníocóir mionsonraí a chuntais bainc nó a cuntais bainc ar an gcuid den fhoirm cánach iomchuí is duillín íoca. Tá sé sin bailí le haghaidh dochair aonair agus le haghaidh an mhéid a shonraítear amháin.

11.26 Taispeántar leis seo go bhfuil úsáid níos mó á baint ag cáiníocóirí as sásraí ar líne chun cánacha agus dleachtanna a íoc. In 2010, próiseáladh os cionn dhá thrían, ó thaobh luacha de, d'fháltais trí Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí laghdú comhréireach ann ar na méideanna a íocadh trí sheiceanna agus trí dhírdhochair nó trí ghíorónna.

11.27 Taispeántar leis na sonraí a leagtar amach i bhFíor 56 na sásraí íoca a úsáideann cáiníocóirí i gcás ina ndéantar íocaíochtaí le hOifig an Ard-Bhailitheora (arb ionann iad agus 83% de na fáltas chomhlána). Baineann na fáltas eile go príomha le Dleachtanna Máil, Dleachtanna Custam, Cáin Fháltas Caipitiúil, Dleachtanna Stampa agus áirítear orthu íocaíochtaí a bhaineann le cánacha áirithe arna ndéanamh trí oifigí áitiúla.

11.28 D'iarr mé measúnú an Oifigigh Cuntasaíochta ar thráthúlacht agus slándáil choibhneasta an phróisis íoca trí Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, ar éifeachtúlacht an chórais agus ar a mhéid atá an córas ar fáil. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta

- gur féidir gach mórcháin agus mioncháin a íoc agus a thuairisciú¹⁰⁸, thar dhá lá/trí lá le Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim
- go ndéantar faisnéis íoca a mhalartú leis na bainc trí theicneolaíochtaí criptithe a úsáid
- rinne na Coimisinéirí Ioncaim infheistíocht mhór i slándáil an phróisis íoca. Tá sé faoi réir athbhreithniú leanúnach agus uasghrádú agus tá cumarsáid leis na Coimisinéirí Ioncaim go hiomlán slán agus faoi rún.
- I gcomhthéacs córais féinmheasúnachta, tá gach custaiméir faoi réir na n-oibleagáidí céanna maidir le haon doiciméadacht deimhnithe.

Conclúid

Lean ioncam de thitim in 2010 ach sin de réir ráta níos ísle. Bailíodh glanmhéid cánacha agus dleachtanna €31.8 billiún sa bhliain. Thit an dá phríomhcháin (Cáin Ioncaim agus Cáin Bhreisluacha), arb ionann iad agus dhá thrían den mhéid iomlán a bhailítear, 5% araon.

Tá ioncam mar chion den aschur náisiúnta (mar a thomhaistear ag OTI) ag 21% anois i gcomparáid le leibhéal 26% in 2006. Cuireadh an laghdú síos do laghdú gníomhaíochtaí foirgníochta agus réadmhaoine. Ós rud é go ngineann na gníomhaíochtaí seo leibhéal chánach níos airde, i gcomórtas le réimsí eile, bíonn iarmhairt dhíréireach ag laghdú aschurtha ar thoradh cánach. Scrúdaíonn Caibidil 12 an fheidhmíocht earnála ar bhealach níos mionsonraithe.

Tá an leibhéal aisíocaíochtaí, ar 20% den olltoradh an buaicphointe a bhí aige in 2009, tite siar go dtí na leibhéil a bhí ann roimh 2009, agus 17% an leibhéal atá ann do 2010.

Tá dul chun cinn maith déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim athrú go dtí íocaíochtaí leictreonacha don chuid is mó den bhailiúchán.

¹⁰⁸ Thug an tOifigeach Cuntasaíochta faoi deara nár tháinig aon athrú ar fhreagracht an cháiníocóra nó an ghníomhaire maidir le taifid a chothabháil.

Iarscríbin A Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá coiste iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchadh Inmheánach

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

Josephine Feehily

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2011

Cuntas ar an loncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí loncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá imscrúdú déanta agam ar na ráitis airgeadais a bhaineann le fáil agus diúscairt Ioncaim an Stáit i rith na bliana 2010 a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam a leagtar amach ar leathanaigh 152 go 158 faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá anseo, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas ar Fháil agus Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh agus na nótaí lena mbaineann.

Freagrachtaí na gCoimisinéirí loncaim agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Faoi Seach

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Is í an fhreagracht atá ormsa ná na ráitis airgeadais a scrúdú faoi réir ag na riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla bainteacha agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire).

Tuairiscím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais curtha i láthair i gceart de réir na mBeartas Cuntasaíochta i mo thuairim nó nach bhfuil. Tuairiscím freisin ar coinníodh leabhair chuntais chuí i mo thuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag aontú leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím aon chás a bhaineann le hábhar nuair nach bhfuil na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a bhfuil gá leo chun críche m'iniúchta.

Bunús Tuairime


Ag cleachtadh mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi scrúdú ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breathnuithe speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir le hiad a bhainistiú agus a fheidhmiú. Thug mé faoi m'imscrúdú ar bhonn trialach a rinne athbhreithniú ar fhianaise ar ábhartha í do na méideanna agus don nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a bhí san áireamh sna ráitis airgeadais. Chuimsigh sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus an raibh na beartais chuntasaíochta oiriúnach, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus arna nochtadh go leordhóthanach.

Rinne mé pleanáil ar m'iniúchadh agus thug mé faoi d'fhonn an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir, faisnéis agus sainmhínithe a mheas mé a bheith riachtanach chun fianaise leordhóthanach a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise, nó neamhrialtachta nó earráide eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán de chur i láthair faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is í an tuairim atá agam ná go dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn ar an gcuntas fáltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 agus ar na hiarmhéideanna iarmharacha ar an dáta sin.

Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag aontú leo.

***Seán Ó Buachalla******An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste******7 Meán Fómhair 2011***

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Beartais Chuntasaíochta

Cuireann na cuntais seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, ag aistriú na bhfáltais chuig an Státchiste. Ullmhaíodh na cuntais seo faoi réir Alt 3(9) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Seachas costais na seirbhísí seachfhoinsithe do bhailiú na Cánach Cláraithe Feithiclí, níl muirear ar bith san áireamh sna cuntais seo le haghaidh costais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an tOireachtas cistí don chuspóir sin a vótáil agus tá cuntas orthu sa Chuntas Leithreas bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tugtar suimeanna a fuarthas i leith pionóis agus ús a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim chun cuntais leis na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Tugtar fíneálacha agus pionóis cúirte chun cuntais mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.

Cuireann na cuntais seo na fáltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais eile i láthair mar seo a leanas:

- An Roinn Coimirce Sóisialaí (Ranníocaíocht ÁSPC).
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Tobhach Sláinte agus Tobhach Tobac).
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha).
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna).
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Soilse).
- An Roinn Iompair (Táillí Muirí).
- Íoctar Stampaí Táille i leith Chlárlann na nGníomhas, Táillí Eadrána agus Stampaí Táille i leith Táillí um Chlárú Cuideachtaí leis an Státchiste.

Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirear chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha agus Dleachtanna Soilse a bhailiú. Níl suimeanna a fuarthas i leith na muirir seo san áireamh sna cuntais seo ach tugtar cuntas orthu mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.

Ullmhaíodh na cuntais seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail de Chuntasaíocht Rialtais. Ach amháin san áit a déantar cur síos air in alt 7, taispeánann na cuntais na suimeanna iarbhrí a fuarthas agus a íocadh sa bhliain. Sa chás go bhfaightear suimeanna breise cánach, dleachta srl. i mblianta ina dhiaidh sin nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na nithe sin a thaifeadadh sa bhliain a fhaightear nó a aisíoctar iad.

Tugtar cuntas ar dhleachtanna custaim agus máil áirithe agus CBL ar iompórtálacha ar bhonn fabhrúithe sa mhéid is go ndéantar iad a thaifead mar fháltais sa bhliain lena mbaineann siad cé nach bhfaightear iad go dtí deireadh na bliana. Taispeántar an tsócmhainn chomhfhreagrach mar ioncam fabhrúithe i Ráiteas na nIarmhéideanna.

Tá fritháirimh san áireamh sna figiúirí d'fháltais agus aisíocaíochtaí comhlán do gach ceanteideal cánach i.e. cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar é a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile atá gan íoc.

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Cuntas ar Fháltas agus ar Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh

	Nótaí	2010	2009
		€000	€000
Ollfháltais			
Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh	1	38,338,924	41,425,690
Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile	2	9,220,222	9,318,329
Ollfháltais Ioncaim Iomlána a Bailíodh		47,559,146	50,744,019
Aisíocaíochtaí			
Aisíocaíocht ar Chánacha agus Dleachtanna	3	(6,420,498)	(8,148,354)
Aisíocaíocht ar Fháltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí Eile	6	(86,190)	(82,027)
Aisíocaíochtaí Iomlána		(6,506,688)	(8,230,381)
Glanfháltais			
Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh	4	31,918,426	33,277,336
Fáltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Gníomhaireachtaí Eile	6	9,134,032	9,236,302
Glanfháltais Ioncaim Iomlána a Bailíodh		41,052,458	42,513,638
Díúscairt na nGlanfháltas			
Cáin agus Dleachtanna Aistrithe chuid an Státhiste	5	(31,752,074)	(33,041,960)
An Tobhacha Tobac a Aistriú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	5	(167,605)	(167,605)
Fáltais a Aistriú chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile	6	(9,141,581)	(9,236,044)
Díúscairt Iomlán na bhFáltas Ioncaim a Bailíodh		(41,061,260)	(42,445,609)
Glanfháltais a coinníodh ag Deireadh na Bliana		(8,802)	68,029
Iarmhéid Tosaigh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim amhail an 1 Eanáir		(120,258)	(188,287)
Iarmhéid Deiridh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt Ioncaim amhail an 31 Nollaig		(129,060)	(120,258)

Tá aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí a dhéanann suas iad

William Funnell

Ard-Chuntasóir

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2011

Josephine Feehily

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig na gCoimisinéirí Cuntasaíochta

31 Márta 2011

Cuntas ar an loncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí loncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Ráiteas ar larmhéideanna

	Nótaí	2010	2009
		€000	€000
Sócmhainní			
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	7	56,255	161,182
loncam Fabhraithe	8	16	15,230
Réamhíocaíochtaí ar mhaithe le hloncam	9	56	63
Méideanna dlite ó Ranna Rialtais	10	609	898
Iomlán na Sócmhainní		56,936	177,373

Dliteanais

Méideanna ag Feitheimh Fáltas agus Leithdháileadh	11	(42,132)	(159,897)
Taiscí i Seilbh	12	(143,864)	(137,734)
Iomlán na nDliteanas		(185,996)	(297,631)

Glandliteanais	(129,060)	(120,258)
-----------------------	------------------	------------------

Arna mhaoiniú ag:

larmhéid Deiridh ar an gCuntas ar Fháltas agus Dhiúscairt loncaim

larméid ar Chánacha agus Dhleachtanna dlite ón Stáitchiste	5	(132,899)	(131,646)
larmhéid ar Fháltas bailithe agus dlite chuig Ranna/Gníomhaireachtaí eile	6	3,839	11,388
		(129,060)	(120,258)

Tá aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomláin mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí a dhéanann suas iad

Is cuid de na Cuntais seo na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12

William Funnell

Ard-Chuntasóir

31 Márta 2011

Oifig na gCoimisinéirí loncaim

Josephine Feehily

Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2011

Oifig na gCoimisinéirí loncaim

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 1. Cánacha agus Dleachtanna Comhlána a Bailíodh

	2010	2009
	€000	€000
Cáin Ioncaim	13,945,794	15,068,374
Cáin Bhreisluacha	12,743,817	13,962,910
Cáin Chorporáide	4,919,889	5,335,053
Dleacht Mháil	4,888,819 ^a	4,949,536
Dleachtanna Stampála	984,791	1,023,426
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	383,240	606,420
Cáin Fháiltais Caipitiúil	242,675	267,996
Dleacht Chustaim	229,899	211,975
	38,338,924	41,425,690

a Tugtar seo glan de dhéaduchtú de €322,432 a bhaineann le glanchostais bhailiúcháin na seirbhísí seachfhoinsithe do Cháin Chláraithe Feithiclí don tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2010.

Nóta 2. Ollfháltais a Bailíodh thar ceann Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

	2010	2009
	€000	€000
An Roinn Coimirce Sóisialaí	9,008,403	9,168,364
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	187,793	121,011
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	19,218	24,165
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	4,284	3,426
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	523	1,280
An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach)	1	82
An Roinn Iompair (Táillí Muirí)	-	1
	9,220,222	9,318,329

Cuntas ar an loncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí loncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 3. Aisíocaíochtaí ar Chánacha agus Dhleachtanna

	2010	2009
	€000	€000
Cáin loncaim	(2,680,217) ^b	(3,229,019)
Cáin Bhreisluacha	(2,641,300)	(3,325,047)
Cáin Chorporáide	(976,302)	(1,445,602)
Dleacht Mháil	(54,211)	(48,192)
Dleachtanna Stampála	(23,206)	(22,558)
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	(38,118)	(61,754)
Cáin Fháltais Caipitiúil	(6,170)	(12,378)
Dleacht Chustaim	(974)	(3,804)
	(6,420,498)	(8,148,354)

b Cuimsíonn seo suim de €10,784,022 a bhaineann le haisíocaíochtaí Faoisimh Chánach Fhoinsigh atá ag feitheamh le híocaíocht amach deiridh go luath i Mí Eanáir 2011. Níor cuimsíodh an iarmhéid bainc chomhfhreagrach sa Ráiteas Iarmhéideanna.

Nóta 4. Ollfháltais Cánacha agus Dleachtanna

	Ollfháltais	Aisíocaíochtaí	Glanfháltais	Glanfháltais
	2010	2010	2010	2009
	€000	€000	€000	€000
Cáin loncaim	13,945,794	(2,680,217)	11,265,577	11,839,355
Cáin Bhreisluacha	12,743,817	(2,641,300)	10,102,517	10,637,863
Cáin Chorporáide	4,919,889	(976,302)	3,943,587	3,889,451
Dleacht Mháil	4,888,819	(54,211)	4,834,608	4,901,343
Dleachtanna Stampála	984,791	(23,206)	961,585	1,000,869
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	383,240	(38,118)	345,122	544,666
Cáin Fháltais Caipitiúil	242,675	(6,170)	236,505	255,618
Dleacht Chustaim	229,899	(974)	228,925	208,171
	38,338,924	(6,420,498)	31,918,426	33,277,336

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 5. Cánacha agus Dleachtanna aistrithe chuig an Státhiste

	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	Glanfháltais	Iomlán Aistrithe	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010
	€000	€000	€000	€000
Cáin Ioncaim	(2,537)	11,265,577	(11,276,092)	(13,052)
Cáin Bhreisluacha	745	10,102,517	(10,101,284)	1,978
Cáin Chorporáide	(3,966)	3,943,587	(3,923,637)	15,984
Dleacht Mháil	(138,039)	4,834,608	(4,845,574) ^c	(149,005)
Dleachtanna Stampála	7,187	961,585	(960,091)	8,681
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	2,173	345,122	(346,711)	584
Cáin Fháiltas Caipitiúil	1,836	236,505	(237,769)	572
Dleacht Chustaim	955	228,925	(228,521)	1,359
	(131,646)	31,918,426	(31,919,679)	(132,899)

c Áirítear sa suim de €4,845,574,000, €167,605,000 a fíodadh as na fáiltas ón Dleacht Máil ar Thobac chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Alt 3 den Acht Leithreasa Act, 1999, arna leasú ag an Acht Leithreasa, 2005.

Nóta 6. Aistriú Fáiltas chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010	Glanfháltais	Iomlán Aistrithe	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2010
	€000	€000	€000	€000
An Roinn Coimirce Sóisialaí	7,515	8,922,219 ^d	(8,927,814)	1,920
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	2,471	187,793	(188,657)	1,607
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	1,220	19,212 ^e	(20,270)	162
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	77	4,284	(4,275)	86
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	84	523	(544)	63
An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach) ^c	20	1 ^f	(20)	1
An Roinn Iompair (Táillí Muiri)	1	—	(1)	—
	11,388	9,134,032	(9,141,581)	3,839

d Tá an tsuim de €8,922,218,341 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €86,184,406

e Tá an tsuim de €19,212,325 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €5,668

f Tá an tsuim de €1,070 a thaispeántar glan ar aisíocaíochtaí de €220

Cuntas ar an loncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí loncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 7. Airgead sa Bhanc agus ar Láimh

	2010	2009
	€000	€000
Iarmhéid na gCuntas loncam sa Bhanc Ceannais	17,177	20,837
Airgead ar Láimh	39,078	140,345
	56,255	161,182

Léiríonn airgead ar láimh suimeanna atá á gcoinneáil i gcuntais na gCoimisinéirí loncaim i mbancanna tráchtála ar feithemh próiseáil a chur i gcrích trí chórais chuntasaíochta na gCoimisinéirí loncaim.

Nóta 8. loncam Fabhráithe

Léiríonn loncam Fabhráithe suimeanna chuif atá dlite do na Coimisinéirí loncaim do 2010 áit a bhfuarthas íocaíocht ina leith tar éis dheireadh na bliana.

Nóta 9. Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hloncam

Bíonn Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hloncam ann mar thoradh ar nós imeachta cuntasaíochta a fheidhmítear sna dúichí i leith Dleachtanna Custaim agus Máil. Nuair atá easnamh maidir le hairgead a bhailiú mar thoradh ar nithe cosúil le seic atá gan íoc déantar é a líonadh go sealadach leis an meicníocht de "réamhíocaíocht" a tharraingítear ar chuntas de chuid na gCoimisinéirí loncaim. Déantar na "réamhíocaíochtaí" seo a ghlanadh ina dhiaidh sin nuair a fhaightear íocaíocht ón trádálaí.

Nóta 10. Suimeanna Dlíte ó Ranna Rialtais

Nuair a bhíonn dliteanas ann mar thoradh ar Ranna Rialtais a bheith ag iompórtáil earraí, scaoiltear na hearraí gan dleachtanna ná cánacha a íoc láithreach agus gearrtar an tsuim atá dlite ar an Roinn ina dhiaidh sin.

Nóta 11. Suimeanna ar Feitheamh Fáltas agus Leithdháileadh

	2010	2009
	€000	€000
Taiscí Cánacha gan Leithdháileadh	(17,177) ^g	(20,837)
Fáltais Chánach ar feitheamh Aistriú agus Leithdháileadh	(41,368)	(141,368)
Ilghnéitheach	16,413 ^h	2,308
	(42,132)	(159,897)

g Tá Taiscí Cánach gan Leithdháileadh (TCL) déanta suas don chuid is mó d'íocaíochtaí a dhéantar ar chuntas le linn iniúchtaí cánach agus socruithe iniúchta nach bhfuil treoracha cuntasaíochta curtha i gcrích dóibh fós. Dá réir sin, ní féidir na híocaíochtaí a leithdháileadh chuig na ceannteidil chánacha chuif agus coinníonn na Coimisinéirí loncam i gcuntas TCL sa Bhanc Ceannais iad.

h Cuimsítear ann suim de €16,477,018 a bhfuil i gceist léi glaniarmhairt na n-iarmhéideanna iarmharacha tar éis stad an iarchórais Stampála. Tá anailís mhionsonraithe ar siúl le deimhniú go ndéanfar an suíomh agus na coigeartuithe a ionchorprú sna cuntas sa todhchaí.

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim sa Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2010

Nótaí leis na Cuntais

Nóta 12. Taiscí i Seilbh

	2010	2009
	€000	€000
Stampaí	– ⁱ	(1,311)
Bailitheoirí C&E	(5,611)	(7,845)
Bailitheoir AEP	(138,253)	(128,578)
	(143,864)	(137,734)

Léiríonn taiscí i seilbh suimeanna atá íoctha ag cáiníocóirí d'idirbhearta nár próiseáladh trí chórais chuntasaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim fós iad.

ⁱ Ní eascraíonn Éarlaisí Stampaí a thuilleadh ó tugadh córas leictreonach Stampála isteach ag deireadh 2009.

Caibidil 12

Cáin a bailíodh de réir Earnála

Cáin a bailíodh de réir Earnála

12.1 Leagtar amach i gCaibidil 11 faisnéis i dtaca le méideanna cánach agus dleachtanna a bailíodh idir 2007 agus 2010. Léiríonn sé titim beagnach trian ar an nglanmhéid a bailíodh i gcaitheamh na tréimhse sin. Scrúdaíonn an chaibidil seo na fáltas chánach de réir earnála agus cineál cánach don tréimhse 2007 go 2010

12.2 Tá briseadh síos ar fáil de réir earnála¹⁰⁹ i gcás CBL baile, IMAT, ÁSPC i leith fostaithe¹¹⁰, Cáin Ioncaim féinmheasúnaithe, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil. Don tréimhse 2007 go 2010, b'ionann iad sin agus idir 77% agus 79% den ghlancháin a bailíodh.

12.3 Fágadh an Tobhach Ioncaim a íocann fostaithe IMAT agus daoine féinfhostithe, agus a tugadh isteach ón 1 Eanáir 2009, as an anailís earnála ar mhaithe le bonn comparáide coibhéiseach a sholáthar don bhailiú cánach i gcaitheamh na tréimhse. Bunaithe ar an anailís earnála atá ar fáil, seachas an Tobhach Ioncaim, atá gach anailís bhreise sa chaibidil seo. Leagtar an chuid den bhailiú chánach atá inanailísithe ar bhonn earnála don tréimhse 2007 go 2010 amach i bhFíor 57

Fíor 57 Fáltas chánach, 2007-2010^a

Ceannteideal Cánach	2007	2008	2009	2010
	€m	€m	€m	€m
Glanfháltas chánach	47,334	40,905	33,110	31,752
Suimigh fáltas ÁSPC ^b	9,406	9,708	9,209	9,111
Iomlán na bhfáltas chánach agus ÁSPC	56,740	50,613	42,319	40,863
Lúide an Tobhach Ioncaim	—	—	(1,138)	(1,446)
Iomlán	56,740	50,613	41,181	39,417
Anailís earnála ar fáil	43,879	39,586	32,448	30,774

Nótaí: a Áirítear ar na híocaíochtaí a fhaigheann na Coimisinéirí Ioncaim maidir le IMAT agus Cáin Ioncam féinmheasúnaithe ar a bhfuil an anailís seo bunaithe, méideanna i ndáil leis an Tobhach Ioncaim nach féidir a aithint ar leithligh do gach earnáil. Dá bharr sin, asbaineadh an tobhach ó na méideanna arna leithdháileadh ar gach earnáil do na teidil chánacha sa chomhréir chéanna le leithdháileadh na bhfáltas iomlán do na teidil chánacha, lena n-áirítear an tobhach, ar feadh na n-earnálacha.

b Cuimsíonn ÁSPC ranniocaíocht árachais shóisialta agus an tobhach sláinte. Tá méideanna iarmharacha den tobhach fostaíochta agus oiliúna nach ann dó a thuilleadh san áireamh anseo freisin.

12.4 Bhí titim breis is €13.1 billiún – beagnach 30% – ar na glanfháltas chánach agus ÁSPC (seachas an Tobhach Ioncaim) i gcás na gné seo den ioncam cánachais in imeacht na tréimhse. Tá tionchar mhéid na titime i gcás gach ceannteidil chánach leagtha amach i bhFíor 58.

¹⁰⁹ Meastachán atá san anailís earnála ar an ioncam de réir earnála, bunaithe ar fhaisnéis i gcás na n-íocaíochtaí le gach cáiniócoir atá ar fáil i gcóras Próiseála Cánach Comhtháite na gCoimisinéirí Ioncaim.

¹¹⁰ Níl briseadh síos de réir earnála ar fáil i gcás ÁSPC á íoc ag daoine féinfhostaithe

Fíor 58 Fáltais chánach de réir Cineál Cánach, 2007-2010

Ceannteideal Cánach	2007	2008	2009	2010	Athrú 2007-2010
	€m	€m	€m	€m	€m
CBL Bhaile	12,978	12,065	9,628	9,030	(3,948)
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	3,097	1,424	544	345	(2,752)
Cáin Chorpáraide	6,393	5,071	3,890	3,944	(2,449)
IMAT	10,155	10,069	8,488	7,777	(2,378)
Cáin Ioncaim	2,309	1,657	987	957	(1,352)
Féinmheasúnaithe					
ÁSPC	8,947	9,300	8,911	8,721	(226)
Iomlán	43,879	39,586	32,448	30,774	(13,105)

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

12.5 Is sa CBL baile a bhí an laghdú is mó i ndearbhtéarmaí agus tharla titim beagnach €4 bhilliún sna fáltais ansin idir 2007 agus 2010.

12.6 Is sa Cháin Ghnóchan Caipitiúil a bhí an titim choibhneasta ba mhó, titim €2.75 billiún idir 2007 agus 2010. B'ionann an méid a bailíodh in 2010 agus 11% den mhéid a bailíodh in 2007.

Fáltais Chánach de réir Earnála

12.7 Tá an t-aicmiú cánach de réir earnálacha bunaithe ar chóid NACE a úsáidtear san Aontas Eorpach chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú do chúrsaí staitistice. Bíonn an cód NACE a shannaítear do gach cáiníocóir cláraithe bunaithe ar an bpríomhghníomhaíocht eacnamaíoch a ghabhann leis an gclárú sin.

12.8 Ceithre earnáil faoi deara breis is dhá thrían den titim ar ghlanfháltais chánach

- earnáil na tógála - titim €2.8 billiún
- an trádáil mhórdhíola agus mhiondíola - titim €2.7 billiún
- eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó - titim €2.1 billiún,
- déantúsaíocht - titim €1.4 billiún.

12.9 Tá an t-athrú ar fháltais chánach leagtha amach i bhFíor 59.

Fíor 59 Athrú ar Fháiltais Chánach de réir Earnála, 2007-2010

	2007	Athrú 2007-2010	2010	Céatadán d'Athrú
	€	€	€	
Tógáil	3,619	(2,809)	810	(78%)
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	8,871	(2,749)	6,122	(31%)
Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó	7,741	(2,142)	5,599	(28%)
Déantúsaíocht	5,823	(1,406)	4,417	(24%)
Neamhaicmithe ^a	1,436	(1,222)	214	(85%)
Idirghabháil airgeadais	4,515	(1,095)	3,420	(24%)
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht	817	(643)	174	(79%)
Iompar. stóráil agus cumarsáid	2,198	(435)	1,763	(20%)
Óstáin agus bialanna	1,500	(393)	1,107	(26%)
Eile ^b =	4,728	(297)	4,431	(6%)
Riarachán poiblí agus cosaint	2,631	86	2,717	3%
Gluaiseacht mhóriomlán	43,879	(13,105)	30,774	(30%)

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Cáin a bailíodh ach nár sannadh d'earnáil

b Áirítear anseo na hearnálacha seo a leanas, mianadóireacht agus cairéalú, seirbhísí pobail sóisialta agus pearsanta, iascaireacht, gníomhaíochtaí teaghlach, eagraíochtaí seach-chríche, soláthar leictreachais gáis agus uisce, oideachas, sláinte agus obair shóisialta.

12.10 I gcomparáid le fáiltais na bliana roimhe, thit na glanfháiltais chánach 10% in 2008, 18% in 2009 agus 5% in 2010. Tá na hathruithe i ndearbhtéarmaí agus i dtéarmaí céatadán leagtha amach i bhFíor 60.

Fíor 60 Ioncam Cánach de réir Earnála 2007 go 2010

	Athrú 2008		Athrú 2009		Athrú 2010	
	€m	%	€m	%	€m	%
Tógáil	(854)	(24%)	(1,637)	(59%)	(318)	(28%)
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	(482)	(5%)	(1,936)	(23%)	(331)	(5%)
Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó	(992)	(13%)	(1,246)	(18%)	96	2%
Déantúsaíocht	(241)	(4%)	(919)	(16%)	(246)	(5%)
Neamhaicmithe ^a	(618)	(43%)	(522)	(64%)	(82)	(28%)
Idirghabháil airgeadais	(519)	(11%)	(471)	(12%)	(105)	(3%)
Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht	(533)	(65%)	(206)	(73%)	96	123%
Iompar. stóráil agus cumarsáid	(26)	(1%)	(218)	(10%)	(191)	(10%)
Óstáin agus bialanna	(167)	(11%)	(143)	(11%)	(83)	(7%)
Riarachán poiblí agus cosaint	159	6%	221	8%	(294)	(10%)
Eile ^b =	(20)	–	(61)	(1%)	(216)	(5%)
Iomlán	(4,293)	(10%)	(7,138)	(18%)	(1,674)	(5%)

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Cáin a bailíodh agus nár sannadh d'earnáil ar Leith.

b Áirítear anseo na hearnálacha seo a leanas, mianadóireacht agus cairéalú, seirbhísí pobail sóisialta agus pearsanta, iascaireacht, gníomhaíochtaí teaghlach, eagraíochtaí seach-chríche, soláthar leictreachais gáis agus uisce, oideachas, sláinte agus obair shóisialta.

12.11 Cé gur laghdaigh na fáltas chánach i mbeagnach gach earnáil gach bliain, is léir an méid seo a leanas sa chomparáid ó bhliain go bliain.

- Leanann fáltas chánach ó earnáil na tógála orthu ag laghdú ar ráta níos sciobtha ná an chuid eile den gheilleagar. B'ionann fáltas chánach 2010 agus 22% de leibhéal 2007
- Bhí na fáltas ón trádáil mhórdhíola agus mhiondíola fós ag laghdú in 2010, ach ar ráta níos moille ná sna blianta roimhe.
- Thosaigh na fáltas ó dhá earnáil - eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó mar aon le talmhaíocht sealgaireacht agus foraoiseacht - ag teacht chucu féin in 2010, agus cláraíodh méaduithe ar na fáltas chánach sna hearnálacha sin in 2010.
- Thosaigh na fáltas ó earnáil an riaracháin phoiblí agus cosanta ag laghdú den chéad uair in 2010, de dheasca tosca ar nós gearrthaí pá.

Treochtaí Earnála de réir Cineál Cánach

12.12 Níor mhar a chéile tionchar na laghduithe ar fháltas chánach ar na catagóirí éagsúla cánach. Tá na príomhearnálacha a raibh baint acu le laghduithe fáltas ó na cánacha indibhidiúla leagtha amach i bhFíor 61.

Fíor 61 Earnálacha a Chuidigh le Laghduithe Fáltas, de réir Cánach 2007-2010

Laghdú Cáránach 2007 - 2010	Na Príomhearnálacha faoi deara an laghdú
CBL Bhaile — €3.95 billiún	An trádáil mhórdhíola agus mhiondíola — €1.9 billiún Tógáil — €986 milliún Déantúsaíocht — €888 milliún
Cárán Ghnóchan Caipitiúil — €2.75 billiún	Neamhaicmithe — €843 milliún ^a Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó — €798 milliún Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht — €450 milliún
Cárán Chomparáide — €2.75 billiún	idirghabháil airgeadais — €1.17 billiún Earnáil na tógála — €342 milliún An trádáil mhórdhíola agus mhiondíola — €328 milliún.
IMAT — €2.4 billiún	Tógáil — €570 milliún Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó — €446 milliún Riarachán poiblí — €334 milliún Déantúsaíocht — €254 milliún An trádáil mhórdhíola agus mhiondíola — €232 milliún
Cárán Ioncaim féinmheasúnaithe — €1.35 billiún	Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó — €497 milliún Tógáil — €334 milliún Talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht — €129 milliún
ÁSPC — €226 milliún	Earnáil na tógála — €492 milliún á gcúiteamh le méaduithe ar fháltas ÁSPC ó Sláinte agus obair shóisialta — €177 milliún Riarachán poiblí agus cosaint — €141 milliún.

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Dealraíonn sé gur leithroinneadh leibhéal ard CGT don earnáil neamhaicmithe de bharr go raibh an chárán sin á híoc ag daoine nach bhfuil cláraithe do chánacha féinmheasúnaithe eile ionas nár leithroinneadh cód earnála orthu.

Conclúid

Tá anailís earnála ar fáil do thart ar cheithre chúigiú den bhailiúchán cánach (ÁSPC san áireamh). Laghdaíodh eilimint seo an bhailiúcháin chánach faoi €13.1 billiún nó rud beag níos lú ná 30% ó bhí deireadh 2007 ann.

Laghduithe sna hearnálacha maoine agus miondíola faoi deara breis is leath na titime. Léirigh earnáil na tógála laghdú €2.8 billiún, an trádáil mhórdhíola agus mhiondíola €2.7 billiún agus eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó €2.1 billiún..

Laghdaigh na faltais chánach ó bheagnach gach earnáil gach bliain seachas

- earnáil an eastáit réadaigh, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó¹¹¹ agus earnáil na talmhaíochta, sealgaireachta agus foraoiseachta mar ar mhéadaigh na faltais in 2010 i ndiaidh dhá bhliain as a chéile nuair is laghduithe a cláraíodh
- earnáil an riaracháin phoiblí agus na cosanta mar ar mhéadaigh na faltais in 2008 agus 2009 ach ina raibh titim shuntasach in 2010.

¹¹¹ In Eastát réadach, ligean ar cíós agus gníomhaíochtaí gnó áirítear 'gníomhaíochtaí gnó' a chuimsíonn seirbhísí proifisiúnta nach mbaineann le heastát réadach ná le ligean ar cíós, seirbhísí ar nós cuntasaocht agus seirbhísí dlí.

Caibidil 13

Bailiú Fiach na gCoimisinéirí Ioncaim

Bailiú Fiach an gCoimisinéirí Ioncaim

13.1 Laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim luíonn, freagrach go príomha as bainistíochta fiach le hOifig an Ard-Bhailitheora. Tá an Oifig sin freagrach as bailiú cánacha agus dleachtanna agus as a leithdháileadh ar an gcuntas cuí cáinócóra. Is é cuspóir a feidhme bainistithe fiach a chinntiú go mbailítear go tráthúil formhór na gcánacha gnó agus pearsanta a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim freagrach astu. Cé go bhfuil ról teoranta ag roinnt dúichí cánach faoi láthair i mbailiú fiach, tá socruithe á gcur i gcrích chun bailiú fiach a lárú in Oifig an Ard-Bhailitheora.

Béim na Caibidle

Déantar feidhm bailithe fiach na gCoimisinéirí Ioncaim a athbhreithniú sa chaibidil seo, agus iad seo a leanas go háirithe

- an chaoi a n-eagraítear í agus a gcuirtear acmhainní ar fáil di
- na cuspóirí bailithe fiach a leag sí amach don eagraíocht in 2010 agus an méid ar baineadh amach ina leith
- anailís ar an bhfiachas gan íoc amhail an 31 Márta 2011
- raon dhíscríobh an fhiachais sa bhliain.

Acmhainní agus Cuspóirí

13.2 Tugann 700 ball foirne, a shanntar d'obair bhailithe agus chomhlíonta, faoi chlár bainistithe fiach na gCoimisinéirí Ioncaim mar a leagtar amach i Ráiteas Aschuir 2010. Ba iad seo a leanas cuspóirí an chláir don bhliain

- bailiúchán éifeachtach cánacha agus dleachtanna a bharrfheabhsú
- sciorradh comhlíonta a íoslaghdú in 2010, go háirithe do chásanna móra agus meánacha
- fiachas inbhailithe nó neamhchonspóidte nach bhfuil faoi réir nósanna forfheidhmithe ná comhaontuithe íocaíochta comhaontaithe a laghdú 25% le linn 2010.

Eagrú an Bhailithe Cánach

13.3 Faoi láthair, tá 21 Aonad Bailithe Fiach laistigh d'oifig an Ard-Bhailitheora. Áirítear i measc phríomhfheidhmeanna na n-aonad bailithe fiach sin iad seo a leanas

- cásanna riaráistí a shainaithint
- aghaidh a thabhairt ar riaráistí trí ghnáthghníomhaíochtaí bailithe nó trí fhorfheidhmiú¹¹².

13.4 Déantar bailiú cánach a bhainistiú mar seo a leanas

- Roinntear bainistíocht na gcásanna ar 20 aonad bailithe fiach de ghnáth. Tá an raon feidhme gach aonad ar ghníomhaíocht chinneadh trí thagairt don mhéid cás nó an meánmhéid bhliantúil an cháin íochta¹¹³ ag cáinóicóirí aonair. Tá siad seo i gcatagóirí shraith.
- Déanann Aonad Saothraithe Tiomnaithe bainistiú ar chásanna nasctha ag comhstíúrthóirí sa chás go sáraíonn an fiachas €250,000 (an tAonad Comóntachta) agus ar chásanna Féinics (an tAonad Féinics). Déantar oibriú an Aonaid seo a bhreith ina aonar i gCaibidil 15.

¹¹² I measc gníomhaíochtaí forfheidhmithe tá cur i bhfeidhm táillí úis, an sirriam nó aturnae a úsáid chun an fiachas a chur i bhfeidhm, nó úsáid gníomhaíochtaí eile forfheidhmithe, lena n-áirítear astaithe, leachtú nó féimheacht.

¹¹³ Toisc den mheándliteanas bliantúil cánach é méid cáis, bunaithe ar mheascán ualaithe de chánacha 'muiníne' (CBL, ÍMAT/ ÁSPC Fostóra, Cáin Chonarthaí Iomchuí), de Cháin Chorporáide agus de Cháin Ioncaim Phearsanta.

- Leithdháiltear baill foirne ar Aonaid Bainistithe Fiacha éagsúla ar bhonn luach na cánach atá i mbaoil. Tá an cóimheas is airde foirne le cáiníocóirí ag cásanna móra a bhfuil na híocaíochtaí is airde luach acu.

13.5 Mar gheall ar theorainneacha a gcórais TF, níl na Coimisinéirí Ioncaim in ann faisnéis a fháil i leith luach an fhiachais agus an líon cáiníocóirí a bhainistítear i ngach ceann de na sraitheanna. Chun críche an imscrúdaithe seo, tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis meastacháin ar an bhfiachas agus ar mhiondealú cáiníocóra a chur ar fáil. Leagtar amach de réir sraithe é seo i bhFíor 62.

Fíor 62 Eagrú an Bhailithe Fiach 2010

Sraith	Meáncháin Bhliantúil €000	Líon Aonad	Meánlíon Foirne (WTE) 2010	Costas do 2010 ^a	Líon Cáiníocóirí a Bhainistítear	Fiachas amhail an 31 Márta 2011 ^b
				€ m		€ m
A hAon	De bhreis ar 480	1	16	1	6,396	147
A Dó	300 – 480	2	21	1	7,681	144
A Trí	43 – 300	8	130	7	65,076	594
A Ceathair	6 – 43	6	83	5	142,155	534
A Cúig	<6	3	34	2	294,972	659
Aonad Forfheidhmithe Tiomnaithe	Comhfhiachas > 250 nó Féinics	2	23	1	n/b ^c	n/b ^c
Tionscadail Speisialta agus Aonaid Comhlíonta	Meascán	11	143	8	n/b ^c	n/b ^c
Iomlán		33	450	25	516,280	2,078

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a Tá costais foirne bunaithe ar an meántuarastal don ghrád ábhartha agus áirítear leo forchostais agus ÁSPC fostóra. Tabhaíodh €0.5 milliún breise i gcostais ragoibre, nach n-áirítear thuas, in 2010.
 - b Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim taifid a choinneáil le haghaidh gach sraith. Cuireadh na meastacháin sa cholún seo ag an Ard-Bhailitheoir bunaithe ar a samhail dháileadh oibre.
 - c Níl faisnéis i ndáil le líon na gcásanna agus líon fiachais do na haonaid seo ar fáil agus áirítear sna sonraí struchtúir sraithe í.

13.6 Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur tugadh isteach an cur chuige struchtúrtha sraithe, a shannann acmhainní ar aon dul le leibhéil riosca a bhaineann le neamh-chomhlíonadh ar bhonn méid cáis, ag tús 2009 agus gur comhdhlúthaíodh é tuilleadh in 2010. Shonraigh sí go gcinntíonn an cur chuige seo go ndírítear ar na cásanna sin a bhfuil na rioscaí is mó ag baint leo go tráthúil.

Cánacha agus ÁSPC Gan Íoc

13.7 Fíor 63 an líon cánach gan íoc do gach catagóir cánach agus achoimrítear ann na muirir a cruinníodh, na híocaíochtaí a rinneadh agus na suimeanna a díscríobhadh sa tréimhse 12 mhí a chríochnaigh an 31 Márta 2011. Tá an cháin iomlán gan íoc ag deireadh mhí an Mhárta 2011 laghdaithe €34 milliún go €2,078 milliún le hais na tréimhse céanna in 2010.

Fíor 63 Cánacha agus ÁSPC Gan Íoc^a


Cáin nó Tobhach	Iarmhéid amhail an 31 Márta 2010	Glanmhuirir a Cruinníodh ^b	Íoctha	Díscríofa	Iarmhéid amhail an 31 Márta 2011
	€m	€m	€m	€m	€m
CBL	633	9,293	9,203	135	588
ÍMAT	173	10,529	10,528	35	139
ÁSPC	254	8,796	8,777	52	221
Cáin Ioncaim (gan ÍMAT san áireamh)	426	2,311	2,239	30	467
Cáin Choinneála ar Ús Taisce	—	442	442	—	—
Cáin Chorpáraide	315	3,527	3,498	13	331
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	244	339	310	4	269
Cáin Fháiltis Caipitiúil	3	256	256	0	3
Cánacha Díothaithe ^c	5	(5)	—	—	—
Cáin Chonarthaí Iomchuí ^d	59	13	(9)	22	59
Iomlán	2,112	35,501	35,244	291	2,078
Fiachas mar chomhréir de ghlanmhuirir a cruinníodh	5.4%				5.8%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a Eisiámh na figiúirí na cánacha sin nach bhfuil an t-ábhar a bhailiú iarchurtha, lena n-áirítear Custaim, Máil, Dleachtanna Stampa agus an ghné sin den CBL a bhaineann le Custaim agus Máil. Caitear le cáin mar cháin gan íoc ón dáta a gcuirtear an dliteanas ar thaifead an cháiniócóra – de thoradh, de ghnáth, fáil tuairisceáin nó méadú meastacháin.
 - b Áirítear táillí a ardaíodh meastacháin Glan i gcásanna neamh-chomhdú. Tuairiscíodh go raibh na táillí comhfhreagracha sa bhliain go dtí Márta 2010 ag na Coimisinéirí Ioncaim ag €38.9 billiún.
 - c Díchuireadh an iarmhéid tosaigh €5 mhilliún do Chánacha Díothaithe le linn 2010 mar nach bhféadfaí bunús a thabhairt le fiacha bainteacha, i ndiaidh imscrúdú.
 - d Cuimsítear i nglanmhuirir chruinnithe Cáin Chonarthaí Iomchuí measúnaithe agus dearbhaithe a bhaineann le príomhchonraitheoirí dar luach €272.15 milliún, lúide éilimh €259.34 milliún ó fhochonraitheoirí. Cuimsíonn an ghlan-aisíocaíocht €9.44 milliún €260.82 milliún a fuarthas ó phríomhchonraitheoirí agus €270.26 milliún a aisíocadh le fochonraitheoirí (nó a fritháiríodh in aghaidh dliteanais chánach eile).

13.8 Thar na trí bliana go mí an Mhárta 2011, mhéadaigh cáin gan íoc go 162% den leibhéal amhail mí an Mhárta 2008 mar a léirítear i bhFíor 64.

Fíor 64 Fiach Míosúil Gan Íoc



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cur Chuige Bainistíochta

13.9 Féadfar an fiach gan íoc a bhainistiú tríd iad seo a leanas

- gnáthghníomhaíochtaí bailithe
- comhaontuithe íocaíochta
- socruithe forfheidhmithe.

13.10 Is féidir an fiach gan íoc ag 31 Márta 2011 a rangú sna catagóirí bainistíochta fiach mar atá leagtha amach i bhFíor 65.

Fíor 65 Stádas Bailithe Cánach agus ÁSPC, Márta 2011

Cáin nó Tobhach	Fiachas Iomlán € m	Faoi Achomharc € m	Á Fhorfheidhmiú € m	Comhaontú Íocaíochta € m	Fiachas Eile ^a € m
CBL	588	104	209	56	219
ÍMAT	139	12	9	9	109
ÁSPC	221	2	17	19	183
Cáin Ioncaim (gan ÍMAT san áireamh)	467	159	98	21	189
Cáin Chorpáraide	331	245	4	12	70
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	269	160	47	6	56
Cáin Fháiltais Caipitiúil	3	–	–	–	3
Cáin Chonarthaí Iomchuí ^c	60	7	18	3	32
Iomlán Márta 2011	2,078	689	402	126	861
Comparadóir Márta 2010	2,112	669	378	119	946

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Cuimsíonn an chatagóir fiachais seo fiachas nach bhfuil faoi achomharc agus nach bhfuil faoi réir imeacht forfheidhmithe ná comhaontuithe íocaíochtaí leis an gcáiníocóir.

13.11 Tá €689 milliún, a áiríonn thart ar aon tríú den fhiachas iomlán gan íoc, faoi réir achomharc cáiníocóra agus, fad agus atá na hachomhairc á ndiúscairt, tá cosc ar na Coimisinéirí Ioncaim iarracht a dhéanamh é a bhailiú. Méadú €20 milliún é seo ar an tsuim faoi achomharc dhá mhí dhéag roimhe sin.

13.12 I ndáil leis an bhfiachas eile atá ar fáil le bailiú – €1,389 milliún

- Tá 29% den fhiachas faoi réir imeachtaí forfheidhmithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim (26% i mí an Mhárta 2010).
- Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis comhaontuithe íocaíochta a chur i gcrích maidir le 9% den fhiachas gan íoc (8% amhail Márta 2010).
- B'ionann fiachas neamhchonspóidte, nár chuimsigh comhaontuithe leis an gcáiníocóir nó nach raibh tar éis dul chomh fada le forfheidhmiú, agus €861 milliún, arbh ionann é agus 62% den fhiachas inbhailithe (€946 milliún – 66% den fhiachas inbhailithe i mí an Mhárta 2010).

13.13 Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim le sprioc fiachas inbhailithe nó neamhchonspóidte, nach bhfuil faoi réir comhaontuithe íocaíochta nó nósanna forfheidhmithe comhaontaithe, a laghdú 25% le linn 2010. B'ionann an chatagóir fiachais seo agus €880m amhail deireadh na bliana 2009 agus laghdaigh sé go €815m faoi dheireadh na bliana 2010 – laghdú 7.4%.¹¹⁴. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta sásta leis an ngnóthachan seo i bhfianaise na timpeallachta thar a bheith dúshlánach geilleagraí agus airgeadais ina raibh gnólachtaí ag feidhmiú.

13.14 Fíor 66 anailís aosaithe den iarmhéid a bhí gan íoc ar an 31 Márta 2011 i ndáil le cánacha agus dleachtanna dlite maidir le tréimhsí go deireadh na bliana 2010. Léirítear gur bhain 20% den tsuim gan íoc leis an tréimhse chánach is déanaí (26% i mí an Mhárta 2010). Baineann thart ar 66% den tsuim atá gan íoc le tréimhsí cánach roimh 2009 (ba é 57% an céatadán comparáideach i leith an fhiachais seo amhail mí an Mhárta 2010).

¹¹⁴ Tá difríocht sna figiúirí i Fíor 65 de bharr go léirítear staid níos déanaí (Márta 2011) i Fíor 65.

Fíor 66 Anailís Aosaithe ar an bhFiachas Roimh 2011 amhail an 31 Márta 2011

Ceannteideal Cánach	Cáin Iomlán Gan Íoc	2010	2009	2006 go 2008	Roimh 2006
	€m	€m	€m	€m	€m
CBL	588	198	111	170	109
ÍMAT	139	57	27	34	21
ÁSPC	221	109	50	47	15
Cáin Ioncaim	467	1	84	160	222
Cáin Chorporáide	331	17	17	68	229
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	269	1	10	85	173
Cáin Fháiltais Caipitiúil	3	0	0	0	3
Cáin Chonarthaí Iomchuí	60	26	4	22	8
Iomlán	2,078	409	303	586	780
Comparadóir^a	2,112	550	363	478	721

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Seo iad na suimeanna comhfhreagracha gan íoc do na tréimhsí a chríochnaigh dhá mhí dhéag roimhe sin.

Díscríobh Cánach agus ÁSPC

13.15 Díscríobhadh €300 milliún cánach agus ÁSPC le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2010, €261 milliún nó 87% a bhí i leith cánacha muiníne¹¹⁵. Tá cánacha díscríofa tar éis méadú níos mó ná faoi dhó idir 2008 agus 2010. Ba iad seo a leanas na príomh-mhéaduithe in 2010 le hais 2009

- Mhéadaigh CBL díscríofa €33 milliún
- Mhéadaigh Cáin Ioncaim dhíscríofa €15 mhilliún
- Mhéadaigh ÁSPC díscríofa €14 mhilliún
- Mhéadaigh ÍMAT díscríofa €6 mhilliún.

13.16 Taispeántar miondealú i bhFíor 67 ar an tsuim iomlán a díscríobhadh de réir an ceannteidil chánach.

13.17 Rinneadh measúnú ar bhonn cáis ar chás ar €298.2 milliún de dhíscríobh 2010. Díscríobhadh an €1.4 milliún eile, a bhain le 113,360 cás a raibh iarmhéideanna níos lú ná €1,000 acu agus a measadh go mbeadh sé neamhbharainneach leanúint leo, ar bhonn uathoibríthe.

¹¹⁵ Is iad CBL, ÍMAT/ÁSPC agus Cáin Chonarthaí Iomchuí na cánacha muiníne, agus bailíonn gnólachtaí iad ar son na gCoimisinéirí Ioncaim agus sealbhaítear ar iontaobhas iad go dtí go n-íoctar na Coimisinéirí Ioncaim.

Fíor 67 Cánacha a Díscríobhadh

Ceannteideal Cánach	2008 €000	2009 €000	2010 €000
Cánacha Muiníne a Díscríobhadh			
Cáin Bhreisluacha	57,710	101,530	134,539
ÍMAT	19,831	37,145	43,535
ÁSPC	25,438	47,610	61,480
Cáin Chonarthaí Iomchuí	12,581	16,617	21,875
	115,560	202,902	261,429
Cánacha Díreacha a Díscríobhadh			
Cáin Ioncaim	5,310	10,305	25,001
Cáin Chorparáide	3,016	3,889	8,259
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	985	2,610	3,498
Díscríobh Uathoibríoch	4,125	1,842	1,398
	13,436	18,646	38,156
Cáin Iomlán a Díscríobhadh	128,996	221,548	299,585

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

13.18 In 2010, bhí méadú 17% ar ÍMAT díscríofa agus méadú 29% ar ÁSPC díscríofa. Mar fhreagra ar m'fhiosrúcháin maidir leis seo, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur nochtaigh athbhreithniú inmheánach ar fhiachas a díscríobhadh i gcásanna a bhaineann le dócmhainneacht in 2010 d'ainneoin gur fhan líon na dócmhainneachta mar an gcéanna sna hearnálacha tógála agus seirbhíse, mhéadaigh líon na dócmhainneachta san earnáil fáilteachais 26%. Na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara go bhfuil an earnáil fáilteachais a bhaineann le fostaíocht níos ísle íoctha agus, mar go bhfuil an cóimheas ÍMAT / ÁSPC níos airde i bhfostaíochtaí sin, bheadh seo a chuidigh le ÁSPC níos airde i gcomparáid Díscríobh i 2010.

13.19 Fíor 68 tháinig thart ar 87% (€259 milliún) den tsuim a díscríobhadh chun cinn i gcásanna inar scoireadh de ghnólachtaí nó i gcásanna ina raibh deacrachtaí ag gnólachtaí. Baineann an t-iarmhéid €40 milliún le cásanna nár bailíodh an tsuim a bhí fós le híos ina leith toisc cúinsí ar nós nach rabhthas in ann teacht ar an gcáiníocóir, chinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim nárbh fhiú an tsuim a bhí fós le híos ó thaobh acmhainní a úsáid lena bailiú agus forais atruacha.

Fíor 68 Cúiseanna Díscríofa

Cúis	2009		2010	
	Líon Cásanna	Suim Dhíscríofa €000	Líon Cásanna	Suim Dhíscríofa €000
Scoireadh den Ghnó/Deacracht Leis				
Leachtú/Glacadóireacht/Féimheacht/	1,260	131,876	1,739	165,979
Deireadh le trádáil – gan sócmhainní ar bith	1,000	47,533	2,032	77,205
Dobhailithe de bharr chúinsí airgeadais an cháinócóra	233	7,148	305	8,369
Scrúdaitheoireacht	28	7,497	32	6,974
Éagtha agus Eastát Dócmhainneach	49	746	74	869
Cúiseanna Eile				
Ní féidir teacht air/Lasmuigh den Dlíne	209	6,409	563	10,916
Neamhbharainneach chun coinneáil leis ^(a)	76,067	18,961	120,953	27,544
Forais Atruacha	76	1,197	135	1,575
Dliteanas gan Foras	20	181	17	154
Iomlán	78,942	221,548	125,850	299,585

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Áirítear 113,360 cás a díscríobhadh go huathoibríoch leis seo (74,111 i 2009).

13.20 Ba é €3.82 milliún an tsuim shingil ba mhó a díscríobhadh in 2010 i leith ÍMAT/ÁSPC (€3.15 milliún) agus CBL (€0.67 milliún). Bhí 16 chás eile ann inar mhó ná €1 mhilliún an tsuim a díscríobhadh.

13.21 Tugann Brainse Iniúchta Inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim faoi imscrúdú bliantúil ar shuim na cánach a díscríobhtar. Scrúdaíodh sampla de 255 cás san iniúchadh in 2010, arbh ionann iad agus 17.3% (€51.5 milliún) de luach iomlán na suimeanna díscríofa neamh-uathoibríthe (€298 milliún). Bhí an Brainse Iniúchta Inmheánaigh sásta go raibh an uile dhíscríobh de réir na gcritéar a fhorordaítear. Scrúdaigh an Brainse Iniúchta Inmheánaigh torthaí an díscríofa uathoibrigh in 2010 freisin agus d'fhíoraigh sé gur cuireadh na critéir roghnaithe údaraithe i bhfeidhm i gceart.

13.22 Fíor 69 ar mhiondealú ar na suimeanna a díscríobhadh do gach cheannteideal cánach, do gach cás inar díscríobhadh níos mó ná €1 mhilliún in 2010. I ngach cás seachas ceann amháin, bhain díscríobh na cánach le scoireadh den ghnó nó le dócmhainneacht.

Fíor 69 Cásanna Díscríofa Cánach 2010 – €1 mhilliún

Cúis	Líon Cásanna	Cánacha Muiníne^a	Cánacha Díreacha^b
Leachtú deonach creidiúnaithe	7	8,898,619	1,830,750
Leachtú Cúirte na gCoimisinéirí Ioncaim	3	6,441,443	585,112
Deireadh le trádáil – gan sócmhainní ar bith	2	4,889,002	–
Scrúdaitheoireacht	2	2,735,187	12,148
Ní féidir teacht air – lasmuigh den dlínse	1	2,793,340	–
Dócmhainneacht – breithnithe féimheach	1	–	2,231,570
Foirceannadh an chuideachta	1	1,237,879	–
Iomlán	17	26,995,470	4,659,580

Foinse: Anailís an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nótaí: a ÍMAT, ÁSPC, CBL, Cáin Chonarthaí Iomchuí.

b Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóthachan Caipitiúil.

Conclúid

Ag deireadh mhí an Mhárta 2011, bhí luach de €2.1 billiún ar na fiachais dlite do na Coimisinéirí Ioncaim. Is ionann an fiachas gan íoc anois agus beagnach 6% de na muirir chomhfhreagracha a fuarthas.

In 2010, bhí sé d'aidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim an leibhéal fiachais neamhchonspóidte, nach bhfuil faoi réir imeachtaí forfheidhmithe ná comhaontuithe íocaíochta le cáiníocóirí, a laghdú 25% – ba é 7% an laghdú iarbhir a baineadh amach.

Tá luach na gcánacha a dhíscríobhtar ag dul i méid i gcónaí. Bhí méadú suntasach ar luach na cánach a díscríobhadh in 2010 le hais 2009 agus 2008. Mhéadaigh díscríobh 72% in 2009, i gcomparáid le 2008. Taifeadadh méadú eile 35% in 2010.

Ba é €3.8 milliún an tsuim cánach ba mhó a díscríobhadh i gcás singil in 2010. I 16 chás eile, díscríobhadh fiacha sa bhreis ar €1 mhilliún. I ngach cás seachas ceann amháin, bhain an díscríobh le scoireadh den ghnó nó le dócmhainneacht.

Caibidil 14

Comhlíonadh Cáiníocóra

Comhlíonadh Cáiníocóra

14.1 Féinmheastar an uile cháin agus dhleacht inbhailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim seachas ÍMAT agus ÁSPC (a mheasann fostóirí ar dtús) agus Cánacha Cláraithe Feithiclí ar fheithiclí athláimhe a mheasann an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna¹¹⁶.

14.2 I riarachán cánach atá bunaithe ar fhéinmheastachán tá rioscaí áirithe ann nach mbaileofar an cháin uile. Ina measc siúd, tá na rioscaí seo a leanas

- ní shainaithneofar na cáiníocóirí féideartha uile
- ní dhéanfar saothrú ar thuairisceáin atá ar strae ó cháiníocóirí sainaitheanta
- ní shaineofar tuairisceáin neamhiomlána ná mhíchruinne.

14.3 Tá sé tábhachtach do na Coimisinéirí Ioncaim a bheith in ann na treochoí comhlíonta sna réimsí seo a rianú agus a bheith sa staid cheart chun dul i ngleic le haon saincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Is dóchúil go mbeidh tionchar ag na rioscaí a luaitear ar bhailiú na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe orthu seo a leanas

- meastar gur ionann scáthghilleagar na hÉireann agus thart ar 13% den Olltáirgeacht Intíre (GDP)
- léirítear ráta seasmhach neamhchomhlíonta i sampla randamach cáiníocóirí in iniúchtaí
- léirítear pátrún stairiúil imghabhála i dtorthaí imscrúduithe speisialta
- tugann an Roinn Coimirce Sóisialaí faoi chlár imscrúduithe fostóra chun oibriú cruinn ÁSPC a chinntiú Sainaithníodh ráta neamhchomhlíonta 15% in 2010 (20% in 2009) leis an gclár seo. Is dóchúil go bhfuil cosúlachtaí idir comhlíonadh ÍMAT agus ÁSPC.

Béim na Caibidle

Athbhreithnítear iad seo a leanas sa chaibidil seo

- an méid atá á thabhairt le fios i dtoradh iniúchta randamaigh faoi chomhlíonadh ginearálta cáiníocóra
- an bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim in ann tráthúlachta comhlíonta íocaíochta a athbhreithniú
- na rioscaí atá ag teacht chun cinn do chomhlíonadh agus an chaoi a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag tabhairt aghaidh orthu
- an treochoí i neamhchomhlíonadh mór sainaitheanta le blianta beaga anuas.

¹¹⁶ Ar an 1 Meán Fómhair 2010, thóg an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna réimse feidhmeanna cláraithe ar láimh thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim de réir na bhforálacha a áirítear san Acht Airgeadais 2010.

Iniúchadh Randamach

14.4 Tá Clár na nIniúchtaí Randamacha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim ó 1993 i leith. Roghnaítear thart ar 400 iniúchadh randamach le cur i gcrích gach bliain. Léirítear raon chur i gcrích Chlár na nIniúchtaí Randamacha do 2007 go 2010 amhail an 31 Márta 2011 i bhFíor 70.

Fíor 70 Clár na nIniúchtaí Randamacha, 2007 – 2010

	2007	2008	2009	2010
Líon na gCásanna				
Sampla roghnaithe	401	403	400	400
Cásanna a cuireadh i gcrích	397	395	361	293
Cásanna nár leanadh ar aghaidh leo	2	1	–	–
Tréimhse mhícheart iniúchta	1	–	–	–
Eile ^a	–	2	–	–
Cásanna ar láimh amhail Márta 2011	1	5	39	107

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Cásanna a sannadh do Fhrithsheachaint agus do na Rannáin Fiosrúchán agus lonchúiseamh cheana féin. Ní dhéantar iniúchadh orthu faoi Chlár na nIniúchtaí Randamacha.

14.5 Leagtar amach torthaí na n-iniúchtaí randamacha ar tugadh fúthu sa tréimhse idir 2007 agus 2010 i bhFíor 71.

Fíor 71 Torthaí an Iniúchta Randamaigh 2007 – 2010

	2007	2008	2009	2010 ^a
Bonnbhliain	€	€	€	€
Cáin	571,765	836,381	631,302	279,646
Ús agus pionóis	236,728	334,840	237,089	77,569
	808,493	1,171,221	868,391	357,215
Blianta Breise	€	€	€	€
Cáin	735,799	1,096,343	791,772	165,993
Ús agus pionóis	452,542	351,848	294,592	61,123
	1,188,341	1,448,191	1,086,364	227,116
Toradh iomlán	1,996,834	2,619,412	1,954,755	584,331
Iniúchtaí a cuireadh i gcrích	397	395	361	293
Meántoradh don bonnbhliain	2,037	2,965	2,406	1,219
Meántoradh – gach bliain	5,030	6,631	5,415	1,994
Cásanna a bhfuarthas toradh orthu mar % de chásanna a cuireadh i gcrích	33%	30%	34%	33%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Níor cuireadh an clár do 2010 i gcrích go fóill. Ba é an taithí i mblianta roimhe seo go méadaíonn an toradh agus na chásanna deireanacha á gcur i gcrích.

14.6 Tríd is tríd, léirítear iad seo a leanas sna torthaí

- tá líon na gcásanna a bhfuarthas toradh orthu thart ar 32%
- tá fiú idir €5,000 agus €6,600 an meántoradh ón iniúchadh
- nuair a chuirtear cásanna nach bhfuarthas toradh orthu as an áireamh, bhí na meántorthaí ó chlár 2007 go 2009 idir €15,200 agus €22,200.

14.7 Le linn an iniúchta, cuireadh an bundliteanas dearbhaithe i gcomparáid le toradh an iniúchta do gach iniúchadh a cuireadh i gcrích faoi Chlár na nIniúchtaí Randamacha in 2009. Leagtar amach na torthaí i bhFíor 72.

Fíor 72 Rátaí Comhlíonta bunaithe ar Chlár na nIniúchtaí Randamacha 2009

	Cásanna a bhfuarthas toradh orthu	Cásanna nach bhfuarthas toradh orthu ^a	Iomlán
Líon na gcásanna a cuireadh i gcrích	121	240	361
Bundliteanas dearbhaithe iomlán ^b	€9,674,938	€26,024,592	€35,699,530
Cáin bhreise sa bhonnbhliain mar gheall ar iniúchadh	€631,302	–	€631,302
Cáin bhreise i mblianta eile mar gheall ar iniúchadh	€578,682	€213,090	€791,772
Comhréir na cánach neamhdhearbhaithe in 2007	6.5%	–	1.8%
An cháin neamhdhearbhaithe uile mar chomhréir den dliteanas dearbhaithe in 2007 ^c	12.5%	0.8%	4.0%

- Nótaí:
- a Tagraíonn an colún seo do chásanna gan aon toradh bonnbhlíana. Bhí torthaí ag cuid acu i mblianta eile.
 - b Ríomhadh bundliteanas trí thoradh an iniúchta, ús agus pionóis a bhaint ón dliteanas dearbhaithe deiridh ar Chóras um Próiseáil Cánachais Chomhtháite na gCoimisinéirí Ioncaim.
 - c Baineadh leas as dliteanas 2007 mar thomhas ar an tsuim cánach dlite sa bhliain ionadaíoch.

14.8 Ba é luach na cánach neamhdhearbhaithe 1.8% do bhliain shingil agus, ar an iomlán, sainathnódh cáin bhreise neamhdhearbhaithe a bhí ionann le 4% den dliteanas bonnbhlíana in iniúchtaí randamacha.

Comhlíonadh de réir Ceannteideal Cánach

14.9 Le linn athbhreithniú a rinneadh i m'oifig, rinneadh imscrúdú ar chomhlíonadh ar bhonn na gceannnteideal cánach aonair i leith na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích faoi Chlár na nIniúchtaí Randamacha in 2009. Leagtar amach na torthaí i bhFíor 73.

Fíor 73 Comhlíonadh de réir Ceannteideal Cánach bunaithe ar thorthaí Chláir na nIníuchtaí Randamacha 2009

		Cáin Ioncaim	CBL	ÍMAT/ÁSPC Fostóra	Cáin Chorparáide	Eile ^a	Iomlán
		€000	€000	€000	€000	€000	€000
Bundliteanas dearbhaithe		1,174	10,209	17,156	7,081	–	35,620
Toradh na bonnbhlíana		162	351	71	29	18	631
Toradh na bliana breise		96	455	122	2	117	792
Toradh iomlán iniúchta		258	806	193	31	135	1,423
Cáin bonnbhlíana thearcdhearbhaithe	%	13.8	3.4	0.4	0.4	–	1.8
Cáin iomlán thearcdhearbhaithe^b	%	22.0	7.9	1.1	0.4	–	4.0

Nótaí: a Áirítear sa chatagóir 'Eile' Cáin Ghnóthachan Caipitiúil agus Cáin Chonarthaí Iomchuí. Tá an sampla róbheag, áfach, chun conclúidí a bhunú ar leibhéal na cánach tearcdhearbhaithe

b Baineadh leas as dlíteanas 2007 mar thomhas ar an tsuim cánach dlíte sa bhliain ionadaíoch.

14.10 Thabharfadh na torthaí le fios gurb iad na cánacha atá suntasach ó thaobh an tearcdhearbhaithe de iad seo a leanas

- CBL, mar go mbíonn tionchar ag ráta beag neamhchomhlíonta fiú ar an toradh de bharr mhéid na ndlíteanas foriomlán
- Cáin Ioncaim, mar gheall ar an gcéatadán ard den bhundliteanas tearcdhearbhaithe.

14.11 Tá na torthaí a ndéantar tuairisciú orthu i bhFíor 73 bunaithe ar bhliain shingil. Mar áis le hiarrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim a dhíriú bheadh sé inmhianta torthaí líon blianta a chur le chéile chun na ceannteidil chánach sin ina bhfuil an tionchar is mó ag neamhchomhlíonadh agus iad siúd ina bhfuil an neamhchomhlíonadh is forleithne a leithlisiú.

Comhlíonadh de réir Earnála

14.12 Le linn athbhreithniú a rinne m'óifig, cuireadh torthaí Chláir na nIníuchtaí Randamacha 2007 go dtí 2010 le chéile agus rinneadh imscrúdú orthu ar bhonn earnála chun raon an éagsúlaithe i measc earnálacha a bhunú. Leagtar amach na torthaí i bhFíor 74.

Fíor 74 Comhlíonadh de réir Earnála bunaithe ar Chlár na nIníúchtaí Randamacha 2007-2010

	Líon na nIníúchtaí a Cuireadh i gCrích	Comhréir na gcásanna a bhfuarthas toradh orthu %	Meántoradh – gach cás €	Meántoradh – cásanna a bhfuarthas toradh orthu €
Óstáin agus Bialanna	46	50	6,372	12,743
Déantúsaíocht	66	35	3,870	11,105
Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola	118	40	3,043	7,639
Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh, Cíosa agus Gnó	341	30	1,443	4,730
Tógáil	191	38	1,518	3,971
Iompar, Stóráil agus Cumarsáid	107	42	1,166	2,773
Talmhaíocht, Fiach agus Foraoiseacht	227	25	622	2,478
Gach Earnáil Eile ^a	350	26	1,039	3,953
Gach Earnáil	1,446	32	1,604	4,998

Nóta: a Áirítear ann gníomhaíochtaí teaghlach, gach earnáil eile/anaithnid, seirbhísí pobail, sóisialta agus pearsanra, oideachas, idirghabháil airgeadais, iascaireacht, sláinte agus obair shóisialta, cosaint agus riarachán poiblí, mianadóireacht agus cairéalacht.

14.13 Tríd is tríd, bhí an ráta neamhchomhlíonta is airde agus na leibhéil toraidh is airde san earnáil óstán agus bialann.

14.14 Ceanglas de Chlár na nIníúchtaí Randamacha go gcuirtear iniúchadh cuimsitheach i gcrích. Rinneadh scrúdú ar 50 cás samplach san athbhreithniú chun iad seo a leanas a bhunú

- ar cuireadh iniúchadh cuimsitheach¹¹⁷ i gcrích i ngach cás agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcáipéisíocht ar a bhfuil fáil chun fianaise a thabhairt gur cuireadh an obair i gcrích agus bonn chonclúid an iniúchta
- comparáid idir an tsocraíocht chomhaontaithe¹¹⁸ agus cainníochtú dliteanais an iniúcháir.

14.15 I bhformhór na gcásanna thug an cháipéisíocht ar comhad fianaise ar chur i gcrích iniúchta chuimsithigh. Ach i bpéire den 50 cás a ndearnadh imscrúdú orthu, cé go raibh an cáiníocóir cláraithe agus gníomhach do roinnt ceannteideal cánach, thug an fhianaise sa chomhad iniúchta le fios gur teorannáid an t-iniúchadh ar imscrúdú ceanteidil amháin.

14.16 Bhí éagsúlacht shuntasach i gcaighdeán na gcomhad iniúchta a ndearnadh athbhreithniú orthu. I measc samplaí de dhea-chleachtas bhí eachtraí inar tugadh breac-chuntas i dtuarascáil an iniúchta ar an gcineál gnó, ar na príomhaithe bainteacha, ar na príomhfhoinsí ioncaim, achoimre ar an obair a cuireadh i gcrích ar iniúchadh agus bonn soiléir do chonclúid an iniúchta a socraíodh. I gcásanna eile, níorbh ann do thuarascáil iniúchta agus níor thug athbhreithniú ar an gcáipéisíocht ar comhad dóthain fianaise i leith chonclúid an iniúchta a tugadh. Mar fhreagairt air seo, shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh forbairtí ar a gcórais bainistithe cáis chun cabhrú i bhforfheidhmiú caighdeáin cháilíochta i ndáil le roghnú cáis, le réiteach iniúchta agus le tuairisciú.

¹¹⁷ Is ionann iniúchadh cuimsitheach agus iniúchadh a chuimsíonn Cáin Ioncaim nó Cáin Chorporáide de ghnáth agus aon rioscaí suntasacha a bhaineann le cánacha eile a bhfuil an duine aonair nó an chuideachta cláraithe lena n-aghaidh.

¹¹⁸ Léiríonn an tsocraíocht an tsuim a chomhaontaíonn an cáiníocóir agus na Coimisinéirí Ioncaim a bheith iníoctha.

14.17 Chun fórmheas ar chomhlíonadh a thabhairt bheadh ar an toradh tuairiscithe a bheith ionann go ginearálta leis an dliteanas neamhdhearbhaithe a aimsíodh. Cuireadh an tsocraíocht chomhaontaithe i gcomparáid leis an dliteanas measta don sampla. I 23¹¹⁹ cás níor sainaithníodh aon dliteanas breise. Maidir leis an 27 cás eile inar measadh dliteanas breise tháinig sé leis an tsocraíocht i 24 cás. Sa trí chás deiridh bhí an dliteanas measta níos mó ná suim na socraíochta toisc gur mhaígh an cáiníocóir nach rabhtas in ann na suimeanna dlite a íoc. I gceann amháin de na cásanna sin chruinnigh na Coimisinéirí Ioncaim dliteanas ar chomhad an cháiníocóra agus sa dá chás eile níor cuireadh taifead den dliteanas ar thaifead an cháiníocóra.

14.18 Sainmhínítear toradh iniúchta mar shuimeanna socraíochta. Mar thoradh air sin, má úsáidtear toradh iniúchta chun méid an tearcdhearbhaithe a mheas, déantar meas faoina luach ar leibhéal an neamhchomhlíonta. D'admhaigh na Coimisinéirí Ioncaim é seo agus tá a dtaifeadadh socraíochta á leasú ó mhí Iúil 2011 ar aghaidh.

Conclúid – Clár na nIniúchtaí Randamacha

Tá sé d'fhéidearthacht ag Clár na nIniúchtaí Randamacha faisnéis shuntasach a fháil a chuirfeadh eolas ar fáil do straitéis comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim trí seo a leanas

- an bhearna chánach agus rátaí comhlíonta cáiníocóra a thabhairt le fios
- cabhrú le sainaithint tionchar agus teagmhas neamhchomhlíonta de réir ceannteideal cánach
- earnálacha a bhfuil suimeanna níos mó cánach i mbaol a shainaithint.

Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim an cineál seo anailíse faoi láthair. Léiríonn m'athbhreithniú, i mo thuairimse, cé go bhfuil sé bunaithe ar shamplaí teoranta, go bhfuil an cineál seo anailíse indéanta agus úsáideach araon. Chabhródh sé leis na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis luachmhar a fháil ón gclár chun eolas a thabhairt dá n-obair chomhlíonta agus bheadh trédhearcacht níos fearr faoi chostas neamhchomhlíonta de thoradh air, a n-íocann saoránaigh chomhlíontacha cáiníoca as ar deireadh.

Ar cheann de chuspóirí Chlár na nIniúchtaí Randamacha tá comhlíonadh reachtaíocht cánach a tomhas agus a rianú. Ba cheart an cháin thearcdhearbhaithe agus an bundliteanas dearbhaithe a thuairisciú i ngach cás a ndéantar imscrúdú air le linn Chlár na nIniúchtaí Randamacha. D'éascódh sé seo soláthar meastacháin don bhearna iniúchta (an cháin inbhailithe dá ndéanfaí gach tuairisceán a iniúchadh) trí chomparáid idir dliteanais bhreise a aimsíodh san iniúchadh agus an bundliteanas.


Comhlíonadh Tráthúil

14.19 Gnéithe tábhachtacha i rianú na gCoimisinéirí Ioncaim de chomhlíonadh cáiníocóra iad tomhas comhlíonadh tuairiscithe agus íocaíochta. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht faoi láthair ar chomhlíonadh tuairiscithe agus íocaíochta trí leas a bhaint as táscaire ilchodach a thomhaiseann comhréir na gcáiníocóirí a chuir tuairisceáin nó íocaíocht faoina mbráid mar chomhréir den líon iomlán tuairisceán a eisíodh. Ríomhtar an tomhas seo trí chomhbhailiú an ráta comhlíonta, laistigh de bhandaí bunaithe ar thrí mhéid cásanna (mór, meánach agus eile), do gach ceannteideal cánach ar bhonn ualaithe. Tá an t-ualú bunaithe ar an toradh bliantúil do gach ceannteideal cánach.

14.20 Ríomhtar rátaí comhlíonta don mhí dlite agus do mhí amháin i ndiaidh an dáta dlite – mí dlite móide 1. Leagtar amach an fheidhmíocht ag baint leasa as an tomhas seo don tréimhse 2007 go 2010 i bhFíor 75.

¹¹⁹ Áirítear cás amháin inar sainaithníodh saincheist de bharr an iniúchta, ach níor cainníochtaíodh an tionchar ar dliteanas an cháiníocóra.

Fíor 75 Rátaí Comhlíonta Míosa Dlite^a, 2007 – 2010



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Tomhas ilchodach comhlíonta é seo a chuireann comhlíonadh san áireamh i ndáil le ÍMAT/ÁSPC, CBL, Cáin Chorporáide, Cáin Ioncaim agus Cáin Chonarthaí Iomchuí. D'athraigh an sainmhíniú ar mhéid cásanna in 2008. Athshonraíodh na figiúirí comparáideacha do chomhlíonadh míosa dlite in 2007.

14.21 Ós rud é go bhfuil na rátaí comhlíonta atá seasmhach go maith do chásanna móra agus meánacha le linn na tréimhse ag teacht salach ar an leibhéal cánach dlite do na Coimisinéirí Ioncaim atá ag dul i méid, a mhéadaigh ó €1.1 billiún amhail deireadh na bliana 2006 go €2.1 billiún amhail mí an Mhárta 2011, d'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta sonraí a thabhairt faoin bhfiachas amhail an 31 Márta 2011 de réir mhéid na gcásanna agus an líon cásanna i ngach catagóir a léiriú. Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach raibh sí in ann an fhaisnéis seo a chur ar fáil.

14.22 Tá monatóireacht ar chomhlíonadh íocaíochta rithabhachtach chun a chinntiú go n-uasmhéadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim na cistí a chuirtear ar fáil don Státhiste. D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta an tomhas ilchodach a dhí-chomhbhailiú chun comhlíonadh tuairiscithe agus íocaíochta a thomhas astu féin. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim iarracht an tomhas do na príomhchánacha gnó a dhí-chomhbhailiú, lena n-áirítear CBL, ÍMAT/ÁSPC agus Cáin Chonarthaí Iomchuí. De bharr teorainneacha sna córais reatha TF, shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim in ann táscairí comhlíonta íocaíochta agus tuairiscithe ar leith a chur ar fáil i ndáil le ÍMAT agus ÁSPC¹²⁰. Bhain na Coimisinéirí Ioncaim leas as catagóiriú cúig shraith chun críche na hanailíse.

14.23 Maidir le CBL, ríomhadh rátaí tuairiscithe agus íocaíochta ar leith a thomhais comhlíonadh ar an mí a raibh an tuairisceán/íocaíocht dlite agus arís ag mí amháin, dhá mhí agus trí mhí i ndiaidh an dáta dlite. Tríd is tríd, tá an comhlíonadh íocaíochta taobh thiar den leibhéal comhlíonta fhoriomláin a thuiriscítear mar a léirítear i bhFíor 76.

Fíor 76 Comhlíonadh Íocaíochta agus Ilchodach – CBL

	Tomhas ilchodach	Tomhas íocaíochta	Difríocht
	%	%	%
Mí dlite	60.2	58.0	2.2
Mí dlite móide 1	73.9	71.1	2.8

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

¹²⁰ Ní dhéanann an uirlis anailíse sonraí a úsáideadh taifead ar tuairisceán ÍMAT/ÁSPC míosúil a fháil sa chás go léiríonn an tuairisceán cáin dlite gan íocaíocht faoi iamh leis.

14.24 Bhí comhlíonadh íocaíochta ar cúl comhlíonadh a tuairiscíodh ar bhonn ilchodach idir 2.2% agus 3.3% ag brath ar an scála ama, agus a mhéad le 5.5% i roinnt sraitheanna. Shroich comhlíonadh íocaíochta foriomlán 80.5% tar éis ceithre mhí agus bhí sé idir 73.3% do Shraith 5¹²¹ agus 98.3% do Shraith 1.

14.25 Tá an difreáil idir an tomhas ilchodach agus an comhlíonadh íocaíochta níos suntasaí i Sraith 3 agus i Sraith 4, a thugann le fios go bhfuil gá le hidirghabháil níos déine maidir le bainistiú fiach sna réimsí sin. Laghdaíonn an bhearna idir comhlíonadh íocaíochta agus comhlíonadh ilchodach nuair a chuirtear fiacha faoi €100 as an áireamh ach léirítear na diallais is airde i Sraith 3 agus i Sraith 4¹²².

Conclúid - Comhlíonadh Tráthúil

Caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim aghaidh a thabhairt ar a n-inniúlacht comhlíonadh íocaíochta a ghabháil agus a thuairisciú sna príomh-cheannteidil chánach go léir agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí go leanúnach. Tá na tomhais a ndéantar tuairisciú orthu faoi láthair bunaithe ar áireamh torthaí i gcatagóirí sainithe. Caithfear cur leis seo le faisnéis ar fhiachas de réir mhéid na gcásanna. Caithfear an tsuim creidmheasa agus an tréimhse chreidmheasa a ghlacann cáiníocóirí araon a choinneáil faoi athbhreithniú.

Gné dhearfach den fheidhmíocht é cothabháil ardleibhéil comhlíonta tuairiscithe sna sraitheanna is airde.

14.26 Mar fhreagairt air seo, luaigh na Coimisinéirí Ioncaim na tuairimí a bhain lena dtuairisciú comhlíonta a leathnú agus dheimhnigh siad go raibh bonneagar nua tuairiscithe á fhorbairt a dearadh chun a gcumas sa réimse seo a bhreisiú. Tá sé i gceist, go háirithe, tuarascálacha fiachais níos mionsonraithe a chur i dtoll a chéile ina mbeidh anailís ar an bhfiachas de réir mhéid an cháis agus aoise araon.

Rioscaí atá ag teacht chun cinn

14.27 Ó thosaigh an ghéarchéim gheilleagrach agus airgeadais in 2008, tá OTI na hÉireann ag dul i laghad. Sa 36 mí go deireadh na bliana 2010, tá sé laghdaithe 19%. Ghabh an Stát riar níos lú den leibhéal laghdaithe aschuir náisiúnta seo sa mhéid gur laghdaigh glanchánacha agus glandliteanais 4% mar chéatadán den OTI ó dheireadh na bliana 2007.

14.28 Tá an timpeallacht ina bhfeidhmíonn údarais na gCoimisinéirí Ioncaim ag athrú de shíor. Cuireann cuid de na tosca timpeallachta seo le riosca méadaithe bailithe. Áirítear leo seo castacht agus nuálaíocht mhéadaitheach i struchtúir ghnó, táirgí nua airgeadais, forbairtí ríomhthrachtála agus athruithe ar chúinsí geilleagracha¹²³. Chomh maith leis, ardaíonn an riosca neamhchomhlíonta i gcor chun donais geilleagrach. Le linn cor chun donais, is dosheachanta go mbeidh cailteanais nó brabúis laghdaithe ag roinnt gnólachtaí. I measc an iompair a éiríonn níos leithlé le linn cúlú geilleagrach tá neamhthuairisciú, tearcthuairisciú, aisíocaíochtaí éilimh neamhcheadaithe, siarchoinneáil cánach agus iompú ar an ngeilleagar airgid thirim. Méadaíonn an laghdú i sócmhainní leachtacha freisin an seans go moilleoidh gnólachtaí íoc cánacha muiníne¹²⁴ a bhfuil ceanglas orthu iad a bhailiú faoin reachtaíocht agus go mbainfear úsáid astu mar fhoinse maoinithe ghearrthearmaigh.

¹²¹ Rangaíonn na Coimisinéirí Ioncaim a riar cásanna de réir mhéid mheánsuim bhliantúil cánach na gcáiníocóirí a íocadh, ó Shraith 1 do na cásanna móra go Sraith 5 do na cásanna beaga.

¹²² Léiríodh diallas do roinnt sraitheanna os cionn 3% i gCáin Chonarthaí lomchuí freisin.

¹²³ *Compliance Risk Management Guide*, 2010, an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim.

¹²⁴ Is iad CBL, ÍMAT/ÁSPC agus Cáin Chonarthaí lomchuí na cánacha muiníne, agus bailíonn gnólachtaí iad ar son na gCoimisinéirí Ioncaim agus sealbhaítear ar iontaobhas iad go dtí go n-íoctar na Coimisinéirí Ioncaim.

Freagairt na gCoimisinéirí Ioncaim don Scáthgheilleagar

14.29 Cuimsíonn an scáthgheilleagar gach gníomhaíocht gheilleagrach a bheadh incháinite dá ndéanfaí iad a thuairisciú d'údaráis ioncaim. Áiríonn sé gníomhaíocht choiriúil agus gníomhaíochtaí dleathacha neamhthuairiscithe araon. Tá geilleagar dubh na hÉireann, a measadh cheana go sealadach ag 13%, ar aon dul go ginearálta le meán an OECD de 14%¹²⁵. Cuimsíonn cáin neamhthuairiscithe a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin dhá phríomhghné

- Gníomhaíochtaí agus gnólachtaí neamhchláraithe nach ngabhtar ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim
- Gnólachtaí cláraithe nach dtarchuireann a riar iomlán cánacha.

14.30 Mar fhreagairt ar m'fhiosruithe, shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta, leis an gcor chun donais sa gheilleagar, go bhfuil béim níos mó ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an scáthgheilleagar. Réimníonn an scáthgheilleagar ó thearcthuairisciú díolachán agus brabús ag gnólachtaí laistigh den chóras chuig gníomhaíocht ghnó a tharlaíonn lasmuigh den chóras, a dhéanann daoine atá ar leas sóisialach freisin go minic.

14.31 Shonraigh sí freisin go bhfuil béim ag gach réigiún agus dúiche de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar ghnólachtaí atá ag feidhmiú lasmuigh den chóras. In 2010, cláraíodh díreach os cionn 4,500 gnólacht breise. I measc na mbeart a rinneadh tá tionscadail chun cásanna nach bhfuil ar taifead a bhfuil ús ar thaiscí suntasach agus feithiclí ardluacha acu a shainaithint. Tugtar faoi thionscadail go minic i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta agus leis na Gardaí. Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi oibríochtaí bailedhreacha/sráid-dreacha, faoi chuairteanna ar láithreacha tógála ina raibh teach amháin á thógáil agus faoi chuairteanna ar mhargaí.

14.32 Maidir lena mhonatóireacht ar an timpeallacht, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta liom go ndéantar an timpeallacht mhacraigheilleagrach a bhreith i dtuarascálacha Ionchas an Gheilleagar ar bhonn rialta, chomh maith le himscrúdú ar tháscairí geilleagracha a bhaineann le feidhmíocht ceanteidil chánach aonair. Léirítear san anailís a rinneadh go nuige seo go bhfuil laghduithe sna cánacha éagsúla seasmhach go ginearálta leis an meath i bhfeidhmíocht fhoriomlán an gheilleagair. Tá na tionchair ar na cánacha éagsúla casta agus ilghnéitheach agus cé go bhfuil, go ginearálta, seasmhacht leathan sa treo a ghluaiseann na torthaí, tá neamhréitigh ina ngluaiseachtaí comparáideacha.

14.33 Cur chuige a bhfuil luach suntasach aige maidir le dul i ngleic leis an scáthgheilleagar é an tsainaithint leanúnach ar chásanna nach bhfuil i mbunachar sonraí ÍMAT ná Cáin Ioncaim na gCoimisinéirí Ioncaim ach a bhfuil táscairí gníomhaíochta geilleagraí orthu ó shonraí tríú páirtí. D'áireofaí leis na sonraí tríú páirtí seo ceannach sócmhainní agus idirbhearta amhrasacha.

Pátrúin Neamhchomhlíonta – Gnéithe Ginearálta

14.34 Ó thaobh comhthéacs stairiúil de, rinne Éire iarracht aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh a raibh an-imní ina leith go dtí deireadh na 1990í trí mheascán de mhaithiúnas cánach agus d'imscrúduithe leantacha.

14.35 Fuarthas €988 milliún de thoradh maithiúnas cánach i 1988 agus i 1993. Ba choinníoll den mhaithiúnas go nochfadh cáiniócoirí a bhain leas astu a ndliteanais go huile agus go hiomlán. D'ainneoin seo, aimsíodh le linn imscrúduithe leantacha gur lean cáiniócoirí ar aghaidh ag fothainiú ioncaim ó údaráis na gCoimisinéirí Ioncaim, le cúnamh ó ghníomhairí amanna.

¹²⁵ The Influence of the Economic Crisis on the Underground Economy in Germany and other OECD countries in 2010: A (further) increase, Friedrich Schneider, Eanáir 2010.

14.36 Díríodh na himscrúduithe go nuige seo ar ioncam incháinite atá i seilbh mar shócmhainní tríothu seo a leanas

- taiscí bainc intíre
- taiscí bainc eachtracha
- scéimeanna árachas aonphréimhe
- iontaobhais lánroghnacha i gcomhar le taiscí bainc eachtracha.

14.37 Bhí an cumas aghaidh a thabhairt ar imghabháil a d'úsáid na modhanna seo teoranta de bharr go raibh na sócmhainní agus an bunioncam lasmuigh de raon na gCoimisinéirí Ioncaim, de ghnáth, mar gheall orthu seo a leanas

- easpa cumhachta iallach a chur ar ghníomhairí na gcáiníocóirí iad a nochtadh
- easpa cumhachtaí iniúchta chun comhlíonadh gníomhairí a dheimhniú agus
- easpa ceart orduithe cúirte a lorg i gcásanna ábhartha.

14.38 Tríd is tríd, d'ainneoin maithiúnais, gabhadh de bhreis ar €2.65 billiún sna himscrúduithe dírithe leantacha seo. Tá sé seo cosúil leis an toradh ar iniúchadh agus ar dhearbhu sa tréimhse chéanna arbh fhiú €2.9 billiún é¹²⁶. Áiríodh le gnéithe na bhfeachtas, i bhformhór na gcásanna, achtú reachtaíochta chun an sreabhadh faisnéise chuig na Coimisinéirí Ioncaim a neartú agus chun cearta imscrúdaithe a thabhairt dóibh.

14.39 Rinne an tOifigeach Cuntasaíochta achoimre ar na ceachtanna ginearálta a foghlaimíodh ó imscrúduithe speisialta na gCoimisinéirí Ioncaim mar seo a leanas

- Déanfar cumhachtaí laga na gCoimisinéirí Ioncaim a dhúshaothrú.
- Tá rochtain ar fhaisnéis tríú páirtí riachtanach do riarachán éifeachtach cánach. Faigheann na Coimisinéirí Ioncaim réimse an-leathan faisnéis tríú páirtí go huathoibríoch anois.
- Tá cumhachtaí chun iarratas a dhéanamh leis na Cúirteanna ar aicme nó ar aicmí faisnéise an-úsáideach go háirithe nuair a bhaineann an fhaisnéis sin le blianta atá thart.
- Iombhagairt thábhachtach í feachtas phoiblí go bhfuil cumhachtaí agus fáil ar fhaisnéis ag na Coimisinéirí Ioncaim agus go mbainfear leas astu. I gcomhthéacs na n-imscrúduithe speisialta, nuair a léirigh na Coimisinéirí Ioncaim go mbainfidís leas as a gcumhachtaí nua chun faisnéis a fháil agus go mbainfí úsáid as an bhfaisnéis seo ansin, mhéadaigh an ráta rannpháirtíochta leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi chéimeanna an Nochta Dheonaigh sna himscrúduithe leantacha.
- Ba neamhdhóchúil go bhféadfaí scála na n-infheistíochtaí agus úsáid na struchtúr a bhaint amach murach spreagadh gníomhach ó chomhairleoirí gairmiúla agus, ó thaobh na himghabhála cánach easchósta, is léir nach n-aistríonn formhór na gcáiníocóirí cistí easchósta gan chúnamh. D'fhéadfadh gur iombhagairt úsáideach a bheadh i reachtaíocht a úsáid chun freagrachtaí tuairiscithe a chur ar chomhairleoirí agus ar idirghabhálaithe ag an staid go gcuirtear struchtúir faoi leith i bhfeidhm.
- Tá inniúlacht na gCoimisinéirí Ioncaim i dtéarmaí scileanna agus cumais rithábhachtach, chomh maith leis an gcumas líon mór sonraí, a bhíonn casta amanna, a láimhseáil agus a anailísiú, i mbealach sábháilte, éifeachtach agus éirimiúil. Toisc thábhachtach de ghníomhaíocht agus de thorthaí na gCoimisinéirí Ioncaim í feachtas phoiblí.
- Mar gur chuimsigh na himscrúduithe speisialta réimse leathan blianta, tugtar le fios cé gur féidir le tosca geilleagracha éagsúlaithe dearfacha nó diúltacha tionchar a imirt ar fhorleithne agus ar leibhéal na himghabhála cánach, is réasúnta a thabhairt mar chonclúid gur ann do thogracht chun imghabháil cánach atá neamhleaisteach i leith na bhfórsaí seo.

¹²⁶ Áirítear leis seo an toradh ó gach iniúchadh a tugadh faoi (seachas imscrúduithe speisialta) sa tréimhse idir 1998 agus 2010.

Pátrúin Neamhchomhlíonta – Torthaí Iniúchta

14.40 Ar leibhéal an chomhlíonta ghinearálta, gné fós d'iompar cáiníocóirí é tearcdhearbhú toiliúil. Cuirtear léargas úsáideacha ar fáil ar iompar cliant a n-eascraíonn tearcdhearbhú as ar fáil ón bhfaisnéis a bhailítear le linn chlár na n-iniúchtaí randamacha. Féadfaidh siad seo tearcdhearbhú intinníúil an cháiníocóra, cóireáil mhícheart theicniúil saincheiste áirithe nó easpa eolais a áireamh.

14.41 Mar a dúradh cheana (Fíor 71) thart ar aon trian de na cáiníocóirí atá iniúchta randamach atá le fáil ar chomaoin roinnt cánach breise. Le linn an iniúchta, rinneadh imscrúdú ar 27 cás inar bhunaigh iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim gurbh ann do dhliteanais bhreise faoi Chlár na nIniúchtaí Randamacha 2009. Bhí sé d'aidhm san iniúchadh an t-iompar a n-eascraíonn tearcdhearbhú as a chatagóiriú. Leagtar amach na torthaí i bhFíor 77.

Fíor 77 Iompar Cáiníocóra agus Neamhchomhlíonadh – Clár na nIniúchtaí Randamacha 2009

Líon na gCásanna

Iompar toiliúil	9
Iompar míchúramach a bhfuil iarmhairtí suntasacha cánach aige	12
Iompar míchúramach nach bhfuil iarmhairtí suntasacha cánach aige	6
Iomlán	27

14.42 Aimsíodh san imscrúdú gur léirigh aon tríú de na cásanna saintréithe a bhaineann le hiompar toiliúil, lena n-áirítear iad seo a leanas

- easnaimh oibríthe ócáideacha ó thuairisceáin PREM¹²⁷
- caiteachas pearsanta neamh-incháilithe suntasach a éileamh i ndáil le Cáin Ioncaim
- gan tuairisceáin a dhéanamh i ndáil le dliteanais Cháin Ghnóthachan Caipitiúil
- easpa cárta íocaíochtaí Cáin Chonarthaí Iomchuí bailí nuair a bhí íocaíochtaí á ndéanamh le Fochonraitheoir a raibh deimhniú bailí C2 aige/aici
- faoiseamh Alt 23¹²⁸ a éileamh nuair nach rabhthas incháilithe
- gan sonraisc a eisiúint i ndáil le hioncam a fuarthas.

Conclúid – Pátrúin Neamhchomhlíonta

Toisc go bhfuil gníomhaíocht gheilleagrach, agus dá bharr sin, an timpeallacht ghnó ina bhfeidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim timthriallach d'fhéadfaí ceachtanna a fhoghlaim ó iompar cáiníocóra agus ó chliseadh córas le linn cor chun donais a tharla cheana.

14.43 Cé go raibh formhór na modhanna a úsáideadh chun seachaint nó imghabháil a éascú simplí go maith, is é an riosca, de bharr thaithí an riaracháin maithiúnais agus na n-imscrúduithe leantacha, go gcruthófar ionstraimí agus struchtúir airgeadais níos casta chun na torthaí céanna a bhaint amach.

14.44 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go dteastaíonn imscrúdú gear chun fiornádúr na struchtúr casta a thuiscint ionas gur féidir rioscaí a shainaithint agus gníomhaíocht leasúcháin a mholadh. Dúirt sí go bhfuil orduithe Ard-Chúirte faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim a thugann rochtain dóibh ar fhaisnéis le

¹²⁷ ÍMAT/ÁSPC fostóra é PREM.

¹²⁸ Faoiseamh ó cháin é Faoiseamh Alt 23 atá i bhfeidhm ar réadmhaoin chónaithe ar cíos i réimse dreasacht chánach. Tá sé ar fáil do dhuine a thabhaigh caiteachas ar cheannach, ar thógáil, ar athchóiriú nó ar athfheistiú réadmhaoin cáilithe agus a ligeann an réadmhaoin sin ar cíos, agus coinníollacha áirithe á gcomhlíonadh.

deich mbliana anuas i ndáil le haistrithe chuig bainc imréitigh chuig cúig dhlínse eachtracha agus uathu. Forchuirtear le hAlt 896A den Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008 dualgas tuairiscithe ar chomhairleoirí gairmiúla agus ar institiúidí airgeadais anois maidir le socraíochtaí a bhaineann le socraitheoirí Éireannacha agus le hiontaobhaithe neamhchónaitheacha. Dúirt sí leis go gceanglaíonn foráil eile nua, Alt 149 den Acht Airgeadais 2010, ar chleachtóirí a rá leis na Coimisinéirí Ioncaim má chuireann siad idirbhearta áirithe chun cinn nó má bhaineann siad leas astu, a thabharfaidh tairbhe chánach don úsáideoir, nó a bhfuil d'aidhm acu sin a dhéanamh. Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag fáil faisnéise ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní freisin.

Conclúid

Cuirtear isteach ar éifeachtacht an phróisis bhailithe CI ag éifeachtacht a chuid córas agus ag iompair cáiníocóirí araon laistigh den timpeallacht eacnamaíoch reatha. Dhírigh an chaibidil seo ar roinnt gnéithe d'iompar na gcáiníocóirí agus den timpeallacht bhailithe chánach.

Ó thosaigh an ghéarchéim gheilleagrach agus airgeadais in 2008, tá OTI na hÉireann ag dul i laghad. Sa 36 mí go deireadh na bliana 2010, tá sé laghdaithe 19%. Ghabh an Stát riar níos lú den leibhéal laghdaithe aschuir náisiúnta seo sa mhéid gur laghdaigh glanchánacha agus glandliteanais 4% mar chéatadán den OTI ó dheireadh na bliana 2007.

Cé go gcuirtear an laghdú seo síos d'iarmhairt mheatha in earnálacha na foirgníochta agus na réadmhaoine, b'fhiú bheith ag iarraidh anailís a dhéanamh ar na príomheilimintí a chuir leis an laghdú sa tslí go gcinntítear go mbíonn aon fhreagra comhlíonta fócasaithe.

Gné dhearfach den fheidhmíocht é cothabháil ardleibhéal comhlíonta tuairiscithe sna sraitheanna is airde cánach.

Príomhmheán maidir le tomhas chomhlíonadh na gcáiníocóirí ná sampláil randamach. Tá sé d'fhéidearthacht ag Clár na nIniúchtaí Randamacha faisnéis shuntasach a fháil a chuirfeadh eolas ar fáil dá straitéis comhlíonta trí seo a leanas

- an bhearna chánach agus rátaí comhlíonta cáiníocóra a thabhairt le fios
- cabhrú le sainaitheint tionchar agus teagmhas neamhchomhlíonta de réir ceannteideal cánach
- earnálacha a bhfuil suimeanna níos mó cánach i mbaol a shainaitheint.

Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim an cineál seo anailíse faoi láthair.

Caithfidh na Coimisinéirí Ioncaim aghaidh a thabhairt ar a n-inniúlacht comhlíonadh íocaíochta a ghabháil agus a thuairisciú sna príomhcheannteidil chánach go léir agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí go leanúnach. Tá na tomhais a ndéantar tuairisciú orthu faoi láthair bunaithe ar áireamh torthaí i gcatagóirí sainmhínithe. Caithfear cur leis seo le faisnéis ar fhiachas de réir mhéid na gcásanna. Caithfear an tsuim chreidmheasa agus an tréimhse chreidmheasa a ghlacann cáiníocóirí araon a choinneáil faoi athbhreithniú.

Léiríodh gur de bharr neamhchomhlíonadh toiliúil dealraitheach a fuarthas cáin bhreise i suas le haon tríú de shampla de chásanna iniúchta randamaigh. Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim breithniú a dhéanamh ar anailís chuimsitheach ar chúis an tearcdhearbhaithe shainaitheanta le go gcuirfí eolas ar fáil d'fheachtais chomhlíonta.

Caibidil 15

Cásanna Gaolmhara Cánach a Bhainistiú

Cásanna Gaolmhara Cánach a Bhainistiú

15.1 Baineann saothrú comhordaithe dliteanais chánach cáiníocóirí gaolmhara le bailiú fiach éifeachta chun dul i ngleic leo seo a leanas

- teacht chun cinn dliteanais neamh-iniompartha chánach gan ionchas téarnaimh
- mí-úsáid cánach a bhaineann le Siondróm an Fhéinics¹²⁹
- aon teip cánacha muiníne a íoc¹³⁰.

Seiceáil Comóntachta

15.2 Tagann riosca do bhailiú fiach chun cinn nuair atá gnólachtaí nasctha de bharr rannpháirtíocht príomhaithe

- atá bainteach cheana féin le gnólachtaí eile ar ann dóibh cheana a bhfuil fiacha suntasacha cánach orthu nó atá neamhchomhlíontach nó
- a bhfuil naisc acu le gnólacht ar theip air sa chás go bhféadfaí gur baineadh leas as cosaint an dliteanais theoranta go toiliúil chun íoc cánacha muiníne a imghabháil.

15.3 Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca seo, tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi phróiseas seiceála comóntachta chun aonáin a bhfuil comhstiúrthóirí nó rannpháirtithe acu a shainaithint agus nuair is cuí

- an comhfhiachas a bhainistiú chomh maith le gach cáiníocóir ar leith a shaothrú
- gnólachtaí a bhfuil gaol acu le gnólachtaí ar theip orthu a shainaithint¹³¹ chun cásanna do dhlúthmhonatóireacht a shainaithint agus do shaothrú níos gníomhaí fiach.

15.4 Chun aonáin ghaolmhara a shainaithint cuardaíonn na Coimisinéirí Ioncaim gnólachtaí a bhfuil comhphríomhaithe acu trí leas a bhaint as faisnéis atá ar a gcórais féin chomh maith le faisnéis atá ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí¹³². Tugann Aonad Bainistithe Fiach agus Aonad Cláraithe Nua Cánach na gCoimisinéirí Ioncaim faoi na seiceálacha (a gcaitheann na Coimisinéirí Ioncaim leo mar ghné shainordaitheach). Tugtar faoi sheiceálacha comóntachta i gcás gach cláraithe nua do cháin agus i gcásanna ina bhfuil na riaráistí cánach nó an dliteanas cánach dearbhaithe (nó measta) níos mó ná €50,000, nó i gcásanna ina bhfuiltear ag moladh díscríobh cánach a sháraíonn €50,000.

¹²⁹ Feic larscríbhinn A.

¹³⁰ Is iad CBL, ÍMAT/ÁSPC agus Cáin Chonarthaí Iomchuí na cánacha muiníne, agus bailíonn gnólachtaí iad ar son na gCoimisinéirí Ioncaim agus sealbhaítear ar iontaobhas iad go dtí go n-íoctar na Coimisinéirí Ioncaim.

¹³¹ Áirítear leo seo gnólachtaí a bhfuil an seoladh céanna acu leis an aonán ar theip air nó atá ag feidhmiú sa cheantar céanna, i mbun an ghnó céanna agus a bhí aonán ar theip air nó laistigh den réimse céanna, a bhfuil stiúrthóir acu atá comónta don ghnólacht nua agus don aonán ar theip air nó cásanna ina bhfuil naisc mhuiníneacha nó fostóra idir na stiúrthóirí in aonán nua agus in aonán ar theip air.

¹³² Ligeann faisnéis atá ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí do na Coimisinéirí Ioncaim cuideachtaí eile a raibh nó a bhfuil daoine aonair ina stiúrthóir orthu a shainaithint.

Saothrú Cáscanna Comóntachta

15.5 Nuair a bhunaítear gaol le haonáin eile agus nuair is ann do riosca ardaithe comhlíonta, de bharr comhfhiachas suntasach nó de bharr nasc le gnólacht ar theip air cheana, tugann Aonad Saothraithe Tiomnaithe atá lonnaithe in Oifig an Ard-Bhailitheora faoi thuilleadh bainistiú fiach. Tá dhá fho-aonad ag an Aonad Saothraithe Tiomnaithe

- Aonad Comóntachta atá freagrach as bainistiú fiachas agus comhlíonta cásanna atá gaolta trí chomhstiúrthóirí sa chás go bhfuil an fiachas iomlán níos mó ná €250,000
- Aonad Féinics atá freagrach as bainistiú fiachas agus comhlíonta cásanna atá gaolta trí aonán ar theip air.

15.6 Bainistíonn an tAonad Comóntachta grúpaí cásanna a bhfuil fiacha sa bhreis ar €250,000 acu. Is é an cuspóir tionchar tráthúil bailithe fiacha a dhéanamh trí úsáid bearta cuí forfheidhmithe. Sa chás go bhfuil gnólacht agus a aonáin ghaolmhara comhlíontach ar feadh tréimhse dhá bhliain baintear an grúpa gnólachtaí ó bhainistiú an Aonaid Chomóntachta nó an Aonaid Féinics. Baineadh 24 cás ón Aonad Comóntachta agus 42 cás ón Aonad Féinics in 2010.

15.7 Is é aidhm an Aonaid Féinics dul i ngleic le ní a nglaoitear Siondróm an Fhéinics air – leagtar amach a shaintréithe in Iarscríbhinn A. I measc phríomhfheidhmeanna an Aonaid Féinics tá na cúinsí ar theip ar ghnólacht a bhunú agus sa chás go mbunaítear nach fíorthaip é¹³³ a chinntiú go ndéanann an t-aonán nua a thuairisceáin agus a íocaíochtaí in am agus aon riaráistí cánacha a cruinníodh sular tarchuireadh an cás a bhainistiú.

15.8 B'ionann forfheidhmiú bailithe ar thug na hAonaid Chomóntachta agus Féinics araon faoi agus 3% d'fhorfheidhmithe iomlána bailithe na gCoimisinéirí Ioncaim in 2010 agus

- Bhí 3,637 cás ar láimh ag an Aonad Comóntachta amhail deireadh na bliana 2010. Bhí 2,466 (68%) díobh seo comhlíontach. Meastar cás a bheith comhlíontach nuair atá an dliteanas gan íoc cothrom le nialas. Cé go ndéantar na cásanna a bhainistiú san Aonad de réir braisle, ní raibh aon fhaisnéis ar fáil ar chomhlíonadh braisle.
- Bhí 675 cás ar láimh ag an Aonad Féinics amhail deireadh na bliana 2010. Bhí 395 (59%) díobh seo comhlíontach go substaintiúil. Is ionann comhlíonadh substaintiúil, sa chás seo, agus cás ina bhfuil an dliteanas níos lú ná €5,000.

Béim na Caibidle

Braitheann éifeachtacht an phróisis seiceála comóntachta ar shainaithint chruinn na gcásanna ábhartha ar fad agus a dtarchur mar is cuí do bhainistiú breisithe fiach.

Leagadh amach an t-iniúchadh chun imscrúdú a dhéanamh orthu seo a leanas

- an dtugtar faoi sheiceálacha comóntachta i gcásanna cuí agus an ndéantar na torthaí a thaifead
- i leith cásanna a seiceáladh, cruinneas na seiceálacha sin sna gaolta ábhartha uile a shainaithint
- an bhfuil cásanna cuí á dtarchur chuig an Aonad Saothraithe Tiomnaithe agus chuig an aonad bainistithe fiach ábhartha.

¹³³ Soláthraíonn treoirínte na gCoimisinéirí Ioncaim ar shainaithint cásanna féinics, "Identification of Phoenix Cases", nach leor fíorthaip ghnó chun monatóireacht a dhéanamh ar chás mar chás féinics.

Stiúradh Seiceálacha Comóntachta

15.9 Sa chás go n-aimsíonn seiceáil comóntachta comhnasc idir na príomhaithe i ngnólachtaí, sonraítear sonraí gach gaoil ar Chomh-Chóras Cláraithe na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá dhá chéim i bpróiseas an taifeadta

- cuirtear marcóir ar an gcás aonair chun a léiriú gur tugadh faoi sheiceáil comóntachta
- sonraítear na gaolta iarbhír a sainaitníodh i roinn gaoil agus/nó nótaí custaiméara i ngach cás ar leith.

15.10 Rinneadh samplaí de chásanna a chomhlíon na critéir do sheiceáil comóntachta a imscrúdú le linn an iniúchta. Roghnaíodh cásanna go randamach ó chlárúcháin CBL, ó riaráistí níos mó ná €50,000 agus ó chásanna a breithníodh do dhíscríobh níos mó ná €50,000 in 2010. Díríodh an t-athbhreithniú ar a chinneadh ar tugadh faoi na seiceálacha agus ar taifeadadh na torthaí go cruinn ar Chomh-Chóras Cláraithe. Rinneadh imscrúdú ar 110 cás samplach. Níorbh ann d'aon fhianaise gur tugadh faoi na seiceálacha comóntachta riachtanacha in 18% de na cásanna. Leagtar amach na torthaí i bhFíor 78.

Fíor 78 Seiceálacha Comóntachta

	Líon	Comhréir
Seiceáil curtha i gcrích agus torthaí taifeadta ar Chomh-Chóras Cláraithe ^a	90	82%
Gan aon fhianaise gur tugadh faoi sheiceáil	20	18%
Iomlán na gCásanna a Sampláadh	110	100%

Nóta: a Caitheadh san iniúchadh le seiceáil amhail a bheith taifeadta má cuireadh marcóir comóntachta isteach nó má thug ríomhnótaí cáis fianaise ar an tseiceáil. I 75 cás, bhí marcóir comóntachta i láthair ar an gcás. Sainaitníodh 15 chás eile inar léirigh na nótaí cáis fianaise gur tugadh faoi sheiceáil comóntachta. I gcúig cinn de na cásanna sin cuireadh an tseiceáil i gcrích sé mhí i ndiaidh an dáta riachtanaigh.

15.11 D'ardaigh athbhreithniú a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ar an gClár Comóntachta i mí Mheán Fómhair 2009 inní freisin i leith easnamh seiceálacha comóntachta i roinnt cásanna. Maidir le seiceálacha a rinne aonaid bainistithe fiach, baineadh de thátaí san athbhreithniú nár tugadh i gcónaí faoi sheiceálacha comóntachta nuair ba ghá agus de thoradh air sin, ní raibh cásanna á dtarchur dá saothrú ag an tráth ba thúisce a bhféadfaí. Aimsíodh in athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh fiacha sa bhreis ar €500,000 ag 47% de na braislí a bhí á mbainistiú, ag an am sin, san Aonad Comóntachta faoin am ar tarchuireadh an cás.

15.12 Luadh san athbhreithniú céanna ar an gClár Comóntachta go ndéanann Lár-Aonad Díscríofa na gCoimisinéirí Ioncaim stiúradh agus taifeadadh seiceálacha comóntachta a athbhreithniú i sampla de chásanna díscríofa a chuirtear faoi bhráid an Chathaoirligh do dhíscríobh foirmiúil. Luadh san athbhreithniú go sainaitnítear leis an ngníomh a dhéanann an Lár-Aonad Díscríofa cásanna nach bhfuil aon taifead iontu gur tugadh faoi sheiceáil comóntachta¹³⁴.

15.13 Déanann Brainse Iniúchta Inmheánaigh imscrúdú ar gach cás díscríofa agus sainaitnítear ina athbhreithniú easnamh i stiúradh seiceálacha comóntachta i gcásanna ina bhfuil fiacha cánach sa bhreis ar €50,000 á ndíscríobh. I measc na n-ábhar a sainaitníodh bhí cásanna mar seo a leanas

- níor cuireadh an tseiceáil comóntachta i gcrích nó níor taifeadadh san áit cheart ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim í
- tugadh faoin tseiceáil cé go raibh na fiacha níos lú ná €50,000 agus

¹³⁴ Níl aon taifid á gcoinneáil ar an méid go dtarlaíonn sé seo ach shonraigh foireann na gCoimisinéirí Ioncaim nár cuireadh seiceáil comóntachta i gcrích i 50% de na cásanna díscríofa a ndearnadh imscrúdú orthu.

- níor tarchuireadh fiacha sa bhreis ar €250,000 chuig an Aonad Comóntachta.

15.14 Aimsíodh in athbhreithniú 2010 ar chásanna díscríofa a rinneadh an Brainse Iniúchta Inmheánaigh gur taifeadadh seiceálacha comóntachta i gceart i 57% de na cásanna.

Cruinneas na Seiceálacha Taifeadta

15.15 Nuair a thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi sheiceáil comóntachta, rinneadh athbhreithniú san iniúchadh ar thorthaí na seiceálacha sin d'fhonn a bhunú ar sainaithníodh na gaolta ar fad le haonáin eile go cruinn agus ar taifeadadh ar an Chomh-Chóras Cláraithe iad. Chun é seo a dhéanamh, tugadh faoin tseiceáil comóntachta arís trí thagairt a dhéanamh do shonraí a bhí ar Chórais na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus na gCoimisinéirí Ioncaim.

15.16 Cuireadh trí chás sa sampla as an áireamh ar an mbonn go bhfuil na cásanna á monatóiriú faoi láthair sa Rannán Cásanna Móra¹³⁵. San 87 cás eile, baineadh de thátal san iniúchadh nárbh ann d'aon ghaol i 45 díobh agus gurbh ann do ghaolta i 42 cás a ndearnadh imscrúdú orthu.

15.17 Sna cásanna seo inar sainaithníodh gaol le linn an iniúchta, bhí seiceáil comóntachta na gCoimisinéirí Ioncaim tar éis é seo a leanas a dhéanamh

- conclúid chruinn a thabhairt ar na gaolta i 21 cás
- roinnt de na gaolta a shainaithint in 8 gcás
- gan aon ghaol a shainaithint i 13 chás.

15.18 Baineadh de thátal san iniúchadh nach raibh na Coimisinéirí Ioncaim tar éis gaolta ábhartha a shainaithint i 15% de na cásanna a raibh gnéithe comóntachta sainaitheanta acu agus go ndearnadh go neamhiomlán é i 9% eile de na cásanna.

Tarchur Cásanna

15.19 D'fhéadfadh go mbeadh gá le tarchur chuig aonaid speisialta a thugann faoi shaothrú fiach má shainaithnítear gnéithe comóntachta.

15.20 Nuair a bhunaítear naisc comóntachta, déantar raon fhiacha na gcásanna gaolmhara a imscrúdú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an taifead comhlíonta¹³⁶ ar Chóras um Próiseáil Cánachais Chomhtháite na gCoimisinéirí Ioncaim.

15.21 I gcásanna gur clárú nua an cás a spreag an tseiceáil comóntachta déantar é seo a leanas

- sa chás go mbaineann an cás le gnólacht a thréig nó a scoir de thrádáil a raibh fiacha suntasacha cánach aige i.e. fiacha níos mó ná €50,000, agus go gcomhlíonann sé líon critéar a bhaineann le cuideachtaí féinics, tarchuirtear an cás chuig an Aonad Féinics
- nuair a aimsítear gaolta agus nach bhfuil aon nasc le haonán ar theip air, leithdháiltear an cás ar an aonad cuí bainistithe fiach.

¹³⁵ Sainaithníodh de bhreise ar 100 gaol i ngach ceann de na cásanna seo.

¹³⁶ Agus athbhreithniú á dhéanamh ar thaifead comhlíonta aonáin, seiceálann oibrí cásanna d'aon tuairisceáin amuigh, do cháin nár íocadh nó do cháin a díscríobhadh cheana.

15.22 Seachas i gcás clárúcháin nua, tarlaíonn sé seo a leanas

- I gcásanna a bhfuil an comhfhiachas níos mó ná €250,000, tarchuirtear na cásanna gaolmhara mar ghrúpa chuig an Aonad Comóntachta¹³⁷.
- I gcásanna ina bhfuil an comhfhiachas idir €50,000 agus €250,000, bíonn an t-oibrí cásanna atá freagrach as an gcás a bhfuil an fiachas is airde aige ina (h)oifigeach idirchaidrimh do na cásanna gaolmhara ar fad. Tá an t-oifigeach seo freagrach as straitéis a chomhaontú chun an fiachas gan íoc a bhailiú agus as monatóiriú a dhéanamh ar na cásanna gaolmhara leis na hoibrithe cásanna eile.
- Nuair atá an comhfhiachas níos lú ná €50,000, níl aon athrú ar an bpróiseas bainistithe fiach i.e. leantar ar aghaidh ag bainistiú fiach don chás san aonad ábhartha bainistithe fiach mar is gnáth.

15.23 Chun feidhmiú go héifeachtach, chaithfí gach cás ábhartha a tharchuir chuig na hAonaid atá freagrach as measúnú iar-íniúchta agus theastódh próiseas uathu chun a chinntiú go gcuirfí cásanna neamhábharta as an áireamh nó go scagfaí iad.

15.24 Den 110 cás a ndearnadh imscrúdú orthu, bhí 8 gcinn cuí do tharchur chuig an Aonad Saothraithe Tiomnaithe toisc go raibh naisc acu le haonán ar theip air (cás amháin) agus sna cásanna eile bhí fiacha acu os cionn na tairsí ábhartha do tharchur amhail mí Aibreáin 2011¹³⁸. Leagtar amach i bhFíor 79 a mhéid is a tarchuireadh cásanna..

Fíor 79 Tarchur Cásanna Comóntachta chuig Aonad Saothraithe Tiomnaithe

Gné	Aonad	Feiliúnach do tharchur chuig Aonad Saothraithe ^a	Cásanna Tarchurtha	Neamh-tharchurtha
Gaolta le haonán ar theip air agus fiacha > €50,000	Aonad Féinics	1	1	-
Comhfhiachas aonáin > €250,000	Aonad Comóntachta	7 ^a	5	2
Iomlán		8	6	2

Nóta: a Sainnadh dhá chás eile a sháraigh na tairseacha fiachais agus tar éis tuilleadh imscrúdaithe níorbh ann ach d'aonán amháin a bhí feiliúnach do tharchur toisc go raibh na haonáin ghaolmhara eile faoi leachtú.

15.25 Tá saothrú éifeachtach cásanna ag brath ar an méid gur shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim na gaolta ábhartha ar fad. Cé nár tarchuireadh aon cheathrú de na cásanna oiriúnacha do shaothrú, os a choinne sin, is cosúil go raibh cásanna neamhoiriúnacha, ag an am céanna, á dtarchur. Thug an tAonad Comóntachta agus an tAonad Féinics araon faoi athbhreithnithe ar fheiliúnacht cásanna a tarchuireadh chucu in 2010. Leagtar amach i bhFíor 80 an líon cnuasach a tarchuireadh chuig an dá aonad le linn 2010 agus an chion a measadh a bheith oiriúnach.

¹³⁷ Eisceacht amháin dó seo iad cásanna nuair is é an cinneadh cuí an chuideachta a leachtú. Leanann an t-aonad bainistithe fiach ar aghaidh leis an ngníomhaíocht agus tarchuirtear na cásanna eile chuig an Aonad Comóntachta.

¹³⁸ Rinneadh an comhfhiachas a mheasúnú i ngach cás amhail mí Aibreáin 2011 bunaithe ar fhaisnéis ó chóras um Próiseáil Cánachais Chomhtháite na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuireadh cásanna i gcomparáid ansin leis an liosta cásanna ar láimh sna haonaid forfheidhmithe don tréimhse chéanna chun a chinneadh ar tarchuireadh an cás.

Fíor 80 Grúpaí a tarchuireadh chuig Aonad Comóntachta 2010

Aonad	Líon Iomlán a Tarchuireadh	Tarchur Feiliúnach	Mífheiliúnach
Aonad Comóntachta	462	279	183
Aonad Féinics	406	209	197
Iomlán	868	488	380

Foinse: Aonad Comóntachta, Oifig an Ard-Bhailitheora

15.26 Tríd is tríd, bhí díreach os cionn leath na gcásanna feiliúnach do shaothrú breise. Ní dhearnadh taifead ar na cúiseanna ar measadh cásanna a bheith mífheiliúnach san Aonad Féinics ach ó mhí an Mheithimh 2010 ar aghaidh agus léirítear leo nach cásanna féinics a bhí i mbeagnach leath na gcásanna agus go raibh breis agus aon tríú de na cásanna faoin tairseach fiachais. Chomh maith leis sin, aimsíodh go raibh 87% de na cásanna mífheiliúnacha a fuair an tAonad Comóntachta faoin tairseach fiachais. Tá impleachtaí aige seo d'éifeachtacht an phróisis tarchuir.

15.27 I gcásanna ina bhfuil an cas a spreagann an tseiceáil comóntachta faoi leachtú ba chóir cásanna gaolmhara a tharchur do shaothrú toisc go mbíonn gnéithe riosca bainteach leis an gcomhfhiachas grúpa. Forálann treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim ar sheiceálacha comóntachta má tá cas á bhainistiú ag aonad bainistithe fiach agus gurb é an t-aon chinneadh cuí sa chás an chuideachta a leachtú trí litir a eisiúint faoi Alt 214 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh an t-aonad sin ar aghaidh leis an ngníomhaíocht sa chás agus déanfar, nuair is cuí, gach cás eile sa bhraisle a tharchur chuig an Aonad Comóntachta.

15.28 Sonraíonn treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim go gcaithfidh dhá ghnólacht nó chomhpháirtíocht ar a laghad atá cláraithe faoi láthair le haghaidh cánach a bheith i dtarchur. Is é an toradh air seo i gcásanna ina leanann aonán amháin ar aghaidh ag trádáil agus go bhfuil na haonáin ghaolmhara faoi leachtú, ní tharchuirtear an cas chuig an Aonad Comóntachta.

Cúrsaí Riaracháin

15.29 In 2010, rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar éifeachtacht na seiceála comóntachta i dteacht chun cinn cuideachtaí féinics a shainaithint agus baineadh de thátal as go bhfuil méadú ar chásanna san Aonad Féinics de bharr an choir chun donais gheilleagraigh. Tarraingíodh aird san athbhreithniú freisin nach sainaithníonn an tseiceáil comóntachta mar a thugtar fúithi faoi láthair cuideachta féinics nuair a ghníomhaíonn stiúrthóir an aonáin ar theip air mar scáthstiúrthóir san aonán féinics a bunaíodh as an nua.

15.30 Moladh gur cheart don Aonad Féinics oibriú go réamhghníomhach le Dúichí na gCoimisinéirí Ioncaim agus le gníomhaireachtaí a roinneann faisnéis leis na Coimisinéirí Ioncaim chun cásanna féideartha féinics ina bhfuil scáthstiúrthóirí ag gníomhú a shainaithint.

Faisnéis Bainistíochta

15.31 Maidir le riarachán an Chláir Comóntachta, sonraíodh san iniúchadh gur cosúil go bhfuil na córais bainistíochta faisnéise easnamhach dá mbarr seo a leanas

- níl liosta de chásanna féinics ar láimh ag an Aonad Saothraithe Tiomnaithe faoi láthair
- ní fhéadfaí figiúr iomlán cruinn ar an bhfiachas gan íoc i gcásanna comóntachta agus féinics a chur ar fáil de bharr neamhréiteach san fhaisnéis faoi chásanna atá ag an Aonad.

15.32 Mar fhreagairt ar m'fhiosruithe ina leith seo, shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil rialuithe tréana bainistíochta agus córais meastóireachta i bhfeidhm laistigh de na hAonaid Féinics agus Comóntachta. Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis forbairt TF a sceidealú chun marcóir a chur ar chásanna chun iad a shainaithint mar chásanna atá á mbainistiú san Aonad Saothraithe Tiomnaithe. In éagmais an mharcóra seo, próiseas láimhe agus dlúthshaothair an próiseas a bhaineann le liostaí de chásanna agus fiachas bainteach a chur i dtoll a chéile.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

15.33 Ghlac an tOifigeach Cuntasaíochta leis go dtagann dúshlán chun cinn nuair a úsáidtear córais a bhraitheann go hiomlán ar sheiceálacha a dhéantar de láimh. Tharraing sí aird ar thionscnamh a tugadh isteach mar chuid d'aistriú chuig clárú leictreonach do chustaiméirí. Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis seiceáil comóntachta uathoibrithe (uathchomóntacht) a thabhairt isteach in 2011 a chuirtear i bhfeidhm ar gach clárúcháin nua CBL agus Cáin Chonarthaí Iomchuí sula bhfaomhtar an clárúchán. Beidh uathchomóntacht i bhfeidhm ar gach clárú nua cánach amach anseo.

15.34 Shonraigh sí gur thug na Coimisinéirí Ioncaim freisin faoi shraith ceardlanna oiliúna don fhoireann ar an gcaoi le tabhairt faoi sheiceáil comóntachta agus í a chur i gcrích. In 2011, d'fhreastail 270 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar na ceardlanna seo.

15.35 Maidir le cásanna nuair nach dtarchuirtear cásanna cuí, shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur thug agus go dtabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi gach céim réasúnta chun oibriú barrfheabhais an chláir a chinntiú trí oibriú iomlán na seiceálacha comóntachta (mar a léiríodh leis na ceardlanna oiliúna agus le tabhairt isteach na seiceála uathchomóntachta), agus mar sin féin bhí sé sásta go bhfuil oibriú na gcásanna sna haonaid bainistithe fiach fiú nuair nach sainaithnítear saincheisteanna comóntachta go hiomlán de réir threoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim i mbainistiú éifeachtach cásanna a bhfuil saincheisteanna suntasacha comhlíonta agus/nó fiach acu.

15.36 Luaigh sí cé go bhfuil roinnt easnamh ann agus go bhfuil iarrachtaí leanúnacha á gcur i bhfeidhm chun iad a sháru, ní eascraíonn saincheisteanna a bhfuil fíorshuntas leo i dtéarmaí cáin shocraithe as na heasnamh sin. Sa chás nach raibh na gaolta ábhartha ar fad sainaitheanta ag na Coimisinéirí Ioncaim nó nár sainaithníodh aon ghaol, léiríonn an t-athbhreithniú leantach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ar na cásanna seo gur chinntigh gnáthoibriú bainistithe fiach cásanna go raibh smacht iomlán ar na fiacha cánach.

15.37 Shonraigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur tháinig an líon mór cásanna a tarchuireadh chuig an Aonad Comóntachta a bhí faoi bhun na dtairsí fiachais chun cinn de bharr dúshlán do na hAonaid Cláraithe an príomhaonad bainistithe fiach a shainaithint. Mar gheall air seo, tháinig cleachtas, chun cinn inar tarchuireadh na cásanna ar fad idir €50,000 agus €250,000 chuig an Aonad Comóntachta a leithdháil na cásanna ansin ar an aonad ábhartha bainistithe fiach. Glacadh leis an gcleachtas go foirmiúil in 2011.

15.38 Measann an tOifigeach Cuntasaíochta nach gá go léiríonn cnuasach fiach sa bhreis ar €500,000 roimh tharchur teip i stiúradh na seiceálacha comóntachta. Féadfaidh sé tarlú sna cásanna seo a leanas

- nuair a chuireann aonáin nasctha cúpla tuairisceán thar téarma gan íocaíochtaí faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim ag an am céanna
- nuair atá aonad bainistithe fiach ag forfheidhmiú cáis go gníomhach cheana féin agus nach bhfuil an cás, mar sin, faoi réir tarchur láithreach chuig Aonad Saothraithe Tiomnaithe go dtí go gcuirtear an forfheidhmiú sin i gcrích.

Conclúid

Bealach úsáideach é cur chuige comóntachta na gCoimisinéirí Ioncaim chun dul i ngleic le bailiú fiach le gnéithe sonraithe riosca a bhaineann le haonáin ghaolmhara. Ach braitheann a éifeachtacht ar iomláine i bhfeidhmiú seiceálacha, i bpáirtithe gaolmhara a thaifead a sainathnódh le linn na seiceálacha sin, agus i gcásanna cuí a tharchur do shaothrú. Aimsíodh san iniúchadh iad seo a leanas

- níorbh ann d'aon fhianaise ar sheiceálacha in 18% de na cásanna inar cheart go dtabharfaí fúthu
- nuair a tugadh fúthu, níor sainathnódh gaolta ábhartha i 15% de na cásanna agus níor sainathnódh go hiomlán iad i 9% eile de na cásanna
- níor tarchuireadh roinnt cásanna a bhí oiriúnach do tharchur chuig an Aonad Saothraithe Tiomnaithe.

Cuireann easnaimh i dtaifead cásanna agus tarchur cásanna mífheiliúnacha chuig aonaid saothraithe bac ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na seiceála comóntachta.

I gcásanna ina sainathnítear gaolta le cuideachtaí eile faoi leachtú, ní tharchuirtear fiacha an aonáin trádála chuig an Aonad Comóntachta dá dtarchur. I bhfianaise an riosca mhéadaithe i leith neamhbhailiú fiach, i gcásanna mar sin, d'fhéadfadh fiúntas a bheith le tarchur na gcásanna sin chuig an Aonad Comóntachta.

Iarscríbhinn A Saintréithe Cuideachtaí Féinics

In 2004, d'fhoilsigh an International Association of Insolvency Regulators¹³⁹ suirbhé dar teideal “The Regulation of Phoenix Companies”. Chomhlíon 13 bhall an suirbhé agus leag siad amach ann a dtaithí siúd ar dhéileáil le Siondróm an Fhéinics. Tugadh breac-chuntas sa tuarascáil ar na saintréithe tipiciúla a bhíonn ag cuideachtaí féinics agus ar shaintréithe sonracha a bhaineann le cuideachtaí in Éirinn.

Saintréithe Féinics a sainathnódh sa Suirbhé

Aonán ar Theip Air

- Tearc-chaipitlithe agus íos-scairchaipiteal aige de ghnáth.
- Dócmhainneach.
- Ídiú sócmhainní go gairid roimh scor.
- I bhfeidhm chun cuid dá dhliteanas roimhe seo nó iad ar fad a imghabháil.

Cuideachta Féinics (Ginearálta)

- Bunaithe le scairchaipiteal ainmniúil.
- I bhfeidhm sa réimse céanna nó gaolta gnó.
- Tosaíonn ar oibriú díreach roimh scor thrádáil an aonáin ar theip air nó laistigh de thréimhse ghairid (níos lú ná 12 mhí).
- D'oibrigh Stiúrthóirí/Bainisteoirí/Rialtóirí an gnó roimhe.
- Bíonn fostaithe an iarghnólachta ag obair don chuideachta féinics.
- Aistríonn na stiúrthóirí sócmhainní an aonáin ar theip air faoi luach an mhargaidh chuig an gcuideachta féinics.
- Déanann stiúrthóirí íocaíochtaí tosaíochta i.e. ceangaltais a bhaineann le híocaíocht dliteanas gan íoc chuig líon creidiúnaithe de chuid na cuideachta dócmhainní sula scoirtear den trádáil.
- Fágтар dliteanais shuntasacha (m.sh. cáin dlite d'údaráis stáit) leis an gcuideachta dhócmhainneach a bhfuil sócmhainní teoranta aici chun na dliteanais seo a íoc.

Cuideachta Féinics (Éire)

- Scairshealbhóir amháin nó beirt.
- Íos-scairchaipiteal (dhá scair ar €1 an ceann de ghnáth agus uasmhéid ainmniúil de 100 scair ar €1 an ceann).
- Stiúrthóir amháin nó beirt.
- Is ionann na fostaithe agus an t-áitreabh ina dtrádálann an chuideachta.
- Coinníonn rialtóir na cuideachta ainm an ghnólachta ó am go ham agus d'fhéadfaí é a aistriú trí cheadúnas chuig an aonán nua.

¹³⁹ Comhlacht idirnáisiúnta é an International Association of Insolvency Regulators a thugann taithí agus saineolas tiomsaitheach rialtóirí dócmhainneachta rialtais ó dhlínsí ar fud an domhain le chéile.

Sonraítear sa tuarascáil freisin go dtagann gníomhaíocht féinics chun cinn in Éirinn i dtionscail nach dteastaíonn mórán sócmhainní uathu ach a bhfuil ionchur suntasach ó fhostaithe i gceist. Ba iad seo a leanas na príomhearnálacha a dtáinig cuideachtaí féinics chun cinn iontu

- Tógáil
- Iompar
- Áitreabh Ceadúnaithe.

Caibidil 16

Beartha Comhlíonta Ioncaim

Bearta Comhlíonta Ioncaim

16.1 Déanann na Coimisinéirí Ioncaim (CI) iarracht neamhchomhlíonadh a aimsiú trí úsáid iniúchtaí atá dírithe ar riosca agus díspregann siad na daoine sin nach ndéanann freastal ar a gcuid dualgas ag úsáid ionchúisimh agus fhoilsiú ainmneacha na loiceach. Cuimsíonn clár iniúchta CI iniúchtaí

- a chuirtear i gcrích i limistéir CI
- a eascraíonn as sainfhiosrúcháin CI nó
- a chuirtear i gcrích ag a Rannán na Mórchás.

16.2 Le blianta beaga anuas, thug CI modheolaíocht meastóireachta riosca agus próifílithe isteach (MRAP¹⁴⁰). Is é is aidhm leis sin ná roghnú na gcásanna iniúchta a dhíriú ar na réimsí is mó riosca. Téann fachtóirí eile i bhfeidhm freisin, áfach, ar roghnú na gcásanna agus sa chleachtas déantar cáiníocóirí a roghnú le haghaidh iniúchta ag úsáid critéar éagsúil ag brath ar bhunús cáis.

Béim na Caibidle

Caibidil 14 déileáil, *inter alia*, le iniúchta randamach atá úsáideach a thugann léargas ar an leibhéal comhlíonta foriomlán agus na fachtóirí riosca sa daonra ina iomlán.

Scrúdaíonn an chaibidil seo

- a eagrú agus torthaí iniúchtaí agus imscrúduithe na gCoimisinéirí Ioncaim eile
- scagadh réamhiniúchta agus seiceálacha dearbhaithe.

Déantar athbhreithniú ann freisin ar bhearta le neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh.

Gníomhaíocht Iniúchta

16.3 Idir 2007 agus 2010, chuaigh an toradh ó ghníomhaíocht iniúchta i laghad faoin tríú cuid, beagnach. Tharla sin go pointe mar gheall ar

- an toradh a chuaigh i laghad ó shainimscrúduithe a chuimsigh 11% de thoradh an iniúchta i 2010 i gcomparáid le 23% i 2007.
- laghdú líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích i limistéir CI, a frithchothromaíodh go pointe ag meántorthaí iniúchta níos airde.

16.4 Leagtar amach leibhéal an chlúdaigh iniúchta agus an toradh iniúchta gaolmhar a taifeadh ar Chóras Bainistithe Cáis Iniúchta na gCoimisinéirí (BCI) idir 2007 agus 2010 i bhFíor 81.

¹⁴⁰ Is é atá i MRAP (córas Measúnú Riosca agus Anailisiú Próifílithe) ná córas ríomhairithe próifílithe riosca a dhéanann na cáiníocóirí a ghrádú, i gcomparáid lena chéile, ag úsáid eolais ó chórais eile CI chomh maith le heolas ó thríú páirtithe, leithéidí na Feidhmeannachta Seirbhíse Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Rialtóir na dTacsaithe.

Fíor 81 Gníomhaíocht Iniúchta^a, 2007 -2010

	2007		2008		2009		2010	
	Cásanna	Toradh	Cásanna	Toradh	Cásanna	Toradh	Cásanna	Toradh
		€m		€m		€m		€m
Gnáthiniúchtaí								
Limistéir	11,534	296	10,721	304	10,441	334	9,552	293
Mórchásanna	547	193	543	132	418	186	446	81
An Rannán Ionchúiseamh & Imscrúduithe	–	–	11	2	16	7	30	9
	12,081	489	11,275	438	10,875	527	10,028	383
Sainimscrúduithe								
Limistéir	850	143	499	78	357	62	178	25
Mórchásanna	2	-	2	-	-	-	-	-
An Rannán Ionchúiseamh & Imscrúduithe	-	-	16	13	48	7	104	23
	852	143	517	91	405	69	282	48
Gníomhaíocht Iniúchta Iomlán	12,933	632	11,792	529	11,280	596	10,310	431

Nóta: a I mblianta eile roimhe seo níor taifeadadh gach iniúchadh ar Chóras Bainistithe Chásanna Iniúchta CI (BCI). Dá thoradh sin tá torthaí tuairiscithe iniúchta CI do na blianta sin níos airde ná na torthaí sin a thaispeántar i bhFíor 81. Faoi 2010, taifeadadh mórchuid na n-iniúchtaí i BCI.

Iniúchtaí i Limistéir CI

16.5 Sa chleachtas baineann na limistéir Ioncaim úsáid as raon meicníochtaí le cásanna iniúchta a roghnú. Áirítear orthu seo

- MRAP – Cuirtear torthaí imeachtaí MRAP a chuirtear i gcrích ar bhonn ráithiúil ar fáil do bhainisteoirí cáis agus cásanna á roghnú acu le haghaidh iniúchta.
- Tionscadail shonracha ar aidhm leo díriú ar imghabháil ar bhonn earnála. I 2010 díródh tionscadail go háirithe ar dhaoine a bhíonn páirteach sna tionscail tacsáí, tógála nó atá bunaithe ar airgead tirim.
- Eolas áitiúil – Roghnaítear cásanna bunaithe ar fhaisnéis áitiúil agus ar fhaisnéis eile.

16.6 Tá athrú tar éis teacht ar mhodhanna roghnúcháin cháis agus tuilleadh úsáide á bhaint as MRAP. Bealach amháin le rath na n-athruithe seo a mheas sa mheascán modhanna roghnúcháin ná trí mhonatóireacht a dhéanamh ar athruithe sa mheántoradh iniúchta. Faoi láthair ní dhéanann CI an meántoradh iniúchta a thomhas, ar bhealach nach gcuireann san áireamh éifeachtaí na sainimscrúduithe agus na n-iniúchtaí randamacha. Le linn an iniúchta áiríodh an tomhas seo do gach iniúchadh a cuireadh i gcrích i limistéir CI idir 2007 agus 2010. Leagtar na torthaí amach i bhFíor 82.

Fíor 82 Meántoradh ó Iniúchtaí ^a a cuireadh i gcrích i Limistéir CI, 2007 - 2010

Réigiún	Meántoradh			
	2007 €	2008 €	2009 €	2010 €
Baile Átha Cliath	25,900	30,300	39,600	34,400
Iardheisceart	25,500	34,100	31,000	24,544
Réigiún TLTI	27,600	28,200	30,000	30,600
Oirthear/Oirdheisceart	23,700	21,000	24,500	32,400
Meán^b	25,700	28,300	31,990	30,600

Nótaí: a Níl san áireamh sainimscrúduithe agus iniúchtaí randamacha.

b Is é an méan náisiúnta ná an méan do gach iniúchadh a cuireadh i gcrích ag leibhéal limistéir CI.

16.7 Idir 2007 agus 2010, méadaíodh an meántoradh in aghaidh an cháis faoi 19%. Is é a bhí i gceist leis sin ná méadú de 24% suas le 2009 agus ina dhiaidh sin laghdú de 4% i 2010.

Conclúid – Iniúchtaí sna Limistéir CI

Faoi láthair díríonn CI ar an líon iniúchtaí toraidh gan idirdhealú cineáil mar tháscaire a ratha ó thaobh díriú ar chásanna de. Bheadh sé úsáideach seo a fhorlíonadh leis an teacht isteach ó na meán airgeadaíochta iniúchtaí atá roghnaithe ar bhonn riosca.. Bheadh sé seo ar chumas na hiarmharta airgeadais a phróifiliú le treochtaí a thomhas agus a rianú go réigiúnach.

Cuireann méadú an mheántoraidh per iniúchadh in iúl go bhfuil béim mhéadaithe CI ar dhíriú ar na cásanna sin is mó riosca éifeachtach. Mar sin féin, ní mór a aithint na gcásanna a bhfuil táirgeacht substaintiúil a chothromú i gcoinne an scaipeadh ar ghníomhaíocht iniúchta. Tháinig laghdú 17% ar ghníomhaíocht iniúchta ag an leibhéal dúiche ón mbliain 2007.

Ní raibh na méaduithe meántoraidh aonchineálach ar fud na gceithre réigiún CI, áfach. Bhí méaduithe suntasacha le sonrú i mBÁC agus in Oirthear/Oirdheisceart le linn na tréimhse. Bhí an méadú toraidh i réigiún TLTI níos lú i gcomparáid leo siúd. Bhí méaduithe móra le sonrú i réigiún an Iardheiscirt idir 2007 agus 2009 ach laghdaíodh toradh an iniúchta arís i 2010, go dtí leibhéal a bhí níos ísle ná leibhéal 2007.

Ba chóir do CI imscrúdú a dhéanamh ar na treochtaí seo agus iad a cheangal le roghnú na gcásanna agus béim gach limistéir.

Sainimscrúduithe

16.8 Cuireadh roinnt sainimscrúduithe ag CI le roinnt blianta anuas. Bhain eilimint de nochtadh deonach le cúig cinn de na himscrúduithe seo. Sna cásanna sin ligeadh do cháiniócoirí teacht chun cinn ar bhonn deonach gur íoc siad na cánacha agus na dleachtanna ábhartha.

16.9 Leagann Fíor 83 amach na suimeanna carnacha a fuarthas go dtí deireadh Mhí Aibreáin 2011 de thoradh ar gach imscrúdú. Cuireadh fad le dhá imscrúdú– Táirgí Árachais Saoil agus Ciste Neamhnochtaithe i gCuntais Bhainc Éireannacha – i 2009. Cuireadh tús le himscrúdú ar iontaobhais agus ar struchtúir easchósta eile i 2009. Dhírigh sé ar aithint dliteanas cánach neamhfhogartha ag aon duine a d’aistrigh nó a shocraigh réadmhaoin, sócmhainní nó ciste chuig aon iontaobhais nó chuig aon struchtúir easchósta den chineál céanna. Ag deireadh Mhí Aibreáin 2011, ba é toradh an imscrúdaithe seo ná €38.15 milliún maidir le 197 gcás.

Fíor 83 Sainimscrúduithe – Ioncam a Bailíodh go dtí Aibreán 2011

Imscrúdú	Bliain dar Tús	Líon na gCásanna	Fáltais 2010^a	Fáltais go Mí Aibreáin 2011
			€m	€m
DIRT – Iniúchtaí féachana siar (institiúidí airgeadaíochta)	1999	37	-	225
Buncháin DIRT				
Scéim Nochtaithe Dheonaigh	2001	3,675	-	227
Imscrúduithe Iarnochtaithe Dheonaigh	2001	8,500 ^b	1.3	421
BÉN – Scéimeanna Infheistithe Easchóstaigh	1998	465	0.1	60
Scéimeanna de chineál Ansbacher	1999	289	0.1	107
Scéimeanna 'Pick Me Up'	1998	71	-	1
Athbhreithnithe a bhaineann le Binse	1998	49	-	41
Sócmhainní Easchóstacha	2004	14,948	8.0	964
Cistí Neamhluaite – Táirgí Árachais Saoil	2005	5,526	6.0	484
Cistí Neamhluaite i gCuntais Bhainc Éireannacha	2008	1,255	8.7	86
Iontaobhais agus Struchtúir Easchóstacha	2009	197	19.0	38
Iomlán		35,012	43.2	2,654

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Baineann seo le hairgead tirim iarbhrí a fuarthas le linn na bliana. Tá sé éagsúil ón eolas a leagtar amach i bhFíor 1 óir ní aithnítear toradh iniúchta ach amháin nuair a dhúntar cás. Tá an toradh i 2010 níos mó ná na fáltais airgid thirim ós rud é go bhfuil sé ag cur san áireamh airgead tirim a fuarthas i mblianta eile roimhe seo.

b Seo figiúr measta.

Conclúid – Sainimscrúduithe

Ba í an tsuim a bailíodh de bhun imscrúduithe i 2010 ná €43 mhilliún. As an €2.65 billiún a bailíodh go dtí seo ó gach imscrúdú, bailíodh thart ar €1.57 billiún nó 59% ó na scéimeanna nochtaithe dheonaigh a bhí ina gcuid de chúig cinn de na himscrúduithe¹⁴¹ agus bhí daoine aonair i gceist le 68% de na cásanna ar fad sna himscrúduithe, agus is daoine iad a bhain leas as tionscnaimh nochtaithe dheonaigh.

Níor cuireadh tús le haon imscrúdú nua i 2010.

¹⁴¹ Bhí scéimeanna nochtaithe dheonaigh ar fáil do na himscrúduithe faoi cháin bhunúsach DIRT, Sócmhainní Easchóstacha, Táirgí Árachais Saoil, Cistí Neamhnochtaithe i gCuntais Bhainc Éireannacha, agus Iontaobhais agus Struchtúir Easchóstacha.

Iniúchtaí le Rannán na Mórchás

16.10 Is cuid de struchtúr grúpa iad a lán de na comhlachtaí a bhainistítear i Rannán na Mórchás (RMC)¹⁴². Pléann na bainisteoirí cáis le gach cás i ngrúpa. Tá 11 aonad gnó ag an Rannán, a ndéantar deich gcinn acu a eagrú ar bhonn earnála. Pléann an t-aonad gnó eile le daoine aonair ardrachmais. I 2009, tháinig beagnach leath de hollfháltais i gcánacha agus i ndleachtanna ó Rannán na mórchás.

16.11 Leagtar amach líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích agus an toradh gaolmhar i bhFíor 84.

Fíor 84 Iniúchtaí de réir Rannán na Mórchás^a, 2007 - 2010

		2007	2008	2009	2010
Líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích		547	543	418	446
Toradh	€m	193	132	186	81
Meántoradh	€	352,232	243,762	444,161 ^b	180,906

Nótaí: a Ní chuirtear sainimscrúduithe agus iniúchtaí randamacha san áireamh san anailís seo.

b I 2009, thug iniúchadh amháin toradh de €33.5 milliún maidir le CBL. Bhí an meántoradh iniúchta maidir le cuid eile na gcásanna ag €363,923.

Conclúid – Iniúchtaí le Rannán na Mórchás

Chuaigh líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích i Rannán na Mórchás i laghad ó bhí 2007 ann agus bhí an toradh i 2010 ag caoga faoin gcéad de leibhéal 2007.

16.12 Ag cur san áireamh an laghdú i dtaca le líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích agus an meántoradh per cás, d'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasaíochta breac-chuntas a thabhairt ar na cúiseanna a bhain leis an leibhéal laghdaithe gníomhaíochta iniúchta agus breac-chuntas a thabhairt ar na próisis atá i bhfeidhm le cinntiú go n-implonnaítear acmhainní iniúchta i Rannán na Mórchás i dtreo na gcásanna sin is mó riosca ós rud é nach mbaintear úsáid as MRAP le cásanna a roghnú le haghaidh iniúchta.

16.13 Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios dom, in ainneoin an bhrú atá le sonrú ar acmhainní mar gheall ar chailliúint chuid den fhoireann shinsearach iniúchta agus atógáil leanúnach an chumais iniúchta, lena n-áirítear earcaíocht dhíríthe phearsanra a bhfuil tacair shonracha scileanna acu, lean Rannán na Mórchás air de bheith ag cur i gcrích clár suntasach comhlíonta ina bhfuil i gceist iniúchtaí agus seiceálacha dearbhaithe. Ba í an phríomhcheist a chuir leis an toradh laghdaithe ná an cor chun donais sa gheilleagar.

16.14 Dúirt sí go bhfuil cur chuige struchtúrtha chun anailís riosca a úsáidtear chun na ceisteanna a roghnú ceart lena n-iniúchadh nó idirghabháil agus ansin ag díriú iarracht díriú orthu.. Is gnách gur iad na ceisteanna a roghnaítear ná na cinn leis an riosca is airde neamhchomhlíonta. An aidhm atá ann ná an fhéidearthacht a laghdú nach n-aimseofar rioscaí suntasacha. Tá Rannán na gCásanna Móra ag obair go leanúnach chun feabhas a chur ar an éifeachtacht a anailís riosca agus clár feabhsúcháin chomhlíonadh, lena n-áirítear a ghníomhaíocht iniúchta.

16.15 Tá difríocht shuntasach i riaradh na gcásanna Rannán na gCásanna Móra go bhfuil an comhad cuntais gnóthaí lámhleabhar a sholáthraíonn na bainisteoirí cás le sonraí cuimsitheacha don phróifiliú chás fad ar fáil gcásanna eile sliocht cuntais..

¹⁴² Cuimsíonn na grúpaí seo cuideachtaí sealbhaíochta, fochuideachtaí agus cuideachtaí comhlachaithe.

16.16 Cuireann an clár iniúchta atá dírithe ar riosca na rudaí seo san áireamh: méid oibriúcháin an chomhlachta, castacht an ghnó agus forbairtí san earnáil. Tugtar faoi thionscadail shonracha ar fud na hearnála de réir mar is cuí.

16.17 Dúirt sí go raibh i gceist le dearbhú comhlíonta i Rannán na gCásanna Móra

- athbhreithniú leanúnach ar straitéisí cánach agus ar rioscaí le ceisteanna idirghabhála a aithint
- taighde tionscail agus bailiú agus anailís fhaisnéise le dul i bhfeidhm ar roghnú na gcásanna
- bainistiú ceisteanna, m.sh. athrú reachtaíochta nó treoir léirmhínitheach le cur ar chumas cáiníocóirí eile comhlíonadh a dhéanamh
- iniúchtaí ríomhaire bunaithe ar chórais
- monatóireacht mhíosúil ar threochtaí i dtaca le torthaí na n-iniúchtaí – líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích, atá faoi lán seoil agus a bhfuil tús á chur leo, próifíl aoise na n-iniúchtaí, torthaí, ceisteanna ábhartha agus cá fhad a thóg siad
- athbhreithniú rialta ar iniúchtaí d'ionracas, cáilíocht agus ceachtanna a foghlaimíodh
- ag obair i 'bhfíoram', ag déanamh iniúchta ar an mbliain reatha agus idirghabhálacha fíorama eile
- 'ag glasaíl isteach' comhlíonadh sa todhchaí do gach cáin, gach custam agus gach dleacht.

Seiceálacha agus Scagadh Dearbhaithe

16.18 Déanann CI iarracht costas iniúchta a bheadh dian ar acmhainní a íoslaghdú trí dhearbhu a iarraidh go bhfuil an custaiméir comhlíontach go ginearálta sna réimsí sin atá faoi réir ag an tseiceáil agus ina theannta sin, bítear ag iarraidh iniúchtaí a dhíriú ar na cásanna is mó riosca ag úsáid MRAP.

Seiceálacha Dearbhaithe

16.19 Cuimsíonn seiceálacha dearbhaithe na rudaí seo:

- deimhniú na ndoiciméad agus iarratais ar fhaisnéis bhreise
- seiceálacha ar dhoiciméid chustam
- seiceálacha máil, Cáin Chláraithe Feithiclí san áireamh
- seiceálacha a eascraíonn as tuairiscí faoi idirbhearta amhrasacha
- seiceálacha inghlacthachta a eascraíonn as scéimeanna nochtaithe dheonaigh sainimscrúdaithe
- iarratais a scrúdaíonn gné amháin de chás agus é mar chuspóir acu riosca dealraitheach a thástáil ar chuir MRAP béim air.

16.20 San iomlán tá 454,796 seiceáil dearbhaithe taifeadta ag CI i 2010, a raibh de thoradh orthu €58 milliún (361,480 seiceáil i 2009 le toradh de €68.5 milliún). D'eascair mórchuid an toraidh (€42 milliún) as seiceálacha doiciméid agus as iarratais ar fhaisnéis bhreise. Thug 6% de na cásanna sin a ndearnadh obair leantach orthu roinnt cánach breise. Chuir Rannán na Mórchás 12,315 de na seiceálacha sin i gcrích (2.7% den iomlán) ar eascair toradh breise de €13 milliún as (22% den iomlán).

Próifiliú Riosca

16.21 Is córas ríomhairithe bunaithe ar rialacha é MRAP le riosca a mheasúnú laistigh de dhaonra na gcáiníocóirí¹⁴³ agus déantar grádú riosca ar bhonn ráithiúil. Díorthaítear an t-eolas a úsáidtear ó chóras eolais féin CI, agus ó eolas tríú páirtí a sholáthraítear ag comhlachais ar nós Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Rialtóir na dTacsaithe agus ó dhaoine ainmnithe a bhfuil sé de dhualgas orthu tuairiscí a chur faoinár mbráid faoi idirbhearta amhrasacha faoin reachtaíocht frithsciúrtha airgid. Tá síneadh ar MRAP do réimse ÍMAT á phíolótú ag CI.

16.22 Cuimsíonn an córas breis is 250 eilimint riosca a dhíorthaítear, mar shampla, ó chásanna ina gcomhdaítear tuairisceáin chánach go déanach, cásanna ina dtugann eolas sna cuntas cionta brabaigh neamhchomhsheasmhacha le fios nó nuair nach bhfuil aon taifead ar fáil ar ioncam pearsanta nuair a thugann eolas ó thríú páirtí le fios gur chóir go mbeadh a leithéid ann, nó má léirítear amhras ar imghabháil chánach mar gheall ar thuairisc faoi idirbheart amhrasach.

16.23 Ó bhí 2008 ann, tá riachtanas i bhfeidhm go mbainfeadh na limistéir úsáid as MRAP agus cásanna á roghnú le haghaidh iniúchta agus tá sprioc leagtha síos ag CI go bhfaighfí ar a laghad 60% de na cásanna ar fad a ndéantar iniúchadh orthu ón gcatagóir riosca an 20% is airde. Ní leagann CI spriocanna síos ná ní dhéanann siad feidhmíocht a thomhas i dtaca leis na catagóirí éagsúla iniúchta – sainimscrúduithe, iniúchtaí mórcháis nó iniúchtaí a cuireadh i gcrích ag leibhéal an Limistéir. Go hiomlán, tá céatadán méadaithe de na cásanna sin a ndéantar iniúchadh orthu i gcatagóir riosca an 20% is airde. Tá na torthaí don tréimhse 2008 go dtí 2010 leagtha amach i bhFíor 85.

Fíor 85 Cásanna a Iniúchadh atá sa Chatagóir is Airde Riosca^a, 2008 - 2010

	2008	2009	2010
	%	%	%
Céatadán na gcásanna a iniúchadh atá sa chatagóir is airde 20%	58	71	67

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Tá na figiúirí bunaithe ar iniúchtaí a socraíodh i gCóras Bainistithe Cháis Iniúchta CI le grádú riosca. Ní dhéantar gach iniúchadh a thaifeadh ar an gcóras sin.

16.24 D'éirigh le cuspóir CI go mbainfeadh breis is 60% de na cásanna a iniúchtar leis an gcatagóir riosca is airde 20% i 2010. Ní gá go gciallódh sin, áfach, gur roghnaíodh na cásanna le haghaidh iniúchta ar an gcúis sin. Leagtar amach na cúiseanna a thaifeadh i gcóras bainistithe cháis CI i bhFíor 86.

Fíor 86 Iniúchtaí de réir Cúis Roghnaithe agus Réigiúin 2010

Cúis Roghnaithe	Réigiún				Céatadán
	BÁC Iardheisceart	TLTI	Oirthear/ Oirdheisceart		
MRAP	1,132	1,064	1,200	983	46%
Athbhreithnithe tuairisceán agus éileamh	957	579	564	466	27%
Saintionscadail	181	230	132	227	8%
Nochtadh/faisnéis dheonach	200	230	222	174	9%
Eile ^a	341	223	221	226	10%
Iomlán	2,811	2,326	2,339	2,076	

Nóta: a Áirítear i measc na gcúiseanna eile Clár Iniúchta Randamaigh, faisnéis áitiúil, faisnéis a fhaightear ó iniúchtaí eile, athiniúchadh, tuairiscí idirbheart amhrasach agus saintionscadail chomhlíonta.

¹⁴³ Is é atá sa daonra ná gach cuideachta bheo agus gach trádálaí aonair, comhpháirtíochtaí agus stiúthóirí comhlachta atá cláraithe do Cháin Ioncaim nó do Cháin Chorporáideach agus cáiníocóirí eile le clárú beo CBL, ÍMAT/ÁSPC nó Cánach Conarthaí Ábhartha.

16.25 Príomhtháscaire éifeachtúlacht an chórais ná go dtí cén pointe a bhfuil cásanna neamhthoraidh ag dul i laghad. Leagann Fíor 87 amach céatadán na gcásanna sin le trí bliana anuas.

Fíor 87 Céatadán na gCásanna Neamhthoraidh^a, 2008 go 2010

	2008	2009	2010
	%	%	%
Céatadán na gcásanna nach bhfuil aon toradh uathu	36.7	29.5	28.2

Foinse: Tuarascálacha Bliantúla Feidhmíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, 2008 go 2010

Nóta: a Áirítear ann gach cás iniúchta agus gach catagóir iniúchta, lena n-áirítear iniúchtaí randamacha, sainimscrúduithe agus iniúchtaí a chuirtear i gcrích ag limistéir agus ag Rannán na Mórchás.

16.26 Cé go bhfuil na treochtaí tásach maidir le húsáid mhéadaithe phróifílithe riosca agus maidir le héifeachtúlacht mhéadaithe ó thaobh aithint na n-ábhar cásanna toraidh tá scóip ann i gcónaí d'fheabhsú breise. Mar shampla, thug miontuairiscí cruinnithe grúpa inmheánaigh tadhaill agus chomhairligh a tionóladh i 2009 agus i 2010 an méid seo le fios:

- Bhí difríochtaí le sonrú sna cineálacha cur chuige ar glacadh leo maidir le roghnú cásanna agus MRAP in úsáid. Bhí láraonad scagtha ag leibhéal réigiúnach ag cuid de na limistéir, nó ag leibhéal na dúiche uaireanta eile, mar a ndearnadh scagadh tosaigh ar na cásanna ba mhó riosca agus mar ar roghnaíodh iad ansin le haghaidh iniúchta. Bhí limistéir eile i mbun láraonaid scagtha a phíolótú.
- I réigiúin áirithe cuireadh idirghabháil phróifílithe agus seiceálacha dearbhaithe i gcrích ar chásanna le cuid de na ceisteanna a réiteach a aithníodh mar chuid den phróiseas scagtha.
- Cé go rabhthas tiomanta go ginearálta do roghnú 60% de na cásanna ón ngrádú riosca 20% ab airde, bhí úsáid iarbhir MRAP an-éagsúil ó dhúiche go dúiche.

16.27 Is léir, áfach, nach bhfuil infheidhmeacht ghinearálta ag baint le córas MRAP fós. Léirítear seo ag taithí Rannán na Mórchás mar ar cuireadh athbhreithniú i gcrích i 2010 le hinfheidhmeacht MRAP a mheasúnú dá roghnú iniúchtaí.

16.28 Agus iad ag obair le foireann MRAP leis na cásanna sin a thuiscint ar cuireadh béim orthu mar chásanna riosca, fuair Aonad Gnó amháin amach faoi na 20 cás tionscanta ag MRAP mar chásanna ardriosca, go raibh na fíricí a bhain le 3 cinn acu mícheart, go raibh 15 cinn míchuí nó go raibh na tairseacha a tugadh róbheag ag cur san áireamh meánmhéid chásanna an Rannáin seo. Ní raibh ábharthacht áirithe ag baint ach le dhá chinn de na cásanna a tionscnaíodh.

16.29 Ba é seo a leanas conclúid an athbhreithnithe:

- Bhí eolas níos cuimsithí ar fáil ag na hoibrithe cásanna leithleacha sa Rannán, déanta na fírinne, ná mar a bhí in úsáid ag MRAP.
- Bhí cuid de na sonraí a bhí in úsáid ag MRAP as dáta agus mothaíodh go raibh an Rannán níos suas-chun-dáta.
- Bhí na cásanna a tionscnaíodh ag MRAP a bhí bunaithe ar thairseacha áirithe míchuí do bhunús cásanna an rannáin. (Mar shampla, liúntas caipitil a d'éiligh níos mó ná €40,000).

Conclúid – Próifíliú Riosca agus Seiceálacha Dearbhaithe

Ghin 6% de na cásanna a bhí faoi réir ag seiceálacha dearbhaithe neamhdhiana cáin bhreise. Is cosúil go bhfuil córas próifílithe riosca CI ag cur le héifeachtúlacht iniúchta ós rud é go bhfuil céatadán níos mó iniúchtaí ag giniúint cáin bhreise ná mar a bhíodh roimhe seo. Ach is féidir tuilleadh feabhsaithe a bhaint amach go fóill.

Faoi mar a thug torthaí na n-athbhreithnithe inmheánacha le fios, níor léirigh an córas próifílithe éifeachtacht maidir le húsáid na rialacha agus na bparaiméadar reatha sa réimse ina ndéantar an cháin is suntasaí a bhainistiú – Rannán na Mórchás.

Aithnítear nár dearadh MRAP go sonrach don chineál cásanna a bpléann RMC leo agus go bhfuil srianta ag baint leis agus scála agus struchtúir ghrúpa i gceist. Tá tús curtha ag CI le próiseas leis an gcóras a fheabhsú, bunaithe ar thaithí Rannán na Mórchás.

Bearta le Neamhchomhlíonadh a Dhíspreagadh

16.30 Roinntear forálacha díspreagtha CI in dhá phríomhchatagóir – pionóis sibhialta agus imeachtaí coiriúla. I gcásanna áirithe, foilsíonn siad sonraí faoi dhaoine a loic ar a gcuid dualgas ó thaobh CI de. Sa chás go ndéantar tuairisceáin a chomhdú go déanach is féidir go ndéanfar faoiseamh caillteanais a theorannú.

Pionóis Sibhialta

16.31 Nuair a dhéantar tuairisceáin mhíchearta a chomhdú go calaoiseach nó go faillíoch, is gnách go ndéantar pionóis a ghearradh. Eascraíonn siad seo as iniúchtaí CI, den chuid is mó. Ba é luach na bpionós sibhialta a gearradh de thoradh ar iniúchtaí i 2010 ná €33 milliún (€45 milliún i 2009).

16.32 Is féidir le CI pionóis sibhialta a ghearradh freisin as gan tuairisceáin a chomhdú go tráthúil.

- I 2010, ghearr CI pionóis de €1.9 milliún i 526 cás nár chuir P35 2009 isteach go tráthúil (€ 1.7 milliún i dtaca le 519 cás i 2009 i dtaca le tuairisceáin P35 2008). Mar gheall ar athrú reachtaíochta i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin um Chearta Daonna, a d'éiligh roinnt bunathruithe sna próisis phionóis, níor cuireadh i gcrích aon imeachtaí sibhialta maidir le cásanna nár íoc an pionós seo i 2009 nó i 2010. Tá 40 de na cásanna seo mar nár íocadh an pionós do 2009 ag feitheamh le dáta le haghaidh éisteachta cúirte, áfach. Cuirfear imeachtaí cúirte i gcrích maidir le cásanna oiriúnacha i 2010 nuair nár íocadh an pionós le linn an chuid eile de 2011.
- Gearradh pionóis ar luach iomlán de €244,000 i 61 chás nuair nár cuireadh tuairisceáin CBL isteach.

Imeachtaí Coiriúla

16.33 Eascraíonn imeachtaí coiriúla maidir le neamhchomhdú tuairisceán, ionchúisimh achoimre do choireanna éagsúla eile cánach agus custaim agus máil agus ionchúisimh le haghaidh imghabhála tromchúisí.

Neamhchomhdú Tuairisceán

16.34 Mar gheall ar ionchúisimh coiriúla i gcásanna nuair nár comhdaíodh tuairisceáin CBL éisteach le 103 chás sa chúirt i 2010 agus gearradh fíneálacha de €701,600. Rinneadh 1,217 daorbhreith as gan tuairisceáin Chánach Ioncaim agus Chánach Corparáidí, agus gearradh fíneálacha de €2.8 milliún. Ina theannta sin fuarthas 60 daorbhreith as gan tuairisceáin Intrastat agus an Chórais Malartaithe Faisnéise CBL a chomhdú agus gearradh fíneálacha de €112,200.

Ionchúisimh Achoimre do Choireanna Custaim agus Máil

16.35 Rinneadh 509 daorbhreith maidir le hionchúisimh achoimre do choireanna custaim agus máil i 2010 agus gearradh fíneálacha de €1.1 milliún dá mbarr. Forchuireadh 19 bpianbhreith choimeádta, ach cuireadh 13 acu sin ar fionraí. Áirítear ina measc cásanna ina ndearnadh smuigleáil ar thoitíní agus ar alcól, díolachán toitíní, ola marcáilte, coireanna ceadúnais mháil agus coireanna CCF.

Ionchúisimh Achoimre do Choireanna Cánach

16.36 Rinneadh deich ndaorbhreith as coireanna cánach seachas neamhchomhdú tuairisceán, agus san iomlán gearradh fíneálacha de €33,015. Bhí le háireamh i measc na gcoireanna loiceadh ó thaobh leabhair chuntais agus taifid a thabhairt, brionnú doiciméad agus ainm bréagach a chur in iúl d'Oifigeach CI.

Ionchúisimh le haghaidh Imghabhála Tromchúisí

16.37 Bhí céimeanna éagsúla an phróisis imscrúdaithe agus ionchúisimh ar siúl maidir le 111 chás imghabhála tromchúisí cánach ag deireadh 2009. I 2010, cinneadh go raibh 40 cás breise oiriúnach le haghaidh imscrúdaithe agus é i gceist ionchúiseamh a chur i gcrích (23 i 2009). Fuarthas daorbhreitheanna i seacht gcás a socraíodh sa chúirt i 2010. Leagtar amach sonraí na seacht gcás i bhFíor 88. Aithníodh sé cinn de na cásanna seo sa chéad dul síos mar chásanna a bhí oiriúnach d'imscrúdú agus é i gceist ionchúiseamh a chur i gcrích de thoradh ar iniúchtaí agus ar sheiceálacha CI.

Fíor 88 Daorbhreitheanna i 2010 d'Imghabháil Thromchúiseach Chánach

Gairm/ Gníomhaíocht	Fíneáil	Cáin a mheastar a bheith i mbaol	Coir
	€	€	
Glasaire ^a	Fíneáil ar bith	613,000	Níor comhdaíodh tuairisceáin, cuireadh tuairisceáin chánacha mhíchearta isteach, níor coimeádadh leabhair agus taifid.
Dochtúir	1,250	50,000	Níor tugadh tuairisceáin isteach
Dochtúir	3,500	250,000	Níor tugadh tuairisceáin isteach
Stiúrthóir Comhlachta ^b	Fíneáil ar bith	550,000	Cuireadh tuairisceáin mhíchearta isteach, níor cuireadh ar ais cáin
Leictreoir	8,250	36,000	Níor comhdaíodh tuairisceáin, cuireadh tuairisceáin mhíchearta isteach, fuarthas aisíocaíocht CBL nach raibh sé i dteideal í a fháil.
Stiúrthóir/Comhairleoir Cánach ^c	Fíneáil ar bith	70,000	Rinneadh iarratas ar aisíocaíocht Chánach Ioncaim nach raibh sé i dteideal í a fháil, cuireadh tuairisceáin mhíchearta isteach
Tarlóir ^d	Fíneáil ar bith	Ní fios	Comhdaíodh tuairisceáin mhíchearta CBL, rinneadh iarratas ar aisíocaíochtaí CBL nach raibh sé i dteideal iad a fháil, táirgeadh sonraisc mhíchearta

Foinse: Tuarascáil Bhliantúil Fheidhmíochta CI 2010

Nótaí: a Forchuireadh pianbhreith ar fionraí de dhá bhliain.

b Trí phianbhreith i gcomhthráth de bhliain amháin, naoi mí agus ceithre mhí (ar fionraí do thrí bliana).

c Forchuireadh príosúnacht 15 mhí maidir le gach ceann de na seacht gcúiseamh (le cur i gcrích i gcomhthráth).

d Forchuireadh daorbhreith de thrí bliana ar gach ceann de 15 chúiseamh, curtha ar fionraí faoi choinníoll 240 uair an chloig de sheirbhís phobail.

16.38 Dúnadh seacht gcás le linn 2010, rud a fhágann go raibh 137 gcás ag céimeanna éagsúla den phróiseas imscrúdaithe agus ionchúisimh ag deireadh 2010. Faoi dheireadh Mhí Aibreáin 2011 dúnadh cúig chás breise agus léirítear nuashonrúchán faoi stádas na 137 gcás i bhFíor 89.

Fíor 89 Stádas na gCásanna Imghabhála Tromchúisí Cánach ag Aibreán 2011

Stádas	Líon na gCásanna
Imscrúdú á dhéanamh air	66
In Oifig Dhlíodóir CI	10
Curtha faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	3
Treoracha eisithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gur chóir ionchúiseamh a dhéanamh	29
Os comhair na cúirte	18
Dúnta	5
Daorbhreitheanna faighte	6
Iomlán	137

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

16.39 Aithníodh 51% de na cásanna seo mar chásanna atá oiriúnach le haghaidh imscrúdaithe de thoradh ar iniúchtaí agus ar sheiceálacha CI, d'eascair 20% as imscrúduithe CI, aithníodh 15% as tuairiscí tdirbhearta amhrasaigh agus bhí 14% bunaithe ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil ag gníomhaireachtaí agus ag daoine aonair eile.

Ionchúisimh do Choireanna Tromchúiseacha Custaim agus Máil

16.40 Rinneadh sé chiontú as coireanna tromchúiseacha Custaim agus Máil i 2010. Forchuireadh fíneálacha de €2,500 agus €850 in dhá chás. Forchuireadh ceithre phianbhreith choimeádta ar fionraí, a raibh tréimhse dhá bhliain i gceist le gach ceann acu.

Foilsíú na Loiceach

16.41 Foilsítear sonraí socraíochtaí iniúchta nuair a ghlac CI le suim shonraithe de bhreis is €33,000 mar shocraíocht le haghaidh aon dliteanais bhreise do cháin, ús agus pionóis. Ní fhoilsítear na cásanna seo:

- nuair a ghlactar le 'nochtadh cáilitheach'
- nuair a bhíonn níos lú ná €33,000 i gceist leis an tsocraíocht
- nuair nach sáraíonn an pionós níos mó ná 15% den cháin a bhíonn dlite i ndeireadh báire.

16.42 Leagann Fíor 90 amach na suimeanna iomlána cánach, úis agus pionós a bhíonn i gceist i gcásanna foilsithe a socraíodh idir 2007 agus 2010.

Fíor 90 Cásanna Neamhchomhlíonta Foilsithe, 2007 - 2010

Stádas	Líon na gCásanna	Iomlán Cáin, Ús agus Pionóis €m
2007	555	144
2008	401	75
2009	356	97
2010	305	68

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Srianadh ar Fhaoiseamh Caillteanais

16.43 Measann na Coimsinéirí Ioncaim gurb í an iarmhairt amach anseo ag caillteanais de thoradh ar iniúchtaí a cuireadh i gcrích i 2010 ná €127 (€295 milliún i 2009).

16.44 Ina theannta sin, déanann an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 soláthar do shriantaí ar úsáid chaillteanas nuair nach gcomhdaítear tuairisceáin go tráthúil (laistigh de thréimhse naoi mí dheireadh thréimhse cuntasáiochta na cuideachta).

16.45 Sna cásanna sin ina gcomhdaítear an tuairisceán breis is dhá mhí tar éis an dáta dhlite, déantar faoiseamh caillteanais a shrianadh faoi 50% suas go huasmhéid de €158,715. Laghdaítear an srianadh go dtí 25% le huas-srianadh de €31,740 nuair a chomhdaítear an tuairisceán go déanach, ach laistigh de dhá mhí den dáta dlite. Ní scoirtear de luach cánach na gcaillteanas sa chás go ndéantar moill chomhdaithe, cuirtear siar an méid sin go dtí tréimhse éilimh níos déanaí.

Conclúid – Bearta Díspreagtha

Bhí luach €33 mhilliún ag baint leis na pionóis a d’eascair as na hiniúchtaí. I gcás na dlíthíochta, is gnách go mbíonn na pionóis níos lú. Bhí toradh de €2.1 milliún ar na cásanna sibhialta agus €4.7 milliún ar na cásanna coiriúla. Bhíothas ag coinneáil le breis is 150 cás imghabhála tromchúisí cánach le linn 2010. Tá ráta diúscartha na gcásanna seo íseal; níor tugadh ach seacht gcinn acu chun críche i 2010 agus níor leanadh ar aghaidh le seacht gcinn eile.

Conclúid

Cé gur fearr is féidir iompar cáiniocóirí a thomhas trí mheán na samplála randamaí, faoi mar a shracrannaítear i gCaibidil 14, is dócha go mbeidh éifeacht optamach ag baint leis an mbailiúchán nuair a bhaintear úsáid as cur chuige atá bunaithe ar riosca.

Bhí toradh de €293 milliún ar na hiniúchtaí sin a roghnaíodh ar bhonn riosca i limistéir CI as an toradh iomlán de €431 milliún i 2010. Bailíodh €58 milliún breise tar éis seiceálacha dearbhaithe nach raibh ródhian.

Go ginearálta, tugann treocht in airde ó thaobh an toraidh iniúchta de le himeacht ama le fios gur mhéadaigh córas ríomhairithe measúnaithe riosca agus próifílithe CI a éifeachtúlacht maidir le cásanna a aithint ina bhfuil neamhchomhlíonadh ábhartha airgeadais i gceist. Ina theannta sin is lú cás a roghnaítear le haghaidh iniúchta nach mbíonn toradh air, rud a thugann le fios freisin go bhfuil feabhas ar an bpróifiliú. Laghdaíodh líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích i limistéir CI faoi 17% ón mbliain 2007, áfach.

Chuaigh líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích i Rannán na Mórchás i laghad ó bhí 2007 ann agus bhí an toradh i 2010 ag leibhéal a bhí beagnach 50% níos ísle ná toradh 2007. Bhí brúnna acmhainne le sonrú sa réimse seo. Tá CI i mbun beart lena chumas iniúchta a atógáil.

Níor cuireadh tús le haon imscrúdú nua i 2010. Bailíodh €43 milliún ó imscrúduithe atá ar siúl cheana féin.

Bhí luach €33 mhilliún ar na pionóis sin a gearradh mar gheall ar iniúchtaí. I gcás na dlíthíochta is gnách go mbíonn na pionóis níos lú. Bhí toradh de €2.1 milliún ar na cásanna sibhialta agus de €4.7 milliún ar na cásanna coiriúla. Bhíothas ag coinneáil le breis is 150 cás imghabhála tromchúisí cánach le linn 2010. Tá ráta diúscartha na gcásanna seo íseal; níor tugadh ach seacht gcinn acu chun críche os comhair cúirte i 2010 agus níor leanadh ar aghaidh le seacht gcinn eile.

Caibidil 17

Tionchar na gCailteanas

Tionchar na gCaillteanas

17.1 Is é brabús gnóthas trádála mar a chuirtear i láthair é ina ráitis airgeadais an difríocht idir a ioncam agus a chostais. Go ginearálta, is féidir costais a thabhaítear go hiomlán agus go heisiach chun críche trádála a fhritháireamh in aghaidh ioncain nuair atá brabús incháinithe á ríomh.

17.2 D'fhéadfadh faoiseamh i leith caillteanas a bheith i bhfeidhm i gcás cuideachtaí, trádálaithe aonair agus daoine atá ag trádáil mar chomhpháirtíochtaí. Is é an phríomhbhéim sa chaibidil seo caillteanas cuideachtaí a áiríonn formhór na gcaillteanas a éilítear.

Faoiseamh i leith Caillteanas – Cáin Chorporáide

17.3 Tá dliteanas ar chuideachtaí Cáin Chorporáide a íoc i leith gach brabús a eascraíonn as ioncam nó as gnóthachain. Tá siad seo incháinithe mar seo a leanas

- Gearrtar cáin ar Ioncam Trádála ag ráta 12.5%.
- Gearrtar cáin ar Ioncam Neamhtrádála¹⁴⁴ ag 25%.
- Gearrtar cáin ag ráta éifeachtach 10% ar roinnt cuideachtaí déantúsaíochta¹⁴⁵.
- Tá gnóthachain chaipitiúla inmhuirir i leith Cáin Chorporáide ag ráta 25%.

17.4 Sa chás go bhfuil glanchaillteanas i ndiaidh chinneadh an toraidh incháinithe de chuid cuideachta, is féidir an caillteanas sin a úsáid chun an Cháin Chorporáide a laghdú sna tréimhsí cuntasáíochta reatha, roimhe nó ina dhiaidh.

- Sa tréimhse chuntasaíochta reatha, is féidir caillteanas trádála a fhritháireamh in aghaidh brabús trádála agus neamh-thrádála, lena n-áirítear gnóthachain inmhuirir¹⁴⁶. Cuirtear faoiseamh ar bhrabús neamh-thrádála agus ar ghnóthachain inmhuirir ar fáil ar bhonn luacha¹⁴⁷.
- Ligeann grúp-fhaoiseamh do chuideachta amháin i ngrúpa a caillteanas trádála a ghéilleadh sa tréimhse chuntasaíochta reatha do bhall eile den ghrúpa le fritháireamh in aghaidh brabús sa tréimhse chuntasaíochta chomhfhreagrach.
- Ligeann tabhairt siar caillteanas¹⁴⁸ caillteanas trádála a thabhairt siar in aghaidh brabús sa tréimhse chánach roimhe. Tugann an cineál seo faoisimh sochar sreafa airgid don chuideachta i gceist trí aisíoc cánach a íocadh cheana féin.
- Is féidir aon chaillteanas trádála nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh in aghaidh brabús sa todhchaí den trádáil chéanna ar feadh tréimhse éiginnte ach caithfear iad a úsáid in aghaidh na mbrabús is túisce atá ar fáil.
- Sa chás go scoirtear de thrádáil, féadfar caillteanas trádála a tabhaíodh sna 12 mhí deiridh den trádáil scortha, a thabhairt siar agus a fhritháireamh in aghaidh ioncam trádála sa trádáil chéanna sna trí bliana atá caite, a mbeidh laghdú ar an dliteanas cánach nó aisíoc cánach de thoradh air.

¹⁴⁴ Áirítear le hioncam neamhtrádála ioncam Chás III lena n-áirítear lascainí, ús agus ioncam eachtrach, ioncam Chás IV lena n-áirítear ríchíosanna paitinne agus ioncam ilchineálach, agus ioncam Chás V lena n-áirítear ioncam cíosa ó thalamh agus ó fhoirgnimh sa Stát. Áirítear freisin ag an ráta seo ioncam trádála ó 'thrádáil eisceithe', lena n-áirítear déileáil i dtalamh agus ioncam trádála ó oibríochtaí mianadóireachta agus peitрилam.

¹⁴⁵ Níl sé seo ar fáil níos mó ón 31 Nollaig 2010 i leith.

¹⁴⁶ Tríd is tríd, is féidir torthaí bliantúla a ghlanluacháil agus is féidir caillteanas sa bhliain ar ghníomhaíocht amháin a ghlanluacháil in aghaidh ceann eile.

¹⁴⁷ Cinntítear leis seo go bhfanann luach aon fhaoisimh i leith caillteanas a cheadaítear mar an gcéanna beag beann ar na rátaí cánach a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá i gceist.

¹⁴⁸ Níl tabhairt siar caillteanas ach ar fáil do chuideachtaí inmhuirir do Cháin Chorporáide. Níl sé ar fáil do thrádálaithe aonair ná do chomhpháirtíochtaí ina bhfuil na daoine inmhuirir do Cháin Ioncain.

17.5 I gcásanna áirithe féadfaidh cuideachtaí liúntais chaipitil a éileamh (mar fhritháireamh in aghaidh brabúis) i ndáil le cineálacha áirithe caiteachas caipitil. Caitear le caillteanas a chruthaíonn liúntais chaipitil nó a gcuireann liúntais chaipitil leis mar chaillteanas trádála. Leagtar amach liosta iomlán de liúntais chaipitil atá ar fáil in Iarscríbhinn A.

17.6 Rinneadh scrúdú i mo thuarascáil in 2009 ar raon an faoisimh i leith caillteanais maidir le Cáin Chorparáide. De bharr easnamh i gcórais faisnéise na gCoimisinéirí Ioncaim áfach ní raibh siad in ann faisnéis a ghiniúint i ndáil leis an líon caillteanas a úsáidtear in aon bhliain agus ní raibh siad in ann faisnéis a chur ar fáil i ndáil le luach na gcaillteanas nár úsáideadh agus a bhí ar fáil le tabhairt ar aghaidh go blianta eile sa todhchaí.

17.7 Le linn 2010, thug na Coimisinéirí Ioncaim athruithe isteach ar an gcóras measúnaithe chun ligean dóibh an líon liúntais chaillteanas agus chaipitil nár úsáideadh sa tréimhse chánach áirithe sin a mheas. De bharr struchtúr na dtuairisceán cánach áfach, ní féidir leo fós difreáil a dhéanamh idir liúntais chaillteanais agus chaipitil gan úsáid.

Srianta ar Úsáid Caillteanais

17.8 Braitheann an méid a úsáidtear caillteanais thuairiscithe ar ghiniúint na mbrabús chun iad a fhritháireamh. Chomh maith leis sin, tá úsáid faoisimh i leith caillteanais teoranta sna cúinsí seo a leanas

- cuirtear tuairisceán isteach deireanach
- scoirtear trádáil
- tá an chuideachta ar cheann de na hinstiitúidí creidmheasa atá páirteach i scéim GNBS.

17.9 Sa chás go gcuirtear tuairisceán cánach isteach deireanach, sriantar fritháireamh caillteanas. Grádaítear na srianta trí thagairt don mhoill i gcur isteach an tuairisceáin agus tá teorainn airgeadaíoch ar leibhéal gach srianta¹⁴⁹. Baineann na srianta le fritháireamh caillteanas in aghaidh brabús sa tréimhse chuntasaíochta reatha agus díreach roimhe. Ní hionann an srian agus diúltú iomlán faoisimh i leith caillteanais toisc gur féidir na caillteanais a fhritháireamh in aghaidh tréimhsí cuntasaíochta níos deireanaí. Is é an drochthionchar a bheidh ar chuideachta nach gcuireann tuairisceán isteach in am fadhb sreafa airgid.

17.10 De ghnáth, nuair a aistrítear trádáil ó chuideachta amháin go cuideachta eile is de bharr scor na trádála é agus ní bhíonn caillteanais trádála ar fáil le tabhairt ar aghaidh. Ach, féadfaidh an chuideachta eile caillteanais trádála gan úsáid a aistrítear ó chuideachta amháin go ceann eile a úsáid sa chás go dtugann sí faoin trádáil chéanna agus go bhfuil leas sa trádáil nach lú ná 75% i seilbh na ndaoine céanna roimh an athrú agus ina dhiaidh.

17.11 I gcás instiitúidí rannpháirteacha¹⁵⁰ i dtréimhsí cuntasaíochta a thosaíonn tar éis rith an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní¹⁵¹, is é an t-uasmhéid caillteanas a thugtar ar aghaidh ar féidir a úsáid i ngach tréimhse leath bharrachas na mbrabús grúpthrádála thar chaillteanais ghrúpthrádála don tréimhse sin, ionas go mbeidh íosmhéid de 50% de bhrabúis ghrúpthrádála inmhuirir do cháin i ngach tréimhse. Go héifeachtach, cuireann an srian seo fad leis an tréimhse ama ar féidir leis na hinstiitúidí rannpháirteacha faoiseamh i leith caillteanais a úsáid.

¹⁴⁹ Nuair atá tuairisceán níos mó ná dhá mhí deireanach, sriantar úsáid na gcaillteanas go 50%, faoi réir uas-srian €158,715. Nuair atá an tuairisceán níos lú ná dhá mhí deireanach, laghdaítear an srian go 25% nó uasmhéid €31,740.

¹⁵⁰ Tá cúig instiitúid creidmheasa rannpháirteach sa scéim GNBS – trí bhanc agus dhá chumann foirgníochta.

¹⁵¹ Leasaigh an tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 chun úsáid caillteanas a shrianadh.

Béim na Caibidle

Tuairiscítear sa chaibidil seo ar thorthaí athbhreithnithe a rinne iarracht iad seo a leanas a bhunú

- an treocht i luach na gcaillteanas a tuairiscíodh, de réir earnála, i leith na dtréimhsí cuntasáíochta idir 2007 agus 2009
- raon úsáid na liúntas caillteanas agus caipitil in 2009, an bhliain iomlán dheireanach a bhfuil tuairisceáin chánach curtha isteach
- leibhéal na liúntas caillteanas agus caipitil gan úsáid atá á dtabhairt ar aghaidh in 2009.

Cé gur díródh go sonrach ar Cháin Chorporáide, cuirtear faisnéis ar fáil freisin ar fhaoiseamh i leith caillteanais do Cháin Ioncaim.

Faisnéis faoi Chaillteanais

17.12 I gcás cuideachtaí, níl faisnéis ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi raon na gcaillteanas a tabhaíodh go dtí naoi mí i ndiaidh dheireadh na tréimhse ábhartha cuntasáíochta, nuair a chuirtear tuairisceáin Cháin Chorporáide isteach. Mar shampla, b'éigean tuairisceáin Cháin Chorporáide do na tréimhsí cuntasáíochta dar chríoch mí na Nollag 2009¹⁵² a chur isteach faoi mhí Mheán Fómhair 2010.

Caillteanais Trádála agus Déantúsaíochta

17.13 Maidir le tuairisceáin chánach a chuirtear isteach i leith na dtréimhsí cánach dar chríoch in 2007, 2008 agus 2009, chuir na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ar fáil do gach bliain agus léiríodh iad seo a leanas

- na caillteanais gan úsáid a tugadh isteach sa tréimhse chuntasaíochta sin
- na caillteanais a tuairiscíodh sa tréimhse sin.

Leagtar amach iad seo, de réir earnála, i bhFíor 91.

¹⁵² Tréimhse a roghnaíonn an cáiníocóir an tréimhse chuntasaíochta.

Fíor 91 Caillteanais Trádála agus Déantúsaíocht – Tuairisceáin Cháin Chorporáide 2007 go 2009^a

Earnáil	2007		2008		2009	
	Caillteanais ar Aghaidh		Caillteanais sa ar Aghaidh		Caillteanais sa ar Aghaidh	
	€m	Tréimhse	€m	Tréimhse	€m	Tréimhse
Idirghabháil Airgeadais	1,546	8,815	5,777	9,024	13,941	22,989
Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh, Cíos agus Gnó	1,705	1,120	2,992	3,710	2,815	3,182
Tógáil	358	436	390	998	855	1,319
Trádáil Mhórdhíola agus Mhiondíola	596	497	553	841	1,154	1,140
Déantúsaíocht	579	1,569	762	1,465	1,171	1,907
Eile ^b	1,069	1,544	1,221	1,344	1,721	1,515
Iomlán	5,853	13,981	11,695	17,382	21,657	32,052

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Díorthaíodh an fhaisnéis seo ó thuairisceáin Cháin Chorporáide, dlite i mí Mheán Fómhair 2010 i leith tréimhsí cuntasáíochta dar chríoch in 2009.

b Áirítear le 'Eile' talmhaíocht, fiach agus foraoiseacht, iascaireacht, mianadóireacht agus cairéalacht, leictreachas, gás agus uisce, óstáin agus bialanna, oideachas, sláinte agus obair shóisialta, cosaint agus riarachán poiblí, gníomhaíochtaí eile pobail, sóisialta agus pearsanra, gníomhaíochtaí teaghlach, eagraíochtaí seach-chríche agus comhlachtaí agus gach earnáil eile anaithnid.

17.14 Tá treocht aníos sna caillteanais a nochtadh sna tuairisceáin ábhartha chánach. Tá na caillteanais a tabhaíodh ardaithe ó €14 billiún in 2007 go 32 billiún in 2009. Ar an gcuma chéanna, tá na caillteanais a tugadh isteach sa bhliain ardaithe ó 6 billiún in 2007 go €22 billiún in 2009.

17.15 Ní haon ionadh go bhfuil an méadú is mó i gcaillteanais trádála a tuairiscíodh i dtuairisceáin chánach 2009 san earnáil idirghabhála airgeadais, inar tuairiscíodh caillteanais arbh fhiú €23 billiún iad – arb ionann é agus 72% de na caillteanais iomlána a nochtadh.

Caillteanais ar Fáil le Fritháireamh in aghaidh Brabús

17.16 Ní ligeann do struchtúr reatha an tuairisceáin Cháin Chorporáide do shainaithint iad seo a leanas

- leibhéal iarbhrí na gcaillteanas a úsáideadh sa bhliain
- liúntais chaillteanas agus chaipitil a ghéilltear do ghrúp-fhaoiseamh
- luach na gcaillteanas gan úsáid agus atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh go blianta sa todhchaí.

17.17 In 2009, bhí €69.5 billiún ar fáil le fritháireamh in aghaidh brabús (ba é an figiúr comhionann in 2008 €43.2 billiún). Cuimsíodh iad seo a leanas ann

- caillteanais trádála a tugadh isteach sa bhliain dar luach €21.1 billiún chomh maith le €0.6 billiún i leith caillteanais déantúsaíochta
- caillteanais trádála agus déantúsaíochta a tabhaíodh dar luach 30.9 billiún agus €1.2 billiún faoi seach
- liúntais chaipitil dar luach €15.7 billiún.

Úsáid agus Tabhairt ar Aghaidh Cailteanas

17.18 Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim suim na liúntas cailteanas agus caipitil gan úsáid atá ar fáil le tabhairt ar aghaidh go blianta eile ó 2009 bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil agus ar mheastacháin den leibhéal cailteanas a úsáideadh i leith grúp-fhaoisimh. Measadh go raibh thart ar €49.6 billiún mar liúntais chaillteanas agus chaipitil ar fáil le tabhairt ar aghaidh agus le fritháireamh in aghaidh brabús do 2010 agus blianta ina dhiaidh sin. Bhí an meastachán seo bunaithe ar na sonraí a leagtar amach i bhFíor 92.

Fíor 92 Cailteanas ar Fáil le Tabhairt ar Aghaidh, Tuairisceáin Chánach 2009

	Bunús an Ríomha	€ m
Liúntais chaillteanas agus chaipitil na bliana reatha nár úsáideadh sular géilleadh mar ghrúp-fhaoiseamh agus sular fritháiríodh in aghaidh cáin blianta roimhe sin	Iarbhír	36,290
Cailteanas a tugadh ar aghaidh ó bhliain níos túsce nár úsáideadh	Iarbhír	16,784
<i>Lúide</i> – Cailteanas a fritháiríodh in aghaidh cáin blianta roimhe sin	Iarbhír	(868)
<i>Lúide</i> – Liúntais Chaillteanas/Chaipitil a géilleadh trí Ghrúp-fhaoiseamh	Measta	(2,573)
Liúntais Mheasta Chaillteanas agus Chaipitil ar fáil le tabhairt ar aghaidh go blianta sa todhchaí		49,633

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

17.19 Tríd an meastachán seo de €49.6 billiún a úsáid i ndáil le luach na gcaillteanas gan úsáid amhail deireadh na bliana 2009, chomh maith le faisnéis faoi leibhéal na gcaillteanas atá ar fáil le húsáid in 2009 (€69.5 billiún), meastar gur fritháiríodh thart ar €19.9 billiún de liúntais chaillteanas agus chaipitil in aghaidh brabús in 2009. Léirítear an miondealú de réir earnála i bhFíor 93.

Fíor 93 Meastachán ar Chaillteanas ar Fáil, a Úsáideadh agus Nár Úsáideadh^a

Earnáil	Liúntais Iomlána Chaillteanas agus Chaipitil ar fáil 2009	Suim mheasta a úsáideadh 2009	Suimeanna measta nár úsáideadh amhail deireadh 2009
	€m	€m	€m
Idirghabháil Airgeadais	39,057	4,752	34,305
Gníomhaíochtaí Eastáit Réadaigh, Cíosa agus Gnó	12,803	6,571	6,232
Déantúsaíocht	5,708	3,551	2,157
Trádáil Mhórthíola agus Mhiondíola	3,377	1,645	1,732
Iompar, Stóráil agus Cumarsáid	2,922	1,204	1,718
Tógáil	2,472	601	1,871
Eile ^b	3,207	1,589	1,618
Iomlán	69,546	19,913	49,633

Nótaí: a Díorthaíodh an fhaisnéis seo ó thuairisceáin Cháin Chorpáraide, dlíte i mí Mheán Fómhair 2010 i leith tréimhsí cuntasáíochta dar chríoch in 2009.

b Áirítear le 'Eile' talmhaíocht, fiach agus foraoiseacht, iascaireacht, mianadóireacht agus cairéalacht, leictreachas, gás agus uisce, óstáin agus bialanna, oideachas, sláinte agus obair shóisialta, cosaint agus riarachán poiblí, gníomhaíochtaí eile pobail, sóisialta agus pearsanra, gníomhaíochtaí teaghlach, eagraíochtaí seach-chríche agus comhlachtaí agus gach earnáil eile anaithnid.

17.20 Tá caillteanais thart ar €34.3 billiún ar fáil le fritháireamh in aghaidh brabúis sa todhchaí in earnáil na hidirghabhála airgeadais. Baineann díreach os cionn leath de seo le trí institiúid atá rannpháirteach in GNBS. Ciallaíonn forálacha reachtaíochta atá san áireamh san Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 i gcás na n-institiúidí sin a bhíonn brabúsach arís, ní féidir ach 50% de na brabúis in aon bhliain a fhritháireamh in aghaidh caillteanas atá ar fáil.

Comhthéacs Idirnáisiúnta

17.21 Measadh i dtuarascáil de chuid an OECD le déanaí go bhféadfadh go dtógfadh sé trí go hocht mbliana stoc foriomlán na gcaillteanas banc a úsáid¹⁵³. Tarraingíodh aird sa tuarascáil seo ar an riosca méadaithe atá roimh chomhlachtaí ioncaim de bharr na gcaillteanas sin. Ina measc seo bhí siad seo a leanas

- rioscaí méadaithe i leith praghsáil aistrithe neamhchuí¹⁵⁴ i gcás grúpaí baincéireachta déanamh caillteanais agus fiontair chleamhnaithe laistigh de ghrúpaí baincéireachta déanamh brabúis.
- an riosca go bhféadfaí atheagrú corparáideach a úsáid chun brabúis nó caillteanais a aistriú go neamhchuí idir suíomhanna éagsúla agus úsáid neamhbheartaithe caillteanas a ligean.
- an riosca go mbainfí leas as ionstraimí airgeadais chun caillteanais a aistriú chuig aonáin nó chuig brainsí laistigh de ghrúpa chun caillteanais a úsáid, d'áireodh sé seo céadroghanna ar cheannach nó ar dhíol¹⁵⁵ agus aistriú airbheartaithe rioscaí trí bhabhtálacha, trí dhíorthaigh agus trí tharscaoileadh fiachais.

17.22 Luadh sa tuarascáil go raibh teicnící nua seachadta ag teacht chun cinn agus roinnt bainc déanamh caillteanais ag déanamh iarrachta úsáid a gcaillteanas tráchtála a uasmhéadú chun críche cánach. Dúradh mar chonclúid sa tuarascáil gur cheart go leanfaí ar aghaidh le hiniúchtaí cánach mar phríomhbhealach i mbraith, in iombhagairt agus i gcosc pleanáil ionsaitheach caillteanais cánach le tacaíocht ó mhalartú idirnáisiúnta faisnéise agus comhoibriú idir chomhlachtaí ioncaim.

Faoiseamh i leith Caillteanais – Cáin Ioncaim

17.23 Tá foráil ann freisin do fhritháireamh caillteanas in aghaidh Cáin Ioncaim. Féadfar faoiseamh i leith caillteanais a bhronnadh sa bhliain reatha nó ina dhiaidh. Tá faoiseamh i leith caillteanais foirceannaidh ar fáil freisin i gcás scor trádála nó gairme.

17.24 B'ionann caillteanais trádála iomlána do Cháin Ioncaim a úsáideadh in 2009 agus €520 milliún (€535 milliún in 2008). Chomh maith leis, níor úsáideadh faoiseamh i leith caillteanais trádála de €791 milliún in 2009 (€557 milliún in 2008) agus bhí siad seo ar fáil le tabhairt ar aghaidh go blianta eile.

17.25 B'ionann caillteanais chíosa gan úsáid a tugadh ar aghaidh go 2009 ó thréimhsí níos túisce dóibh siúd atá faoi dhliteanas Cáin Ioncaim féinmheasta agus €1.8 billiún in 2009. Ba é €1.7 billiún an tsuim chomparáideach do 2008.

¹⁵³ OECD, Addressing Tax Risks Involving Bank Losses 2010.

¹⁵⁴ Príomhréimse riosca é praghsáil aistrithe a bhaineann le táillí idir chomhpháirtithe nasctha d'earraí, do sheirbhísí nó d'úsáid maoine (lena n-áirítear maoín dholáimhsithe) i gcánachas idirnáisiúnta i gcomhthéacsanna déanamh brabúis agus caillteanais araon. Moladh sa tuarascáil do ndeimhneodh comhlachtaí ioncaim seasmhacht éileamh faoin bprionsabal fad láimhe. Faoin bprionsabal fad láimhe, caithfidh luach saothair focuicideachta nó leithdháileadh brabúis ar bhrainse ar cuid de ghrúpa baincéireachta ilnáisiúnta é na feidhmeanna a rinneadh a léiriú, agus na rioscaí a tógadh agus na sócmhainní a úsáideadh á gcur san áireamh.

¹⁵⁵ Conarthaí iad céadroghanna ar cheannach/ar dhíol a thugann an ceart do cheannaitheoir na céadrogha, ach ní an dualgas, tráchtearraí nó ionstraim airgeadais faoi leith a cheannach (céadrogha ar cheannach) nó a dhíol (céadrogha ar dhíol) ag praghas réamhchinnte (praghas ceangail) laistigh de thréimhse áirithe nó ar dháta áirithe.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasáíochta

D'iarr mé ar an Oifigeach Cuntasáíochta

- faisnéis a chur ar fáil maidir le meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar thionchar foriomlán na gcaillteanas ar ioncam cánach sa todhchaí agus torthaí aon ghníomhartha próifílithe a dtugann na Coimisinéirí Ioncaim faoi ina leith seo
- dá tuairimí maidir leis na caillteanais san earnáil idirghabhála airgeadais, meastachán na gCoimisinéirí Ioncaim ar an scála ama a bhainfeadh le húsáid na gcaillteanas seo agus na srianta a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le húsáid caillteanas ag institiúidí atá páirteach in GNBS.

Tionchar loncam Cánach sa Todhchaí

17.26 Shonraigh an tOifigeach Cuntasáíochta go bhfuil sé deacair an tionchar sa todhchaí ar thoradh cánach a bhainfeadh le haon iarmharach de chaillteanais gan úsáid a mheas. Braitheann úsáid na gcaillteanas ar chumas cuideachtaí brabúis a ghiniúint chun na caillteanais seo a ionsú agus ar líon na gcuideachtaí a mbeadh caillteanais shuntasacha acu nach n-ionsúfar choíche mar go scorfar den trádáil.

17.27 Luaigh sí gur toisc é próifíl na Cánach Corparáide freisin dá mbarr seo a leanas

- Tá comhréir thar a bheith suntasach den toradh Cáin Chorporáide bailithe i líon beag cuideachtaí a bhíonn brabúsach go seasta – fochuideachtaí nó brainsí d'ílnáisiúntaigh móra. Ní bheadh tionchar ag caillteanais ar thoradh na gcuideachtaí seo.
- Ní íocann tromlach mór na gcuideachtaí a chuireann tuairisceáin Cháin Chorporáide isteach Cáin Chorporáide ar bith, nó íocann siad suim sách beag.

17.28 Ag cur na dtosca seo san áireamh, luaigh an tOifigeach Cuntasáíochta gur neamhdhóchúil go n-ionsúfar iarmharach na gcaillteanas ina iomláine riamh agus gur dóchúil go bhfanfaidh líon na gcaillteanas gan úsáid an-suntasach.

Caillteanais san Earnáil Idirghabhála Airgeadais

17.29 Luaigh an tOifigeach Cuntasáíochta cé go meastar i dtuarascáil an OECD ar rioscaí cánach a bhaineann le caillteanais bainc go bhféadfadh sé trí go hocht mbliana a thógáil leis an stoc foriomlán caillteanais bainc a úsáid, tá an meastachán seo bunaithe ar shonraí comhiomlána ó 17 dtír a bhfuil rialacha difriúla acu maidir le húsáid faoiseamh cánach ar chaillteanais, lena n-áirítear roinnt a chuireann srianta ama i bhfeidhm ar thabhairt ar aghaidh na gcaillteanas. Mar gheall ar na héiginnteachtaí sa réimse seo, ní fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim meastachán a chur ar fáil ag a raibh céim inghlactha iontaofachta.

17.30 Shonraigh sí go leagtar béim i dtuarascáil an OECD ar chaillteanais bainc go mbraitheann raon nochtadh rialtas le caillteanais cánach bainc go mór ar an bhfáil dhóchúil ar bhrabúis bainc sa todhchaí ar féidir na caillteanais seo a fhritháireamh ina n-aghaidh. Ina leith seo

- Baineann comhréir mhór de na caillteanais mheasta gan úsáid arbh fhiú €34.3 billiún iad amhail deireadh na bliain 2009 le líon an-bheag cuideachtaí. Tá cúig chuideachta astu féin freagrach as €28 billiún (nó 82%) de na caillteanais nár úsáideadh faoi mhí na Nollag 2009 – aonáin GNBS iad trí cinn díobh seo.
- Má bhreathnaítear ar thionchar na gcaillteanas sa todhchaí, caithfear a chur san áireamh go bhfuil péire de na cúig institiúidí (atá freagrach as thart ar 45% de chaillteanais gan úsáid) á bhfoirceannadh as seo go ceann deich mbliana agus nach mbeidh cead acu tabhairt faoi aon ghníomhaíochtaí nua gnó.

17.31 Maidir leis na srianta ar úsáid caillteanas i leith institiúidí atá rannpháirteach i scéim GNBS, luaigh an tOifigeach Cuntasaíocht nach n-áiríonn na forálacha san Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní aon srian ar institiúidí rannpháirteacha maidir le caillteanas a fhritháireamh in aghaidh brabúis blianta roimhe sin agus go bhfuil na gnáthrialacha i bhfeidhm trínar féidir le cuideachta a thabhaíonn caillteanas trádála i dtréimhse chuntasaíocht an caillteanas a thabhairt siar le fritháireamh in aghaidh bhrabúis na tréimhse cuntasaíochta díreach roimhe (a bhfuil an fad céanna uirthi).

Conclúid

Tá caillteanas tuairiscithe tar éis méadú go suntasach idir 2007 agus 2010. Bunaithe ar anailís tuairisceán cánach comhlachta a bhí le cur isteach faoi mhí Mheán Fómhair 2010, i leith na dtréimhsí cuntasaíochta dar chríoch in 2009, úsáideadh díreach faoi bhun €20 billiún i liúntais chaillteanas agus chaipitil in 2009 agus níor úsáideadh thart ar €50 billiún.

Bhain €34 billiún de na caillteanas a bhí ar fáil le tabhairt ar aghaidh leis an earnáil idirghabhála airgeadais. Measadh i dtuarascáil de chuid an OECD le déanaí go bhféadfadh go dtógfadh sé trí go hocht mbliana stoc foriomlán na gcaillteanas banc a úsáid. Ní raibh na Coimisinéirí Ioncaim in ann meastachán a chur ar fáil den scála ama a bheadh i gceist ná den mhéid a n-úsáidfí caillteanas dá leithéid maidir le cuideachtaí san earnáil idirghabhála airgeadais in Éirinn.

Bunaithe ar a measúnú ar phróifíl aonán déanamh caillteanas, áfach, is é tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim gur neamhdhóchúil go n-ionsófaí comhréir mhór den iarmharach caillteanas toisc go raibh baint áirithe déanamh caillteanas á dtabhairt chun scoir agus gur neamhdhóchúil go mbeadh brabúis acu a bhféadfaí na caillteanas charntha a fhritháireamh ina n-aghaidh.

Mar sin féin, beidh tionchar suntasach ag caillteanas ar ioncam cánach sa todhchaí. Bheadh an príomhthionchar bailithe cánach sna hearnálacha idirghabhála airgeadais agus tógála, áit nár úsáideadh 88% agus 76% de na caillteanas charnacha a bhí ar fáil in 2009. I gcomparáid leis sin, bhí úsáid caillteanas i bhfad níos airde in earnálacha eile, áit ar úsáideadh breis agus leath de na caillteanas a bhí ar fáil ar an meán.

Fuarthas glanfháltais €3.94 billiún in 2010 i ndáil le Cáin Chorporáide. In 2009, úsáideadh 29% de na caillteanas a bhí ar fáil. Meastar gur laghdaigh úsáid na liúntas caillteanas agus caipitil mar a leagtar amach i bhFíor 93 an ghabháil cánach €2.5 billiún nó mar sin¹⁵⁶.

¹⁵⁶ Úsáideadh ráta éifeachtach cánach 12.5% chun éifeacht na gcaillteanas a úsáideadh in 2010 a mheas.

Iarscríbhinn A Liúntais Chaipitil

Leagtar amach catagóirí na liúntas caipitil agus an fritháireamh ábhartha atá inéillithe thíos.

Liúntais Chaipitil, Catagóirí Caiteachais agus Faoiseamh Cánach Ceadaithe

Catagóir Chaiteachais	Ráta Díscríofa
Gléasra & Innealra	12.5% in aghaidh na bliana thar thréimhse 8 mbliana.
Tacsaithe	40% ar bhonn comhardaithe laghdaithe.
Mótarfheithiclí	12.5% de réir méid chothroim – is é €24,000 an t-uaschostas cáilitheach.
Foirgnimh Thionsclaíocha	Liúntas bliantúil 4%, i leith foirgnimh a úsáidtear do dhéantúsaíocht.
Garraíodóireacht Margaidh, Dian-Táirgeadh Beostoic	10% in aghaidh na bliana ar feadh 10 bliain.
Óstáin agus Campaí Saoire	Liúntas 4% in aghaidh na bliana thar 25 bliain, 15% i gcúinsí áirithe sonraithe.
Teachíní Saoire	10% in aghaidh na bliana thart 10 mbliana sa chás gur tabhaíodh an caiteachas faoin 31 Iúil 2008.
Tithe Aíochta, Brúnná Saoire, Láithreacha Carbhán agus Campála	Liúntas bliantúil de 4% thar 25 bliain.
Cóiríocht Chónaithe Áirithe ar Cíos	15% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim do bhlianta 1 go 6 agus 10% i mbliain 7 do chaiteachas athchóirithe a tabhaíodh ar chóiríocht chónaithe ilaonaid go dtí an 31 Iúil 2008.
Cóiríocht do Mhic Léinn	Liúntas 100% in aghaidh ioncam cíosa sa chéad bhliain a mbíonn an réadmhaoín ar cíós. Ba é an spriocdháta chun caiteachas cáilitheach a thabhú faoin scéim seo an 31 Iúil 2008.
Faoiseamh Alt 23 do Chóiríocht Chónaithe ar Cíos i limistéir cháilitheacha	Liúntas 100% in aghaidh iocaim ó chíos sa chéad bhliain a bhíonn an mhaoín ar cíós. 31 Iúil 2008 an spriocdháta a bhí ann do chaiteachas cáilitheach a thabhú.
Saoraidí Cúram Leanai	15% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim do bhlianta 1 go 6 agus 10% i mbliain 7 sa chás go dtabhaítear an caiteachas faoin 31 Márta 2012. Tá liúntais chaipitil luathaithe 100% ar fáil freisin.
Tithe Altranais Príobháideacha, Ionaid Téarnaimh, Lárionaid Meabhairshláinte	15% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim do bhlianta 1 go 6 agus 10% i mbliain 7 sa chás gur tabhaíodh an caiteachas faoin 30 Meitheamh 2011.
Aonaid Chónaitheacha i dTithe Altranais	15% in aghaidh na bliana ar bhonn na líne dírí i mblianta 1 agus 6 agus 10% i mbliain 7 sa chás gur tabhaíodh caiteachas faoin 30 Aibreán 2010.
Ospidéal Phríobháideacha	15% in aghaidh na bliana do bhlianta 1 go 6 agus 10% i mbliain 7 sa chás go dtabhaítear an caiteachas faoin 31 Nollaig 2013.
Clinicí Díobhála	15% in aghaidh na bliana i mblianta 1 agus 6 agus 10% i mbliain 7 sa chás

Catagóir Chaiteachais	Ráta Díscríofa
Spóirt / Foirgnimh Oideachais Tríú Leibhéal	gur tabhaíodh caiteachas faoin 31 Iúil 2008.
Áiseanna Páirceála & Taistil, Carrchlóis Iltóiracha	I gcás úinéirí lonnaitheacha, liúntais luathaithe 100%. Tá infheisteoirí éighníomhacha i dteideal éileamh a dhéanamh ar liúntais ag ráta laghdaithe 50% i mbliain 1 agus 4% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin. Ba é an dáta foirceannta chun caiteachas cáilitheach a thabhtú an 31 Iúil 2008.
Scéimeanna Bunaithe ar Limistéar	Liúntais luathaithe 50% agus 4% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin. Ba é an dáta foirceannta chun caiteachas cáilitheach a thabhtú an 31 Iúil 2008.
Trealamh Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh	Liúntais 100% sa bhliain caiteachais do threalamh áirithe atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh arna cheannach ag cuideachtaí le húsáid i gceird.
Sócmhainní Doláimhsithe	Liúntais bunaithe ar dhímheas cuntasáochta agus rogha liúntas de réir mhéid chothroim thar 15 bliana ann. Liúntais teoranta ag 80% d'ioncam trádála na trádála ábhartha inar baineadh leas as sócmhainní doláimhsithe.

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim